AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.4.2025
COM(2025) 177 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10150/21; ST 10150/21 ADD 1 REV 1) an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne

IARSCRÍBHINN

ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí

A. COMHCHUID 01: PLEAN TURRAINGE SOGHLUAISTEACHTA INBHUANAITHE, SÁBHÁILTE AGUS NASCTHA I DTIMPEALLACHTAÍ UIRBEACHA AGUS CATHRACH

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le cáilíocht an aeir, dúshláin a bhfuil tionchar acu ar mhórlimistéir uirbeacha den chuid is mó, agus maraíodh breis agus 20000 bás anabaí sa Spáinn in 2018. Is é cuspóir uileghabhálach na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí sa chomhpháirt sin aistriú i dtreo soghluaisteacht uirbeach atá glan, sábháilte agus cliste. Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha a shaothraítear leis an gcomhpháirt seo:

• dlús a chur le cur chun feidhme criosanna astaíochtaí ísle i ngach bardas ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathracha na gcúigí, agus dul i bhfód na soghluaisteachta leictrí;

• soghluaisteacht ghníomhach a chur chun cinn, chomh maith le bearta eile chun úsáid gluaisteán príobháideach a laghdú;

• claochlú digiteach agus inbhuanaithe na hearnála iompair phoiblí mar fhíor-rogha mhalartach ar úsáid feithiclí príobháideacha;

• feabhas a chur ar cháilíocht agus ar iontaofacht na seirbhísí iarnróid gearr-achair chun a n-úsáid éifeachtach i dtimpeallachtaí cathrach a mhéadú, chun aimhleasa na feithicle príobháidí;

• bainistiú tráchta a bharrfheabhsú agus cinnteoireacht a éascú chun soghluaisteacht níos glaine a chur chun cinn.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn lena gcothaítear an t-aistriú glas agus digiteach agus iompar inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tír 3 2020), lena gcuirtear chun cinn infheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa bhonneagar lasta iarnróid (Moladh Sonrach Tír 3 2019), agus maidir le comhar a neartú ar fud leibhéal na rialtas (Moladh Sonrach Tíre 4 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus

athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (‘DNSH’) (2021/C58/01).

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C1.R1) — Plean rollaithe amach le haghaidh athluchtú agus borradh a chur faoi bhonneagar feithiclí leictreacha

Is é is cuspóir don bheart seo an creat oibríochtúil agus rialála a neartú lena n-éascaítear imscaradh bonneagair athluchtaithe chun borradh a chur faoi úsáid feithiclí leictreacha.

Is éard a bheidh san athchóiriú an creat rialála seo a leanas a ghlacadh arb é is aidhm dó deireadh a chur leis na bacainní atá ann faoi láthair lena gcuirtear bac ar idirleathadh pointí luchtaithe:

- Foraithne Ríoga lena rialaítear seirbhísí muirearaithe atá inrochtana don phobal agus lena n-áirithítear feidhmiú cuí agus iontaofa na bpointí arna suiteáil;

- Dlí Foraithne Ríoga 23/2020 an 23 Meitheamh 2020, lena rannchuidítear le dlús a chur le próiseáil bonneagair athluchtaithe trína dhearbhú go bhfuil leas poiblí ag na saoráidí luchtaithe ag a bhfuil cumhacht os cionn 250 kW;

- Ordú TMA/178/2020, lena laghdaítear an t-ualach riaracháin maidir le saoráidí luchtaithe leictreachais a fhormheas agus a imscaradh ag stáisiúin líonta breosla;

- Cód Foirgníochta Teicniúil Leasaithe, lena méadaítear íosmhéideanna bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha i gcarrchlóis chónaithe agus threasacha araon, rud a sháraíonn íoscheanglais na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh; agus

- An Rialachán Leictriteicniúil Ísealvoltais Leasaithe, lena n-ionchorpraítear oibleagáidí maidir le bonneagar luchtaithe i gcarrchlóis, nach bhfuil nasctha le foirgneamh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 2 (C1.R2) — Dlí Soghluaisteachta

Is é cuspóir an bhirt sin, arna chur chun feidhme trí bhíthin dlí, an creat rialála a sholáthar atá mar bhonn taca faoin mbeartas soghluaisteachta athnuaite sa Spáinn atá bunaithe ar ghné fheabhsaithe inbhuanaitheachta agus dhigiteach.

Forálfar an méid seo a leanas, ar a laghad, sa dlí:

- Bearta sonracha chun iompar lasta iarnróid a chur chun cinn a chuideoidh le hastaíochtaí domhanda ó iompar lasta de thalamh a laghdú, lena n-áirítear:
    - an oibleagáid clár a fhorbairt chun mótarbhealaí rollacha a chur chun feidhme sna conairí sin ina bhfuil sé inmharthana agus ina bhfuil leas gnó ann dá fhorbairt;
    - bónais muirear iarnróid le haghaidh trácht lasta ar feadh íostréimhse 5 bliana;
    - clár tacaíochta d'iompar lasta iarnróid, lena n-áirítear dreasachtaí lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú módach ó bhóthar go hiarnród agus nuachóiriú agus nuálaíocht in earnáil an iompair d'iarnród;

- roinnt oibleagáidí agus treoracha modheolaíochta is infheidhme maidir le bardais agus cuideachtaí de mhéid áirithe chun cur chun feidhme Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe agus scéimeanna soghluaisteachta inbhuanaithe a bhaineann leis an obair faoi seach a dhreasú;
- sásra a chur ar bun chun déine i bpleanáil bonneagair a mhéadú i gcomhréir leis na moltaí arna n-eisiúint ag an údarás fioscach neamhspleách (Autoridad Independiente de Responsabilidad Fiscal, AIReF), lena n-ionchorpraítear breithnithe maidir le hinbhuanaitheacht agus anailís shóisialta costais is tairbhe;
- córas maoinithe intuartha a bhunú don iompar uirbeach ar fud bhardais na tíre bunaithe ar chritéir dáileacháin aonfhoirmeacha maidir le cistí Stáit;
- bosca gainimh rialála a thabhairt isteach lena n-éascófar nuálaíochtaí in earnáil na soghluaisteachta agus an iompair agus a n-iontráil sa mhargadh;
- feabhas a chur ar an rialachas i gcomhréir le moltaí AIReF tríd an méid seo a leanas a bhunú: (i) Córas Soghluaisteachta Náisiúnta chun comhordú agus comhar a chothú idir na trí riarachán críochacha atá freagrach as iompar agus soghluaisteacht; (II) Ard-Chomhairle um Iompar agus Soghluaisteacht, mar chomhlacht chun comhairle, plé agus rannpháirtíocht a thabhairt do na hearnálacha táirgiúla, don saol acadúil agus don tsochaí shibhialta maidir le beartais iompair agus soghluaisteachta a shainiú; agus (iii) Ardán Comhtháite Faisnéise Iompair agus Soghluaisteachta chun faisnéis ó riaracháin éagsúla agus ó fhoinsí seachtracha maidir le hiompar agus soghluaisteacht a chomhtháthú. Cuirfidh sé sin ar chumas na riarachán dearadh na mbeartas poiblí a bharrfheabhsú agus feabhas a chur ar a n-acmhainneacht freagairt do ghéarchéimeanna agus d'éigeandálaí.

I dteannta an dlí nua a thuairiscítear thuas, áireofar sa bheart (a) feidhmchlár bogearraí a fhorbairt chun Anailísí Costais is Tairbhe ar infheistíochtaí bonneagair le haghaidh modhanna éagsúla iompair a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na breithnithe inbhuanaitheachta, sóisialta agus comhshaoil a leagtar amach leis an modheolaíocht oifigiúil dá bhforáiltear sa Dlí maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe; agus (b) teacht i bhfeidhm agus foilsiú Foraithne Ríoga lena bhforbraítear struchtúr eagrúcháin na hAireachta a bhfuil inniúlachtaí iompair aici, lena sainítear inniúlachtaí sonracha Oifig na mBoscaí Gainimh.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 1 (C1.I1) — Limistéir astaíochtaí ísle agus claochlú an iompair uirbigh agus cathrach

Is é is cuspóir don bheart seo claochlú inbhuanaithe agus digiteach seirbhísí iompair a chothú, agus é mar aidhm leis rannchuidiú le húsáid feithiclí príobháideacha i dtimpeallachtaí uirbeacha a laghdú 35 % faoi 2030. Cumhdófar leis an mbeart freisin dreasachtaí don aistriú chuig flíteanna iompair paisinéirí agus lasta níos glaine de chuid cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí iompair. Is iad na húdaráis áitiúla, na Pobail Fhéinrialaitheacha agus an Aireacht Iompair, Soghluaisteachta agus an Chláir Oibre Uirbigh (MITMA) a chuirfidh an infheistíocht sin chun feidhme.

D'fhéadfadh baint a bheith ag na tionscadail infheistíochta atá le déanamh ag na Pobail Fhéinrialaitheacha leis na nithe seo a leanas: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle

(LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) an t-iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun tús áite a thabhairt d'iompar comhchoiteann agus do shoghluaisteacht ghníomhach, lena n-áirítear bonneagar rothaíochta agus lánaí coisithe; (e) dul i bhfód teicneolaíochtaí nua astaíochtaí nialasacha san iompar a dhreasú sa Spáinn; (f) páirceáil le haghaidh díspreagtha atá suite lasmuigh de na bardais agus príomhchathracha cúige sin chun trácht a théann isteach sa lárionad uirbeach a laghdú agus; (g) an córas iompair d'iarnród (e.g. meitreo nó iarnróid) a leathnú nó a uasghrádú; (h) tionscadail digitithe lena gcomhlánaítear bearta chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear córais faisnéise fíor-ama maidir le seirbhísí iompair phoiblí, soghluaisteacht mar sheirbhís, tionscadail chun ticéadú idirmhódúil nó idirsheirbhíse a fheabhsú, tionscadail chun tacú le bainistiú tráchta agus soghluaisteachta agus anailís faisnéise chun éifeachtúlacht an chórais iompair a mhéadú agus; aon tionscadal eile: i. rannchuidiú le cáilíocht an aeir a fheabhsú, go háirithe i gceantair uirbeacha ii. dreasú a dhéanamh ar an laghdú ar úsáid an iompair phríobháidigh i limistéir uirbeacha agus uirbeacha iii. úsáid iompair phoiblí a dhreasú nó iv. dreasachtaí soghluaisteachta gníomhaí agus sláintiúla.

Is éard a bheidh i dtionscadail na n- údarás áitiúil, mar shampla: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; agus (d) bearta chun iompar comhchoiteann agus soghluaisteacht ghníomhach a dhreasú agus tosaíocht a thabhairt dóibh

Leithdháilfear an chabhair sin ar bhardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathracha na gcúigí agus, faoi choinníollacha áirithe, féadfar í a leithdháileadh freisin ar bhardais ina bhfuil idir 20000 agus 50000 áitritheoir.

Tá tionscadail infheistíochta MITMA le tabhairt faoi dhaonnú agus eagrú tráchta ar bhóithre uirbeacha atá faoina chúram. Rannchuideoidh infheistíochtaí le soghluaisteacht coisithe agus rothaithe agus cineálacha nua eile soghluaisteachta (scútair) a chur chun cinn nó le spásanna gluaisteán a laghdú agus luas feithiclí a laghdú, agus é mar aidhm leo astaíochtaí aeir agus truailliú torainn araon a laghdú.

Beidh na dreasachtaí chun flíteanna paisinéirí agus lasta cuideachtaí iompair a athrú ó bhonn ar na línte cabhrach seo a leanas: (a) cabhair chun feithiclí paisinéirí agus lasta astaíochtaí nialasacha agus ísle a fháil; (b) cabhair chun bonneagar athbhreoslaithe a imscaradh le haghaidh feithiclí tráchtála le breoslaí malartacha (leictreacha, GNL, CNG agus bithmheatán); (C) cabhair le haghaidh gnóthais chun leantóirí agus leathleantóirí a fháil nó a oiriúnú don iompar idirmhódúil; agus (d) cabhair do ghnóthais chun seanfheithiclí a dhiúscairt.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní chumhdófar le

tacaíocht do líne chabhrach (a) ach busanna leictreacha agus busanna ‘íseal-urláir’ hidrigine (catagóirí M2 agus M3, busanna uirbeacha agus fo-uirbeacha de ghnáth); busanna ‘ard-urláir’, lena n-áirítear GNL/GNC, catagóirí hibrideacha, leictreacha agus hidrigine (catagóirí M2 agus M3, cóistí idiruirbeacha de ghnáth) a chomhlíonann catagóirí EURO VI-E (M2 agus M3, cóistí idiruirbeacha de ghnáth); agus trucailí astaíochtaí nialasacha1, astaíochtaí ísle2 agus GNL/GNC a ritheann ar bhithbhreoslaí, ar bhithleachtanna agus ar bhreoslaí bithmhaise3. Maidir le líne chabhrach (b), comhlíonfaidh an bonneagar athbhreoslaithe le haghaidh feithiclí tráchtála na coinníollacha maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise4.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 310000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Cuirfear na hinfheistíochtaí faoin mbeart seo chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C1.I2) — Scéim dreasachta chun pointí athluchtaithe a shuiteáil, feithiclí leictreacha agus breosla-chille a cheannach agus nuálaíocht i leictrea-shoghluaisteacht, athluchtú agus hidrigin ghlas

Is é is aidhm don bheart seo tacú le comhlíonadh Chreat Náisiúnta na Spáinne um Fhuinneamh Malartach san Iompar, dlús a chur le cur chun feidhme an Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus tacú le comhtháthú críochach tríd an tsoghluaisteacht i gceantair thuaithe a leictriú. Cuirtear an infheistíocht in iúl i scéimeanna cabhrach éagsúla lena ndreasófar leathadh amach feithiclí leictreacha agus feithiclí breosla-chille agus tionscadail nuálaíochta aonair atá nasctha leis an leictrea-shoghluaisteacht, leis an slabhra luacha agus le hathnuachan flíteanna feithiclí i gcoitinne á spreagadh ag an am céanna — lena

[1]Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(11) de Rialachán 2019/1242: feithicil gan inneall dócháin, nó ag a bhfuil inneall dócháin a astaíonn níos lú ná 1 g CO2/km.

[2] Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2019/1242: ag a bhfuil astaíochtaí CO2 níos lú ná leath d’astaíochtaí tagartha CO2 na bhfeithiclí uile san fhoghrúpa feithiclí; bíonn luachanna tagartha éagsúil ag brath ar an gcineál trucaile.

[3] Comhlíonann na bithbhreoslaí, na bithleachtanna agus na breoslaí bithmhaise na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT a leagtar amach in Airteagail 29-31 agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (REDII), agus gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara; agus is iad na feithiclí a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáideann bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chomhlíonann REDII go heisiach; agus méadaítear leibhéal/sciar na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise den mheascán náisiúnta le himeacht ama.

[4] Comhlíonann na bithbhreoslaí, na bithleachtanna agus na breoslaí bithmhaise na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí GCT a leagtar amach in Airteagal 29 31 agus na rialacha maidir le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bhia agus ar bheatha a leagtar amach in Airteagal 26 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2018/2001 (REDII), agus gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe gaolmhara; agus is iad na feithiclí a fhaigheann tacaíocht faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáideann bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chomhlíonann REDII go heisiach; agus méadaítear leibhéal/sciar na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise den mheascán náisiúnta le himeacht ama.

n-áirítear leas a bhaint as an teicneolaíocht hidrigine glaise. Áireofar san infheistíocht freisin stáisiúin luchtaithe a shuiteáil lena n-úsáid ag an bpobal i limistéir chónaithe agus ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Áireofar an méid seo a leanas sna critéir roghnúcháin a úsáidfear sna glaonna ar thograí chun na scéimeanna cabhrach a leithdháileadh: an laghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ii) inmharthanacht theicniúil-eacnamaíoch, iii) leibhéal na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta, iv) inmhacasamhlaitheacht agus inscálaitheacht, v) giniúint fostaíochta a bhaineann leis an tionscadal, díreach agus indíreach agus vi) tionchar ar an slabhra luacha agus sineirge le hearnálacha eile, earnálacha tionsclaíocha den chuid is mó.

Cuirfear an infheistíocht sin chun feidhme faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C1.I3) — Bearta chun cáilíocht agus iontaofacht na seirbhísí iompair ar iarnród a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt seo feabhas a chur ar tharraingteacht agus ar inrochtaineacht an ghréasáin iarnróid ghearr-achair ionas go mbeidh sé ina chnámh droma don tsoghluaisteacht i gceantair uirbeacha agus go dtiocfaidh sé in ionad úsáid feithiclí príobháideacha i limistéir uirbeacha. Is iad ADIF/ADIF AV (bainisteoir bonneagair iarnróid) agus RENFE (oibreoir na seirbhísí iarnróid le hOibleagáidí Seirbhíse Poiblí) a chuirfidh na tionscadail i gcrích.

Cuirfidh ADIF/ADIF AV infheistíochtaí bonneagair chun feidhme sa ghréasán iarnróid gearr-achair, lena bhféadfar athnuachan, ardán, uasghrádú nó tógáil stáisiún a rianú agus feabhsuithe ar an gcóras leictriúcháin agus comharthaíochta a áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh. Thairis sin, beidh RENFE freagrach as infheistíochtaí a chur chun feidhme chun bainistiú an iompair phoiblí d'iarnród a nuachóiriú. Beidh raon na n-infheistíochtaí thar chúig ghné den chuid is mó: (a) digitiú na gcóras slándála i stáisiúin; (b) córais faisnéise do phaisinéirí; (C) rialú rochtana a fheabhsú; (d) meaisíní féindíola a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua; agus (e) saoráidí a fheistiú i stáisiúin an ghréasáin iarnróid ghearr-achair.

Críochnófar an cur chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
1	C1.R1	M	Ordú TMA/178/2020 agus Foraithne-Dlí Ríoga 23/2020	Foráil san ord agus sa Dlí Foraithne Ríoga lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2020	Teacht i bhfeidhm i) Ordú TMA/178/2020 chun an t-ualach riaracháin a laghdú maidir leis na saoráidí athluchtaithe leictreacha a shuiteáil i stáisiúin seirbhíse breosla agus an t-am is gá chun an bonneagar a dhiúscairt a shainiú, (ii) Foraithne-Dlí Ríoga 23/2020 an 23 Meitheamh, lena ndearbhaítear go bhfuil fóntas poiblí ann an bonneagar athluchtaithe ag a bhfuil cumhacht níos mó ná 250 kW chun dlús a chur le himscaradh an chineáil sin saoráidí
2	C1.R1	M	Leasuithe ar an gCód Foirgníochta Teicniúil (TBC), ar an Rialachán Leictriteicniúil Ísealvoltais (LVER) agus ar Fhoraithne Ríoga a fhormheas chun seirbhísí athluchtaithe phoiblí a rialáil	Foráil sa Chód, sa Rialachán agus san Fhoraithne Ríoga lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm: leasuithe ar an gCód Foirgníochta Teicniúil (TBC) chun foráil a dhéanamh maidir le a) an oibleagáid réamhshuiteáil a sholáthar le haghaidh pointí luchtaithe in 100 % de na spásanna páirceála nua i bhfoirgnimh chónaithe agus 20 % de spásanna páirceála nua i bhfoirgnimh tráchtála agus i bhfoirgnimh eile, b) pointe luchtaithe amháin a shuiteáil le haghaidh gach 40 spás páirceála nua (agus ceann le haghaidh gach 20 spás páirceála i bhfoirgnimh Riaracháin Ghinearálta Stáit) agus c) an oibleagáid atá ar pháirceanna gluaisteán neamhchónaithe a bhí ann cheana ina bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála oiriúnú don cheanglas thuas (i.e. pointe luchtaithe amháin a shuiteáil le haghaidh gach 40 spás páirceála) faoi 2023; leasuithe ar an Rialachán Leictriteicniúil Ísealvoltais (LVER) chun oibleagáidí a ionchorprú maidir le bonneagar luchtaithe carrchlóis nach bhfuil nasctha le foirgneamh agus; III) an Fhoraithne Ríoga chun seirbhísí athluchtaithe phoiblí a rialáil, lena n-áirítear caidreamh na n-ábhar atá rannpháirteach i soláthar na seirbhíse (oibreoirí pointí luchtaithe, soláthraithe seirbhíse soghluaisteachta leictrí) agus lena mbunaítear a gcearta agus a n-oibleagáidí
3	C1.R2	M	Dlí maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe a ghlacadh	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2024	Teacht i bhfeidhm Dlí maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe lena bhfeabhsaítear pleanáil, comhordú agus éifeachtúlacht beartas iompair phoiblí agus lena dtacaítear le digitiú iompair agus le húsáid iompair phoiblí. Cuimseofar ann freisin bearta sonracha chun iompar lasta d'iarnród a chur chun cinn, a rannchuideoidh le hastaíochtaí domhanda ó iompar lasta de thalamh a laghdú, lena n-áirítear: i. An oibleagáid clár a fhorbairt chun mótarbhealaí rollacha a chur chun feidhme sna conairí sin ina bhfuil sé inmharthana

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										agus ina bhfuil leas gnó ann dá fhorbairt. ii. Bónais muirear iarnróid le haghaidh trácht lasta ar feadh íostréimhse 5 bliana. iii. Clár tacaíochta d'iompar lasta iarnróid, lena n-áirítear dreasachtaí lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú módach ó bhóthar go hiarnród agus nuachóiriú agus nuálaíocht in earnáil an iompair d'iarnród.
417	C1.R2	M	Feidhmchlár bogearraí a fhorbairt chun an Anailís Costais is Tairbhe le haghaidh infheistíocht i mbonneagar iompair a chur chun feidhme	Infhaighteacht na huirlise ar leathanach gréasáin oifigiúil				R4	2025	Feidhmchlár bogearraí a fhorbairt agus a bheith ar fáil ar leathanach gréasáin oifigiúil chun anailísí costais is tairbhe ar infheistíochtaí bonneagair le haghaidh modhanna éagsúla iompair a chur chun feidhme, i gcomhréir leis na breithnithe inbhuanaitheachta, sóisialta agus comhshaoil a leagtar amach sa mhodheolaíocht oifigiúil dá bhforáiltear sa Dlí maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe.
418	C1.R2	M	Oifig an bhosca gainimh	Forálacha lena sonraítear an teacht i bhfeidhm				R2	2026	Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhforbraítear struchtúr eagrúcháin na hAireachta ag a bhfuil inniúlachtaí iompair, lena sainítear inniúlachtaí sonracha Oifig an Bhosca Gainimh.
4	C1.I1	T	Buiséad arna chaitheamh ar cheannacháin nó arna dhámhachtain ag bardais a bhfuil sé d'aidhm acu soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn		Milliún EUR	0	400	R4	2022	Foilsiú dhámhachtain an tionscadail nó na bhfóirdheontas san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí nó cur i gcrích caiteachais a bhaineann le ceannacháin ag bardais a rannchuideoidh le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathair sa chúige agus, faoi choinníollacha áirithe, féadfar é a leithdháileadh freisin ar bhardais ina bhfuil idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Tacóidh tionscadail leis na cásanna seo a leanas: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun iompar comhchoiteann agus soghluaisteacht ghníomhach a dhreasú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 310000000 ar a laghad as an mbuiséad deiridh iomlán de EUR 1500000000 leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
5	C1.I1	T	Buiséad a chaitear ar cheannacháin nó a bhronn Pobail Fhéinrialaitheacha de EUR 900 milliún ar a laghad arb é is aidhm dó soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn		Milliún EUR	0	900	R4	2023	Foilsiú dámhachtain tionscadal nó fóirdheontas san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí nó cur i gcrích caiteachais a bhaineann le ceannacháin ag Pobail Fhéinrialaitheacha. Maidir le tionscadail agus fóirdheontais arna ndámhachtain agus ceannacháin arna ndéanamh ag Pobail Fhéinrialaitheacha: 1) rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn trí fhóirdheontais a sholáthar do chuideachtaí príobháideacha chun (a) dramhfheithiclí troma (b) a bhflíteanna troma paisinéirí agus lasta a athnuachan le feithiclí níos glaine, (c) a leantóirí nó a leathleantóirí a cheannach nó a oiriúnú le haghaidh iompar idirmhódúil nó (d) pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a shuiteáil le breoslaí malartacha (leictreacha, GNL, CNG agus bithmheatán); Ba cheart fóirdheontais a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); nó 2) rannchuidiú le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathair sa chúige trí thacú le cásanna (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun tús áite a thabhairt d’iompar comhchoiteann agus do shoghluaisteacht ghníomhach, lena n-áirítear bonneagar rothaíochta agus lánaí coisithe; (e) dul i bhfód teicneolaíochtaí nua astaíochtaí nialasacha san iompar a dhreasú sa Spáinn; (f) páirceáil le haghaidh díspreagtha atá suite lasmuigh de na bardais sin agus de phríomhchathracha an chúige chun trácht a théann isteach sa lárionad uirbeach a laghdú; (g) an córas iompair iarnróid amhail meitreo nó iarnróid a leathnú nó a uasghrádú;(h) tionscadail digitithe lena gcomhlánaítear bearta chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear córais faisnéise fíor-ama maidir le seirbhísí iompair phoiblí, Soghluaisteacht mar sheirbhís, tionscadail chun feabhas a chur ar thicéadú idirmhódúil nó

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										idirsheirbhíse, tionscadail chun tacú le bainistiú trachta agus soghluaisteachta agus anailís faisnéise chun éifeachtúlacht an chórais iompair a mhéadú agus (i) tionscadail eile: I. Rannchuidiú le cáilíocht an aeir a fheabhsú, go háirithe i gceantair uirbeacha ii. An laghdú ar úsáid an iompair phríobháidigh i limistéir uirbeacha agus uirbeacha a dhreasú iii. Úsáid iompair phoiblí a dhreasú nó iv. Dreasachtaí soghluaisteacht ghníomhach shláintiúil. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 900000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 40 % i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
6	C1.I1	T	Tionscadail a cuireadh i gcrích chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha agus uirbeacha		Líon	0	25	R4	2023	25 thionscadal ar a laghad chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, i limistéir uirbeacha agus uirbeacha ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus, faoi choinníollacha áirithe, chuig na limistéir uirbeacha idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Is iad seo a leanas na tionscadail a chuireann soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn: I. Tionscadail arna bhforbairt ag bardais a rannchuideoidh le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathracha sa chúige agus, faoi choinníollacha áirithe, féadfar iad a leithdháileadh freisin ar bhardais ina bhfuil idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Tacóidh tionscadail leis na cásanna seo a leanas: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun iompar comhchoiteann agus soghluaisteacht ghníomhach a dhreasú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Is éard is tionscadal ann sraith gníomhaíochtaí sainithe, idirghaolmhara agus comhordaithe, a dhéantar le cuspóir coiteann laistigh de theorainneacha ama agus buiséid áirithe, a n-iarrtar fóirdheontas ina leith. Is féidir le bardas amháin níos mó ná tionscadal amháin a fhorbairt. II. Tionscadail lena gcuirtear soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn i

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										limistéir uirbeacha agus uirbeacha arna bhforbairt ag Pobail Fhéinrialaitheacha. Bainfidh sé sin leis na típeolaíochtaí a) go i) a shonraítear in infheistíocht C1.I1. Sainmhínítear limistéir uirbeacha agus uirbeacha mar bhardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir, príomhchathracha sna cúigí agus, faoi choinníollacha áirithe, bardais ina bhfuil níos mó ná 20000 áitritheoir. Is féidir le gach Pobal Féinrialaitheach níos mó ná tionscadal amháin a fhorbairt. III. Tionscadail lena soláthraítear fóirdheontais do chuideachtaí príobháideacha chun (a) seanfheithiclí troma a dhiúscairt, (b) a bhflíteanna troma paisinéirí agus lasta a athnuachan le feithiclí níos glaine, (c) a leantóirí nó a leathleantóirí a cheannach nó a oiriúnú le haghaidh iompar idirmhódúil nó (d) pointí athbhreoslaithe a shuiteáil le breoslaí malartacha (leictreacha, GNL, CNG agus bithmheatán). Ní mór ar a laghad 3000 feithicil throm nó pointe athbhreoslaithe a fhóirdheonú chun a mheas go bhfuil tionscadal amháin lena gcuirtear soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn curtha i gcrích. Ba cheart fóirdheontais a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).
7	C1.I1	T	Buiséad arna chaitheamh ar cheannacháin nó arna dhámhachtain ag bardais a bhfuil sé d’aidhm acu soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn		Milliún EUR	400	1 500	R4	2024	Foilsiú dhámhachtain an tionscadail nó na bhfóirdheontas san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí nó cur i gcrích caiteachais a bhaineann le ceannacháin ag bardais a rannchuideoidh le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathair sa chúige agus, faoi choinníollacha áirithe, féadfar é a leithdháileadh freisin ar bhardais ina bhfuil idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Tacóidh tionscadail leis na cásanna seo a leanas: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun iompar comhchoiteann agus soghluaisteacht ghníomhach a dhreasú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 310000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (Bonnlíne: An 31 Nollaig 2022)
8	C1.I1	T	Conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain chun bóithre stáit i limistéir uirbeacha a fheabhsú		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	35	R2	2023	35 chonradh nó ionstraimí dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain chun feabhas a chur ar bhóithre stáit i limistéir uirbeacha. Is éard a bheidh i gceist le tionscadail lánaí rothaíochta nua a thógáil, limistéir na gcoisithe a mhéadú, na limistéir pháirceála a laghdú nó an tsábháilteacht ar thrasnuithe a fheabhsú
9	C1.I1	T	Tionscadail a cuireadh i gcrích chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha agus uirbeacha		Líon	25	280	R4	2025	Tá 280 tionscadal ar a laghad chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha agus uirbeacha, curtha i gcrích, chun cur leis an tsoghluaisteacht inbhuanaithe sa 150 limistéar uirbeach ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus, faoi choinníollacha áirithe, chuig na limistéir uirbeacha idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Is iad seo a leanas na tionscadail a chuireann soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn: I. Tionscadail arna bhforbairt ag bardais a rannchuideoidh le soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus príomhchathracha sa chúige agus, faoi choinníollacha áirithe, féadfar iad a leithdháileadh freisin ar bhardais ina bhfuil idir 20000 agus 50000 áitritheoir. Tacóidh tionscadail leis na cásanna seo a leanas: (a) flíteanna iompair phoiblí a thiontú chun cuspóirí na Treorach maidir le Feithiclí Glana a bhaint amach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); (b) limistéir astaíochtaí ísle (LEZanna) a chur chun feidhme agus a bhainistiú; (C) iompar poiblí a dhigitiú, a bhainistiú riaracháin agus a inrochtaineacht a fheabhsú; (d) bearta chun iompar comhchoiteann agus soghluaisteacht ghníomhach a dhreasú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Is éard is tionscadal ann sraith gníomhaíochtaí sainithe, idirghaolmhara agus comhordaithe, a dhéantar le cuspóir coiteann laistigh de theorainneacha ama agus buiséid áirithe, a n-iarrtar fóirdheontas ina leith. Is féidir le bardas amháin níos mó ná tionscadal amháin a fhorbairt. II. Tionscadail lena gcuirtear soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn i limistéir uirbeacha agus uirbeacha arna bhforbairt ag Pobail Fhéinrialaitheacha. Bainfidh sé sin leis na típeolaíochtaí a) go i) a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										shonraítear in infheistíocht C1.I1. Sainmhínítear limistéir uirbeacha agus uirbeacha mar bhardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir, príomhchathracha sa chúige agus bardais ina bhfuil níos mó ná 20000 faoi choinníollacha áirithe. Is féidir le gach Pobal Féinrialaitheach níos mó ná tionscadal amháin a fhorbairt. III. Tionscadail lena soláthraítear fóirdheontais do chuideachtaí príobháideacha chun (a) seanfheithiclí troma a dhiúscairt, (b) a bhflíteanna troma paisinéirí agus lasta a athnuachan le feithiclí níos glaine, (c) a leantóirí nó a leathleantóirí a cheannach nó a oiriúnú le haghaidh iompar idirmhódúil nó (d) pointí athbhreoslaithe a shuiteáil le breoslaí malartacha (leictreacha, GNL, CNG agus bithmheatán). Ní mór ar a laghad 3000 feithicil throm nó 3000 pointe athbhreoslaithe nó athluchtaithe nó pointí athbhreoslaithe a fhóirdheonú chun a mheas go bhfuil tionscadal amháin lena gcuirtear soghluaisteacht inbhuanaithe chun cinn curtha i gcrích. Ba cheart fóirdheontais a sholáthar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01). (Bonnlíne: 31 Nollaig 2023)
10	C1.I1	T	Feabhas curtha ar bhóithre stáit i gceantair uirbeacha chun cineálacha nua soghluaisteachta a chur chun cinn		Líon	0	34	R4	2025	Feabhas curtha ar 34 bhóthar stáit ar a laghad i gceantair uirbeacha trí lánaí rothaíochta nua a thógáil, limistéir na gcoisithe a mhéadú, na limistéir pháirceála a laghdú nó sábháilteacht ar thrasnuithe a fheabhsú. Is í an Aireacht Iompair, Soghluaisteachta agus an Chláir Oibre Uirbigh a dhéanfaidh an infheistíocht sin ar na bóithre ar léi iad i limistéir uirbeacha.
11	C1.I2	T	Tionscadail nuálacha a dhámhachtain lena gcuirtear leictrea-shoghluaisteacht chun cinn		Milliún EUR	0	250	R2	2023	Foilsiú na dámhachtana de EUR 250 milliún ar a laghad i nglaonna lena dtacaítear le tionscadail nuálacha lena gcuirtear leictrea-shoghluaisteacht chun cinn. Áireofar an méid seo a leanas sna critéir roghnúcháin a úsáidfear sna glaonna ar thograí chun na scéimeanna cabhrach a leithdháileadh: an laghdú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ii) inmharthanacht theicniúil-eacnamaíoch, iii) leibhéal na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta, iv) inmhacasamhlaitheacht agus inscálaitheacht, v) giniúint fostaíochta a bhaineann leis an tionscadal, díreach agus indíreach agus vi) tionchar ar an slabhra luacha agus sineirge le hearnálacha eile, earnálacha tionsclaíocha den chuid is mó.
12	C1.I2	T	Iarrataí ar fhóirdheontais le haghaidh feithiclí leictreacha agus pointí		Líon	0	238 000	R4	2023	Clárú iarrataí ar fhóirdheontais le haghaidh 238000 feithicil leictreach ar a laghad (BEV, REEV, PHEV nó FCEV) agus pointí athluchtaithe,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			athluchtaithe a chlárú							lena n-áirítear, i measc nithe eile, pointí athluchtaithe d'úsáid phoiblí i limistéir chónaithe agus ar an ngréasán bóithre náisiúnta, arb iad na hiarrataí sin atá comhdhéanta d'fheithiclí leictreacha agus/nó pointí athluchtaithe ar leithligh.
419	C1.I2	T	Feithiclí leictreacha agus pointí athluchtaithe arna n-imscaradh		Líon	0	238 000	R4	2025	238000 feithicil leictreach ar a laghad (BEV, REEV, PHEV nó FCEV) agus pointí athluchtaithe, lena n-áirítear, i measc nithe eile, pointí athluchtaithe d'úsáid phoiblí i limistéir chónaithe agus ar an ngréasán náisiúnta bóithre arna imscaradh.
13	C1.I2	T	Tionscadail nuálacha a chur i gcrích lena gcuirtear leictrea-shoghluaisteacht chun cinn		Líon	0	85	R4	2025	85 thionscadal ar a laghad arna n-imscaradh faoin gclár tacaíochta le haghaidh tionscadail nuálaíochta maidir le leictrea-shoghluaisteacht (MOVES Singulares) a chur i gcrích.
14	C1.I3	T	Línte iarnróid gearr-achair uasghrádaithe		Uimhir (Km)	0	200	R2	2023	200 km ar a laghad de línte gearra iarnróid uasghrádaithe. Féadfar aon cheann de na nithe seo a leanas a áireamh ar na hidirghabhálacha, ach gan a bheith teoranta dóibh: Athnuachan ardáin nó rianta, nó feabhsú na saoráidí leictriúcháin nó slándála agus cumarsáide/comharthaíochta nó na gcóras sábháilteachta, agus cuirfear chun feidhme iad feadh na críche náisiúnta.
15	C1.I3	T	Cuireadh feabhas ar stáisiúin leis an digitiú		Líon	0	420	R2	2023	Cuireadh feabhas ar 420 stáisiún ar a laghad leis na tionscadail uile nó cuid de na tionscadail a d'fhorbair RENFE mar oibreoir SPO, liostaithe ina dhiaidh sin: • Digitiú na gcóras slándála i stáisiúin (amhail físanailísíocht chliste, cibearshlándáil agus rialú calaoise) • Córais faisnéise do phaisinéirí • Rialú rochtana ar stáisiúin a fheabhsú • Tionscadail meaisíní díola ticéad • Oiriúnú saoráidí
16	C1.I3	T	Stáisiúin iarnróid ghearra fheabhsaithe nó nua		Líon	0	20	R2	2023	20 stáisiún iarnróid gearrthógtha ar a laghad arna bhfeabhsú nó arna nuathógáil ag ADIF/ADIF AV. Féadfar a áireamh ar na hoibreacha, ach gan a bheith teoranta dóibh, oibreacha inrochtaineachta, foirgnimh nó ardáin a uasghrádú, stáisiúin nua a thógáil, agus/nó rianta iarnróid nua nó athchóirithe a thógáil.
17	C1.I3	T	Conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain le haghaidh infheistíochtaí i línte gearra iarnróid		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	288	R2	2023	288 gconradh ar a laghad nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain feadh na críche náisiúnta a bhaineann le hinfheistíochtaí i línte gearra iarnróid.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
18	C1.I3	T	Línte iarnróid gearr-achair uasghrádaithe		Líon (km)	200	700	R2	2026	Uasghrádú 700 km ar a laghad de línte gearra iarnróid. Áirítear le hidirghabhálacha, ach gan a bheith teoranta dóibh, aon cheann de na nithe seo a leanas: Athnuachan ardáin nó rianta, nó feabhsú na saoráidí leictriúcháin nó slándála agus cumarsáide/comharthaíochta nó na gcóras sábháilteachta, agus cuirfear chun feidhme iad feadh na críche náisiúnta. (Bonnlíne:Dáta comhlíonta sprioc 14)
19	C1.I3	T	Cuireadh feabhas ar stáisiúin leis an digitiú		Líon	420	850	R2	2026	Feabhas curtha ar 850 stáisiún ar a laghad leis na tionscadail uile nó cuid de na tionscadail a d'fhorbair RENFE mar oibreoir SPO, liostaithe ina dhiaidh sin: • Digitiú na gcóras slándála i stáisiúin (amhail físanailísíocht chliste, cibearshlándáil agus rialú calaoise) • Córais faisnéise do phaisinéirí • Rialú rochtana ar stáisiúin a fheabhsú • Tionscadail meaisíní díola ticéad • Oiriúnú saoráidí (Bonnlíne: Dáta comhlíonta sprioc 15)
20	C1.I3	T	Stáisiúin iarnróid ghearra fheabhsaithe nó nua		Líon	20	70	R2	2026	70 stáisiún iarnróid achair ghearr ar a laghad arna bhfeabhsú nó ag stáisiún nuathógtha ag ADIF/ADIF AV. D'fhéadfadh oibreacha inrochtaineachta, uasghrádú foirgneamh nó ardán, tógáil stáisiún nua, agus/nó rianta iarnróid nua nó athchóirithe a bheith san áireamh sna hoibreacha, ach gan a bheith teoranta dóibh. (Bonnlíne: Dáta comhlíonta sprioc 16)

A.4. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Athchóiriú 3 (C1.R3) — Foraithne Ríoga lena rialaítear critéir íosta criosanna astaíochtaí ísle

Is é is cuspóir don athchóiriú seo teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 1052/2022, an 27 Nollaig lena soláthraítear na híoscheanglais atá le comhlíonadh ag na Criosanna Íseal-Astaíochtaí (LEZanna) arna mbunú ag údaráis áitiúla i mbardais ina bhfuil níos mó ná 50000 áitritheoir agus críoch oileánach i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla a bhunaítear le hAirteagal 14.3 de Dhlí 7/2021, an 20 Bealtaine.

Cumhdófar an méid seo a leanas leis na híoscheanglais sin a leagtar amach leis an bhForaithne Ríoga:

— an oibleagáid atá ar na húdaráis áitiúla na bearta sonracha atá le cur chun feidhme a chinneadh chun cuspóirí na LEZanna a bhaint amach, is é sin cáilíocht an aeir a fheabhsú agus éifeachtaí an athraithe aeráide a mhaolú, chomh maith le comhlíonadh na gcuspóirí maidir le torann, soghluaisteacht inbhuanaithe agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus modhanna iompair á n-úsáid. Beidh sé d'aidhm ag na bearta sin aistriú módach i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh, agus tosaíocht á tabhairt don tsoghluaisteacht ghníomhach agus don iompar poiblí.

— An oibleagáid na LEZanna a theorannú i bhfianaise thionscnamh agus cheann scríbe na dturas ar measadh gur gá idirghabháil a dhéanamh ina leith, trí aistriú módúil nó trí laghdú ar thurais a spreagadh.

— Beidh achar dromchla na LEZanna leordhóthanach agus leordhóthanach chun na cuspóirí bunaithe a chomhlíonadh agus beidh sé comhréireach leo. Bunófar leis an bhForaithne Ríoga an fhéidearthacht, ar chinneadh ó údaráis áitiúla, roinnt LEZanna a dhearadh i gcathracha móra, agus i gcríocha oileánacha chomh maith.

— An sainmhíniú ar chuspóirí inchainníochtaithe maidir le cáilíocht an aeir as a dtiocfaidh feabhas i gcomparáid leis an gcás bonnlíne gan LEZanna. Ina theannta sin, rannchuideoidh LEZanna le baint amach threoirluachanna threoracha na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le cáilíocht an aeir.

— Áireofar sa tionscadal LEZanna spriocanna intomhaiste agus inchainníochtaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa sna LEZanna a laghdú faoi 2030, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Comhtháite Náisiúnta don Fhuinneamh agus don Aeráid (PNIEC), go háirithe an cuspóir úsáid mótarfheithiclí príobháideacha a laghdú i gcomparáid le modhanna eile iompair.

— Toirmisc nó srianta ar rochtain, cúrsaíocht agus páirceáil feithiclí, ag brath ar a n-acmhainneacht truaillithe.

Leis an bhForaithne Ríoga, deonófar idirthréimhse 18 mí do LEZanna a bhí ann cheana a bunaíodh roimh fhormheas Fhoraithne Ríoga 1052/2022 chun coigeartú a dhéanamh ar na híoscheanglais sin.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoi mhí na Nollag 2022.

A.5. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L1	C1.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena rialaítear Criosanna Íseal-Astaíochta (LEZanna)	Foráil san Fhoraithne Ríoga lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 1052/2022, an 27 Nollaig, lena rialaítear Criosanna Íseal-Astaíochtaí (LEZanna)

B. COMHPHÁIRT 02: CUR CHUN FEIDHME CHLÁR OIBRE UIRBEACH NA SPÁINNE: PLEAN ATHSHLÁNÚCHÁIN AGUS ATHGHINIÚNA UIRBIGH

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar athshlánú fuinnimh foirgneamh, ar a ndícharbónú, agus ar a gcáilíocht agus a gcompord a fheabhsú. Tabharfaidh sé aghaidh freisin ar thithíocht shóisialta ar chíos, ar a stoc a mhéadú agus ar théarnamh níos cothroime agus níos cuimsithí a áirithiú. Ina theannta sin, féachann an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí thacú le tithíocht shóisialta nó tithíocht inacmhainne ar cíos. Áirítear gníomhaíochtaí digitithe freisin. Tacaíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le cur chun feidhme Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PNFA) na Spáinne, lena bhforáiltear d'athchóiriú 1200000 foirgneamh cónaithe faoi 2030, agus do chórais téimh agus fuaraithe 300000 foirgneamh cónaithe ar an meán in aghaidh na bliana. Sa chomhthéacs sin, molann an Spáinn an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Bearta athchóirithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear Clár Oibre Uirbeach na Spáinne, straitéis athchóirithe fhadtéarmach na Spáinne, Dlí Tithíochta, Dlí chun feabhas a chur ar thírdhreach na hailtireachta agus cruthú 'ionaid ilfhreastail' le haghaidh athchóirithe foirgneamh;
b) 285000 teaghais chónaithe uathúla ar a laghad a athchóiriú mar chuid de 410000 gníomhaíocht athchóirithe ar a laghad, 600 heicteár ar a laghad de limistéir uirbeacha, coibhéis 40000 foirgneamh cónaithe ar a laghad agus 690 000 m 2 d'fhoirgnimh neamhchónaithe, coibhéis 4300 foirgneamh cónaithe ar a laghad agus 230 000 m 2 d'fhoirgnimh neamhchónaithe[i mbardais agus i] limistéir uirbeacha ina bhfuil níos lú ná 5000 áitritheoir, agus 1 230 000 m 2 ar a laghad d'fhoirgnimh phoiblí faoi 2026, lena mbainfear amach coigilteas fuinnimh phríomhúil níos mó ná 30 % ar an[meán], lena n-áirítear trí chórais téimh agus fuaraithe a athchóiriú agus a uasghrádú;
c) 20000 teaghais nua ar a laghad a thógáil chun críoch cíosa shóisialta nó ar phraghsanna inacmhainne ag a bhfuil éileamh fuinnimh phríomhúil 20 % ar a laghad faoi bhun cheanglais na bhfoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de;
d) 100 treoirthionscadal ar a laghad a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh agus le cur chun feidhme Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne; agus
e) feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil agus a athchóiriú, agus margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin.

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2023 agus 4 2022 chun infhaighteacht tithíochta sóisialta agus inacmhainne atá fuinneamhéifeachtúil a mhéadú, lena n-áirítear trí athchóiriú. Tacaíonn sé freisin leis an aistriú glas (Moladh Tírshonrach 1 2023, 1 2022 agus 3 2019) agus le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh go háirithe (Moladh Tírshonrach 3 2020). Cuireann sé feabhas freisin ar an tacaíocht a thugtar do theaghlaigh (Moladh Sonrach Tíre 2 2019; Moladh Tírshonrach 2 2020) agus cuidíonn sé le tús áite a thabhairt do thionscadail infheistíochta poiblí aibí agus le hinfheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

- An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na gComhaontuithe Cur Chun Feidhme agus Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 2122000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[9]

---

acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[8] N⟨λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[9] Ceangl⌠far ar thairbhithe deiridh ⌠iasachta⟨, iasachta⟨ rannph⟨irt⟨ochta, banna⟨ tionscadail, r⟨tha⟨ochta⟨ n⌠ ionstraim⟨ coibh⌠iseacha a bhaineann le tionscadail shonracha ⌡dar a thabhairt leis an r⌠imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⟨ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl⌠far

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an Ciste, lena n-áirítear:

- Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir mutatis mutandis leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
- An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh mutatis mutandis faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh na tacaíochta iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

---

ar an gcomhph⟨irt⟩ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant ⎪il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⟩omha⟩ochta.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L2	C2.R7	M	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar Théacs Comhdhlúite an Dlí um Athshlánú Talún agus Uirbeach	Foráil sa dlí athbhreithnithe maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2025	Teacht i bhfeidhm leasaithe ar Théacs Comhdhlúite an Dlí um Athshlánú Talún agus Uirbeach arna fhormheas le Foraithne Reachtach Ríoga 7/2015 an 30 Deireadh Fómhair. Tabharfar isteach leis an leasú bearta arb é is aidhm dóibh dlús a chur leis na nósanna imeachta pleanála uirbí a bhaineann le gníomhaíochtaí athshlánaithe foirgneamh agus le tógáil foirgneamh chun críche tithíochta sóisialta.
L3	C2.R7	M	Treoir dea-chleachtais a fhoilsiú maidir le nósanna imeachta ceada pleanála a shimpliú agus a chuíchóiriú	Foilsiú ar líne				R2	2025	Treoir a fhoilsiú ina mbeidh moltaí agus dea-chleachtais a oibreoidh mar thagairt chun nósanna imeachta ceadúnaithe pleanála uirbí a shimpliú agus a bhrostú trí (i) malartú eolais agus taithí idir riaracháin ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus lárnach a spreagadh, (ii) bearta chun próisis a chórasú agus a bharrfheabhsú agus (iii) treoirthionscadail a fhorbairt amach anseo i gcomhthéacsanna críochacha éagsúla.
L4	C2.I7	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L5	C2.I7	T	Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (I)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil		0	40 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil déanta ag ICO, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh, ar mhéid is gá chun 40 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh ICO tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
L6	C2.I7	T	Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (II)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil		40 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil déanta ag ICO, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh, ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 53 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L7	C2.I7	M	Saoráid Iasachta ICO chun Tithíocht Shóisialta a Chur Chun Cinn: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 4000000000 chuig Saoráid ICO.

C. COMHPHÁIRT 03: CLAOCHLÚ COMHSHAOIL AGUS DIGITEACH AN CHÓRAIS AGRAIBHIA AGUS IASCAIGH

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht na hearnála agraibhia agus iascaigh ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil agus na sochaí de. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, díríonn na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar na gnéithe seo a leanas:

a) Éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht uisciúcháin a fheabhsú;
b) borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic;
c) straitéis a achtú chun an digitiú a chur chun cinn sna hearnálacha agraibhia agus tuaithe ina n-iomláine; agus
d) borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019), rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020), agus maidir le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C3.R1) — Leasú ar na rialacha lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra, lena n-áirítear lena leasaítear Dlí 12/2013 an 2 Lúnasa 2007 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar fheidhmiú an bhiashlabhra tríd an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra (Dlí 12/2013) a leasú, lena n-áirítear trasuí Threoir (AE) 2019/633 ach a théann níos faide ná sin. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad leis an mbeart:

a) Raon feidhme an dlí a leathnú trí (i) caidreamh trádála a áireamh chuig na Ballstáit agus chuig tríú tíortha araon nuair atá oibreoir lonnaithe sa Spáinn, agus (ii) amhábhair agus táirgí eile a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
b) inneachar íosta na gconarthaí bia a leathnú trí (i) pionóis chonarthacha, (ii) eisceachtaí ar chúiseanna force majeure, agus (iii) tagairt don iarraidh ar idirghabháil ó pháirtithe lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar chásanna neamh-chomhaontaithe a chur san áireamh;
c) liosta na gcleachtas tráchtála éagórach a leathnú amhail leasú aontaobhach a dhéanamh ar chonarthaí i dtéarmaí méide nó táirgí gan díol a thabhairt ar ais; agus

d) ag aithint di gurb í an Ghníomhaireacht um Fhaisnéis agus Rialú Bia an comhlacht atá freagrach as an gcóras rialaithe is gá a bhunú agus a fhorbairt chun comhlíonadh an dlí ar an leibhéal náisiúnta a sheiceáil, agus mar phointe teagmhála don chomhar idir údaráis forfheidhmithe, agus leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Comhphobail Fhéinrialaitheacha ina limistéir chríochacha faoi seach.

Tá an beart comhlántach le (i) Foraithne-Dlí Ríoga 5/2020 an 25 Feabhra 2020, lenar glacadh bearta práinneacha maidir le talmhaíocht agus bia, agus (ii) Dlí 8/2020 chun Dlí 12/2013 a mhodhnú, maidir le bearta práinneacha chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 2 (C3.R2) — Forbairt agus athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic

Leis an mbeart sin, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na feirmeoireachta beostoic tríd an gcreat reachtach a fhorbairt agus a athbhreithniú mar a leanas:

a) Clár ginearálta de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BATanna) a fhorbairt chun ríomhanna astaíochtaí truaillitheacha agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) i bhfeirmeacha muc agus éanlaithe clóis a éascú, chomh maith le sonraí comhshaoil eile a chumhdach. Soláthrófar leis measúnú níos fearr ar chomhlíontacht feirmeoirí beostoic le gealltanais astaíochtaí GCT agus truailleán.

b) Athbhreithniú a dhéanamh de réir a chéile ar an reachtaíocht pleanála sna hearnálacha beostoic, lena leagtar síos ceanglais maidir le suíomh, achar, méid, coinníollacha sláinte, bithshlándáil agus an bonneagar comhshaoil agus leasa ainmhithe ar fheirmeacha in earnálacha ina bhfuil sí cheana féin (feirmeoireacht mhuirí), chomh maith le creat rialála nua a bhunú in earnálacha (feirmeoireacht éanlaithe clóis), nach raibh rialáilte go fóill. Bunófar leis gealltanais earnála aonair maidir le laghdú astaíochtaí, lena leagfar síos ceanglais de réir a mhéid a rannchuidíonn siad le giniúint na dtruailleán, agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm.

Áirítear sa bheart an dá fhoráil reachtacha, atá le foilsiú faoi dheireadh 2022. Meastar freisin go mbeidh cur chun feidhme chlár ginearálta BATanna oibríochtúil i gcás feirmeacha muc agus éanlaithe clóis faoin 31 Nollaig 2023. Déanfar an reachtaíocht phleanála athbhreithnithe a chur i bhfeidhm de réir a chéile laistigh de thart ar dhá bhliain tar éis a foilsithe.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an mbeart seo:

a) Feabhas a chur ar bhithshlándáil iompair beostoic i ndáil le galair in-tarchurtha ainmhithe. Leis an rialachán nua, déanfar digitiú agus teicneolaíochtaí nua a ionchorprú i bhfeithiclí a úsáidtear mar mhodh iompair agus glantacháin agus díghalrúcháin.
b) Rialáil a dhéanamh ar úsáid antaibheathach i speicis ar díol spéise beostoic iad, agus úsáid á baint as modh chun tomhaltas rialta agus ráithiúil antaibheathach in aghaidh an ghabháltais beostoic agus an táscaire tagartha náisiúnta a ríomh. Tabharfar tuairisc sa rialachán ar na bearta atá le déanamh ar bhonn na dtorthaí. Beidh idirthréimhse bliana ag an reachtaíocht le haghaidh na ngabháltas beostoic sin nach bhfuil oibleagáid orthu córas bainistíochta comhtháite a bheith acu ina reachtaíocht earnála.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C3.R3) — Creat reachtach maidir le cothú inbhuanaithe in ithreacha talmhaíochta, agus reachtaíocht maidir le truailliú de thionscnamh talmhaíochta

Is é is cuspóir don bheart seo leasúchán talmhaíochta a rialáil chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí éagsúla ionchuir cothaitheach in ithreacha talmhaíochta ar bhealach comhsheasmhach. Ina theannta sin, cuirfidh sé comhairle theicniúil ar fáil d'fheirmeoirí chun tacú leo ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus leasú a chuíchóiriú. Déanfar an méid seo a leanas leis sin: (i) aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide; (II) truailliú uisce de bharr níotráití agus fosfáití de thionscnamh talmhaíochta a laghdú; agus (iii) cáilíocht an aeir a fheabhsú.

Tá an creat reachtach atá beartaithe nasctha le hionstraim dlí eile: an dréacht-Fhoraithne Ríoga maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú idirleata arb iad níotráití ó fhoinsí talmhaíochta is cúis leis (a chuirfear in ionad Fhoraithne Ríoga 261/1996 an 16 Feabhra). Tá nasc ann freisin le plean gníomhaíochta a tharraingt suas chun truailliú idirleata de bharr níotráití, go háirithe ó fhoinsí talmhaíochta, a chosc, a cheartú agus a laghdú. Leis an mbeart sin, tabharfar isteach Foraithne Ríoga, lena dtrasuitear Treoir 91/676/CEE an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta, lena leagfar síos cuspóirí níos uaillmhianaí ná an Treoir maidir le Níotráití agus lena méadófar cóineasú le cuspóirí pleanála uisce faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú 4 (C3.R4) — Borradh a chur faoi rialachas agus faoi bhainistiú inbhuanaithe uisciú na Spáinne

Is é is cuspóir don bheart seo sásra rialachais a bhunú ar an leibhéal náisiúnta chun ligean do gach earnáil agus leibhéal na n-údarás poiblí lena mbaineann comhoibriú maidir le huisciú. Áirítear leis sin inbhuanaitheacht chomhshaoil, critéir cur chun feidhme agus gnéithe a bhaineann leis an reachtaíocht is infheidhme. Bunófar leis an mbeart faireachlann maidir le hinbhuanaitheacht an uiscithe sa Spáinn chun sonraí a sholáthar maidir le tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an uiscithe ar an gcríoch.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 5 (C3.R5) — Cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II na Straitéise maidir le hAgraibhia agus Limistéir Thuaithe a Dhigitiú

Féachann an beart seo le leanúint de chur chun feidhme Straitéis na Spáinne maidir le Digitiú an Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe, a ghlac rialtas na Spáinne i mí an Mhárta 2019. Leagfar amach sa bheart an dara plean gníomhaíochta a fhreagraíonn do thrí bhunchuspóir na straitéise: (i) an deighilt dhigiteach a laghdú; (II) úsáid sonraí a chur chun cinn; agus (iii) borradh a chur faoin bhforbairt gnó agus faoi shamhlacha nua gnó.

Leanfaidh an beart de bheith ag tacú le próisis dhigiteacha agus scileanna digiteacha a ghlacadh agus a ionchorprú i ngníomhaíocht eacnamaíoch atá nasctha le ceantair thuaithe agus lena gcreatlach shóisialta. Leis an mbeart, déanfar an dara plean gníomhaíochta de Straitéis Digitithe na hEarnála Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe a dhearadh, a mhionsaothrú agus a chur chun feidhme.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 6 (C3.R6) — Athbhreithniú ar an gcreat rialála náisiúnta maidir le hiascaigh inbhuanaithe a rialáil

Is é is cuspóir don bheart seo: (i) comhtháthú na hinbhuanaitheachta eacnamaíche agus sóisialta i mbainistiú iascaigh a spreagadh; (II) deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar do na gníomhaithe uile in earnáil an iascaigh; agus (iii) trédhearcacht, nuachóiriú agus digitiú níos fearr a chur ar fáil i mbainistiú iascaigh. Cuirfear san áireamh sa bheart cuspóirí bheartais agus dhúshláin an Aontais, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar an gComhbheartas Iascaigh, an Straitéis Bhithéagsúlachta 2030, Straitéis Mhuirí, agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, bainfear amach an méid seo a leanas leis an mbeart:

a) Athbhreithniú a dhéanamh ar an Dlí Iascaigh atá ann faoi láthair chun é a ailíniú leis na critéir nua inbhuanaitheachta agus leis na riachtanais taighde san iascach;
b) bainistíocht uirlisí, modhanna agus daonáirimh éagsúla na meánna náisiúnta iascaireachta a thabhairt cothrom le dáta trí Fhoraithne Ríoga; agus
c) dlí a chur chun feidhme chun córais rialaithe, cigireachta agus smachtbhannaí i réimse na hiascaireachta a nuachóiriú.

Foráiltear go bhfoilseofar Foraithne Ríoga maidir le bainistíocht na n-uirlisí, na modhanna agus na ngearán éagsúil ó na meánna náisiúnta a uasghrádú faoin 30 Meitheamh 2022.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 1 (C3.I1) — Plean chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht san uisciú a fheabhsú

Is é cuspóir an bhirt seo éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht uisciúcháin a fheabhsú trí shraith gníomhaíochtaí roghnaithe. Cuirfidh sé coigilteas uisce agus éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn i ngníomhaíochtaí uiscithe. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin:

a) Gníomhaíochtaí a nuachóiriú, lena n-áirítear ar a laghad: (i) gníomhaíochtaí i limistéir in ionad uisce dromchla nó screamhuisce le húsáid acmhainní uisce neamhghnácha (amhail uisce athshlánaithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/741 agus uisce díshalannaithe i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ 2021/C58/01) mar chuid de phróiseas nuachóirithe; agus (ii) gníomhaíochtaí lena méadaítear coigilteas uisce nó lena mbaintear amach laghdú breise ar an éileamh ar uisce nó coigilteas fuinnimh níos airde;
b) córais uiscithe a bhfuil tionchar fuinnimh acu a nuachóiriú, lena n-áirítear (i) cóir fhabhrach a thabhairt do ghníomhaíochtaí nach dteastaíonn leictreachas uathu chun iad a oibriú thar na gníomhaíochtaí sin a bhfuil gá acu leis nó a bhfuil fuinneamh in-athnuaite de dhíth orthu; agus (ii) bearta nuachóirithe chun neamhthuilleamaíocht fuinnimh a éascú, lena n-áirítear úsáid fuinnimh in-athnuaite; agus
c) teicneolaíochtaí nua a chothú, amhail: (i) gníomhaíochtaí lena gcumasaítear leibhéil níos airde cur chun feidhme teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua chun uisciú níos éifeachtúla a bhaint amach; agus (ii) gníomhaíochtaí lena moltar leibhéal níos airde déine i nuachóiriú an uiscithe.

Is é an fiontar poiblí *Sociedad Estatal de Infraestructuras Agrarias (SEIASA) a dhéanfaidh an beart a* chur chun feidhme. Chuige sin, rialófar le comhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA an córas maoinithe phoiblí/príobháideach le

haghaidh na n-infheistíochtaí i nuachóiriú uisciúcháin, critéir roghnúcháin an tionscadail, nósanna imeachta cur chun feidhme an phlean chomh maith le liosta na ngníomhaíochtaí a bheidh le cur i gcrích. Áireofar ar an liosta gníomhaíochtaí sin an méid seo a leanas ar a laghad:

a) Úsáid acmhainní uisce neamhghnácha a chur in ionad screamhuisce nó uisce dromchla (uisce athshlánaithe nó uisce díshalannaithe i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01));
b) córais rialála uisce (taiscí) a chur chun feidhme lenar féidir uisciú domhantarraingthe a dhéanamh;
c) píopaí faoi thalamh a chur in ionad díoga faoin aer;
d) tógáil córas scagtha agus caidéalaithe; agus
e) méadair agus córais chianbhainistíochta a shuiteáil.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfar uisce díshalannaithe a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil na tionchair is ísle ar an gcomhshaol san earnáil. Déanfar na gníomhaíochtaí uiscithe uile i gcomhréir leis an Treoir Réime maidir le hUisce, déanfar na Measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol is gá i gcomhréir le Treoracha 2009/147/CE agus 92/43/CEE, agus cuirfear chun feidhme na céimeanna maolaithe is gá chun an comhshaol a chosaint.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C3.I2) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (I): Saotharlanna sláinte ainmhithe agus plandaí a nuachóiriú

Cuirfidh an beart seo feabhas ar shlándáil bia in earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic trína áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí tapa mar fhreagairt ar ráigeanna galar ainmhithe, lena n-áirítear iad siúd a dhéanann difear do dhaoine, chomh maith le lotnaidí plandaí, trí shaoráidí a thógáil a bhfuil leibhéal bithsábháilteachta acu. Go sonrach, áiritheofar leis an mbeart go dtiocfaidh na saoráidí seo a leanas i bhfeidhm:

a) an tSaotharlann um Shábháilteacht Bhitheolaíoch Leibhéal 3 (LSCA-Santa Fe);
b) saoráid Sábháilteachta Bitheolaíche Leibhéal 3 (LCV-Algete); agus
c) an tSaotharlann Náisiúnta Sláinte Plandaí in Lugo.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C3.I3) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (II): Fothú acmhainneachta agus córais bhithshlándála a neartú i bplandlanna, in ionaid ghlantacháin agus dhífhabhtaithe

Neartóidh an beart seo an cosc agus an chosaint ar ghalair ainmhithe agus lotnaidí plandaí a bhfuil méadú tagtha ar a minicíocht mar gheall ar an athrú aeráide, trí fheabhas a chur ar fhothú acmhainneachta agus ar chórais bhithshlándála i bplandlanna chomh maith le hionaid ghlantacháin agus dhífhabhtaithe. Neartóidh sé córais bhithshlándála i saoráidí ina dtáirgtear ábhar atáirgthe plandaí, a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le hábhar saor ó lotnaidí a fháil trí úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú.

Beidh an tacaíocht i bhfoirm cabhair infheistíochta atá dírithe ar ghabháltais talmhaíochta ábhair atáirgthe plandaí, agus ionaid chun modhanna iompair d'ainmhithe beo a ghlanadh agus a dhíghalrú. Go sonrach, tá deontais beartaithe chun feabhas teicneolaíoch a chur ar na saoráidí sin trí uathoibriú, róbatú, agus córais nua glantacháin agus díghalraithe a shuiteáil, amhail dífhabhtú teirmeach.

Áirítear leis an mbeart 465 ionad glantacháin agus díghalraithe ar a laghad a neartú, agus ionaid a tháirgeann ábhar atáirgthe plandaí le hoiliúint mhéadaithe agus córais bhithshlándála.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meán Fómhair 2024.

Infheistíocht 4 (C3.I4) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus na feirmeoireachta beostoic (III): Infheistíochtaí sa talmhaíocht bheacht, san éifeachtúlacht fuinnimh agus sa gheilleagar ciorclach in earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic

Leis an mbeart sin, cuirfear inbhuanaitheacht agus iomaíochas earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic chun cinn trí infheistíochtaí sna nithe seo a leanas: (i) talmhaíocht bheacht; (II) éifeachtúlacht fuinnimh; (III) an geilleagar ciorclach; agus (iv) úsáid fuinnimh in-athnuaite.

Go sonrach, baineann infheistíochtaí leis an méid seo a leanas:

a) Córais nua a chur chun feidhme chun dramhaíl talmhaíochta, agus eisiltigh bheostoic agus a seachtháirgí a bhainistiú, lena n-áirítear athchóirithe struchtúracha;
b) tithe gloine a nuachóiriú, a suiteálacha agus a dtrealamh araon;
c) úsáid bithghás agus fuinnimh inathnuaite a chur chun cinn; agus
d) sonraí fíor-ama a bhailiú trí úsáid a bhaint as braiteoirí lenar féidir talmhaíocht bheacht agus teicneolaíocht bheacht a úsáid ar fheirmeacha, lena n-áirítear córais loingseoireachta satailíte (GNSS) agus geoshuíomh i bhfeirmeoireacht beostoic a chur chun feidhme.

Cuirfear an beart chun feidhme i bhfoirm infheistíochtaí aonair nó comhinfheistíochta i ngabháltais talmhaíochta nó i gcuideachtaí seirbhíse talmhaíochta. Beidh tionscadail maidir le talmhaíocht bheacht, éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus úsáid fuinnimh in-athnuaite curtha i gcrích ag 5000 feirm ar a laghad.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 5 (C3.I5) — Straitéis maidir le Digitiú na hEarnála Agraibhia agus Foraoiseachta agus na Timpeallachta Tuaithe: gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú le digitiú agus fiontraíocht na hearnála agraibhia agus foraoiseachta agus an chomhshaoil tuaithe

Leagfar amach leis an mbeart sin gníomhaíochtaí sa Straitéis maidir le Digitiú na nEarnálacha Agraibhia, Foraoiseachta agus Tuaithe, arna glacadh ag rialtas na Spáinne i mí an Mhárta 2019, agus sa dara plean gníomhaíochta dá chuid 2021-2023. Áireofar an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí:

a) Líne shonrach tacaíochta airgeadais do FBManna san earnáil agraibhia chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a dhreasú, a chuirfear chun feidhme trí iasachtaí rannpháirteacha a sholáthar;
b) Mol nuálaíochta digití do ghnólachtaí san earnáil agraibhia, a chuirfear chun feidhme trí chonradh inmheánach agus trí sholáthar poiblí trí thairiscintí iomaíocha;

c) Faireachlann maidir le digitiú san earnáil agraibhia trí chomhaontú comhpháirtíochta idir MAPA agus an comhlacht comhoibríoch; agus
d) ardán de chomhairleoirí an Chórais Eolais agus Faisnéise Talmhaíochta (AKIS) chun feidhmiú mar uirlis chun aistriú eolais agus faisnéise idir gníomhaithe AKIS a chothú, a bheidh le cur chun feidhme trí dhá chonradh inmheánacha.

Mar chuid den bheart, déanfaidh 60 FBM agraibhia ar a laghad tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme a bheidh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus a mhaoineofar trí iasachtaí rannpháirtíochta faoi dheireadh 2023.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus *Empresa Nacional de* Innovación (ENISA) agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[10]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[11]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[12] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[13]; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol;

[10] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[11] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[12] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[13] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

iii. a cheangal ar ENISA fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Ní thabharfar tacaíocht d'aon ghníomhaíocht a bhaineann le gabháil agus stóráil carbóin.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 6 (C3.I6) — Plean chun inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú a chur chun cinn in earnáil an iascaigh (I): Nuachóiriú a dhéanamh ar an líonra cúltaiscí muirí leasa iascaigh

Is é cuspóir an bhirt seo líonra na gcúltacaí muirí leasa iascaigh a nuachóiriú trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

a) Dhá shoitheach tacaíochta sainchuspóra a fháil chun rialú agus faireachas na ngníomhaíochtaí a dhéantar sna cúlchistí a áirithiú;
b) teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chur chun feidhme chun gur féidir na cúltaiscí a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu, trí dhróin a fháil, ar a laghad, a bhfuil cumhacht leordhóthanach acu chun gníomhaíochtaí rialaithe agus faireacháin a cheadú agus chun na modhanna atá ann cheana a bharrfheabhsú;
c) líonra na gcúltacaí a leathnú trí chúlchiste muirí nua a chruthú; agus
d) cúltaisce muirí atá ann cheana, *Isla de Alborán agus* a thimpeallacht a thabhairt cothrom le dáta chun rochtain a éascú, feabhas a chur ar a éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le saoráidí leordhóthanacha (i.e. nasc raidió radair leis an Leithinis) a fheistiú air chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an gcúltaca.

Déanfar fáil an dá shoitheach tacaíochta sainchuspóra agus cur chun feidhme na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun rialú agus faireachán a chumasú a chur chun feidhme trí nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, beidh an dá shoitheach tacaíochta sainchuspóireacha den teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil na tionchair is ísle ar an gcomhshaol san earnáil. Is éard a bheidh san infheistíocht a bhaineann le leathnú líonra na gcúltaiscí muirí staidéar chun cúltaca muirí nua a chruthú, a bhfuil sé beartaithe é a dhéanamh trí chonradh inmheánach. Is amhlaidh atá i gcás na n-oibreacha atá beartaithe chun an cúlchiste *Isla de* Alborán agus a thimpeallacht a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áireofar staidéar riachtanach ar thógáil agus barrfheabhsú fuinnimh.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 7 (C3.I7) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (II): Borradh a chur faoin taighde ar iascach agus ar dhobharshaothrú agus tacú le hoiliúint

Cuirfidh an beart seo feabhas ar chainníocht agus ar cháilíocht an eolais eolaíoch a chuireann bonn eolais faoin gcinnteoireacht in ábhair a bhaineann le bainistiú iascaigh. Áirítear leis an

mbeart: (i) dhá thóireadóir fuaime ar a laghad a cheannach chun dhá shoitheach iascaireachta agus taighde aigéaneolaíochta atá ann cheana a fheistiú chun cáilíocht na sonraí a fhaightear chun measúnú eolaíoch a dhéanamh ar na stoic éagsúla de speicis pheiligeacha a áirithiú; agus (ii) taighde iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn chun cur chuige bunaithe ar éiceachórais a áirithiú maidir le cinnteoireacht i mbainistiú iascaigh.

Déanfar éadáil an dá tóireadóir fuaimiúla a chur chun feidhme ar bhonn nós imeachta soláthair phoiblí ina ndéanfar an tairiscint ar bhonn eisiach. Déanfar taighde iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn trí chomhaontuithe a shíniú le comhlachtaí taighde poiblí agus, i gcás inarb iomchuí, trí acmhainní dílse a shannadh chun breathnóirí ar bord a earcú, nó trí thairiscintí a chur ar fáil.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 8 (C3.I8) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (III): Forbairt theicneolaíoch agus nuálaíocht san iascach agus sa dobharshaothrú

Is é is cuspóir don bheart seo earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de a bhunú trí bhíthin dhá líne ghníomhaíochta:

a) Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chruthú chun borradh a chur faoin bhfás gorm san earnáil, d'fhonn tionscadail a chur chun feidhme a bheidh ina spreagadh do phróisis an gheilleagair ghoirm; agus

b) tacaíocht don fhorbairt theicneolaíoch agus don nuálaíocht san earnáil.

Beartaítear leis an mbeart 20 tionscadal taighde, forbartha agus nuálaíochta ar a laghad a thabhairt chun críche chun teicneolaíochtaí nua a ghlacadh a thacaíonn le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 9 (C3.I9) — Plean chun borradh a chur faoin inbhuanaitheacht, faoin taighde, faoin nuálaíocht agus faoin digitiú in earnáil an iascaigh (IV): Digitiú agus úsáid TFCanna in earnáil an iascaigh

Is é is aidhm don bheart seo feabhas a chur ar an bhfaireachas ar ghníomhaíocht iascaireachta chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a áirithiú chomh maith le hinmharthanacht mheántéarmach agus fhadtéarmach earnáil an iascaigh. Tá dhá líne ghníomhaíochta sa bheart:

a) Scéim cabhrach chun earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe a dhigitiú, lena n-áirítear cabhair chun córas faireachais a shuiteáil ina n-úsáidtear ceamaraí chun cianfhaireachán a dhéanamh ar iascaigh agus chun ábhar muirí aischurtha a chomhrac i gcás soithí ar faide ná 24 mhéadar a bhfad; agus

b) réitigh TFC nua-aimseartha le haghaidh faireachas iascaireachta, lena n-áirítear (i) córas clárúcháin gabhála (lena n-áirítear gléasanna a fháil chun gabhálacha a chur isteach go leictreonach chomh maith lena ngeoshuíomh) agus an fhéidearthacht ann soithí atá níos lú ná 12 mhéadar ar fad a rianú; (II) tionscadal píolótach a sheoladh le haghaidh seirbhís eitilte ladrann le haghaidh rialú agus faireachas iascaigh agus treoirthionscadal le haghaidh córas cianfhaireacháin le haghaidh gabhálacha soithí iascaireachta ar faide ná

24 mhéadar a bhfad; agus (iii) feistí agus bogearraí (i.e. an dara balla dóiteáin a shuiteáil) chun slándáil Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne a threisiú.

Déanfar digitiú earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe na Spáinne a chur chun feidhme i bhfoirm deontais le haghaidh tairiscintí iomaíocha, agus leanfar le cur chun feidhme réitigh TFC nua-aimseartha le haghaidh faireachas iascaireachta trí sholáthar oscailte agus láraithe.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 10 (C3.I10) — Plean chun borradh a chur faoi inbhuanaitheacht, taighde, nuálaíocht agus digitiú earnáil an iascaigh (V): Tacaíocht don chomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

Tacóidh an beart seo leis an gcomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, atá fós ina bhagairt d'éiceachórais mhuirí. Chuige sin, tacaíonn an beart leis na hinfheistíochtaí seo a leanas:

a) Ceithre shoitheach patróil a fháil; agus

b) nuachóiriú a dhéanamh ar thrí shoitheach patróil mórmhara a úsáidfear chun iascaireacht neamhdhleathach, thuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.

Cuirfear an beart chun feidhme trí nós imeachta soláthair phoiblí chun soithí patróil a thógáil agus trí chomhaontú le Cabhlach na Spáinne a leasú i gcás soithí patróil amach ón gcósta, lena gcuirfear cumhdach dlíthiúil ar fáil don aistriú atá le déanamh chuig an gCabhlach, agus na hoibreacha nuachóirithe thuasluaite á mbainistiú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní bheidh éadálacha agus nuachóiriú soithí ach ar an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil na tionchair is ísle ar an gcomhshaol san earnáil.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 11 (C3.I11) — Plean chun borradh a chur faoin inbhuanaitheacht, faoin taighde, faoin nuálaíocht agus faoin digitiú in earnáil an iascaigh (VI): Tacaíocht do mhaoiniú earnáil an iascaigh

Leis an mbeart sin, soláthrófar maoiniú do thionscadail infheistíochta in earnáil an iascaigh trí iasacht a sholáthar don *Sociedad Anónima Estatal de Caución Agraria* (SAECA). Is é cuspóir an bhirt líne airgeadais cistiúcháin a chruthú do thionscadail a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe, lena n-áirítear: (i) dálaí oibre agus sábháilteachta a fheabhsú; (II) próisis agus córais a dhigitiú; (III) luach agus inrianaitheacht táirgí a fheabhsú; (IV) táirgí agus cuir i láthair nua a chuardach, lena n-áirítear pacáistiú; agus (v) borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin bhfeabhsú agus faoin éifeachtúlacht fuinnimh, agus faoin aistriú chuig fuinneamh a bhfuil tionchair aeráide níos ísle aige.

Cuirtear an beart chun feidhme trí chomhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus SAECA chun tacú le maoiniú tionscadal infheistíochta in earnáil na hiascaireachta. Tá an sásra bunaithe ar iasacht le SAECA chun líne mhaoiniúcháin a chruthú atá beartaithe

chun tionscadail a athráthaíocht le gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta inbhuanaithe. Áireofar sa chomhaontú coinníoll go gcomhlíonfaidh na hinfheistíochtaí a dhéanfar leis an maoiniú sin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an comhaontú dlíthiúil idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus SAECA agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[14]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[15]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[16] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[17]; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh SAECA comhlíonadh dlíthiúil reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha na dtionscadal le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2022.

---

[14] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[15] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[16] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[17] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
39	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, maidir le bearta práinneacha i ndáil le talmhaíocht agus bia agus Dlí 8/2020 maidir le modhnú Dhlí 12/2013, maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú	Forálacha Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, Dlí 8/2020, Dlí 12/2013 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020 (an 25 Feabhra 2020) le bearta práinneacha maidir le talmhaíocht agus bia, chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú tríd an reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear caidreamh trádála sa bhiashlabhra a leasú. Is iad na príomhchuspóirí a chomhlíonadh go gcumhdaíonn praghsanna táirgí bia na costais táirgthe, scriosadh luacha sa bhiashlabhra a sheachaint agus cosc a chur ar chur chun cinn lena mbeartaítear tomhaltóirí a chur amú maidir le praghas agus íomhá táirgí. Teacht i bhfeidhm Dhlí 8/2020 maidir le modhnú Dhlí 12/2013, maidir le bearta práinneacha chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú, chun an Dlí Foraithne Ríoga thuasluaite a bhailíochtú trí Dhlí a ghlacadh.
40	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú	Foráil de Dhlí 12/2013 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feabhas a chur ar fheidhmiú an bhiashlabhra, thar íoscheanglais Threoir (AE) 2019/633. Leis an leasú dlíthiúil seo, cuirtear gníomhaíochtaí éagsúla chun cinn i dtreo slabhra luacha bia níos trédhearcaí agus níos cothroime lena dtugtar le tuiscint athruithe ar (i) raon feidhme leathnaithe an dlí chuig caidreamh trádála; (II) leathnaítear inneachar íosta na gconarthaí bia chuig beagnach gach idirbheart.
41	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála chun clár ginearálta de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil ar fheirmeacha a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí truailleán agus gás ceaptha teasa, agus athchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht pleanála le critéir maidir le feirmeacha ar fud na n-earnálacha	An creat rialála a chur ar fáil maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an gcreat rialála chun clár ginearálta na dTeicnící is Fearr atá ar Fáil a fhorbairt, éascófar ríomhanna astaíochtaí truaillitheacha agus astaíochtaí gás ceaptha teasa i bhfeirmeacha muc agus éanlaithe clóis, chomh maith le sonraí comhshaoil eile a thaifeadadh. Leis an athbhreithniú de réir a chéile ar an reachtaíocht pleanála in earnálacha an bheostoic, rialófar na ceanglais maidir le suíomh, méid, coinníollacha sláintíochta agus bonneagair ar fheirmeacha, lena modhnófar na ceanglais le haghaidh feirmeacha muc, agus lena gcruthófar creat rialála nua d'earnáil na héanlaithe clóis.
422	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin chun feabhas a chur ar bhithshlándáil an iompair beostoic agus teacht i bhfeidhm rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe antaibheathach i speicis bheostoic	Foráil san Fhoraithne Ríoga lena mbunaítear a theacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm Foraithne Ríoga chun feabhas a chur ar bhithshlándáil iompair beostoic agus Foraithne Ríoga maidir le húsáid inbhuanaithe antaibheathach i speicis leasa beostoic i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
42	C3.R3	M	Teacht i bhfeidhm an chreata normataigh maidir le cothú inbhuanaithe in ithreacha	An creat normatach a sholáthar maidir				R1	2023	Tá sé beartaithe leis an gcreat normatach seo obair leasúcháin a rialáil agus comhairle theicniúil a chur chun cinn d'fheirmeoirí chun an leasúchán a chuíchóiriú agus chun ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			talmhaíochta.	le teacht i bhfeidhm						
43	C3.R4	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le sásra rialachais chun feabhas a chur ar chóras uiscithe na Spáinne.	Foráil na Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Bunófar leis an bhForaithne Ríoga sásra rialachais ar an leibhéal náisiúnta ionas gur féidir leis na hearnálacha dá ndéantar difear comhoibriú i ngnéithe a bhaineann le huisciú na Spáinne, amhail inbhuanaitheacht, critéir forghníomhaithe, rialacháin, etc. Tá sé beartaithe faireachlann uisciúcháin inbhuanaithe a chruthú sa Spáinn freisin
44	C3.R5	M	Glacadh an dara plean gníomhaíochta den Straitéis maidir le Digitiú na hEarnála Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe.	Foilsiú ar leathanach gréasáin na hAireachta Talmhaíochta				R4	2022	Tabharfaidh an beart leanúnachas do straitéis digitithe na hearnála agraibhia agus na timpeallachta tuaithe leis an dara plean, arb é is cuspóir dó an deighilt dhigiteach a laghdú, úsáid sonraí a chur chun cinn, agus forbairt gnó agus samhlacha nua gnó a chur chun cinn.
45	C3.R6	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le bainistiú meánna náisiúnta	Foráil na Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2022	Leis an bhForaithne Ríoga, déanfar bainistíocht uirlisí, mhodhanna agus dhaonáirimh éagsúla na meánna náisiúnta iascaireachta a ailíniú, lena n-éascófar bainistiú gnó níos fearr agus lena gcuirfear san áireamh cuspóirí mhórbheartais agus dúshláin an Aontais amhail athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh, Straitéis Bhithéagsúlachta 2030, Straitéisí Muirí, nó SDGanna i measc nithe eile.
425	C4.I4	M	Gníomhaíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí (cuid II)	Deimhniú sínithe ag MITERD				R2	2026	Gníomhaíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a thabhairt chun críche, lena n-áirítear bunáiteanna briogáide dóiteáin a athchóiriú agus gníomhaíochtaí feabhsaithe foraoise a chur i gcrích, lena n-áirítear cleachtais oiriúnaitheacha maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a phleanáil agus speicis a shaibhriú agus 70 tionscadal ar a laghad a thacaíonn leis an bhfiontraíocht ghlas agus leis an mbithgheilleagar áitiúil, i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin don infheistíocht go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí thacú leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a bhfuil na tionchair is ísle acu ar an gcomhshaol san earnáil, agus an sainchuspóir a bhfuil siad ag freastal air á chur san áireamh.

D.3. Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Athchóiriú 4 (C4.R4) — Straitéis Náisiúnta chun an Gaineamhlú a Chomhrac

Leis an athchóiriú sin, tabharfar cothrom le dáta an Straitéis Náisiúnta chun an gaineamhlú a chomhrac, a thiocfaidh in ionad an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta chun an gaineamhlú a chomhrac a foilsíodh in 2008, lena gcruthófar creat straitéiseach nua chun an gaineamhlú a chomhrac i gcríoch na Spáinne. Is é is aidhm don athchóiriú sin rannchuidiú le caipiteal nádúrtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, díriú ar chriosanna tura, leath-thur agus tirime fo-thais, agus díghrádú talún a íoslaghdú.

Beidh trí cholún sa Straitéis:

1) Gníomhaíochtaí chun fairsingiú fásaigh a chosc agus a laghdú agus limistéir dhíghrádaithe a athbhunú.
2) Fothú acmhainneachta agus rialachas.
3) Eolas agus an tsochaí: gníomhaíochtaí chun eolas, trédhearcacht agus rannpháirtíocht shibhialta a fheabhsú.

Beidh plean gníomhaíochta bainteach leis an athchóiriú sin don tréimhse ama 2022-2026. Leis an bPlean Gníomhaíochta seo, rannchuideofar le forbairt na Straitéise, sainaithneofar tosaíochtaí agus bunófar an t-ábhar agus an amlíne chun iad a chur chun feidhme.

Cuirfidh an Straitéis comhordú agus comhar chun cinn freisin i measc na ngníomhairí ábhartha a dhéileálann le saincheisteanna a bhaineann leis an ngaineamhlú, agus cruthóidh sí na comhlachtaí coláisteacha seo a leanas:

1) An Coiste Náisiúnta chun an gaineamhlú a chomhrac, atá i gceangal leis an gCoimisiún Náisiúnta um Oidhreacht Nádúrtha agus Bithéagsúlacht. Is é cuspóir an Choiste seo feidhmiú mar chomhlacht comhairleach agus comhar a chur chun cinn idir an Riarachán Náisiúnta agus na Riaracháin sna Pobail Fhéinrialaitheacha;
2) An Chomhairle Náisiúnta chun an Gaineamhlú a Chomhrac. Feidhmeoidh an comhlacht sin mar chomhlacht comhairleach a thabharfaidh tacaíocht don Riarachán Náisiúnta, agus a rannchuideoidh leis an tsochaí eolaíoch agus shibhialta a chomhordú; agus
3) Aonad teicniúil chun an gaineamhlú a chomhrac laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht na Bithéagsúlachta, na bhForaoisí agus an Ghaineamhaithe san Aireacht um Aistriú Éiceolaíoch agus um Dhúshlán Déimeagrafach. Beidh an t-aonad sin i gceannas ar fhorbairt, cur chun feidhme agus comhordú na mbeart agus na ngníomhaíochtaí maidir le fairsingiú fásaigh i gcríoch na Spáinne.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

D.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L12	C4.R4	M	Glacadh na Straitéise Náisiúnta chun an gaineamhlú agus an plean gníomhaíochta gaolmhar a chomhrac (2022-2026) agus cruthú na gcomhlachtaí coláisteacha.	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2024	Glacadh na Straitéise Náisiúnta chun an Gaineamhlú a chomhrac, agus gníomhaíochtaí gaolmhara, i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

E. COMHPHÁIRT 05: ACMHAINNÍ CÓSTA AGUS UISCE

Beidh sé d'aidhm ag an gcomhpháirt sin feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní uisce, beartas oiriúnaithe cósta a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, agus cur chun feidhme straitéisí muirí agus pleananna spásúla muirí a neartú.

Chun feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní uisce, ní mór don Spáinn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla amhail truailleáin nua atá ag teacht chun cinn a shainaithint (e.g. micreaphlaistigh), bearna infheistíochta atá ann cheana i bpleanáil, oiriúnú an chósta don athrú aeráide, rialú agus bainistiú an Fhearainn Hiodrálach Phoiblí, Maoin Mhuirí-Trastíre agus cóireáil uisce, agus an mhoill atá ar chur in úsáid teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí TFC le haghaidh bainistiú uisce. Chuige sin, cuirfidh an Spáinn feabhas ar éifeachtúlacht na hearnála. Beidh sé d'aidhm ag an Spáinn freisin a bainistiú ar acmhainní uisce a ailíniú níos fearr le cuspóirí comhshaoil amhail na cuspóirí sin a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Straitéis Bhithéagsúlachta go dtí 2030 agus i bPlean Gníomhaíochta an Aontais um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú. Chuige sin, úsáidfear straitéisí éagsúla amhail digitiú an riaracháin phoiblí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, lena n-áirítear cáilíocht an uisce agus sreafaí éiceolaíocha a chomhlíonadh, bonneagar comhshaoil a sholáthar agus a fheabhsú, sábháilteacht bonneagair, nó feabhas a chur ar stádas screamhuisce agus aisghabháil uiscíoch.

Tá tionchar an chreimthe agus na dtuilte ar an gcósta níos measa mar gheall ar an athrú aeráide. Dá bhrí sin, leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, cuirfear beartas chun feidhme freisin maidir le cósta na Spáinne a oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Chun creimeadh a chomhrac agus an baol tuilte a laghdú, tabharfar isteach roinnt beart oiriúnúcháin amhail téarnamh comhshaoil na limistéar díghrádaithe, feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil agus cheart ar an réimse muirí poiblí talamhbhunaithe, nó réitigh dhúlrabhunaithe a dhréachtú agus a chur chun feidhme, i measc nithe eile. Cruthóidh an líne ghníomhaíochta seo imeallbhord níos athléimní d'éifeachtaí an athraithe aeráide, agus ullmhóidh sé níos fearr freisin earnáil na turasóireachta agus earnálacha eile atá ag brath ar staid na limistéar cósta. Ina theannta sin, neartóidh sé sin ról chlár Copernicus a thuilleadh, rud atá ríthábhachtach chun damáiste agus tionchar teagmhas adhaimsire a chosc agus a mheasúnú.

Mar chuid den chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, déanfaidh an Spáinn forbairt inbhuanaithe optamach na n-earnálacha muirí a chur chun cinn, agus an mhuirthimpeallacht a chosaint d'fhonn a dea-stádas comhshaoil a bhaint amach trí dhlí a ghlacadh, tríd an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a thrasuí agus trína cur chun feidhme a neartú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid acmhainní a chothú (Moladh Tírshonrach 3 2019). Dírítear leis freisin ar infheistíocht ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, go háirithe trí thaighde agus nuálaíocht, táirgeadh agus úsáid ghlan agus éifeachtúil foinsí fuinnimh, bonneagar fuinnimh, bainistiú uisce agus dramhaíola agus iompar inbhuanaithe a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020). Feabhsaíonn sé athúsáid uisce freisin (Moladh Sonrach Tíre 3 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C5.R1) — Pleananna agus straitéisí uisce agus athruithe rialála

Leis an athchóiriú, tabharfar aghaidh ar an athbhreithniú agus ar an nuashonrú ar an Dlí Uisce, ar a rialacháin agus ar reachtaíocht thánaisteach eile, chun creat dlíthiúil atá fabhrach chun infheistíochtaí a chothú a áirithiú. Áireofar san athchóiriú glacadh agus athbhreithniú roinnt pleananna agus straitéisí atá mar bhonn le hinfheistíochtaí agus le bainistiú uisce lena neartófar agus lena méadófar infheistíochtaí. Déanfar na hathruithe rialála sin a ailíniú leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Leis an athchóiriú sin, tabharfar aghaidh ar an iliomad saincheisteanna maidir le gach cineál uisce amhail creat airgeadais feabhsaithe le haghaidh athúsáid fuíolluisce, glacadh caighdeán teicniúil maidir le sábháilteacht dambaí agus a dtaiscumar, glacadh plean náisiúnta um íonú, feabhsúchán, éifeachtúlacht, coigilteas agus athúsáid uisce (cóireáil, sláintíocht, éifeachtúlacht, coigilteas, athúsáid agus sábháilteacht bonneagair a chur chun feidhme — Plean DSEAR), i measc nithe eile.

Críochnófar an beart faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C5.I1) — Gníomhaíochtaí cóireála, sláintíochta, éifeachtúlachta, coigiltis, athúsáide agus sábháilteachta bonneagair (DESEAR) a chur chun feidhme

Déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an infheistíocht sin:

1) Bearta íonaithe, sláintíochta agus athúsáide uisce a chur chun feidhme. Is é is cuspóir don líne ghníomhaíochta seo feabhas a chur ar bhailiú agus ar chóireáil fuíolluisce uirbigh. I gcásanna áirithe, déanfaidh gníomhaíochtaí fuíolluisce uirbeach a athúsáid, agus ar an gcaoi sin laghdófar na brúnna astarraingthe atá ann faoi láthair. Leis na bearta cóireála *nua*, bainfear amach ídiú fuinnimh glan-nialasach an chórais cóireála fuíolluisce iomláin. I gcás bonneagair cóireála fuíolluisce nua nó uasghrádaithe, déanfar an chóireáil a ainmniú nó a uasghrádú go leibhéal ar a laghad i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (Treoir 91/271/CEE). Beidh laghdú 10 % ar a laghad ar mheántomhaltas fuinnimh mar thoradh ar fheabhsú agus athnuachan an bhonneagair atá ann cheana. Bainfear an coigilteas sin amach trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme (mar shampla, comhghiniúint, aisghabháil fuinnimh agus teasa, painéil fhótavoltacha, soilsiú LED).
2) Gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus caillteanais uisce a laghdú. Leis na gníomhaíochtaí, cuirfear chun feidhme scéim fóirdheontais amháin nó níos mó chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht i líonraí soláthair bardas meánmhéide agus bardas beag, lena gceadófar do bhardais nó d'eintitis atá freagrach as an soláthar uisce feabhas a chur air trí chaillteanais i líonraí dáileacháin a laghdú agus trí ghníomhaíochtaí chun saoráidí stórála uisce a dheisiú agus a fheabhsú.
3) Infheistíochtaí chun sábháilteacht dambaí agus taiscumar a fheabhsú. Áiritheofar leis na gníomhaíochtaí sin sábháilteacht dambaí móra atá ann cheana atá faoi úinéireacht an stáit

trí na pleananna éigeandála comhfhreagracha agus gníomhaíochtaí comhlántacha eile a chur chun feidhme. Ní bheidh sé sin ina chúis le dambaí nua a thógáil ná le dambaí atá ann cheana a leathnú.

4) Gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh agus uisce a fheabhsú sa timthriall uisce uirbeach. Leis na gníomhaíochtaí sin, cuirfear chun cinn tionscadail a bhaineann le híonú, sláintíocht agus athúsáid uisce, feabhas a chur ar éifeachtúlacht uisce agus caillteanais uisce a laghdú. Déanfar é sin i réimse L'Horta Sud in Valencia; agus i saoráid cóireála íonúcháin Rincón de León in Alicante, lena bhfeabhsaítear an bainistiú uisce le haghaidh uisciúcháin in 18500 heicteár.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C5.I2) — Faireachán agus athchóiriú a dhéanamh ar éiceachórais abhann, téarnamh uiscíoch agus maolú riosca tuilte

Is iad seo a leanas cuspóirí na hinfheistíochta seo:

1) Monatóireacht a dhéanamh ar éiceachórais abhann agus ar chúltaiscí nádúrtha abhann agus iad a athchóiriú. Cuimsíonn an líne sin roinnt gníomhaíochtaí nithiúla arb é is aidhm dóibh spás abhann a athbhunú, líonraí faireacháin a leathnú agus fardail de bhrúnna hidreamhoirfeolaíocha a chuireann i mbaol dó a fheabhsú.
2) Gníomhaíochtaí a bhunú chun riosca tuilte a mhaolú. Áirítear leis an líne ghníomhaíochta sin pleananna bainistithe rioscaí tuilte atá ann cheana, lena n-áirítear bearta coisctheacha le haghaidh pleanáil spásúil agus baile, treoirlínte teicniúla a fhorbairt chun leochaileacht limistéar neamhchosanta i limistéir thuilte a laghdú agus chun oiriúnú do riosca tuilte in earnálacha eacnamaíocha éagsúla a chur chun cinn. Thairis sin, tabharfaidh bardais aghaidh ar chur chun feidhme beart athchóirithe abhann i dtimpeallachtaí uirbeacha, tabharfaidh siad córais draenála inbhuanaithe isteach, agus feabhsóidh siad tréscaoilteacht timpeallachtaí uirbeacha agus a nasc le luachanna comhshaoil aibhneacha i limistéir uirbeacha trí threoirlínte teicniúla agus cuspóirí maidir le pleanáil uisce a fhorbairt.
3) Bearta a ghlacadh chun astarraingt screamhuisce a laghdú trí tharraingt as acmhainní malartacha (aisghabháil uiscíoch). Leis na bearta sin laghdófar astarraingt roinnt dobharlach screamhuisce — go háirithe iad siúd a bhagraíonn ar limistéar *Doñana* agus uiscígh áirithe in oirdheisceart na Spáinne — agus leathnófar líonraí faireacháin pisiiméadracha.
4) Fuinneamh fótavoltach a sholáthar do ghléasraí díshalannaithe agus a ndáileadh.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfar uisce díshalannaithe a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil na tionchair is ísle ar an gcomhshaol san earnáil.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C5.I3) — An t-aistriú digiteach san earnáil uisce (Forfheidhmiú Digiteach Comhshaoil) — Tionscadal straitéiseach le haghaidh téarnamh agus claochlú eacnamaíoch (PERTE) chun úsáidí uisce a dhigitiú.

Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an aistriú digiteach maidir le héifeachtúlacht na hearnála uisce a fheabhsú. Chun feabhas a chur ar dhigitiú an bhainistithe uisce, beidh trí bhealach gníomhaíochta san infheistíocht sin:

1) Feabhas a chur ar eolas agus ar úsáid acmhainní uisce — PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú. Leis an PERTE sin, déanfar an timthriall uisce a nuachóiriú trí dhigitiú agus nuálaíocht. Bainfear amach leis sin bainistiú uisce níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe, trí fheabhas a chur ar an eolas maidir le húsáidí uisce tríd an digitiú. Déanfar é sin trí thacú le cláir chun digitiú a chur chun cinn i dtimthriall an uisce uirbigh, trí ghlaonna iomaíocha ar thairiscintí, agus in uisciú, tríd an bPacáiste Digiteach le haghaidh uisciúcháin.
2) Gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach in abhantracha agus i limistéir chósta. Leis an ngníomhaíocht sin, cuirfear chun cinn athnuachan líonra na radair mheitéareolaíocha agus cuirfear i gcrích é le saoráidí gearrbhanda nua amhail stáisiúin mheitéareolaíocha uathoibríocha a athnuachan agus a fheabhsú chun radair a chalabrú i bhfíor-am agus lárionad náisiúnta radair a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
3) Breathnóireacht mheitéareolaíoch fheabhsaithe agus faireachán agus cosc ar rioscaí aeráide, áireofar leis sin córas comhtháite nua um chabhair mheitéareolaíoch, uirlisí le haghaidh breathnóireacht mheitéareolaíoch le haghaidh luathrabhaidh lena n-áirítear an Córas Comhtháite Domhanda Breathnóireachta a chur chun feidhme, seachfhoinsiú a bhunú, rialú cáilíochta uathoibríoch agus lipéadú sonraí meitéareolaíocha trí úsáid a bhaint as teicnící intleachta saorga, doimhneacht shonraí NoSQL chun sonraí a chur chun feidhme go héifeachtach bunaithe ar líon mór sonraí a phróiseáil.

Tabharfaidh an infheistíocht aghaidh ar 26 uirlis nó bonneagar athnuaite a chur i seirbhís chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile chun rioscaí aeráide a chosc.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

<u>Infheistíocht 4 (C5.I4) — An t-imeallbhord a oiriúnú don athrú aeráide, agus Straitéisí Muirí agus Pleananna Pleanála Spásúla Muirí a chur chun feidhme</u>

Tá éifeachtaí díobhálacha láidre ag an athrú aeráide ar chósta na Spáinne, agus meastar go mbeidh éifeachtaí díobhálacha láidre aige sin. Leis an infheistíocht sin, cuirfear chun feidhme an Straitéis um an gCósta a chur in oiriúint d'Éifeachtaí an Athraithe Aeráide, agus é mar chuspóir athléimneacht chósta na Spáinne i gcoinne an athraithe aeráide agus inathraitheachta aeráide a mhéadú, agus oiriúnú don athrú aeráide a chomhtháthú i bpleanáil agus i mbainistiú chósta na Spáinne. Áireofar leis sin uisce briste, tránna saorga, dromchlaí snámhacha, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córas trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangacha cliste le haghaidh cianfhaireachán ar chreimeadh cósta, nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu.

Leis an infheistíocht sin, déanfar na héiceachórais chósta nó na limistéir dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú. Bainfear é sin amach trí ghníomhaíochtaí éagsúla amhail: (i) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (II) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; (III) talamh muirí faoi úinéireacht an Stáit atá faoi fhorghabháil mhíchuí nó faoi úinéireacht Stáit a aisghabháil; (IV) measúnú riosca agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (V) athshlánú comhshaoil ar limistéir chósta agus éiceachórais dhíghrádaithe, caomhnú agus bainistiú an chósta; agus/nó (vi) gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu.

Cuirfidh an beart feabhas freisin ar inrochtaineacht ordúil agus cheart ar an réimse muirí poiblí talamhbhunaithe trí thalamh a aisghabháil chun rochtain ar an bhfearann poiblí, pleanáil, bainistiú agus athbhunú rochtana nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu a sholáthar. Tabharfaidh an infheistíocht aghaidh ar chur chun feidhme beartas straitéiseach pleanála muirí. Cuirfear an méid sin chun feidhme trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir le haigéin, agus leis an aeráid agus feidhmchlár gréasáin geothagartha a fhorbairt d'úsáideoirí mara.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2026.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
74	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Rialachán maidir le Pleanáil Hidreolaíoch	Foráil na Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	Foraithne Ríoga lena leasaítear an Rialachán maidir le Pleanáil Hidreolaíoch (Iris Oifigiúil). Bainfidh leasuithe le gnéithe a bhaineann le triomaigh agus ganntanas uisce, le ceanglais chur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce agus leis na caighdeáin ábhartha faoi chuimsiú na Comhstraitéise maidir le cur chun feidhme na dTreoracha Uisce.
75	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Uisce agus ar an Rialachán nua a chuirtear in ionad Fhoraithne Ríoga 1620/2007	Foráil an Dlí Uisce maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2023	Leasú ar an Dlí Uisce chun athbhreithniú a chur san áireamh ar chánacha le haghaidh sceitheadh fuíolluisce agus ar an gcóras chun costais bonneagair uisce a aisghabháil i gcomhréir leis na prionsabail ‘íoc mar a thruaillítear’ agus ‘aisghabháil costas’. Leis an Rialachán nua a chuirfear in ionad Fhoraithne Ríoga 1620/2007, athrófar an creat rialála agus airgeadais le haghaidh athúsáid fuíolluisce i gcomhréir leis na prionsabail ‘íoc mar a thruaillítear’ agus ‘aisghabháil costas’, lena bhfeabhsófar faireachán agus cosaint dobharlach, lena n-áirítear screamhuisce, agus tabharfar aghaidh ar thriomaigh agus ar ghnéithe teirce.
76	C5.I1	T	Bonneagair fheabhsaithe cóireála uisce agus fuíolluisce		Líon (gníomhaíochtaí)	0	70	R2	2023	70 gníomhaíocht curtha i gcrích chun bonneagair cóireála uisce agus fuíolluisce a fheabhsú agus/nó a thógáil, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir 91/271/CEE (le haghaidh tionscadail bonneagair fuíolluisce), nó éifeachtúlacht agus/nó caillteanais uisce i gcórais dáileacháin uisce a laghdú (le haghaidh tionscadail bonneagair uisce).
427	C5.I1	T	Bonneagair fheabhsaithe cóireála uisce agus fuíolluisce		Líon (gníomhaíochtaí)	70	129	R2	2026	129 ngníomhaíocht curtha i gcrích chun bonneagair cóireála uisce agus fuíolluisce a fheabhsú agus/nó a thógáil, lena n-áirítear i réimse L’Horta Sud in Valencia, arb é is aidhm dóibh comhlíonadh Threoir 91/271/CEE a áirithiú (i gcás tionscadail bonneagair fuíolluisce), nó éifeachtúlacht agus/nó caillteanais uisce i gcórais dáileacháin uisce a laghdú (do thionscadail bonneagair uisce). Áireofar san infheistíocht sin na bonneagair cóireála fuíolluisce: - Gléasra Cóireála Fuíolluisce Miranda de Ebro; - Gléasra Cóireála Fuíolluisce Galindo; - Sreafaí a ionchorprú i nGléasra Cóireála Fuíolluisce Consuegra (Bonnlíne: 30 Meitheamh 2023).
428	C5.I1	T	Bonneagair fheabhsaithe cóireála uisce agus fuíolluisce		Líon (heicteáir)	0	18 500	R2	2026	Uisce athúsáide ó bhonneagair cóireála fuíolluisce a chur i seirbhís i saoráid cóireála íonúcháin Rincón de León in Alicante, lena bhfeabhsaítear bainistiú uisce le haghaidh uisciúcháin in 18500 heicteár, arb é is aidhm dó comhlíonadh Threoir 91/271/CEE a áirithiú agus critéir éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										amach, agus/nó éifeachtúlacht i gcórais dáileacháin uisce a fheabhsú agus/nó caillteanais uisce i gcórais dáileacháin uisce a laghdú.
77	C5.I2	M	Cosaint ar bhruacha abhann a athchóiriú ar rioscaí tuilte	Deimhnithe arna síniú ag MITERD				R4	2022	200 km ar a laghad de bhruacha abhann athchóirithe agus 40000 áitritheoir ar a laghad á gcosaint ar rioscaí tuilte.
78	C5.I2	T	Laghdú ar thoirt an uisce a eastósctar as uiscígh		Líon (HM^3/bliain)	510	470	R2	2025	Laghdú ar thoirt bhliantúil an uisce a eastósctar as uiscígh atá lonnaithe in Doñana, Segura-Mar Menor, Mancha Oriental agus Rialacha ó 510 hm^3/bliain go 470 hm^3/bliain.
429	C5.I2	M	Soláthar fuinnimh fhótavoltaigh (PV) do ghléasraí díshalannaithe agus a dháileadh	Tuarascáil sheachtrach lena ndeimhnítear an coigilteas				R2	2026	35 % den fhuinneamh a úsáidtear sna gléasraí díshalannaithe in Murcia agus Almería (Torrevieja, Valdelentisco, Águilas Carboneras, Bajo Almanzora agus Campo de Dalias) a ionadú agus uisce a iompar idir Júcar-Vinalopó trí fhéintomhaltas trí fhuinneamh fótavoltach.
430	C5.I3	M	Gníomhaíochtaí maidir le PERTE chun úsáideoirí uisce a dhigitiú	Fógra oifigiúil faoi oibreacha a tugadh chun críche				R2	2026	5000000 áitritheoir ar a laghad a thairbhíonn de chur i seirbhís tionscadal chun an timthriall uisce uirbigh a dhigitiú agus 200000 heicteár ar a laghad a thairbhíonn den phacáiste digiteach le haghaidh uisciúcháin, mar chuid de PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú.
79	C5.I3	M	Conarthaí a dhámhachtain chun uirlisí a chur chun feidhme chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile	Conarthaí a dámhadh				R4	2023	Conarthaí a dhámhachtain chun 26 uirlis nó bonneagar athnuaite a chur chun feidhme chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile chun rioscaí aeráide a chosc. Bainfidh na gníomhaíochtaí go príomha le dearadh agus cur chun feidhme na clárlainne leictreonaí uisce, bainistiú sonraí hidreolaíocha agus cáilíocht uisce, próiseáil comhad a dhigitiú, agus an líonra faireachais mheitéareolaíoch aerloingseoireachta a nuachóiriú.
426	C5.I3	M	Uirlisí a chur i seirbhís chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile	Deimhnithe arna síniú ag MITERD				R2	2026	26 uirlis nó bonneagar athnuaite a chur i seirbhís chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile chun rioscaí aeráide a chosc. Bainfidh na gníomhaíochtaí go príomha le dearadh agus cur chun feidhme na clárlainne leictreonaí uisce, bainistiú sonraí hidreolaíocha agus cáilíocht uisce, próiseáil comhad a dhigitiú, agus an líonra faireachais mheitéareolaíoch

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										aerloingseoireachta a nuachóiriú.
80	C5.I4	T	Limistéir dhíghrádaithe agus éiceachórais a athchóiriú thar 50 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord		Líon (ciliméadair)	0	50	R4	2022	Bailchríoch a chur ar 50 ciliméadar ar a laghad den chósta chun limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú, rochtain ar limistéir chósta a chosaint agus a mhéadú, creimeadh a mhaolú, eolas níos fearr agus athléimneacht agus oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide a mhéadú, cianfhaireachán agus beartais straitéiseacha pleanála muirí a chur chun feidhme. Déanfar aon cheann de na nithe seo a leanas a mheas sna gníomhaíochtaí: (i) Athléimneacht chósta na Spáinne in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a mhéadú tríd an gcreimeadh a chomhrac agus tríd an gcósta a neartú. Breithneofar leis sin cruthú uisce briste, tránna saorga, dromchlaí snámhacha, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córas trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangacha cliste chun faireachán a dhéanamh ar chreimeadh cósta, nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (II) Na héiceachórais chósta nó na limistéir dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú. Déanfar é sin trí (a) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (b) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; talamh muirí faoi úinéireacht Stáit atá faoi fhorghabháil mhíchuí nó faoi úinéireacht stáit a ghnóthú; (d) measúnú riosca agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (e) athshlánú comhshaoil na limistéar cósta agus na n-éiceachóras díghrádaithe; caomhnú agus bainistí an chósta; agus/nó (g) gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (III) Feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil cheart ar an bhfearann muirí poiblí talamhbhunaithe. Déanfar é sin trí thalamh a aisghabháil chun rochtain a sholáthar ar an bhfearann poiblí, pleanáil, bainistiú agus athbhunú rochtana nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (IV) Beartais straitéiseacha pleanála muirí a chur chun feidhme. Déanfar é sin trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir le haigéin, aeráid agus céstaí a chur chun feidhme, agus feidhmchlár gréasáin geo-thagartha a fhorbairt d'úsáideoirí mara.
81	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú thar 100 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord		Líon (ciliméadair)	50	100	R2	2023	Oibreacha a chur i gcrích thar 100 ciliméadar cósta ar a laghad, lena n-áireofar aon cheann díobh seo a leanas: (i) Athléimneacht chósta na Spáinne in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a mhéadú tríd an gcreimeadh a chomhrac agus tríd an gcósta agus cianfhaireachán a neartú. Breithneofar leis sin cruthú uisce briste, tránna

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										saorga, dromchlaí snámhacha, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córas trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangacha cliste chun faireachán a dhéanamh ar chreimeadh cósta, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (II) Na héiceachórais chósta nó na limistéir dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú. Déanfar é sin trí (a) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (b) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; talamh muirí faoi úinéireacht Stáit atá faoi fhorghabháil mhíchuí nó faoi úinéireacht stáit a ghnóthú; (d) measúnú riosca agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (e) athshlánú comhshaoil na limistéar cósta agus na n-éiceachóras díghrádaithe; caomhnú agus bainistí an chósta; (g) eolas níos fearr agus/nó (h) gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (III) Feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil cheart ar an bhfearann muirí poiblí talamhbhunaithe. Déanfar é sin trí thalamh a aisghabháil chun rochtain ar an bhfearann poiblí a sholáthar, mar aon le pleanáil, bainistiú agus athbhunú rochtana, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu. (IV) Beartais straitéiseacha pleanála muirí agus eolas níos fearr a chur chun feidhme. Déanfar é sin trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir le haigéin, aeráid agus cóstaí a chur chun feidhme, agus feidhmchlár gréasáin geo-thagartha a fhorbairt d'úsáideoirí mara. (Bonnlíne: 31 Nollaig 2022.)
81b	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú thar 145 chiliméadar cósta ar a laghad		Líon (ciliméadair)	100	145	R2	2026	Oibreacha a chur i gcrích thar 145 chiliméadar cósta ar a laghad, lena n-áireofar aon cheann díobh seo a leanas: (i) Athléimneacht chósta na Spáinne in aghaidh éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a mhéadú tríd an gcreimeadh a chomhrac agus tríd an gcósta agus cianfhaireachán a neartú. Breithneofar leis sin cruthú uisce briste, tránna saorga, dromchlaí snámhacha, bainistiú dríodair, réitigh dhúlrabhunaithe, athchóiriú córas trá agus dumhcha, bonneagar cosanta cósta, cur chun feidhme eangacha cliste chun faireachán a dhéanamh ar chreimeadh cósta, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (II) Na héiceachórais chósta nó na limistéir dhíghrádaithe a chosaint agus a athbhunú. Déanfar é sin trí (a) suiteálacha a ndéanann cúlú difear dóibh a athlonnú; (b) an réimse muirí talamhbhunaithe atá faoi úinéireacht an Stáit a theorannú; talamh muirí faoi úinéireacht Stáit atá faoi fhorghabháil mhíchuí nó

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										faoi úinéireacht stáit a ghnóthú; (d) measúnú riosca agus bainistíocht riosca nó gníomhaíochtaí comhchosúla; (e) athshlánú comhshaoil na limistéar cósta agus na n-éiceachóras díghrádaithe; caomhnú agus bainistí an chósta; (g) eolas níos fearr agus/nó (h) gníomhaíochtaí a bhfuil éifeachtaí comhchosúla acu. (III) Feabhas a chur ar inrochtaineacht ordúil cheart ar an bhfearann muirí poiblí talamhbhunaithe. Déanfar é sin trí thalamh a aisghabháil chun rochtain ar an bhfearann poiblí a sholáthar, mar aon le pleanáil, bainistiú agus athbhunú rochtana, eolas níos fearr nó gníomhaíochtaí a bhfuil éifeacht chomhchosúil acu. (IV) Beartais straitéiseacha pleanála muirí agus eolas níos fearr a chur chun feidhme. Déanfar é sin trí Phleanáil Spásúil Mhuirí, Straitéisí Muirí, comhairle eolaíoch maidir le haigéin, aeráid agus cóstaí a chur chun feidhme, agus feidhmchlár gréasáin geo-thagartha a fhorbairt d'úsáideoirí mara. (Bonnlíne: 31 Nollaig 2023)

E.3. Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 5 (C5.I5) — Téarnamh uiscíoch le hacmhainní malartacha

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin astarraingt screamhuisce a laghdú, go háirithe in abhantrach Segura, in abhantrach na Meánmhara — na hAndalúise agus in abhantracha inmheánacha na Catalóine.

Is é is aidhm don infheistíocht sin i) idirnaisc a chruthú idir na suiteálacha díshalannaithe éagsúla in abhantrach Segura chun slándáil uisce a áirithiú d'úsáideoirí uisce Tajo-Segura Aqueduct, ii) uisce a thabhairt isteach sa chóras a thagann ó shaoráidí athúsáide éagsúla i réigiún Alicante agus iii) gníomhaíochtaí díshalannaithe a dhéanamh i gceantar abhantraí inmheánacha na Catalóine (Tordera II — Foix) agus na Meánmhara — na hAndalúise (Costa del Sol agus Levante Almeriense). Leis na gníomhaíochtaí sin, laghdófar an méid screamhuisce a eastósctar ó uiscígh a róshaothrú agus atá i ndrochbhail éiceolaíoch, agus slándáil uisce á háirithiú d'úsáideoirí éagsúla agus aisghabháil uiscíoch á cur chun cinn ag an am céanna.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, déanfar uisce díshalannaithe a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil na tionchair is ísle ar an gcomhshaol san earnáil. Ina theannta sin, ní bheidh leathnú ar na limistéir uiscithe mar thoradh ar an infheistíocht ná méadú ar dhéine an uiscithe.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (C5.I6) — PERTE chun úsáidí uisce a dhigitiú

Is é is aidhm don infheistíocht sin tacú le tionscadail chun teicneolaíochtaí a chur chun feidhme lena gcuirtear an digitiú chun cinn agus lena neartaítear an creat chun obair leantach agus rialú a dhéanamh ar úsáidí uisce sa timthriall uisce uirbeach, ag díriú ar bhardais mheánmhéide agus mhóra, agus san earnáil thionsclaíoch.

Críochnófar an infheistíocht sin faoin 30 Meitheamh 2026.

E.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L13	C5.I5	T	Laghdú ar eastóscadh screamhuisce		Uimhir (um^3 /bliain)	0	60	R2	2026	Soláthar acmhainní malartacha ó ghléasraí díshalannaithe agus laghdú coibhéiseach á bhaint amach ag an am céanna ar thoirt bhliantúil an screamhuisce a eastósctar as na huiscígh atá suite in abhantracha inmheánacha na Catalóine agus na Meánmhara — abhantracha na hAndalúise, i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
L14	C5.I6	M	Gníomhaíochtaí chun an timthriall uisce uirbeach agus an earnáil thionsclaíoch a dhigitiú	Fógra oifigiúil faoi oibreacha a tugadh chun críche				R2	2026	Bhain 10000000 áitritheoir tairbhe as tionscadail chun timthriall an uisce uirbigh a dhigitiú agus as 90 tionscadal tionsclaíoch ar a laghad a tugadh chun críche maidir le cúrsaí uisce.

F. COMHPHÁIRT 06: SOGHLUAISTEACHT INBHUANAITHE (FADRAOIN)

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: 1) an t-aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe; 2) astaíochtaí na hearnála iompair a laghdú; 3) earnáil an iompair a dhéanamh níos sábháilte, níos inrochtana, níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí.

Is iad seo a leanas cuspóirí na comhpháirte: gréasán iarnróid na Spáinne a fhorbairt (go háirithe croíchonairí TEN-T agus gréasán TEN-T nach croíghréasán é); gréasán iompair níos idir-inoibrithí (iarnród, bóthar, calafoirt) a bhunú d'fhonn a lorg carbóin a laghdú; feabhas a chur ar naisc thrasteorann leis an bhFrainc agus leis an bPortaingéil; nuachóiriú na hearnála iompair le glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht a chur chun cinn in éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid acmhainní agus maidir le bonneagar lasta iarnróid a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019) agus maidir leis an infheistíocht san aistriú glas agus digiteach agus san iompar inbhuanaithe (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C6.R1) — Straitéis um Shoghluaisteacht Shábháilte, Inbhuanaithe agus Nasctha

Is iad seo a leanas cuspóirí an bhirt:

a) Slándáil an líonra soghluaisteachta a mhéadú lena n-áiritheofar cosaint níos fearr do dhaoine agus d'earraí, caighdeáin a fheabhsú agus timpistí a laghdú.
b) Inbhuanaitheacht a mhéadú agus tús áite á thabhairt don tsoghluaisteacht laethúil, don chothromas eacnamaíoch agus sóisialta, don éifeachtúlacht fuinnimh agus don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide.
c) Feabhas a chur ar an nascacht leis an digitiú, leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus leis an nascacht ilmhódach.

Tabharfar aghaidh sa straitéis ar ghníomhaíochtaí sonracha sna naoi réimse seo a leanas:

i. Soghluaisteacht do chách (inrochtaineacht uilíoch a áirithiú ar chostas réasúnta);
ii. Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú);
iii. Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil);
iv. Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú);
v. Soghluaisteacht chliste (borradh a chur faoi thaighde agus forbairt agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú);

vi. Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (tosaíocht a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród ar chláir oibre phoiblí agus phríobháideacha);
vii. An Eoraip a nascadh agus a nascadh leis an Domhan (poirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus an comhar le tíortha comharsanachta a threisiú chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú);
viii. Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); agus
ix. An aireacht iompair, soghluaisteachta agus an clár oibre uirbeach a dhigitiú chun glacadh leis an aistriú digiteach agus chun a bheith níos oscailte agus níos nuálaí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 2 (C6.R2) — Straitéis Tháscach Iarnróid

Is iad cuspóirí an athchóirithe ionstraimí a bhunú chun a áirithiú go bhfreastalóidh an gréasán iarnróid ar riachtanais soghluaisteachta na todhchaí ar bhealach comhleanúnach agus éifeachtach. Bunófar leis an straitéis cás soiléir pleanála don mhodh iompair iarnróid agus beifear in ann tosaíochtaí infheistíochta a ailíniú leis an Straitéis um Shoghluaisteacht Shábháilte, Inbhuanaithe agus Nasctha (R1).

Is éard a bheidh san athchóiriú roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

a) pleanáil níos soiléire a bhunú maidir le gníomhaíochtaí san earnáil iarnróid, go háirithe gníomhaíochtaí atá dírithe ar an tsoghluaisteacht laethúil;
b) feabhas a chur ar chothabháil líonra;
c) inbhuanaitheacht eacnamaíoch an ghréasáin iarnróid a áirithiú;
d) tosaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht acmhainní, le meastóireacht ex-ante agus ex-post ar thionscadail infheistíochta;
e) idir-inoibritheacht an ghréasáin a fheabhsú, go háirithe ar chonairí an ghréasáin thras-Eorpaigh, agus idirmhódúlacht an ghréasáin;
f) borradh a chur faoin trácht lasta iarnróid;
g) feabhas a chur ar shábháilteacht san iompar d'iarnród agus
h) digitiú an iompair agus na nuálaíochta a chothú chun soghluaisteacht nasctha a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C6.I1) — Líonra náisiúnta tarchurtha: Conairí Eorpacha

Is iad cuspóirí an bhirt bonneagar nua iarnróid a thógáil i gcroíchonairí TEN-T na hEorpa agus na conairí atá ann cheana a nuachóiriú agus a uasghrádú.

Is éard a bheidh san infheistíocht gníomhaíochtaí a bhaineann leis na príomhghnéithe seo a leanas:

a) Ardáin: Tionscadail lenar féidir an bonneagar a bhunú a thacóidh leis na rianta iarnróid agus lena n-áirítear claífoirt, imréiteach, tarbhealaí, tolláin, etc. Is bonneagar nua a thógáil iad sin den chuid is mó;
b) Athsholáthar seirbhísí: Gníomhaíochtaí lena n-athbhunófar seirbhísí atá ann cheana (éadrom, uisciú, uisce, etc.) a ndéantar difear dóibh le linn chur i gcrích na n-oibreacha iarnróid;

c) Rianta: Gníomhaíochtaí chun ábhair riain (ballast, trasnáin, iarnróid, lasca agus gairis leathnaithe) a chóimeáil agus a sholáthar ar chodanna nua iarnróid, chomh maith le hathnuachan na rianta atá ann cheana;
d) Leictreachas: Gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar leictriú línte, lena n-áirítear: líne theagmhála lasnairde, fostáisiúin tarraingthe, lárionaid trasfhoirmithe, cianrialú cumhachta, línte cumhachta ardvoltais;
e) Comharthaíocht agus rialú tráchta: Tionscadail lena dtugtar aghaidh ar chur chun feidhme córas nua comharthaíochta agus rialaithe tráchta;
f) Teileachumarsáid: Tionscadail lena dtugtar aghaidh ar theileachumarsáid sheasta agus mhóibíleach ar línte iarnróid.
g) Stáisiúin: Uasghrádú agus athshlánú na stáisiún atá ann cheana, chomh maith le stáisiúin nua a thógáil.

Cuirfear oibreacha i gcrích ar 1400 ciliméadar ar a laghad den ghréasán a áirítear laistigh de Chonairí an Atlantaigh agus na Meánmhara, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar chodanna atá ann cheana agus infheistíochtaí chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le codanna nua a thógáil.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C6.I2) — Clár an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair, oibreacha eile

Is iad cuspóirí an bhirt feabhas a chur ar an ngréasán náisiúnta iompair lena gcumhdaítear gach modh iompair (iarnród, bóthar, aer) chun go mbeidh sé níos iontaofa, níos inbhuanaithe, níos sláine agus níos athléimní.

Is éard a bheidh san infheistíocht na gníomhaíochtaí seo a leanas:

a) Uasghrádú a dhéanamh ar an ngréasán iarnróid i ndáil leis an ngréasán TEN-T nach croíghréasán é le hoibreacha ar 900 ciliméadar ar a laghad;
b) An gréasán bóithre a dhéanamh níos sábháilte i gcomhréir le rialacháin náisiúnta agus Eorpacha, digitiú a fheabhsú agus córais chliste iompair a chur chun feidhme agus nuashonrú a dhéanamh ar an bpríomhréamhdhréacht den nasc seasta ar fud Chaolas Ghiobráltar;
c) Borradh a chur faoi fhorbairt an Aerspáis Eorpaigh Aonair (20 tionscadal);
d) Tacú le claochlú digiteach na hAireachta Iompair, Soghluaisteachta agus an Chláir Oibre Uirbigh.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 1010000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C6.I3) — Idirmhódúlacht agus lóistíocht

Is é cuspóir an bhirt Ais 6 den Straitéis um an tSoghluaisteacht Shlán, Inbhuanaithe agus Nasctha (R1) maidir le Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste a chur chun feidhme.

Tá trí líne gníomhaíochta san infheistíocht:

a) naoi gcríochfort straitéiseacha idirmhódúla agus lóistíochta a fhorbairt nó a uasghrádú chun, i gcásanna áirithe, na críochfoirt idirmhódúla a chomhtháthú leis an limistéar lóistíochta agus, i ngach cás, borradh a chur faoin aistriú lasta ón mbóthar go dtí an t-iarnród;
b) feabhas a chur ar rochtain iarnróid agus ar rochtain ar bhóithre ar chalafoirt na Spáinne chun borradh a chur faoin iompar lasta iarnróid, trí fheabhas a chur ar nasc na gcalafort leis an iarnród (2 chalafort) agus leis an ngréasán bóithre (calafort amháin);
c) inrochtaineacht fheabhsaithe (19 dtionscadal) agus inbhuanaitheacht i gcalafoirt (tionscadail in 25 údarás calafoirt).

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 584000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C6.I4) — Clár tacaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe agus digiteach

Is iad cuspóirí an bhirt éifeachtúlacht an chórais iompair a fheabhsú trí theicneolaíochtaí nua a dhigitiú agus a thabhairt isteach san earnáil, agus trí thacú leis na modhanna iompair is inbhuanaithe, go háirithe iompar d'iarnród. Tá an infheistíocht sin ailínithe le tionscnaimh chlár oibre na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus iarrtar go bhforbrófaí an Gréasán Tras-Eorpach Iompair.

Is éard a bheidh san infheistíocht pacáiste:

a) scéim tacaíochta le haghaidh iompar lasta inbhuanaithe bunaithe ar ECO-INCENTIVES chun críoch iarnróid agus muirí;
b) aistrithe cistí chuig Comhphobail uathrialaitheacha chun deontais a dhámhachtain do thionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;
c) aistrithe cistí chuig na Pobail Fhéinrialaitheacha chun conarthaí nó ionstraimí dlí eile a dhámhachtain do thionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; agus
d) tionscadail a dhámhachtain do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Líne ghníomhaíochta 1. Idir-inoibritheacht san iompar lasta iarnróid

1. Ar bord na gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);

2. Gníomhaíochtaí lena mbaintear bacainní ar idir-inoibritheacht iarnróid;

3. Nuálaíocht agus forbairt na haise leithead athraithí in innill fhéinghluaiste;

Líne ghníomhaíochta 2. Idirmhódúlacht iompair a chur chun cinn

4. Lastaí agus críochfoirt idirmhódúla iarnróid-bóthair agus a naisc talún a thógáil, a oiriúnú nó a uasghrádú;

Líne ghníomhaíochta 3. Trealamh lasta iarnróid a nuachóiriú

5. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hathchóiriú nó uasghrádú vaigíní le haghaidh lasta iarnróid, lena n-áirítear chun seirbhísí mórbhealaigh iarnróid a bhunú;

6. Gníomhaíochtaí chun tacú le hathchóiriú nó oiriúnú trealaimh iarnróid le hábhair eile a úsáideann breoslaí malartacha mar hidrigin nó leictreachas;

Líne ghníomhaíochta 4. Iompar de bhóthar atá sábháilte, inbhuanaithe agus nasctha

7. Limistéir pháirceála shlána d'fheithiclí tráchtála a thógáil agus a uasghrádú agus seirbhísí faisnéise a sholáthar;

8. Seirbhísí Cliste Iompair don Earnáil Bóithre (CCI) i lamháltais dola mótarbhealaigh agus i seirbhísí eile sábháilteachta agus caomhnaithe ar bhóithre;

9. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le himscaradh bonneagair athbhreoslaithe mhalartaigh le haghaidh feithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre. Áiritheofar le critéir incháilitheachta an bhirt seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí choinníoll a leagan amach faoina gcumasófar bonneagar aistrithe agus dáileacháin breoslaí gásacha tráth na tógála chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a iompar;

10. Gníomhaíochtaí chun tacú le hathchóiriú nó oiriúnú innealra le haghaidh cosán bóithre inbhuanaithe, lorg carbóin laghdaithe agus laghduithe fuaime;

Líne ghníomhaíochta 5. Inbhuanaitheacht an iompair mhuirí agus an aeriompair

11. Tacaíocht d'imscaradh breoslaí malartacha i gCalafoirt agus in Aerfoirt. Áiritheofar le critéir incháilitheachta an bhirt seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí choinníoll a leagan amach faoina gcumasófar bonneagar aistrithe agus dáileacháin breoslaí gásacha tráth na tógála chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a iompar;

12. Tacaíocht do ghlacadh teicneolaíochtaí fuinnimh mhalartaigh san earnáil mhuirí;

Líne ghníomhaíochta 6. Iompar a dhigitiú

13. Tionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal náisiúnta;

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 63500000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
82	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (comhairliúcháin poiblí)	Fógra faoi dheireadh an chomhairliúcháin				R4	2020	Deireadh le próiseas comhairliúcháin phoiblí na straitéise lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí sna naoi réimse seo a leanas: 1) Soghluaisteacht do chách (chun inrochtaineacht uilíoch a áirithiú ar chostas réasúnta); 2) Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú); 3) Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil); 4) Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú); 5) Soghluaisteacht chliste (borradh a chur faoi thaighde agus forbairt agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú); Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (chun tús áite a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród); An Eoraip a nascadh agus a nascadh leis an domhan (poirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus comhar le tíortha comharsanachta a threisiú chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú); 8) Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); 9) Digitiú na haireachta iompair (MITMA).
83	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (formheas)	Formheas Chomhairle na nAirí				R4	2021	Formheas Chomhairle na nAirí ar an straitéis lena dtugtar aghaidh ar ghníomhaíochtaí sna naoi réimse seo a leanas: 1) Soghluaisteacht do chách (agus é mar aidhm inrochtaineacht uilíoch a áirithiú ar chostas réasúnta); 2) Beartais Infheistíochta Nua (chun maoiniú leordhóthanach bonneagar agus seirbhísí iompair a áirithiú); 3) Soghluaisteacht shlán (tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht san fhaireachán, sa chothabháil agus sa chibearshlándáil); 4) Soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (éifeachtúlacht a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú); 5) Soghluaisteacht chliste (borradh a chur faoi thaighde agus forbairt agus nuálaíocht soghluaisteachta, bonneagar cliste a thógáil agus a bhainistiú); 6) Slabhraí Lóistíochta Idirmhódúla Cliste (tosaíocht a thabhairt d'iompar earraí d'iarnród ar chláir oibre phoiblí agus phríobháideacha); An Eoraip a nascadh agus a nascadh leis an domhan (poirt a nascadh le críochfoirt lóistíochta idirmhódúla agus comhar le tíortha comharsanachta a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										threisiú chun tógáil agus/nó feabhsú bonneagar trasteorann a chomhordú); 8) Gnéithe sóisialta agus saothair (cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí athscilithe agus uas-scilithe don lucht saothair iompair); 9) Digitiú na haireachta iompair MITMA.
84	C6.R2	M	Straitéis Tháscach Iarnróid	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2022	An rún formheasa maidir leis an Straitéis Tháscach Iarnróid le gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas a fhoilsiú san Iris Oifigiúil: (a) pleanáil níos soiléire a bhunú maidir le gníomhartha san earnáil iarnróid, a bheidh dírithe go háirithe ar shoghluaisteacht laethúil; (b) cothabháil líonra a fheabhsú; inbhuanaitheacht eacnamaíoch an ghréasáin iarnróid a áirithiú; tosaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht acmhainní, le meastóireacht ex-ante agus ex-post ar thionscadail infheistíochta; idir-inoibritheacht an ghréasáin a fheabhsú, go háirithe ar chonairí an ghréasáin thras-Eorpaigh, agus idirmhódúlacht an ghréasáin; borradh a chur faoin trácht lasta iarnróid; (g) sábháilteacht san iompar d'iarnród a fheabhsú; digitiú iompair agus nuálaíochta a chothú chun soghluaisteacht nasctha a áirithiú. I gcás na ngníomhaíochtaí uile a áirítear sa 'Straitéis Tháscach Iarnróid', a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha Dhlí 21/2013 maidir le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus Dhlí 9/2018 an 5 Nollaig, lena leasaítear Dlí 21/2013, agus na gníomhaíochtaí maolaithe is gá a chur chun feidhme chun an comhshaol a chosaint de bharr an Mheasúnaithe ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC).
85	C6.I1	T	Croíghréasán TEN-T: dámhachtain conarthaí		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	144	R4	2022	144 chonradh nó ionstraim dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain lena n-áirítear gníomhaíochtaí i gceann amháin nó níos mó de na conairí seo a leanas de chroíghréasán TEN-T: CONAIR AN ATLANTAIGH • Y Vasca: Vitoria-Bilbao-San Sebastian/Astigarraga-Irun • Valladolid-Palencia-León • León-La Robla-Pola de Lena • Castejón-Pamplona-Logroño-Bilbao • La Coruña-Vigo-Ourense • Ourense-Monforte • Monforte-León • Talayuela-Plasencia-Cáceres-Mérida-Badajoz

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										• Talayuela-Madrid-Valladolid-Vitoria • Sevilla-Huelva CONAIR NA MEÁNMHARA: • Maidrid-Zaragoza-Tarragona • Frontera francesa-Barcelona/Tarragona-Vandellós • Vandellós-Castellón • Sagunto-Teruel — Zaragoza • Zaragoza-Tarragona • Castellón-Valencia-La Encina-Alicante • Alcázar de San Juan-La Encina • Murcia-Cartagena • Murcia-Almería • Utrera-Antequera Santa Ana • Maidrid-Valencia I GCOITEANN AG AN DÁ CHONAIR • HSL Barcelona a nascadh — HSL Levante • Aranjuez-Alcázar de San Juan-Manzanares-Córdoba-Algeciras • Maidrid-Sevilla Bainfidh na gníomhaíochtaí le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha seo a leanas: • Ardán. Áirítear leis tionscadail lenar féidir an bonneagar a bhunú a thacóidh leis na rianta agus lena n-áirítear claífoirt, imréiteach, tarbhealaí, tolláin, etc. Is bonneagar nua a thógáil iad sin den chuid is mó. • Seirbhísí a athsholáthar. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí atá dírithe ar athchóiriú na seirbhísí atá ann cheana (éadrom, uisciú, uisce, etc.) a ndéantar difear dóibh le linn chur i gcrích na n-oibreacha iarnróid. • Rianta. Áirítear leis gníomhaíochtaí chun ábhair riain (ballast, trasnáin, iarnród, lasca agus gairis leathnaithe) a chóimeáil agus a sholáthar ar chodanna nua iarnróid, chomh maith le hathnuachan na rianta atá ann cheana. • Leictreachas. Áirítear leis gníomhaíochtaí atá dírithe ar línte a leictriú, lena n-áirítear: líne theagmhála lastuas, fostáisiúin tarraingthe, lárionaid trasfhoirmithe, cianrialú cumhachta, línte cumhachta ardvoltais, etc. • Comharthaíocht agus rialú tráchta. Áirítear ann tionscadail atá dírithe ar

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										chórais nua comharthaíochta agus rialaithe tráchta (ERTMS, etc.) a chur chun feidhme. • Teileachumarsáid. Áirítear leis sin tionscadail a bhaineann le teileachumarsáid fhosaithe agus mhóibíleach ar línte iarnróid (amhail snáithín optach, GSM-R) • Stáisiúin. Áirítear leis stáisiúin atá ann cheana a uasghrádú agus a athchóiriú, chomh maith le stáisiúin nua a thógáil.
86	C6.I1	T	Croíghréasán TEN-T: dul chun cinn na n-oibreacha	—	Líon (km)	0	335	R4	2024	335 chiliméadar ar a laghad d'oibreacha críochnaithe ar chroíghréasán TEN-T sna conairí agus na saintréithe a shainítear i sprioc #85 de R4 2022
87	C6.I1	T	Croíghréasán TEN-T: oibreacha a chur i gcrích	—	Líon (km)	335	1 400	R2	2026	1400 ciliméadar ar a laghad d'oibreacha críochnaithe ar chroíghréasán TEN-T sna conairí agus na saintréithe a shainítear i sprioc #85 de R4 2022. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2024).
88	C6.I2	T	Conarthaí bronnta ar ghréasán TEN-T don iompar iarnróid agus don ghréasán bóithre stáit		Conradh nó ionstraim dlí eile	0	188	R4	2022	188 gconradh nó ionstraimí dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain lena n-áirítear idirghabhálacha i modhanna éagsúla iompair: le haghaidh idirghabhálacha iarnróid sa ghréasán TEN-T nach croíghréasán é agus le haghaidh bóithre i ngréasán bóithre an stáit i gcás iarnróid, bainfidh idirghabhálacha le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas: • Feabhas a chur ar an mbonneagar teicneolaíochta le haghaidh bainistiú tráchta iarnróid • Slándáil (amhail cibearshlándáil, suiteáil brathadóirí tuairte) • Cosaintí fuaime/Léarscáileanna torainn • Forbairt teicneolaíochta satailíte a chuirtear i bhfeidhm ar chomharthaíocht iarnróid ERTMS • Leictriú codanna (amhail Monforte-Lugo) • Athnuachan rianta (amhail Soria-Torralba agus Monforte-Lugo) • Feabhas a chur ar an bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht (amhail Soria-Torralba agus Ávila-Salamanca) • Codanna nó athraithigh nua a chruthú (amhail Palencia-Santander, athraitheach ar Rincón de Soto agus Variant of Ourense) i gcás bóithre, bainfidh idirghabhálacha le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha idirghabhála seo a leanas: • Sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú: lena n-áirítear sábháilteacht ar bhóithre i dtolláin, fiadhúlra leochaileach a chosaint agus úsáideoirí leochaileacha a chosaint

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										• An inbhuanaitheacht: feabhsú cháilíocht an aeir, cineálacha nua soghluaisteachta uirbí, cosaint na bithéagsúlachta, cosc ar rioscaí aeráide, éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú torainn • Digiteáil: Córais faireacháin a chur chun feidhme do dhroichid, do tholláin, trí anailísíocht Mórshonraí agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla a úsáid; an bóthar a dhigitiú chun faireachán agus cothabháil a dhéanamh • Córais Chliste Iompair a chur chun feidhme i lánaí bus-VAO • Nuashonrú ar an bpríomhréamhdhréacht den nasc seasta ar fud Chaolas Ghiobráltar
89	C6.I2	T	Gréasán TEN-T nach croíghréasán é: dul chun cinn maidir le hoibreacha iarnróid	—	Líon (km)	0	347	R4	2024	347 gciliméadar ar a laghad d'oibreacha a cuireadh i gcrích d'fhonn an gréasán iarnróid a dhéanamh níos idir-inoibrithí go príomha i ndáil le TEN-T agus an sprioc dheiridh d'oibreacha foriomlána a bheith ann ar 900 ciliméadar den ghréasán ar a laghad. Beidh na hoibreacha i gcomhréir leis na cineálacha idirghabhála a shainítear i bpointe a) de sprioc 88.
90	C6.I2	T	Aerspás Eorpach Aonair: bronnadh an tionscadal agus an dul chun cinn maidir le tionscadail a chur i gcrích	—	Líon	0	15	R4	2024	Iomlán carnach ar a laghad 15 thionscadal (sprioc deiridh 20 tionscadal) sa digitiú agus sa tslándáil chun an tAerspás Eorpach Aonair a fhorbairt ón liosta critéar roghnúcháin seo a leanas: Iomlán carnach ar a laghad 15 thionscadal (sprioc deiridh 20 tionscadal) sa digitiú agus sa tslándáil chun an tAerspás Eorpach Aonair a fhorbairt ón liosta critéar roghnúcháin seo a leanas: • Infheistíochtaí díreacha trí ENAIRE (Bainisteoir Aerloingseoireachta sa Spáinn) chun an tAerspás Eorpach Aonair a fhorbairt, infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú na gcóras rialaithe aerthráchta agus na gcóras faireachais, le claochlú digiteach na gcóras faisnéise agus le héabhlóid na gcóras cumarsáide. • Digitiú na doiciméadachta aerloingseoireachta (sonraí agus mapáil) atá ar fáil d'úsáideoirí chun eitiltí a oibriú • Cumhdach an Domhain/an Aeir a leathnú agus Digitiú Gutha i gCumarsáid Píolótach-Rialtóirí. Feabhas a chur ar chumhdach íseal-leibhéil i limistéir aerspáis áirithe trí bhonneagar cumarsáide ar talamh a nuachóiriú • Éabhlóid an chórais cumarsáide gutha in ionaid rialaithe aerthráchta trí dhigitiú agus ardteicneolaíocht, lena soláthraítear cáilíocht fheabhsaithe, sábháilteacht mhéadaithe, infhaighteacht faisnéise agus acmhainneacht theagmhasach mhéadaithe • Nuachóiriú teicneolaíoch ar an bpríomhlíonra radair, feabhas a chur ar fheidhmíocht agus córais a dhíriú i dtreo digitiú iomlán radair phríomha trí

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										úsáid a bhaint as gach dul chun cinn teicneolaíoch atá ar fáil chun éifeachtúlacht oibríochtúil a mhéadú • Éabhlóid na gcóras radair tánaisteach do theicneolaíocht Modo S. lena soláthraítear faisnéis don Chóras Rialaithe Aerthráchta • Trealamh crua-earraí sna córais éagsúla ENAIRE a athsholáthar • Feidhmchláir éagsúla bhainistíochta agus oibríochta a fhorbairt chun ENAIRE a bhainistiú • Nuachóiriú teicneolaíoch ar chórais loingseoireachta trí thosaíocht a thabhairt dá ndigitiú iomlán agus do chur chun feidhme na réiteach faireacháin córas agus cianrialaithe • Bonneagar a chruthú chun córais nua rialaithe aerthráchta a chur chun feidhme. Tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme na gcoincheap oibríochtúil nua sa Spáinn a áirithiú. Ina theannta sin, áirítear nuachóiriú suiteálacha chun athléimneacht in aghaidh teipeanna a áirithiú. • Digitiú agus uathoibriú bainistíochta oibríochta teicniúla chun feabhas a chur ar uirlisí faireacháin córas cianda ar bhealach comhtháite • Nuachóiriú ar an gcóras rialaithe aerthráchta chun critéir rialála a chomhlíonadh, lena n-ionchorpraítear feabhsuithe ar choincheapa acmhainneachta, sábháilteachta, cibearshlándála agus digitithe a eascraíonn as an Aerspás Eorpach Aonair
91	C6.I2	M	Digiteáil na hAireachta Iompair, Soghluaisteachta agus an Chláir Oibre Uirbigh	Fógra oifigiúil maidir le cur i gcrích na hoibre				R4	2024	Na tionscadail seo a leanas a chur i gcrích: • Samhaltú Faisnéise a Thógáil (BIM) ardán comhoibríoch a sheoladh chun faisnéis dhigiteach agus samhlacha digiteacha a bhainistiú. • Borradh a chur faoin tSoghluaisteacht mar Sheirbhís, sonraí oscailte a sholáthar agus teicneolaíochtaí nua a úsáid chun anailís agus barrfheabhsú soghluaisteachta a dhéanamh. • Córas anailíse, faireacháin, faireachais, rialaithe riachtanas, cur chun feidhme agus cur in úsáid seirbhísí agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua in iompar de thalamh a chur chun feidhme. • Plean Digitithe Ard-Stiúrthóireacht na mBóithre. • Seirbhísí nua a fhorbairt agus bainistíocht fheabhsaithe i réimsí na faisnéise aeir, muirí agus geografaí, i measc nithe eile.
92	C6.I2	T	Gréasán nua nó uasghrádaithe TEN-T, oibreacha eile	—	Líon (km)	347	900	R2	2026	900 ciliméadar ar a laghad d'oibreacha curtha i gcrích agus é mar aidhm an gréasán iarnróid a dhéanamh níos idir-inoibrithí go príomha i ndáil le TEN-T le hoibreacha. Beidh na hoibreacha i gcomhréir leis na cineálacha idirghabhála a shainítear i bpointe a) de sprioc 88. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2024).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
93	C6.I2	T	Aerspás Eorpach Aonair: cur i gcrích an tionscadail	—	Líon	15	20	R2	2026	20 tionscadal ar a laghad curtha i gcrích sa digitiú agus sa tslándáil chun an tAerspás Eorpach Aonair a fhorbairt agus tionscadail roghnaithe de réir chritéir roghnúcháin na dámhachtana tionscadail (Cloch 90).(bonnlíne: An 31 Nollaig 2024).
94	C6.I2	M	Líonra bóithre Stáit curtha in oiriúint don rialachán atá ann faoi láthair	Cur i gcrích an tionscadail				R2	2026	Cur i gcrích na n-oibreacha sa ghréasán bóithre Stáit i gcomhréir leis na cineálacha idirghabhála a shainítear i bpointe b) de sprioc 88. Áireofar ann oibreacha i 80 tollán ar a laghad, oibreacha chun fálta agus comharthaíocht a fheabhsú chun an dóchúlacht go mbuailfear fiadhúlra a laghdú, gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar dhálaí sábháilteachta na n-úsáideoirí bóithre is leochailí amhail coisithe agus rothaithe (busanna, lánaí rothar), inbhuanaitheacht (feabhas ar cháilíocht an aeir, cineálacha nua soghluaisteachta uirbí, cosaint na bithéagsúlachta, cosc ar rioscaí aeráide), éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú torainn, digitiú (córais faireacháin a chur chun feidhme do dhroichid, tolláin, anailísíocht Mórshonraí agus Idirlíon na Rudaí Nithiúla a úsáid; an bóthar a dhigitiú chun faireachán agus cothabháil a dhéanamh), cur chun feidhme Córas Cliste Iompair i lánaí bus, nuashonrú ar an bpríomhréamhdhréacht den nasc seasta ar fud Chaolas Ghiobráltar.
95	C6.I3	T	T1: an líon conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain chun bonneagair idirmhódúla agus lóistíochta a fheabhsú	—	Conradh nó ionstraim dlí eile	0	66	R4	2022	66 chonradh nó ionstraimí dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain lena n-áirítear idirghabhálacha chun bonneagair idirmhódúla agus lóistíochta a fheabhsú. Bainfidh idirghabhálacha le ceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: críochfoirt straitéiseacha idirmhódúla agus lóistíochta a fhorbairt agus a uasghrádú i gceann amháin nó níos mó de na suíomhanna seo a leanas: • Vicálvaro i Maidrid; • La Llagosta in Barcelona • San Luis in Valencia • Júndiz in Álava. • Saoráid lóistíochta Can Tunis (Barcelona) • Críochfort Orduña (Bizkaia) • Saoráid lóistíochta in Lezo (Gipuzkoa) • Muriedas (Santander) • Críochfort Escombreras (Murcia); (b) taobhlaigh a fhoirgniú nó a leathnú go dtí 750 méadar ar a laghad ar fad; feabhas a chur ar an rochtain iarnróid ar Chalafort A Coruña agus ar Chalafort Castellón; feabhas a chur ar rochtain bhóthair ar Chalafort Algeciras; agus

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe i gcalafoirt, lena n-áirítear: • Inrochtaineacht: oibreacha rochtana iarnróid, lena n-áirítear oibreacha chun athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh, chomh maith le rochtain nua ar thrácht inmheánach i gcalafoirt agus feabhas a chur air, tríd an mbonneagar a leanann dá rochtain sheachtrach talún a oiriúnú. • An inbhuanaitheacht: lena n-áirítear leordhóthanacht an tsoláthair uisce agus córas sláintíochta; pleananna chun cáilíocht an aeir a fheabhsú; líonraí fuinnimh níos éifeachtúla a shuiteáil; suiteálacha fótavoltacha gréine; líonraí soilsithe a athchóiriú agus teicneolaíocht LED a shuiteáil; córais rialaithe ídithe cumhachta; córais phróiseála a athchóiriú.
96	C6.I3	T	T2: An líon conarthaí nó ionstraimí dlí eile arna ndámhachtain chun bonneagair idirmhódúla agus lóistíochta a fheabhsú	—	An líon conarthaí nó ionstraimí dlí eile	66	105	R4	2024	Líon carnach 105 chonradh nó ionstraimí dlí eile ar a laghad arna ndámhachtain, agus conarthaí nó ionstraimí dlí eile a ndearnadh measúnú orthu cheana faoi Sprioc 95 á gcur san áireamh, lena n-áirítear idirghabhálacha chun feabhas a chur ar bhonneagair idirmhódúla agus lóistíochta, i gcomhréir leis na réimsí a shainítear faoi phointí a), b), c), d) nó e) i Sprioc 95.
97	C6.I3	T	Tionscadail a bhaineann le críochfoirt idirmhódúla agus lóistíochta, calafoirt agus taobhlaigh 750 méadar a chur i gcrích	—	Líon	0	14	R2	2026	Oibreacha a chur i gcrích i naoi gcríochfort straitéiseacha idirmhódúla agus lóistíochta (rochtain nua nó uasghrádaithe ar Thilos agus ar thrí chalafort chun borradh a chur faoin iompar lasta iarnróid, agus dhá thaobhlach ar a laghad a thógáil nó a leathnú go dtí fad 750 méadar ar a laghad. Beidh na hoibreacha i gcomhréir leis na cineálacha idirghabhála a shainítear i bpointí a), b), c) agus d) de Sprioc 95.
98	C6.I3	T	Tionscadail inrochtaineachta iarnróid agus tionscadail inbhuanaitheachta i gcalafoirt a chur i gcrích	—	Líon	0	44	R2	2026	44 ghníomhaíocht a chur i gcrích (19+ 25): 19 dtionscadal ar a laghad maidir le hinrochtaineacht iarnróid agus tionscadail inbhuanaitheachta a chur i gcrích laistigh de na calafoirt in 25 údarás calafoirt éagsúla. Beidh na hoibreacha i gcomhréir leis na cineálacha idirghabhála a shainítear i bpointe e) de Sprioc 95.
99	C6.I4	M	Tacaíocht don chlár iompair inbhuanaithe agus	Foilsiú san Iris Oifigiúil agus glacadh				R4	2022	Dearlaic EUR 800000000 faoin gClár Tacaíochta um Iompar Inbhuanaithe agus Digiteach tríd an méid seo a leanas: a) na foilseacháin in Iris Oifigiúil na nOrduithe Aireachta lena mbunaítear an

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			dhigitigh.	rún oifigiúil						scéim tacaíochta d'iompar lasta inbhuanaithe bunaithe ar ECO-INCENTIVES chun críocha iarnróid agus muirí; (b) na rúin oifigiúla ag ceadú na n-aistrithe a bunaíodh san Fhoraithne Ríoga lena leithdháiltear aistriú cistí chuig Pobail Fhéinrialaitheacha chun deontais a dhámhachtain do thionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; na rúin oifigiúla lena bhformheastar na haistrithe arna mbunú sa rún ag an Rúnaíocht Stáit um Iompar, Soghluaisteacht agus an Clár Oibre Uirbeach maidir le haistriú cistí chuig na Pobail Fhéinrialaitheacha chun conarthaí nó ionstraimí dlí eile a dhámhachtain do thionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; agus an rún ón Rúnaíocht Stáit um Iompar, Soghluaisteacht agus an Clár Oibre Uirbeach maidir le tionscadail a dhámhachtain le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas: Líne ghníomhaíochta 1. Idir-inoibritheacht san iompar lasta iarnróid 1. Ar bord na gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) 2. Gníomhaíochtaí lena mbaintear bacainní ar idir-inoibritheacht iarnróid i gcomhréir leis na STInna. 3. Nuálaíocht agus forbairt na haise leithead athraithí in innill fhéinghluaiste. Líne ghníomhaíochta 2. Idirmhódúlacht iompair a chur chun cinn 4. Lastaí agus críochfoirt idirmhódúla iarnróid agus a naisc talún a thógáil, a oiriúnú nó a uasghrádú Líne ghníomhaíochta 3. Trealamh lasta iarnróid a nuachóiriú 5. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hathchóiriú nó uasghrádú vaigíní le haghaidh lasta iarnróid, lena n-áirítear chun seirbhísí mórbhealaigh iarnróid a bhunú. 6. Gníomhaíochtaí chun tacú le hathchóiriú nó oiriúnú trealaimh tarracóra iarnróid le hábhar eile a úsáideann breoslaí malartacha (hidrigin nó leictreachas). Líne ghníomhaíochta 4. Iompar de bhóthar atá sábháilte, inbhuanaithe agus nasctha 7. Limistéir pháirceála shlána le haghaidh feithiclí tráchtála a thógáil agus a uasghrádú agus seirbhísí faisnéise a sholáthar (Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013). 8. Seirbhísí Cliste Iompair don Earnáil Bóithre (CCI) i lamháltais dola mótarbhealaigh agus i seirbhísí eile sábháilteachta agus caomhnaithe ar

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										bhóithre. 9. Gníomhaíochtaí lena dtacaítear le himscaradh bonneagair athbhreoslaithe breoslaí ionadúla le haghaidh feithiclí tromshaothair ar an ngréasán bóithre 10. Gníomhaíochtaí chun tacú le hathchóiriú nó oiriúnú modhanna agus innealra chun pábháil inbhuanaithe a bhaint amach: lorg carbóin laghdaithe agus laghdaitheoirí fuaime Líne ghníomhaíochta 5. Inbhuanaitheacht an iompair mhuirí agus an aeriompair 11. Tacaíocht d'imscaradh breoslaí malartacha i gCalafoirt agus in Aerfoirt. 12. Tacaíocht do ghlacadh teicneolaíochtaí spreagtha fuinnimh mhalartaigh san earnáil mhuirí. Líne ghníomhaíochta 6. Iompar a dhigitiú 13. Tionscadail chun seirbhísí iompair paisinéirí agus lasta a dhigitiú ar an leibhéal náisiúnta. I gcás ghníomhaíochtaí 9 agus 11, comhlíonfaidh na critéir roghnúcháin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), lena n-áiritheofar go gcumasófar an bonneagar tráth na tógála chun gáis in-athnuaite agus ísealcharbóin a iompar.
100	C6.I4	M	Bronnadh ECO-INCENTIVES agus fógra oifigiúil faoi thús na n-oibreacha faoin gClár Tacaíochta um Iompar Inbhuanaithe agus Digiteach	Fógra oifigiúil faoi thús na n-oibreacha				R4	2024	Bronnadh EUR 30000000 ar a laghad in ECO-INCENTIVES chun críoch iarnróid agus muirí agus tús na n-oibreacha i dtionscadail arna ndámhachtain mar a shainmhínítear faoi phointe b), c) agus d) in Milestone 99 ar luach airgid EUR 665371038 ar a laghad.
101	C6.I4	M	Iompar inbhuanaithe agus digiteach: oibreacha a chur i gcrích	Fógra oifigiúil maidir le cur i gcrích na hoibre				R2	2026	Na tionscadail uile a dámhadh i R4 2022 (Cloch 99) a chur i gcrích chun iompar inbhuanaithe agus digiteach a chur chun cinn. Baineann na hoibreacha le réimsí a shainítear i gcritéir roghnúcháin na dámhachtana tionscadail in R4 2022. I gcás bhearta 10 agus 12, comhlíonfaidh na critéir roghnúcháin an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), lena n-áiritheofar go gcumasófar an bonneagar tráth na tógála chun gáis in-athnuaite

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										agus ísealcharbóin a iompar.

F.3. Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Athchóiriú 3 (C6.R3) — Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh ar an Líonra Náisiúnta Mórbhealaí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo an Straitéis maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh sa Líonra Bóithre Stáit a fhoilsiú agus sraith beart a bhunú arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht fuinnimh i ngréasán bóithre an Stáit a fheabhsú.

Cumhdófar na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa Straitéis sin:

a) anailís ar sholáthar fuinnimh an ghréasáin bóithre náisiúnta;
b) anailís ar an staid reatha ar ghréasán na mbóithre náisiúnta maidir lena shoilsiú agus an t-údar atá leis na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann;
c) liosta beart nó gníomhaíochtaí atá le déanamh sa ghréasán bóithre náisiúnta; agus
d) plean infheistíochta agus maoinithe le haghaidh na mbeart nó na ngníomhaíochtaí is gá i gcóras soilsithe an ghréasáin bóithre maille le hamlínte chun iad a chur chun feidhme.

Foilseofar an Straitéis sa chéad ráithe de 2024.

Mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise Éifeachtúlachta Fuinnimh maidir leis an Líonra Náisiúnta Mórbhealaí, déanfaidh Ard-Stiúrthóireacht na mBóithre ríomh ar an lorg carbóin don bhliain 2024, a gcuirfear a torthaí i láthair in 2025.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

F.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra dáta na bonnlíne do gach táscaire ach amháin má léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L15	C6.R3	M	Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R1	2024	Formheas na Straitéise Éifeachtúlachta Fuinnimh le haghaidh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta lena gcumhdaítear na heilimintí i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart a fhoilsiú san Iris Oifigiúil.
L16	C6.R3	M	Ríomh an loirg carbóin ag Ard-Stiúrthóireacht na mBóithre	Foilsiú na dtorthaí ar an ardán oifigiúil ar líne				R4	2025	Ríomh an loirg carbóin ag Ard-Stiúrthóireacht na mBóithre don bhliain 2024, a gcuirfear a thoradh i láthair in 2025 mar chuid de chur chun feidhme na Straitéise Éifeachtúlachta Fuinnimh.

G. COMHPHÁIRT 07: FOINSÍ FUINNIMH INATHNUAITE A CHUR IN ÚSÁID AGUS A CHOMHTHÁTHÚ

Le Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Spáinne le haghaidh 2021-2030, tuartar go dtiocfaidh méadú suntasach ar dhul i bhfód an fhuinnimh in-athnuaite sa Spáinn, ag sroicheadh 74 % in earnáil an leictreachais agus 42 % in úsáid deiridh in 2030. Sa chomhthéacs sin, is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú trí na gnéithe seo a leanas:

a) creat rialála soiléir intuartha a fhorbairt lena gcuirtear infheistíocht i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh chun cinn;

b) an slabhra luacha tionsclaíoch i réimse na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhunú agus a chomhdhlúthú;

c) tacú le foinsí nuálacha teicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite, lena n-áirítear iad a chomhtháthú in úsáidí deiridh; agus

d) scileanna glasa a fhorbairt.

Ina theannta sin, féachann an chomhpháirt go sonrach le húsáid fuinnimh in-athnuaite ar oileáin na Spáinne a chur chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht na saoránach trí chomhphobail fuinnimh in-athnuaite.

Baineann an chomhpháirt le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019). Cuireann sé infheistíocht phoiblí agus phríobháideach chun cinn freisin agus cothaíonn sé an t-aistriú glas (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C7.R1) — Creat rialála chun giniúint in-athnuaite a chur chun cinn

Is é is cuspóir don bheart seo an creat rialála a neartú chun giniúint in-athnuaite a chur chun cinn, chun cinnteacht a mhéadú agus infheistíocht phríobháideach san fhuinneamh in-athnuaite a spreagadh, chun bacainní ar úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint agus chun feabhas a chur ar a gcomhtháthú sa chomhshaol, sa chóras leictreach agus in earnálacha éagsúla.

Áireofar sa bheart roinnt céimeanna reachtacha agus rialála lena n-áirítear:

- glacadh Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 i mí an Mheithimh 2020, lena mbunaítear córas ceantála nua le haghaidh giniúint in-athnuaite agus lena bhfeabhsaítear an sásra le haghaidh rochtain ar ghiniúint in-athnuaite ar an eangach leictreachais;

- glacadh Fhoraithne Ríoga 960/2020 i mí na Samhna 2020, lena bhfeabhsaítear intuarthacht na n-ioncam atá le fáil trí ghiniúint in-athnuaite sna ceantanna nua;

- Foraithne Ríoga 1183/2020 i mí na Nollag 2020, lena rialaítear na coinníollacha rochtana agus nasctha le haghaidh giniúint in-athnuaite, i gcomhréir le forálacha Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020; agus

- An Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus an tAistriú Fuinnimh, a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh sa chéad leath de 2021, lena mbunófar ina ndlí na spriocanna in-athnuaite do 2030 agus cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050 (lena n-áirítear córas leictreachais 100 % in-athnuaite). Áirítear sa dlí sin freisin eilimintí atá ábhartha do chomhpháirteanna eile sa phlean (amhail bacainní riaracháin a laghdú agus ceanglais maidir le pointí athluchtaithe poiblí a shuiteáil).

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 2 (C7.R2) — Straitéis náisiúnta féintomhaltais

Is é is cuspóir don bheart seo borradh a chur faoin bhféintomhaltas mar fhoirm mhalartach giniúna in-athnuaite, spriocanna a leagan síos sa réimse sin don tréimhse 2021-2030 agus bearta a shainaithint agus a fhorbairt chun na príomhbhacainní ar a n-imscaradh a mhaolú. Cuireann an féintomhaltas le comhtháthú na giniúna in-athnuaite i bhfoirgnimh agus i dtimpeallachtaí uirbeacha, agus cuireann sé borradh faoin bhfostaíocht áitiúil.

Áireofar leis an mbeart go nglacfaidh rialtas na Spáinne Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais sa dara leath de 2021 chun bacainní riaracháin ar fhéintomhaltas a laghdú. Leis an straitéis, déanfar an staid reatha agus an staid a d'fhéadfadh a bheith ann sa Spáinn a dhiagnóisiú, agus sainaithneofar bearta atá dírithe ar an méid seo a leanas: (a) comhordú níos fearr idir riaracháin; faisnéis a scaipeadh ar thomhaltóirí agus feasacht a ardú; (C) scileanna ábhartha atá ann cheana a shainaithint, chomh maith le deiseanna oiliúna breise a bhaineann le húsáid an fhéintomhaltais.

Tabharfaidh an beart aghaidh ar chur chun feidhme phríomhghnéithe na Straitéise Náisiúnta Féintomhaltais, lena n-áirítear treoir a fhoilsiú maidir le conas féintomhaltas a chothú agus oiliúint a chur i gcrích arb é is aidhm di na scileanna is gá a fheabhsú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C7.R3) — Pobail fuinnimh a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart sin pobail fuinnimh a fhorbairt chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht na saoránach san aistriú fuinnimh, trí phobail fuinnimh in-athnuaite agus trí phobail fuinnimh saoránach. Tacóidh an beart le próisis oiliúna, rannpháirteacha agus tógála pobail, agus le tacaíocht do thionscadail shonracha.

Leis an mbeart, bronnfar an chéad treoirthionscadal do phobail fuinnimh ar bhonn glao iomaíoch ar thairiscintí, chun inmharthanacht na samhla sin a léiriú. Cuirfidh sé 37

dtreoirthionscadal chun feidhme le rannpháirtíocht ón bpobal áitiúil faoi dheireadh 2024, le treochlár gníomhaíochtaí a dhéanfar agus sainaithint céimeanna iomchuí amach anseo. Beidh na tionscadail sin bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 4 (C7.R4) — Creat le haghaidh nuálaíochta agus forbartha teicneolaíche san fhuinneamh in-athnuaite

Leis an mbeart sin, neartófar an creat le haghaidh nuálaíochta agus forbairt theicneolaíoch roinnt foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus rannchuideofar leis an dul chun cinn i dtreo na sprice 100 % d'fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach maidir leis an éileamh ar fhuinneamh. Áireofar ar na foinsí in-athnuaite a chumhdaítear leis an mbeart seo fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus bithghás. Éascóidh an beart T & F i dteicneolaíochtaí in-athnuaite freisin.

Áireofar leis an mbeart treochlár a fhoilsiú le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile. Is é is aidhm don treochlár sin bacainní riaracháin a laghdú maidir leis an bhfoinse fuinnimh in-athnuaite sin a fhorbairt. Go sonrach, féachfar leis an méid seo a leanas a dhéanamh sa treochlár: (a) taighde, forbairt agus nuálaíocht a chur chun cinn trí chreat rialála níos sofhreagrúla, agus trí lárionaid teicneolaíochta agus ardáin tástála le haghaidh fréamhshamhlacha nua a neartú; (b) deiseanna agus sineirgí le príomhearnálacha tionsclaíocha a shainaithint; (C) creat rialála iomchuí a fhorbairt le haghaidh imscaradh sa Spáinn (go háirithe teicneolaíocht ar snámh); agus (d) bearta a shainaithint chun éifeachtaí comhshaoil a íoslaghdú (agus iarracht á déanamh ag an am céanna nósanna imeachta riaracháin a shimpliú). Leis an mbeart, cuirfear chun feidhme na príomhbhearta rialála a shainaithnítear sa treochlár chun feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn, borradh a chur faoin taighde agus faoin bhforbairt agus tacú le cur in úsáid teicneolaíochtaí snámhacha.

Is é an dara gné den bheart seo treochlár a fhoilsiú le haghaidh bithgháis, ina ndéanfar anailís ar na huirlisí rialála agus earnála iomchuí chun bithghás a chur chun cinn, agus béim á leagan ar úsáid éifeachtúil na foinse fuinnimh sin (amhail i bhfeidhmeanna agraithionsclaíocha, agus le haghaidh feithiclí tromshaothair i gcás nach rogha mhalartach é leictriú go fóill). Leis an gcuid sin den athchóiriú, tabharfar aghaidh ar chur chun feidhme príomhghníomhaíochtaí ón treochlár bithgháis, lena n-áirítear: (a) córas ráthaíochtaí tionscnaimh a bhunú le haghaidh gáis in-athnuaite, arb é is aidhm dó infheistíocht i mbithghás a chothú agus earnálacha amhail earnáil na tionsclaíochta agus earnáil an iompair a dhícharbónú; uirlis a fhorbairt chun an méid a chuireann bithghás le dícharbónú a ríomh; agus (c) staidéir réamh-indéantachta chun cur chun feidhme saoráidí táirgthe bithgháis a chur chun cinn.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C7.I1) — Fuinneamh in-athnuaite nuálach a fhorbairt, arna gcomhtháthú i bhfoirgnimh agus i bpróisis táirgthe

Is é cuspóir an bhirt seo forbairt fuinnimh in-athnuaite nuálacha a chothú, agus iad siúd atá le comhtháthú i bhfoirgnimh agus i bpróisis táirgthe. Tacóidh sé le féintomhaltas in-athnuaite agus le teicneolaíochtaí nach bhfuil go hiomlán iomaíoch go fóill, lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh leictreacha agus teirmeacha in earnáil na talmhaíochta, foinsí in-athnuaite atá dírithe ar cheanglais fuaraithe/théite na hearnála cónaithe agus seirbhíse, fuinneamh teirmeach ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh próisis thionsclaíocha, bithfhuinneamh agus

foinsí in-athnuaite muirí. Cuirfear an tacaíocht ar fáil i bhfoirm cabhair infheistíochta, a dhámhfar trí thairiscintí lena n-áiritheofar toradh costéifeachtach, nó tacaíocht chothromais dhírigh do thionscadail in-athnuaite. Thacódh an infheistíocht freisin le hathsciliú agus uas-sciliú i réimse na giniúna in-athnuaite.

Déanfar 3 800 MW ar a laghad de ghiniúint in-athnuaite nuálach nó breisluacha a shuiteáil faoin infheistíocht sin faoin gcéad leath de 2026.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C7.I2) — Fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin

Tacóidh an infheistíocht sin le fuinneamh inbhuanaithe ar oileáin na Spáinne (na hOileáin Chanáracha agus na hOileáin Bhailéaracha) mar chuid de straitéis níos leithne chun tacú leis an aistriú fuinnimh sna hoileáin, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail chun fuinneamh in-athnuaite a dhul i bhfód agus a chomhtháthú sna hoileáin agus i gcórais neamhleithniseacha. Tá sé sin i gcomhréir le Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Spáinne, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun na hoileáin a dhícharbónú agus a spleáchas ar ola a laghdú.

Áireofar ar na hinfheistíochtaí sonracha a dtabharfar tacaíocht dóibh foinsí in-athnuaite leictreachais, réitigh stórála, agus tionscadail chliste (mar chuid den chlár ‘Oileáin Chliste’). Beidh cuid de na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo ag brath ar an eolas a fhaightear tríd an gclár ‘Fuinneamh Glan d’Oileáin an Aontais’.

Déanfar 180 MW ar a laghad de ghiniúint in-athnuaite a shuiteáil faoin infheistíocht sin, chomh maith le 600 gníomhaíocht, tionscadal nó clár ar a laghad a fhaigheann tacaíocht nó a chuirtear i gcrích, lena n-áirítear: cláir nó oifigí dinimicithe, treochláir oileánacha, tionscadail infheistíochta nó cabhrach, nasctha leis na cláir ‘Oileáin Chliste’ nó ‘Fuinneamh Glan d’Oileáin an Aontais’, tionscadail fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe nó tionscadail stórála.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire, mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
102	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 (bearta fuinnimh)	Foráil i bhForaithne Ríoga 23/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Dlí Foraithne Ríoga 23/2020 lena bhformheastar bearta fuinnimh arb é is aidhm dóibh an bunús dlí a leagan síos le haghaidh scéim ceantála nua, lena sainítear rannpháirtithe nua in earnáil an fhuinnimh, amhail comhbhailitheoirí neamhspleácha agus pobail fuinnimh in-athnuaite, agus lena rannchuidítear le ceadanna rochtana agus nasctha a chuíchóiriú
103	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 960/2020 (córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite)	Foráil i bhForaithne Ríoga 960/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Le Foraithne Ríoga 960/2020 rialaítear an córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite
104	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 1183/2020 (sonraí in-athnuaite fuinnimh a nascadh leis an eangach leictreachais)	Foráil i bhForaithne Ríoga 1183/2020 maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Le Foraithne Ríoga 1183/2020 rialaítear hibridiú agus lena n-ordaítear rochtain ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus nascadh foinsí in-athnuaite fuinnimh leis an eangach leictreachais.
105	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus an tAistriú Fuinnimh	Foráil sa Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an Aistriú Fuinnimh ar theacht i bhfeidhm				R2	2021	Leis an Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an Aistriú Fuinnimh, soláthrófar cobhsaíocht rialála mhalartach ar fhorbairt acmhainní in-athnuaite, bacainní riaracháin laghdaithe agus íoscheanglais maidir le pointí athluchtaithe poiblí a shuiteáil i mbun seirbhíse
106	C7.R1	T	Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite	—	Uimhir (MW)	0	6 000	R2	2023	Acmhainneacht táirgeachta bhreise charnach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a fhaigheann tacaíocht faoin gcreat reachtach cumasúcháin nua a áirítear in athchóiriú C7.R1 (lena n-áirítear an sásra ceantála a bunaíodh trí RD 960/2020, rialachán nua maidir le ceadanna rochtana agus nasctha, agus maidir le hibridiú): 6 000 MW ar a laghad bronnta
107	C7.R1	T	Acmhainneacht charnach bhreise fuinnimh in-athnuaite arna shuiteáil sa Spáinn	—	Uimhir (MW)	0	6 000	R2	2023	Acmhainneacht charnach bhreise fuinnimh in-athnuaite arna shuiteáil sa Spáinn le linn na tréimhse R1 2020-R42023, faoin gcreat reachtach cumasúcháin nua a áirítear in athchóiriú C7.R1 (lena n-áirítear an sásra ceantála a bunaíodh trí RD 960/2020, rialachán nua maidir le ceadanna rochtana agus nasctha, agus maidir le hibridiú): 6 000 MW ar a laghad tógtha

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
108	C7.R2	M	An Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R4	2021	An Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais arna glacadh ag Comhairle na nAirí agus arna foilsiú ar shuíomh gréasáin an rialtais chun bacainní riaracháin ar fhéintomhaltas a laghdú.
109	C7.R2	M	Bearta faoin Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais a thabhairt chun críche	Foilsiú na dtorthaí ar an leathanach gréasáin				R2	2023	Príomhbhearta faoin Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais a thabhairt chun críche, lena n-áirítear: treoraíocht theicniúil agus treoraíocht do bhardais a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta um Aistriú Éiceolaíoch maidir le conas féintomhaltas a chothú agus oiliúint a chur i gcrích a rinneadh chun feabhas a chur ar na scileanna teicniúla is gá maidir le foinsí in-athnuaite d'fhéintomhaltas in-athnuaite do 500 gairmí ar a laghad.
110	C7.R3	M	Treoirthionscadal do phobail fuinnimh	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R2	2022	Dámhachtain an chéad treoirthionscadail do phobail fuinnimh ar bhonn glaonna ar thairiscintí, chun inmharthanacht na samhla sin a léiriú.
111	C7.R3	T	Treoirthionscadail a bhaineann le fuinneamh a thabhairt chun críche i bpobail áitiúla	—	Líon	0	37	R4	2024	37 dtionscadal phíolótacha ar a laghad a bhaineann le fuinneamh a thabhairt chun críche le rannpháirtíocht ón bpobal áitiúil, ar bhonn treochláir ina leagtar amach na gníomhaíochtaí a rinneadh agus na chéad chéimeanna eile chun cinn. Féadfar a áireamh ar na treoirthionscadail sin próisis rannpháirteacha, tacaíocht do bhunú pobal fuinnimh áitiúil nó d'imscaradh tionscadal fuinnimh in-athnuaite iad féin.
112	C7.R4	M	Treochlár le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R4	2021	Foilsiú an Treochláir le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile chun bacainní riaracháin ar fhorbairt na foinse fuinnimh in-athnuaite sin a laghdú
113	C7.R4	M	Teacht i bhfeidhm na mbeart rialála a shainaithnítear sa léarscáil le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile	Forálacha sna bearta rialála maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm na bpríomhbheart rialála a shainaithnítear sa léarscáil le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile, chun taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn, agus chun tacú le teicneolaíochtaí snámhacha a chur in úsáid. Áireofar an méid seo a leanas ar na príomhbhearta sin: formheas deiridh na bPleananna Pleanála Spásúla Muirí, comhordú níos fearr ar phleanáil na heangaí agus ar an straitéis amach ón gcósta agus an creat rialála a thabhairt cothrom le dáta.
114	C7.R4	M	Bearta a shainaithnítear sa treochlár maidir le bithghás a thabhairt chun críche	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R2	2023	Príomhbhearta a shainaithnítear sa treochlár maidir le bithghás a thabhairt chun críche, lena n-áirítear scéim ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite a bhunú, chun iomaíochas an bhithgháis a fheabhsú agus chun na hinfheistíochtaí i dtáirgeadh bithgháis a chothú lena n-áiritheofar dícharbónú níos tapúla in earnálacha amhail earnáil

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										na tionsclaíochta agus earnáil an iompair.
115	C7.I1	M	Tairiscint ar thacaíocht infheistíochta d'acmhainneacht in-athnuaite nuálach nó breisluacha	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2022	Foilsiú na chéad tairisceana san Iris Oifigiúil ar thacaíocht infheistíochta d'acmhainneacht in-athnuaite nuálach nó breisluacha
116	C7.I1	M	Tionscadail, teicneolaíochtaí nó suiteálacha nua bonneagair fuinnimh in-athnuaite mhuirí	Cinneadh dámhachtana/cinneadh an údaráis infheistíochta				R2	2023	6 fhorbairt ar a laghad arna mbronnadh ar thionscadail, teicneolaíochtaí nó suiteálacha nua bonneagair fuinnimh in-athnuaite mhuirí a chur chun cinn. Ba cheart go rannchuideodh na 6 fhorbairt le tionscadail fuinnimh in-athnuaite mhuirí a chur chun feidhme sa Spáinn. Féadfar a áireamh ar na forbairtí FBManna a bhfuil gníomhaíocht fuinnimh in-athnuaite mhuirí acu a fhaigheann deontais, iasachtaí nó infheistíocht chothromais, a ghlacann páirt i soláthar poiblí réamhthráchtála, chomh maith le deontais a thugtar go díreach do thionscadail fuinnimh in-athnuaite mhuirí nó d'fhréamhshamhail d'fhuinneamh in-athnuaite muirí lena monaraítear nó lena n-úsáidtear teicneolaíocht nua.
117	C7.I1	T	Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite nuálach nó breisluacha	—	Uimhir (MW)	0	3 800	R2	2026	Acmhainneacht táirgeachta bhreise charnach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite le haghaidh acmhainneacht in-athnuaite nuálach nó breisluach (suiteáil 3 800 MW ar a laghad)
118	C7.I2	M	Oifig an Fhuinnimh Ghlain agus na dTionscadal Cliste d'Oileáin	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R2	2023	Oifig an Fhuinnimh Ghlain agus na dTionscadal Cliste d'Oileáin a chruthú d'fhonn na cláir thacaíochta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bhainistiú. Comhordóidh an oifig dinimiciú agus forbairt an aistrithe fuinnimh sna hoileáin
119	C7.I2	T	Tionscadail a chur i gcrích chun tacú leis an aistriú fuinnimh ar oileáin	—	Líon	0	600	R3	2025	600 gníomhaíocht, tionscadal nó clár ar a laghad a fhaigheann tacaíocht nó a cuireadh i gcrích, lena n-áirítear: cláir nó oifigí dinimicithe, treochláir oileánacha, tionscadail infheistíochta nó cabhrach, nasctha le fuinneamh glan do Chláir Oileáin an Aontais nó d'Oileáin Chliste, fuinneamh in-athnuaite nó tionscadail stórála inbhuanaithe.
120	C7.I2	T	Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar na hoileáin	—	Uimhir (MW)	0	180	R2	2026	Acmhainneacht táirgeachta bhreise charnach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite arna soláthar trí thairiscintí le haghaidh acmhainneacht in-athnuaite ar na hoileáin (80 MW ar a laghad suiteáilte).

H. COMHPHÁIRT 8: BONNEAGARLEICTREACHAIS, EANGACHA CLISTE AGUS CUR IN ÚSÁID SOLÚBTHACHTA AGUS STÓRÁLA

Is é is aidhm do Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Spáinne sciar 42 % d'fhuinneamh in-athnuaite a bheith i dtomhaltas deiridh fuinnimh faoi 2030. Chun méid méadaitheach giniúna leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú (a réamh-mheastar go sroichfidh sé 74 % den éileamh in 2030 agus 100 % faoi 2050), tá gá le roinnt infheistíochtaí comhlántacha i ndigitiú na heangaí, i stóráil agus i mbainistiú éilimh. Go háirithe, ciallaíonn eadrannacht agus intuarthacht pháirteach na dteicneolaíochtaí in-athnuaite go bhfuil ról tábhachtach ag stóráil fuinnimh, chun solúbthacht córais a sholáthar agus chun cobhsaíocht eangaí a áirithiú.

Sa chomhthéacs sin, saothrófar leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne na cuspóirí seo a leanas:

a) Córas fuinnimh níos solúbtha, níos díláraithe agus níos dinimiciúla a fhorbairt a bheidh in ann leibhéil níos airde giniúna in-athnuaite a ionsú go héifeachtúil agus go sábháilte;

b) Samhlacha gnó nuálacha nua a fhorbairt; agus

c) Rannpháirtíocht gníomhaithe nua sa chóras leictreachais (táirgeoirí, soláthróirí agus tomhaltóirí, chomh maith le hoibreoirí stórála agus comhbhailitheoirí), agus creat rialála níos solúbtha atá in ann oiriúnú do riachtanais nua, trí bhoscaí gainimh rialála.

Cuirfidh an chomhpháirt infheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn, agus spreagfaidh sí glacadh beartas éifeachtúil chun nuálaíocht a spreagadh (Moladh Sonrach Tír 3 2019). Cuirfidh sé infheistíocht phoiblí agus phríobháideach chun cinn freisin, agus cothóidh sé an t-aistriú glas (Moladh Tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C8.R1) — Creat cumasúcháin chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú sa chóras fuinnimh: líonraí, stóráil agus bonneagar

Is é is cuspóir don bheart seo creat rialála trédhearcach cobhsaí a chumasú lena gcruthófar cinnteacht agus lenar féidir foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú níos mó sa chóras fuinnimh, trí infheistíochtaí i líonraí, i stóráil agus i mbonneagar.

Áireofar san athchóiriú an straitéis fhadtéarmach dícharbónaithe do 2050 ('ELP 2050'). Is é cuspóir na straitéise seo bonn a leagan síos do chreat straitéiseach agus rialála chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú go héifeachtach i gcóras fuinnimh solúbtha cliste. I measc chuspóirí ELP 2050 tá: (a) laghdú 90 % ar astaíochtaí GCT i gcomparáid le 1990

(aeráidneodracht); (b) 97 % d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a bhaint amach ar thomhaltas deiridh fuinnimh; agus (c) córas leictreachais 100 % in-athnuaite.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 2 (C8.R2) — Straitéis stórála fuinnimh agus oiriúnú an chreata rialála chun stóráil fuinnimh a chur in úsáid

Is é is aidhm don bheart seo creat rialála agus straitéiseach a fhorbairt, a fhormheas agus a chur in úsáid chun stóráil fuinnimh a chothú. Soláthrófar leis an athchóiriú an creat is gá le haghaidh na n-infheistíochtaí atá beartaithe faoi C8.I1 agus C8.I3, a bhaineann le stóráil fuinnimh agus samhlacha gnó nua a chur in úsáid san aistriú fuinnimh, faoi seach.

Áireofar leis an athchóiriú go bhformheasfaidh rialtas na Spáinne an Straitéis Stórála Fuinnimh. Is é cuspóir na straitéise seo 20 GW de stóráil fuinnimh a bheith ar fáil in 2030 agus 30 GW in 2050.

Áireofar trí ghníomh reachtacha agus rialála san athchóiriú: (i) Foraithne Ríoga 1183/2020 chun rochtain ar an eangach le haghaidh saoráidí stórála a rialáil; (II) *Comisión Nacional de los Mercados y la Competencia* Ciorclán 1/2021 chun an mhodheolaíocht agus na coinníollacha a bhunú maidir le rochtain agus nascadh ar líonraí tarchurtha agus dáileacháin saoráidí giniúna leictreachais; (III) Rún *Comisión Nacional de los Mercados y la Competencia* an 10 Nollaig 2020, lena rialaítear rannpháirtíocht saoráidí stórála fuinnimh i soláthar seirbhísí coimhdeacha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 3 (C8.R3) — Forbairt an chreata rialála maidir le comhbhailiú, bainistiú éilimh agus seirbhísí solúbthachta

Tá sé de chuspóir ag an mbeart sin an creat rialála is gá a fhorbairt chun córas fuinnimh cliste agus dinimiciúil a fhorbairt, lena n-áirítear: (i) seirbhísí bainistíochta ar éileamh agus seirbhísí solúbthachta a rialáil sa chreat rialála náisiúnta, (ii) an creat rialála a fhorbairt chun na seirbhísí solúbthachta éagsúla a chuimsiú agus (iii) creat a fhorbairt chun rochtain tomhaltóirí ar a sonraí tomhaltais fuinnimh a áirithiú.

Beidh an t-athchóiriú i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Aeráide Fuinnimh, ina n-aithnítear go sainráite gur gá na ceanglais theicniúla a chinneadh maidir le rannpháirtíocht rannpháirtithe a thairgeann fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, oibreoirí stórála fuinnimh agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí freagartha don éileamh, i margaí atá ann cheana agus i margaí atá i mbéal forbartha.

Leagtar béim sa Phlean Náisiúnta Aeráide Fuinnimh freisin ar an ngá atá le stádas na gcomhbhailitheoirí a fhorbairt, go háirithe na comhbhailitheoirí neamhspleácha, chun a rannpháirtíocht sa mhargadh a éascú. Chuige sin, beartófar leis an athchóiriú stádas comhbhailitheora neamhspleách éilimh a chruthú trí Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020, chun go mbeidh gníomhaithe nua in ann dul isteach sa mhargadh miondíola.

Chomh maith le tacú leis an bPlean Náisiúnta Aeráide Fuinnimh, leis an athchóiriú, déanfar Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas a thrasuí, lena

leagtar síos an oibleagáid rannpháirtíocht tomhaltóirí i margaí a áirithiú, lena n-áirítear trí fhreagairt don éileamh, rannpháirtíocht tomhaltóirí a chur chun cinn ar bhonn aonair nó comhiomlánaithe nó trí chomhbhailitheoirí neamhspleácha, agus úsáid solúbthachta i ngréasáin dáileacháin a cheadú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4 (C8.R4) — Boscaí gainimh rialála nó leapacha tástála

Is é is aidhm don bheart seo leapacha tástála rialála (boscaí gainimh) a fhorbairt sa chreat rialála náisiúnta, lena bhféadfar táirgí nua nó réitigh theicneolaíocha, eisceachtaí nó coimircí rialála a thabhairt isteach chun cuidiú le taighde agus nuálaíocht in earnáil an fhuinnimh a éascú. Tá an t-athchóiriú nasctha go díreach le hathchóiriú C8.R3 agus infheistíocht C8.I3.

Cuirfidh na boscaí gainimh rialála ar chumas an tionscail teicneolaíochtaí, córais agus seirbhísí nua a bhaineann le solúbthacht, freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh a thástáil i dtimpeallacht shábháilte inar féidir le páirtithe leasmhara teacht ar réitigh nuálacha gan a bheith faoi réir ceanglais rialála a chosc. Ina theannta sin, déanfaidh na boscaí gainimh foráil maidir le hidirphlé rialála dhá threo idir an Riarachán agus an rialtóir, lena luathófar agus lena n-éascófar an t-athbhreithniú ar na rialacháin atá ann cheana agus lena ndéanfar iad a choigeartú do ghníomhairí nua a theacht isteach sa mhargadh. Meastar go n-éascóidh sé sin cruthú gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta trí dheis a thabhairt dóibh a samhlacha gnó a thástáil.

Áireofar leis an athchóiriú Foraithne Ríoga a ghlacadh maidir le boscaí gainimh rialála a fhorbairt chun forbairt treoirthionscadail nua a chumasú, agus é mar aidhm taighde agus nuálaíocht in earnáil an leictreachais a chothú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C8.I1) — Stóráil fuinnimh a chur in úsáid

Is é cuspóir an bhirt seo stóráil fuinnimh a chur in úsáid trí thionscnaimh tacaíochta agus infheistíochta a sheoladh in dhá phríomhréimse:

a) Stóráil ar mhórscála a fhorbairt. Tá gá le stóráil ar mhórscála chun méideanna níos mó giniúna in-athnuaite a chomhtháthú agus chun seirbhísí a sholáthar don chóras, ó rialáil minicíochta, tacaíocht rampa (solúbthacht) nó tús dubh; agus
b) Stóráil taobh thiar den mhéadar a chur chun cinn agus a chomhtháthú ar leibhéal earnála. D'fhéadfadh saoráidí tomhaltais dílse, ceallraí litiam agus córais stórála teasa féin a bheith san áireamh sna teicneolaíochtaí taobh thiar den mhéadar.

Tacófar leis an infheistíocht atá beartaithe laistigh den chreat a shainítear leis na hathchóirithe ar an gcomhpháirt sin, go háirithe athchóirithe C8.R1 agus C8.R2, lena soláthraítear an bunús dlí agus straitéiseach chun stóráil fuinnimh a imscaradh go héifeachtach.

Cuirfear an beart chun feidhme trí thionscadail stórála nuálacha a rannchuidíonn leis an aistriú fuinnimh, go sonrach chun solúbthacht nua a sholáthar don earnáil fuinnimh, lena n-áirítear foinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Beidh cúig thionscadal stórála nuálacha ar a laghad oibríochtúil, a bheidh coibhéiseach le toilleadh suiteáilte comhiomlán 660 MW ar a laghad (nó soláthar fuinnimh iomlán coibhéiseach (MWh).

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C8.I2) — Digitiú líonraí

Leis an mbeart sin, soláthrófar tacaíocht d'infheistíochtaí a bhaineann le digitiú na ngréasán dáileacháin, arb é is aidhm dóibh iad a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais is gá chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun feidhme. Tá an gá le líonraí leictreachais a dhigitiú mar chuid de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas, ina luaitear gur cheart do na Ballstáit nuachóiriú líonraí a spreagadh, mar shampla trí eangacha cliste a thabhairt isteach. Tá gá le digitiú na líonraí chun claochlú an chórais fuinnimh a chur chun cinn le níos mó fuinnimh in-athnuaite, chun córas leictreachais slán athléimneach a bheith ann. Tá tábhacht ar leith ag baint leis i gcríocha neamhleithniseacha a bhfuil leochaileacht agus spleáchas fuinnimh níos mó mar shaintréith acu.

Is é cuspóir foriomlán an bhirt iomaíochas an leictreachais a mhéadú, agus dlús a chur le leictriú an gheilleagair. Chuige sin, déanfar foráil leis an mbeart maidir le sásra tacaíochta tosaigh chun an acmhainneacht a ghabhann le digitiú líonraí a uasmhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) caillteanais agus doirteadh giniúna in-athnuaite a laghdú (ii) tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht an éilimh i mbainistiú an chórais leictreachais agus (iii) cumraíocht an ghréasáin a bharrfheabhsú.

Áireofar sa bheart dámhachtain 35 thionscadal digitithe nuálacha ar a laghad (le haghaidh dáileadh cliste leictreachais) ar chuideachtaí dáileacháin.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 3 (C8.I3) — Samhlacha nua gnó san aistriú fuinnimh

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíochtaí agus sásraí tacaíochta arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi shamhlacha nua gnó don aistriú a bhaineann le stóráil fuinnimh a chur in úsáid, chomh maith lena bainistiú agus athchúrsáil dara saolré, bainistiú éilimh, comhbhailitheoirí, seirbhísí solúbthachta, rochtain ar shonraí agus boscaí gainimh. Go háirithe, áireofar an méid seo a leanas sa bheart:

a) Tacaíocht d'imscaradh comhbhailitheoirí sa mhargadh náisiúnta leictreachais, agus béim ar leith á leagan ar chomhbhailitheoirí neamhspleácha trí threalamh tomhais fíor-ama (fomhéadrú) agus lárionaid rialaithe agus chumarsáide a shuiteáil chomh maith le hardáin chomhbhailiúcháin a chur chun cinn;
b) Stóráil a chur in úsáid feadh an tslabhra luacha ar fad;
c) Tacaíocht do thionscadail bainistithe éilimh i bpróifílí éagsúla tomhaltóirí (tionscal mór, FBManna, pobail fuinnimh in-athnuaite/pobail fuinnimh saoránach, comhbhailitheoirí, etc.);
d) Á iarraidh go ndéanfaí iarratais chun leapacha tástála rialála a dhéanamh, i bhfoirm cabhair dhíreach, iomaíoch, nó comhaontuithe comhair; agus
e) Tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta nó do thionscnaimh nuálacha i réimse an fhuinnimh.

Tá dlúthnasc idir an infheistíocht agus athchóiriú C8.R4, arb é is aidhm dó boscaí gainimh rialála a fhorbairt le haghaidh tionscadail nuálacha. Cuireann sé freisin leis an gcreat straitéiseach agus rialála a shainítear leis na hathchóirithe eile, go háirithe athchóiriú C8.R3.

Táthar ag súil go mbronnfar 18 dtionscadal ar a laghad as samhlacha nua gnó a chur chun cinn le haghaidh an aistrithe fuinnimh, lena n-áirítear méadrú cliste, stóráil, freagairt don éileamh, seirbhísí solúbthachta agus sonraí.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire, mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
121	C8.R1	M	Formheas na straitéise dícharbónaithe fadtéarmaí (‘ELP2050’).	Formheas Chomhairle na nAirí				R1	2021	Formheas na straitéise dícharbónaithe fadtéarmaí (‘ELP2050’). Le ELP50 leagtar síos an bunús don sainmhíniú ar an gcreat straitéiseach agus rialála chun fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú go héifeachtach i gcóras fuinnimh solúbtha cliste, atá le léamh i gcomhthéacs an chur chuige níos leithne a leagtar amach sa PNFA.
122	C8.R2	M	Teacht i bhfeidhm athchóirithe pleanála, reachtacha agus rialála chun forbairt réitigh stórála fuinnimh a chur chun cinn.	Forálacha sna bearta reachtacha agus rialála maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2021	Glacadh agus teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe pleanála, reachtacha agus rialála seo a leanas chun forbairt réiteach stórála fuinnimh a chur chun cinn: (a) Straitéis Stórála Fuinnimh a fhormheas i gComhairle na nAirí, agus é mar chuspóir cur in úsáid stórála fuinnimh a chothú trí 66 bheart shonracha arna ngrúpáil sna 10 líne gníomhaíochta a áirítear sa Straitéis. Is é an sprioc go mbeidh 20 GW de stóráil fuinnimh ar fáil in 2030 agus 30 GW in 2050; (b) Foilseachán in IO Fhoraithne Ríoga 1183/2020, chun rochtain ar an eangach le haghaidh saoráidí stórála a rialáil. foilsiú in IO Chiorclán 1/2021 ó *Comisión Nacional de los Mercados y la Competencia* chun an mhodheolaíocht agus na coinníollacha a bhunú maidir le rochtain ar líonraí tarchurtha agus dáileacháin saoráidí giniúna leictreachais agus maidir le nascadh leo. foilsiú in IO Rún an 10 Nollaig 2020 lena rialaítear rannpháirtíocht saoráidí stórála fuinnimh i soláthar seirbhísí coimhdeacha
123	C8.R3	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála chun solúbthacht agus freagairt don éileamh a chomhtháthú.	Forálacha sna bearta reachtacha agus rialála maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2023	An creat rialála a fhorbairt chun solúbthacht agus freagairt don éileamh a chomhtháthú, trí na gníomhaíochtaí seo a leanas. foilsiú Rún an 10 Nollaig 2020, ag *Comisión Nacional de los Mercados y la Competencia* lena n-oiriúnaítear Nósanna Imeachta Oibríochta áirithe maidir le rannpháirtíocht i seirbhísí cothromaíochta. reachtaíocht a ghlacadh lena ndéantar Treoir 2019/944 a thrasuí go hiomlán C) RDL23/2020 a ghlacadh chun stádas comhbhailitheora neamhspleách a chruthú
124	C8.R4	M	Teacht i bhfeidhm beart chun boscaí gainimh rialála a chur chun cinn chun an taighde agus an nuálaíocht in earnáil an leictreachais a chothú.	Forálacha san Fhoraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2022	Foilsiú agus teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le forbairtí boscaí gainimh rialála chun forbairt treoirthionscadail nua a chumasú, agus é mar aidhm taighde agus nuálaíocht in earnáil an leictreachais a chothú. Cuirfidh an reachtaíocht ar chumas an tionscail teicneolaíochtaí, córais agus seirbhísí nua a bhaineann le solúbthacht, freagairt don éileamh agus stóráil fuinnimh a thástáil, i spás sábháilte fabhrach inar féidir le páirtithe leasmhara taithí a fháil ar réitigh nuálacha gan a bheith faoi réir na gceanglas rialála atá i réim. Ina theannta sin, soláthrófar leis sin idirphlé rialála dhá threo idir an Riarachán agus an rialtóir, lena gcuirfear dlús leis an athbhreithniú ar na rialacháin atá ann cheana

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										agus lena n-éascófar an t-athbhreithniú sin agus a bheidh leordhóthanach maidir le teacht isteach gníomhairí nua ar an margadh, lena spreagfar gnólachtaí nuathionscanta teicneolaíochta a chruthú trí dheis a thabhairt dóibh a samhlacha gnó a thástáil.
125	C8.I1	T	Tionscadail stórála nuálacha arna mbronnadh	—	Líon	0	5	R4	2023	Cúig thionscadal stórála nuálacha ar a laghad arna ndámhachtain, atá coibhéiseach le toilleadh suiteáilte comhiomlán 660 MW ar a laghad nó soláthar fuinnimh iomlán coibhéiseach (MWh).
126	C8.I1	T	Tionscadail stórála nuálacha ag feidhmiú	—	Líon	0	5	R2	2026	Cúig thionscadal stórála nuálacha ar a laghad atá oibríochtúil, atá coibhéiseach le toilleadh suiteáilte comhiomlán 660 MW ar a laghad nó soláthar fuinnimh iomlán coibhéiseach (MWh).
127	C8.I2	T	Tionscadail nuálacha digitithe le haghaidh dáileadh leictreachais	—	Líon	0	35	R4	2023	35 thionscadal digitithe nuálacha ar a laghad (lena n-áirítear uathoibriú líonra) a bhronntar ar chuideachtaí dáileacháin, i gcomhréir leis na saintréithe agus na sainmhínithe a leagtar amach i gCiorclán 6/2019 ó *Comisión Nacional de los Mercados y la Competencia.*
128	C8.I3	T	Tionscadail chun samhlacha nua gnó a chur chun cinn don aistriú fuinnimh	—	Líon	0	18	R4	2023	18 dtionscadal ar a laghad ar dámhadh orthu samhlacha nua gnó a chur chun cinn don aistriú fuinnimh, lena n-áirítear méadrú cliste, stóráil, freagairt don éileamh, seirbhísí solúbthachta agus sonraí.

I. COMHPHÁIRT 9: HIDRIGIN IN-ATHNUAITE

Féachann Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na Spáinne le haghaidh 2021-2030 le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 23 % i gcomparáid le 1990. Sa chomhthéacs sin, is é príomhchuspóir chomhchuid 9 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne teicneolaíochtaí hidrigine fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt:

a. Mar mhodh chun fuinneamh a stóráil chun difríochtaí idir soláthar leictreachais agus éileamh leictreachais a bhainistiú, lena soláthraítear solúbthacht don chóras leictreachais.

b. Trína bhforbairt agus a gcomhdhlúthú feadh an tslabhra luacha thionsclaíoch a chur chun cinn, ós rud é nach bhfuil na teicneolaíochtaí sin réidh faoi láthair chun oibriú ar théarmaí an mhargaidh;

c. Trí thacú lena gcomhtháthú in úsáidí deiridh, lena n-áirítear hidrigin iontaise-bhunaithe a ionadú sa tionscal; agus

d. Trí scileanna glasa a fhorbairt.

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha chun infheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 3 2019), agus chun an t-aistriú glas a chothú (Moladh Tírshonrach 3 2020).

Tá an chomhpháirt ina cuid den straitéis um fhuinneamh in-athnuaite atá mar bhonn taca faoi chomhchuid 1 agus faoi chomhchuid 6 (úsáid hidrigine chun críocha soghluaisteachta agus iompair), faoi chomhchuid 7 (giniúint fuinnimh in-athnuaite), agus faoi chomhchuid 8 (eangacha stórála agus cliste) de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C9.R1) — Treochlár hidrigine

Leis an mbeart sin, soláthrófar creat chun hidrigin in-athnuaite a fhorbairt sa Spáinn (‘an treochlár hidrigine’). Chuige sin, sainaithnítear ann na cuspóirí atá le baint amach faoi 2030 i dtéarmaí toilleadh suiteáilte de réir earnála (tionscal agus iompar). D’fhormheas Comhairle na nAirí an Treochlár Hidrigine i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bunaítear leis an mbeart freisin modh nithiúil chun tacú le cur chun feidhme an treochláir trína áirithiú go soláthrófar fuinneamh in-athnuaite do leictrealóirí hidrigine. Áireofar ar na gníomhaíochtaí rialála gaolmhara i) ionstraim rialála a bhunú lena n-áirítear ceapadh agus rialachas na gcomhlachtaí náisiúnta a eisíonn ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite, lena n-áirítear

hidrigin in-athnuaite; agus ii) sásra rialála ina leagtar amach conas a fhíoraítear tionscnamh in-athnuaite hidrigine.

Tabharfar an t-athchóiriú sin chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 1 (C9.I1) — Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite, tionscadal tíre

Is é is aidhm don bheart seo rannchuidiú leis an Treochlár Hidrigine a chur chun feidhme ar bhonn ceithre bhealach gníomhaíochta.

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear fóirdheontais chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais a dhámhachtain. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim tacaíochta EUR 1555000000 ar a laghad de mhaoiniú a chur ar fáil ar dtús. Is é 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an scéim a bhainistiú.

Is é is aidhm don bheart acmhainneacht táirgeachta údaraithe iomlán 700 MW ar a laghad a bhaint amach do gach leictrealóir, lena n-áirítear bonneagar comhlántach.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an Spáinn ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Liosta na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta, lena n-áireofar gach ceann díobh seo a leanas, i measc nithe eile:
   - Tacaíocht do FBManna, i measc nithe eile, chun slabhra luacha na Spáinne atá ann cheana a neartú agus a threisiú trí cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas a fheabhsú: cumais táirgthe, scileanna, iomaíochas, aistriú eolais agus teicneolaíochta, agus/nó an ghné idirnáisiúnta;
   - Tacú le forbairtí teicneolaíochta nó fréamhshamhlacha (amhail leictrealóirí, comhbhrúiteoirí, soithí stórála, breosla-chealla agus córais iompair bunaithe ar H2, lena n-áirítear 'tús áite de chineál' chun tacú le bailíochtú dearaí nó fréamhshamhlacha uas-scálaithe nua a bhaineann le táirgeadh, lóistíocht dáileacháin nó ídiú hidrigine;
   - Tacú le hidirghabhálacha lena ndírítear ar fheabhas a chur ar shaoráidí tástála nó ar línte monaraíochta nua d'eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin nó d'eochairchórais chumasúcháin a chur chun feidhme laistigh den slabhra soláthair hidrigine, amhail leictrealóirí nó breosla-chealla. Déanfaidh siad sin ceann de na nithe seo a leanas: saoráidí tástála T & F & N nó saotharlanna agus/nó trealamh gaolmhar a fheabhsú; nó ii) feabhas a chur ar shaoráidí agus/nó ar sholáthar trealaimh nua (amhail meaisín-uirlisí) chun córais, trealamh nó comhpháirteanna a bhaineann le hidrigin agus breosla-chill a mhonarú;
   - Tacaíocht chun braislí hidrigine in-athnuaite a bhunú lena gcomhtháthófar táirgeadh, próiseáil agus tomhaltas ar mhórscála. Is é is cuspóir do cheann amháin ar a laghad de na braislí sin leictrealóir hidrigine in-athnuaite ardtoillte a chomhtháthú a sholáthraíonn hidrigin go díreach do thomhaltóirí tionsclaíocha áitiúla. Déanfar an leictrealóir a fhoinsiú le leictreachas in-athnuaite. Déanfar an hidrigin a ghintear mar thoradh air sin a chomhtháthú i bpróisis thionsclaíocha agus i slabhraí soláthair gnólachtaí (lena n-áirítear samhlacha gnó a oiriúnú agus a aistriú ó thomhaltas hidrigine iontaise-bhunaithe) chun 5 % ar a laghad dá dtomhaltas bliantúil hidrigine iontaise a ionadú;
   - Tacaíocht d'úsáid hidrigine ar fud tionscadail cheannródaíocha atá níos lú ná an cnuasach. Tabharfaidh siad sin isteach hidrigin in-athnuaite thar mhol tionsclaíoch

aonair chuig córais fuinnimh leithlisithe lenar féidir hidrigin in-athnuaite a chomhtháthú i réimsí amhail iompar. Táthar ag súil go gcuimseofar leis na hidirghabhálacha sin táirgeadh, dáileadh agus tomhaltas hidrigine in-athnuaite, rud a chuirfidh leis an gcumhdach ar fud earnálacha agus codanna éagsúla de chríoch na Spáinne;

- D'fhéadfadhroinnt de na gnólachtaí a fhaigheann tacaíocht tríd an éascaíocht a bheith mar chuid de IPCEI hidrigine, in éineacht le gnólachtaí ó Bhallstáit eile, agus iad ag brath ar chreat cuí chun comhoibriú laistigh den Aontas chun slabhraí luacha náisiúnta a chomhtháthú chun borradh a chur faoin iomaíochas.

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta faoin scéim teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh dámhachtana nó cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacfaidh IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.

3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafaidh an ionstraim dlí nó na hionstraimí dlí cuideachtaí a dhíríonn go substaintiúil ar[18] na hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[19]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[20]; (III) feithiclí truaillitheacha a

[18] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[19] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[20] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na

tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[21]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt[22]dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

6. Ceanglais tuairiscithe le haghaidh infheistíocht aeráide le haghaidh na scéime fóirdheontais[23].

Tabharfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

---

tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[21] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[22] Nί λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[23] Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
129	C9.R1	M	Treochlár hidrigine	Formheas Chomhairle na nAirí				R4	2020	Formheas Chomhairle na nAirí ar an Treochlár Hidrigine. Bunaítear leis an treochlár hidrigine na treoirlínte arna sainiú ag an Spáinn chun earnáil na hidrigine in-athnuaite a fhorbairt. Chuige sin, sainaithnítear ann na spriocanna atá le baint amach maidir le toilleadh suiteáilte, tionsclaíocht agus soghluaisteacht faoi 2030.
130	C9.R1	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear Ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite	Foráil sa rialachán lena sonraítear teacht i bhfeidhm an rialacháin				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear córas náisiúnta ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite, lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite, lena n-áirithítear 100 % den fhuinneamh in-athnuaite. Áireofar ar an gcóras a bhunófar leis an ionstraim rialála comhlachtaí eisiúna náisiúnta a cheapadh, agus a rialachas a ghlacadh; agus sásra rialála ina leagtar amach conas a fhíoraítear tionscnamh in-athnuaite na hidrigine.
131	C9.I1	M	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R2	2023	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta arb ionann iad agus buiséad na hinfheistíochta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
132	C9.I1	T	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (I)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach maidir le dámhachtain		0	30 %	R2	2023	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 30 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).
133	C9.I1	T	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (II)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach maidir le		30 %	75 %	R4	2025	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 75 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				dámhachtain						
134	C9.I1	T	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh dámhachtana foilsithe.	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach dámhachtana.		75 %	100 %	R3	2026	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).
135	C9.I1	M	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 1555 mhilliún ar a laghad chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta

J. COMHPHÁIRT 10: AN TAISTRIÚ CÓIR

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta sna limistéir gheografacha a ndéanann dúnadh mianach guail agus gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe/núicléiche difear dóibh, rud atá níos measa fós mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus dúnadh na stáisiún cumhachta teirmí. Aidhm bhreise is ea an tsamhail táirgthe a athrú agus claochlú a spreagadh chun tacú le samhail eacnamaíoch agus shóisialta níos athléimní de na críocha don todhchaí. Tá an straitéis ceaptha i gcomhthráth le plean críochach na Spáinne den Chiste um Aistriú Cóir (CUAC), arb é is aidhm dó raon feidhme níos leithne, tréimhse níos faide agus fócas níos straitéisí ar fhorbairt gnó agus ar thacaíocht ghnó a bheith aige.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist a chaomhnú, dreasachtaí éifeachtacha le haghaidh earcaíochta agus forbairt scileanna (Moladh Sonrach Tíre 2 2020); infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn lena gcothaítear an t-aistriú glas (Moladh Tírshonrach 3 2020); agus comhar a neartú ar fud an leibhéil rialtais (Moladh Sonrach Tíre 4 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C10.R1) — Prótacail um Aistriú Cóir

I mí Feabhra 2020, d'fhormheas an rialtas an Straitéis um Aistriú Cóir mar a léirítear sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP). I gcomhthéacs na Straitéise seo agus faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, bunófar leis an athchóiriú sin 12 Phrótacal um Aistriú Cóir lena gcumhdófar gach réimse a ndéanann dúnadh mianach guail agus gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe difear dó. Cumhdófar le gach ceann de na prótacail um Aistriú Cóir limistéar ar a laghad a ndéanann dúnadh gléasra cumhachta gualbhreoslaithe difear dó. Beidh na Prótacail ina n- uirlisí le haghaidh inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta na gcríoch a ndéantar difear dóibh. Díreofar, *inter alia*, ar phoist a chothú agus a chruthú, éagsúlú agus speisialtóireacht a chur chun cinn, cur le tarraingteacht na limistéar chun dídhaonrú a chomhrac, agus athchóiriú comhshaoil talún. Ionchorprófar sna prótacail sin comhar na ngníomhaithe áitiúla ábhartha (poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear gnólachtaí, comhpháirtithe sóisialta, an earnáil oideachais, eagraíochtaí neamhrialtasacha etc.).

Áireofar leis an athchóiriú sin freisin bunú na hInstitiúide um Aistriú Cóir. Is é an sprioc a bheidh ag an Institiúid gníomhaíochtaí a shainaithint agus a ghlacadh lena ráthófar cóir chothrom d'oibrithe agus do chríocha a ndéanann an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin difear dóibh, na tionchair dhiúltacha ar fhostaíocht agus ar dhaonra na gcríoch sin a íoslaghdú agus deiseanna phróiseas an chlaochlaithe a bharrfheabhsú. Is iad príomhfheidhmeanna na

hInstitiúide ceapadh beartas tionsclaíoch, taighde agus forbairt, cur chun cinn gníomhaíochta eacnamaíche, fostaíocht agus oiliúint ghairmiúil a chur chun cinn.

Áireofar sa bheart freisin Comhairle Chomhairleach a bhunú ina mbeidh ionadaithe ó ranna aireachta agus ionadaithe ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha a chuirfidh comhairle ar fáil agus a dhéanfaidh measúnú ar thionchar na mbeartas um aistriú cóir.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C10.I1) — Infheistíocht san Aistriú Cóir

Beidh infheistíochtaí sna críocha ag gabháil leis na Prótacail um Aistriú Cóir chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) poist a chruthú agus tacú le gníomhaíocht ghearrthéarmach;

b) dlús a chur leis an athrú trí dhíriú ar threoirthionscadail ar scála níos lú a mhéadófaí — dá measfaí go raibh rath orthu — i gcomhthéacs CUAC; agus

c) borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch, ag rannchuidiú le comhtháthú sóisialta agus críochach.

Díreofar na tionscadail ar cheithre réimse shonracha:

i. Pleananna athchóirithe comhshaoil (e.g. athfhoraoisiú nó athfhásrú) le haghaidh láithreáin mhianadóireachta dhúnta nó thréigthe agus talamh meathlaithe in aice le stáisiúin chumhachta theirmeacha nó núicléacha, lena gcumhdaítear ar a laghad 2000 heicteár de thalamh athshlánaithe. Mar chuid de na pleananna sin, tá saoráidí gléasraí agus mianadóireachta le díchóimeáil, agus tá ithir le hathshlánú agus le bheith faoi réir próisis athfhoraoisithe nó athfhásraithe, suiteálacha fuinnimh in-athnuaite nó forbairt eacnamaíoch éicea-malartach;

ii. 130 tionscadal bonneagair comhshaoil, digiteacha agus sóisialta ar alaghad i mbardais agus i gcríocha atá ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, le haghaidh infheistíocht airgeadais iomlán EUR 102000000 ar a laghad. Cumhdóidh na tionscadail roinnt réimsí lena n-áirítear: bonneagar agus foirgnimh phoiblí aathshlánú; tionscadail nuálacha le haghaidh cumarsáid idir bardais nó limistéir daonra iargúlta bunaithe ar réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe agus ar théarnamh agus úsáid mhalartach an bhonneagair iompair atá ann cheana; bonneagar poiblí a thacaíonn leis an ngeilleagar ciorclach a athshlánú, lena n-áirítear gléasraí comhdhéanta pobail, ionaid bainistithe dramhaíola; tionscadail chomhshaoil chun limistéir atá faoi úinéireacht phoiblí a athshlánú agus a fheabhsú (amhail cúltaiscí, siúlbhealaí nó fána abhann agus limistéir léirithe dúlra); bonneagar digiteach agus seirbhísí digiteacha chun comharchumainn táirgí éiceolaíocha a fhorbairt nó scéimeanna pobail le haghaidh ceannacháin agus díolacháin chomhpháirteacha ar an idirlíon.

iii. Tacaíocht do dhá thionscadal TFN i réimse na stórála fuinnimh agus na hidrigine glaise. Déanfaidh na tionscadail suiteálacha agus saotharlanna CIUDEN (*Ciudad de la Energía)* — fondúireacht RDI Rialtais a bunaíodh in Bierzo (Leon) atá ceangailte leis an Institiúid um Aistriú Cóir agus ag brath ar an Aireacht um

Aistriú Éiceolaíoch agus Déimeagrafach — a oiriúnú le haghaidh dhá thionscadal TFN maidir le táirgeadh hidrigine glaise agus stóráil fuinnimh; agus

iv. Tacaíocht chun infhostaitheacht oibrithe agus daoine a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin difear dóibh a athsciliú agus a fheabhsú, agus cúnamh pearsantaithe cuardaigh poist agus/nó conairí athscilithe á bhfáilag 840 duine ar a laghad. Ba cheart na réimsí seo a leanas ar a laghad a chumhdach leis an gcúnamh athcháiliúcháin: suiteáil agus cothabháil fuinnimh in-athnuaite (gaoth agus fótavoltach), athchóiriú agus bainistiú comhshaoil, agus/nó athshlánú comhtháite agus fuinnimh tithíochta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
137	C10.R1	M	Cruthú na hInstitiúide um an gCiste um Aistriú Cóir	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R1	2020	Le Foraithne Ríoga 500/2020, cruthú na hInstitiúide um an gCiste um Aistriú Cóir. Is é is aidhm don Institiúid bearta a shainaithint agus a ghlacadh, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, lena ráthaítear cóir chothrom d'oibrithe agus do chríocha a ndéanann an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin difear dóibh, na tionchair dhiúltacha ar fhostaíocht agus ar dhaonra na gcríoch sin a íoslaghdú agus deiseanna phróiseas an chlaochlaithe a bharrfheabhsú
138	C10.R1	T	Prótacail um aistriú cóir agus an Chomhairle Chomhairleach	—	Líon	0	12	R2	2023	Tar éis próiseas rannpháirteach, 12 phrótacal um aistriú cóir a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin um Aistriú Cóir, lena n-áirítear gealltanais maidir le fostaíocht, athchóiriú comhshaoil agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta don phobal áitiúil in 12 limistéar atá buailte. Cumhdófar le gach ceann de na prótacail um Aistriú Cóir limistéar ar a laghad a ndéanann dúnadh gléasra cumhachta gualbhreoslaithe difear dó. Comhairle Chomhairleach a chruthú, ina mbeidh ionadaithe ó ranna aireachta agus ionadaithe ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha a chuirfidh comhairle ar fáil agus a dhéanfaidh measúnú ar thionchar na mbeartas um aistriú cóir
139	C10.I1	M	Clár cabhrach oiliúna um 'aistriú cóir' agus cabhair a dheonú le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch na limistéar um aistriú cóir	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2021	Foilsiú na nithe seo a leanas san Iris Oifigiúil: (a) Ordú lena bhformheastar an creat rialála don chlár cabhrach oiliúna um 'aistriú cóir', lena sonraítear an plean tacaíochta le haghaidh cháilíocht ghairme agus lánpháirtiú oibrithe agus daoine a ndéanann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin difear dóibh sa mhargadh saothair; agus (b) Ordú lena leagtar amach na boinn rialála chun cabhair a dheonú d'fhorbairt eacnamaíoch limistéar aistrithe chóir, trí bhonneagar comhshaoil, digiteach agus sóisialta a fhorbairt i mbardais agus i gcríocha atá ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.
140	C10.I1	T	Tacaíocht do thionscadail bhonneagair chomhshaoil, dhigiteacha agus shóisialta.	—	Líon	0	100	R4	2022	Dámhachtain EUR 91000000 ar a laghad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil le haghaidh 100 tionscadal bonneagair comhshaoil, digiteacha agus sóisialta ar a laghad i mbardais agus i gcríocha atá ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Beidh an 100 tionscadal bonneagair comhshaoil, digiteacha agus sóisialta lonnaithe i mbardais agus i gcríocha i Limistéir um Aistriú Cóir.
431	C10.I1	T	Tacaíocht do thionscadail bhonneagair chomhshaoil, dhigiteacha agus shóisialta		Líon	100	130	R4	2024	Dámhachtain EUR 11000000 ar a laghad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil le haghaidh 30 tionscadal bonneagair comhshaoil, digiteacha agus sóisialta ar a laghad i mbardais agus i gcríocha atá ag aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Beidh na tionscadail bhonneagair chomhshaoil,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										dhigiteacha agus shóisialta lonnaithe i mbardais agus i gcríocha i Limistéir um Aistriú Cóir. (Bonnlíne: An 31 Nollaig 2022)
141	C10.I1	T	Cúnamh cuardaigh poist agus athsciliú do dhaoine dífhostaithe	—	Líon	0	840	R4	2025	840 duine ar a laghad a bhain tairbhe as cúnamh pearsanta chun post a chuardach agus/nó as conairí athscilithe aonair do dhaoine dífhostaithe i réimsí an aistrithe chóir. Cumhdóidh na conairí athscilithe na réimsí seo a leanas ar a laghad: suiteáil agus cothabháil fuinnimh in-athnuaite (gaoth agus fótavoltach), athchóiriú agus bainistiú comhshaoil, agus/nó athshlánú comhtháite agus fuinnimh tithíochta.
142	C10.I1	T	Tionscadail infheistíochta chun saoráidí tionsclaíocha a oiriúnú le haghaidh hidrigin ghlas agus stóráil fuinnimh.	—	Líon	0	2	R4	2025	Dhá thionscadal infheistíochta a thabhairt chun críche chun saoráidí tionsclaíocha a oiriúnú mar *Infraestructura Científica y Técnica Singular* (ICTS) amach anseo chun táirgeadh hidrigine glaise agus stóráil fuinnimh a bhailíochtú. Leis na tionscadail, déanfar suiteálacha agus saotharlanna Ciudad de la Energía (CIUDEN) a oiriúnú le haghaidh dhá thionscadal TFN maidir le táirgeadh hidrigine glaise agus stóráil fuinnimh.
143	C10.I1	T	Talamh athshlánaithe i mianaigh ghuail dhúnta nó i limistéir in aice le stáisiúin chumhachta.	—	Líon (heicteáir)	0	2 000	R2	2026	2000 heicteár ar a laghad de thalamh athshlánaithe i láithreáin mhianadóireachta guail dhúnta nó i limistéir atá cóngarach do stáisiúin chumhachta theirmeacha nó núicléacha. Achar dromchla na talún athshlánaithe i limistéir éillithe, go háirithe láithreáin mianadóireachta guail nó talamh atá tadhlach le stáisiúin chumhachta theirmeacha nó núicléacha, agus ina ndéantar gléasraí agus saoráidí mianadóireachta a dhíchóimeáil, agus ina ndéantar ithir a athshlánú agus a chur faoi réir próisis athfhoraoisithe nó athfhásraithe, suiteálacha fuinnimh in-athnuaite nó forbairt eacnamaíoch éicea-mhalartach.

K. COMHPHÁIRT 11: NUACHÓIRIÚ NA RIARACHÁN POIBLÍ

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann leis an riarachán poiblí, lena n-áirítear éifeachtúlacht an chórais ceartais, acmhainneacht riaracháin, agus comhar idir na leibhéil éagsúla rialtais. Is é is aidhm dó riaracháin phoiblí na Spáinne a nuachóiriú, trí phróisis riaracháin, soláthar poiblí, ceartas, fostaíocht phoiblí lena n-áirítear beartais acmhainní daonna a athchóiriú; inrochtaineacht agus éifeachtúlacht seirbhísí poiblí a mhéadú trína ndigitiú tuilleadh; coigilteas fuinnimh, úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh phoiblí agus i mbonneagar poiblí a chur chun cinn, borradh a chur faoi shoghluaisteacht inbhuanaithe seirbhíseach poiblí; agus cumas riaracháin na riarachán poiblí a neartú chun faireachán, rialú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais phoiblí. Is iad seo a leanas na príomhbhearta chun na spriocanna sin a bhaint amach:

a) Na riaracháin phoiblí lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla a athchóiriú trí fheabhas a chur ar an gcomhar eatarthu, tríd an gcreat soláthair phoiblí a neartú, trí mheastóireacht a dhéanamh ar bheartais phoiblí agus tríd an aistriú i dtreo conarthaí fostaíochta nach bhfuil dáta deiridh luaite leo a chothú;
b) Digitiú riarachán agus próiseas le cúig thionscadal tosaíochta i réimsí straitéiseacha: ceartas, seirbhísí fostaíochta poiblí, sonraí sláinte poiblí, bainistiú consalachtaí agus riarachán críochach;
c) Plean aistrithe fuinnimh an rialtais láir;
d) Acmhainneachtaí riaracháin a neartú.

Tugann an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an gcreat soláthair phoiblí a neartú (Moladh Sonrach Tíre 1 2019 agus 4 2020), an t-aistriú chuig conarthaí neamhiata a chothú (Moladh Sonrach Tíre 2 2019), tús-ualú a dhéanamh ar thionscadail infheistíochta poiblí agus infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2019, 3 2020, 1 2022 agus 1 2023) agus feabhas a chur ar an gcomhar idir riaracháin (Moladh Sonrach Tíre 4 2019 agus 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C11.R1) — Athchóiriú chun an riarachán a nuachóiriú agus a dhigitiú

Cuirfear an beart sin in iúl ina iliomad línte gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar laigí i mbeartais fostaíochta na riarachán poiblí, chun comhar agus comhordú idir leibhéil éagsúla rialtais a neartú, agus chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcuireann an rialtas láir beartais phoiblí chun feidhme. Maidir le beartais fostaíochta, is é an cuspóir atá ann ráta na bhfostaithe sealadacha i riaracháin phoiblí a laghdú agus acmhainneachtaí fostaíochta poiblí a neartú trí bhogadh i dtreo samhail acmhainní daonna atá bunaithe ar inniúlachtaí, lena n-áirítear chun críoch earcaíochta. Is é an dara líne ghníomhaíochta ná meastóireacht beartais ex ante a fhorbairt tuilleadh agus trédhearcacht agus rannpháirtíocht na saoránach i gceapadh beartas poiblí a mhéadú, lena n-áirítear dlí nua maidir le trédhearcacht agus sláine i ngníomhaíochtaí

grúpaí leasmhara. Ar deireadh, neartóidh an t-athchóiriú na hionstraimí comhair atá ann cheana i measc leibhéil éagsúla rialtas sa Spáinn. Neartóidh sé sin ról na gcomhdhálacha earnála, na comhlachtaí atá ann cheana le haghaidh comhar le réigiúin, trí shoiléiriú a dhéanamh ar cathain a fhéadfaidh siad teacht ar chomhaontuithe maidir le comhlíonadh éigeantach. Neartóidh an t-athchóiriú freisin Comhdháil na nUachtarán (i gcás ina dtagann Príomh-Aire agus Uachtaráin na bPobal Féinrialaitheach le chéile ar an leibhéal is airde). Baineann an t-athchóiriú freisin le hionstraimí trínar féidir comhar a bheith ann idir na riaracháin phoiblí, bunófar idirnasc idirriaracháin digiteach agus idir- inoibritheacht idir ardáin TF an rialtais láir agus an rialtais réigiúnaigh. Leis an athchóiriú, tabharfar an Creat Slándála Náisiúnta cothrom le dáta freisin.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt seo chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 2 (C11.R2) — Athchóiriú chun borradh a chur faoin smacht reachta agus faoi éifeachtúlacht an chórais ceartais

I nDlí 3/2020 an 18 Meán Fómhair, agus sa chlár um Cheartas 2030, leagtar amach treochlár chun riar an cheartais sa Spáinn a athchóiriú. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh an beart seo an córas ceartais a nuachóiriú faoin teacht i bhfeidhm (agus an ‘*vacatio legis*’ arna bhunú i ngach dlí á chur san áireamh),

faoin 31 Nollaig 2022 de:

(a) Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht nós imeachta, lena ngiorrófar fad na nósanna imeachta i ngach dlínse agus ráthaíochtaí nós imeachta na saoránach á gcaomhnú ag an am céanna;

(b) Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach, lena gcuirfear ailtireacht shonraíbhunaithe chun cinn chun faisnéis a bhainistiú.

faoin 31 Nollaig 2024 de:

(c) Dlí maidir le héifeachtúlacht eagraíochtúil agus nós imeachta an chórais cheartais, lena leasófar eagrú na léarscáile breithiúnaí agus lena mbunófar modhanna malartacha chun díospóidí a réiteach. Cuirfidh an dlí seo 431 orgán coláisteach (Tribunales de*Instancia) in ionad líon ard na gcúirteanna céadchéime neamhphearsanta*agus cuirfidh sé an Oifig Bhreithiúnach chun feidhme.

(d) Dlí maidir leis an gceart chun cosanta lena bhforbrófar agus lena bhfeabhsófar an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil agus lena rannchuideofar ar deireadh le borradh a chur faoin smacht reachta.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C11.R3) — Athchóiriú chun struchtúr institiúideach an rialachais eacnamaíoch a nuachóiriú

Leis an mbeart sin, déanfar athchóiriú ar ghnéithe den chreat rialachais eacnamaíoch institiúideach, lena n-áirítear trí dhlús a chur le digitiú na bpróiseas agus é a chur chun cinn. Áireofar san fhaisnéis sin: athchóiriú ar an gcaoi a láimhseálann an *Caja General de Depósitos* (an Ciste Ginearálta Taiscí) ráthaíochtaí, chun iad a dhéanamh leictreonach; an

tÚdarás um Chosaint Cliaint Airgeadais a bhunú, arb é is aidhm dó cearta custaiméirí airgeadais a ráthú; feabhas a chur ar an gcreat institiúideach chun institiúidí airgeadais a réiteach, trí dhlí lena leasófar an creat reatha um réiteach institiúideach; agus d) an mhaoirseacht ar na réimsí airgeadais agus iniúchóireachta a nuachóiriú, trí athchóiriú a dhéanamh ar an bPlean Cuntasaíochta Ginearálta agus ar an Rialachán Iniúchóireachta.

Áireofar san athchóiriú freisin a) dlí maidir le seirbhísí do chustaiméirí (lena n-áirítear seirbhísí airgeadais) lena mbunaítear caighdeáin cháilíochta agus lena ndéantar foráil maidir le seirbhís níos éifeachtúla do chustaiméirí; agus b) leabhar glas a fhoilsiú chun airgeadas inbhuanaithe a chur chun cinn sa Spáinn.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Athchóiriú 4 (C11.R4) — Straitéis náisiúnta um sholáthar poiblí

Leis an athchóiriú sin, tabharfar chun críche cur chun feidhme an athchóirithe ar sholáthar poiblí dá bhforáiltear i nDlí 9/2017 maidir le conarthaí san earnáil phoiblí (mar phríomhghníomh thrasuí Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE). Bunófar leis sin struchtúr rialachais chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le creat comhsheasmhach soláthair phoiblí lena n-áiritheofar trédhearcacht, sásraí rialaithe éifeachtacha, idirnascadh bunachar sonraí soláthair phoiblí idir gach leibhéal Rialtais, agus comhordú ar leibhéil rialtais, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: an Oifig Náisiúnta Meastóireachta a dhéanamh lánoibríochtúil agus ii) an Straitéis Náisiúnta um Sholáthar Poiblí a ghlacadh.

Chruthaigh an Spáinn an Oifig neamhspleách um Rialáil agus Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí agus an Oifig Náisiúnta Meastóireachta cheana féin. Leis an athchóiriú sin, tabharfar aghaidh freisin ar fhadhbanna a bhaineann le soláthar teoranta faisnéise agus bunachar sonraí soláthair phoiblí, chomh maith le laigí i struchtúr na conraitheoireachta soláthair phoiblí. Chuige sin, déanfar an méid seo a leanas leis an athchóiriú: feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tsoláthair phoiblí (próisis, torthaí, sonraí agus faisnéis); gairmiúlú gníomhaithe a chur chun cinn (i gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún i nDeireadh Fómhair 2017); rochtain FBManna a fheabhsú; agus d) creat dlíthiúil an tsoláthair phoiblí dhigitigh a threisiú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 5 (C11.R5) — Acmhainneacht riaracháin

Leis an athchóiriú sin, déanfar feidhmiú inmheánach na riarachán poiblí a nuachóiriú chun feabhas a chur ar chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, d'fhonn tionchar fadtéarmach a bheith aige ar chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a dhéanfaidh riarachán poiblí na Spáinne amach anseo. Ar an iomlán, déanfaidh sé, in éineacht le hInfheistíocht 5, athchóiriú ar acmhainneacht na riarachán poiblí cur chun feidhme cuí an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú. Ciallaíonn sé sin go gcruthófar córas comhtháite faisnéise agus bainistíochta; gníomhaíochtaí oiliúna a fhorbairt dóibh siúd a bhfuil baint acu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta; agus gníomhaíochtaí cumarsáide a imscaradh chun aghaidh a thabhairt ar rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le gnólachtaí agus teaghlaigh i gcoitinne, chun bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

Déanfar rialachas, tuairisciú agus faireachán na ngníomhaíochtaí a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a imscaradh trí shamhail nua bainistíochta riaracháin agus airgeadais chun a áirithiú go gcuirfear na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun feidhme go cuí. Tá an tsamhail aonfhoirmeach sin le lárú laistigh d'Ardrúnaíocht na gCistí Eorpacha agus déanfar í a imscaradh chuig aireachtaí tuairiscithe, a n-aonaid TFC chomhfhreagracha agus, b'fhéidir, údaráis riaracháin piaraí sna réigiúin (Comhphobail Fhéinrialaitheacha). Chuige sin, ghlac an rialtas láir Dlí Foraithne Ríoga 36/2020.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Infheistíocht 1 (C11.I1) — Nuachóiriú ar an Riarachán Ginearálta Stáit

Forbraítear na gníomhaíochtaí faoi na hinfheistíochtaí in C11.I1 agus C11.I3 de réir na bprionsabal céanna, agus tá I1 dírithe ar an rialtas láir, agus I3 ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla. Tabharfar faoi na nithe seo a leanas le haghaidh na n-eintiteas sin go léir:

a) Riarachán atá dírithe ar shaoránaigh, feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí digiteacha a sholáthraítear do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le Clár Oibre Digiteach na Spáinne 2025;

b) Oibríochtaí cliste agus rialtas sonraí, feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht bhainistíocht na seirbhísí riaracháin phoiblí (i.e. soláthar poiblí), lena n-áirítear sreabhadh sonraí, trí theicneolaíochtaí uathoibrithe cliste agus bonneagair dhigiteacha a úsáid;

c) Bonneagair dhigiteacha agus cibearshlándáil, arb é is aidhm dóibh bonneagar teicneolaíochta riaracháin phoiblí na Spáinne a sholáthar atá riachtanach chun iad a nuachóiriú**.** Maidir leis an gcibearshlándáil, bunófar leis an mbeart seo Lárionad Oibríochtaí Cibearshlándála don Riarachán Ginearálta Stáit ina iomláine agus dá Ghníomhaireachtaí Poiblí ar fad, chun cosaint a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála;

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C11.I2) — Tionscadail shonracha chun an rialtas láir a dhigitiú

Mar thoradh ar an infheistíocht sin, glacfar digitiú agus forbairt seirbhísí digiteacha ar bhealach níos ginearálaithe ar fud an riaracháin phoiblí. Is iad seo a leanas na réimsí beartais chun claochlú digiteach a chur chun feidhme:

a) Córas sláinte. Déanfaidh an infheistíocht feidhmiúlachtaí na gcóras faisnéise sláinte a fhorbairt tuilleadh, chomh maith le hanailísíocht sonraí a chur chun cinn;
b) An córas ceartais. Leis an infheistíocht, soláthrófar uirlisí digiteacha do shaoránaigh agus d'oibreoirí dlíthiúla chun a gcaidreamh le riar an cheartais a bhainistiú ar bhealach níos fearr;
c) Seirbhísí poiblí fostaíochta. Leis an infheistíocht, tabharfar cothrom le dáta na córais TF atá mar bhonn taca faoi bhainistiú na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair;
d) Cuimsiú, slándáil shóisialta agus imirce. Leis an infheistíocht, tabharfar uirlisí digiteacha don Aireacht inniúil lena n-éascófar cur chun feidhme na mbeartas ábhartha

do na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le húsáid faisnéise chun bearta ceartaitheacha nó maolaitheacha breise a fhorbairt;

e) Seirbhísí consalachta. Leis an infheistíocht, feabhsófar rochtain ar sheirbhísí digiteacha riarachán poiblí na Spáinne do mhuintir na Spáinne a bhfuil cónaí orthu thar lear agus do shaoránaigh eachtracha atá ina gcónaí sa Spáinn;Tionscnaimh phíolótacha i réimsí na slándála agus na talmhaíochta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C11.I3) — Claochlú digiteach agus nuachóiriú na hAireachta Beartais Chríochaigh agus an Oighir Shibhialta, na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta, agus riarachán na bPobal Féinrialaitheach agus na n-údarás áitiúil

Leanann na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo na prionsabail chéanna a thuairiscítear in C11.I1, atá dírithe ar na rialtais réigiúnacha agus áitiúla.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C11.I4) — Plean aistrithe fuinnimh i Riarachán Ginearálta an Stáit

Cuirfidh an beart coigilteas agus éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn i bhfoirgnimh agus i mbonneagar an rialtais láir. Leis an mbeart, bainfear amach ar an meán laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh arna fhíorú le teastais feidhmíochta fuinnimh. Rannchuideoidh an infheistíocht le hathchóiriú achar urláir na bhfoirgneamh chun líon na saoráidí a bhfuil rátáil ard fuinnimh acu agus, go háirithe, foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a mhéadú. Leis an infheistíocht, cuirfear chun cinn freisin cur chun feidhme córas fótavoltach gréine, nó fuinnimh in-athnuaite eile i saoráidí riarachán an rialtais láir. Spreagfaidh an beart freisin claochlú fhlít na bhfeithiclí poiblí go feithiclí a bhfuil astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle acu24.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní thacóidh claochlú fhlít na bhfeithiclí poiblí ach le25 feithiclí astaíochtaí nialasacha nó astaíochtaí ísle.

Áireofar san infheistíocht infheistíocht i gcaipiteal seasta (bonneagar agus foirgnimh phoiblí) agus i gcaipiteal nádúrtha araon (cuidíonn gach gníomhaíocht le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú).

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

[24] Faoi bhun 50 gCO2/km i gcomhréir leis an gcatagóir ‘feithiclí glana’ sa Treoir athbhreithnithe 2009/33/CE maidir le Feithiclí Glana.

[25] Faoi bhun 50 gCO2/km i gcomhréir leis an gcatagóir ‘feithiclí glana’ sa Treoir athbhreithnithe 2009/33/CE maidir le Feithiclí Glana.

Infheistíocht 5 (C11.I5) — Claochlú an riaracháin chun Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne a chur chun feidhme

Tá an infheistíocht sin nasctha le hAthchóiriú R5 den chomhpháirt sin. Déanfaidh sé feidhmiú an riaracháin phoiblí a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le faireachán a dhéanamh air. Leis an mbeart, nuachóireofar an córas faisnéise agus na bealaí cumarsáide chun faisnéis a chomhroinnt ar fud na leibhéal rialtais agus le saoránaigh, cuideachtaí agus tairbhithe ionchasacha. Cuimseofar sa bheart freisin oiliúint spriocdhírithe d'fhoireann ghinearálta an riaracháin phoiblí a mheastar a shroichfidh 3150 duine ar a laghad le linn chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
144	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh chun fostaíocht shealadach i riaracháin phoiblí a laghdú	Foráil sa ghníomh reachtach lena sonraítear teacht i bhfeidhm an ghnímh				R2	2021	Teacht i bhfeidhm Gníomh Reachtach lena sonraítear bearta chun fostaíocht shealadach san fhostaíocht phoiblí a laghdú agus forálacha éifeachtacha chun mí-úsáidí a chosc agus pionós a ghearradh ina leith, lena n-áirítear an oibleagáid gach glao ar nósanna imeachta cobhsaíochta foirne sealadaí a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2022. Beidh an Gníomh Reachtach seo infheidhme maidir le riaracháin phoiblí Stáit, réigiúnacha agus áitiúla.
145	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus orduithe na n-airí lena neartaítear an comhar idir-chríochach	Foráil sa ghníomh dlí agus sna horduithe aireachta lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus orduithe na n-airí chun an comhar idir-chríochach a neartú lena gcumhdófar na gnéithe seo a leanas: cead a thabhairt comhdhálacha ilearnálacha a chruthú, ii) nósanna imeachta cinnteoireachta a mhíniú sna Comhdhálacha Earnála, lena n-áirítear nuair a ghineann siad comhaontuithe maidir le comhlíonadh éigeantach; (III) Comhdháil na nUachtarán a threisiú trí bhuanrúnaíocht a chruthú; foráil a dhéanamh maidir le cuspóirí beartais ilbhliantúla agus táscairí toraidh a ullmhú, a fhormheas agus a fhoilsiú go héigeantach chomh maith le sásraí trédhearcacha faireacháin agus meastóireachta; agus v) idirnasc digiteach idirriaracháin agus idir-inoibritheacht idir ardáin TF an rialtais láir agus réigiúnaigh a bhunú. Maidir le cuspóirí i), ii) agus iv),

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										rachfar i gcomhairle leis na Pobail Fhéinrialaitheacha leis na horduithe aireachta i bpróiseas rannpháirteach, cuimsitheach agus trédhearcach.
146	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí chun an mheastóireacht ar bheartais phoiblí a threisiú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí Meastóireachta le sraith gníomhaíochtaí chun beartais phoiblí a threisiú bunaithe ar mheastóireacht ex ante. Is iad seo a leanas na cuspóirí: córas na hInstitiúide Náisiúnta um Meastóireacht atá ann faoi láthair (Instituto de Evaluación de Políticas Públicas) a threisiú chun neamhspleáchas eagraíochtúil agus feidhmiúil a dheonú di; (II) an cumas agus na hacmhainní a sholáthar don Institiúid chun a feidhmeanna a fheidhmiú; III) lena n-áirítear an prionsabal go ndéanfaí meastóireacht chórasach ex-ante ar bheartais; agus iv) sainordú comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile a chaomhnú, lena n-áirítear AIReF.
147	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 7/1985 maidir le córais riaracháin áitiúla agus an leasú ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an	Foráil sa dlí agus san fhoraithne ríoga lena gcuirtear chun feidhme na hathchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 7/1985 lena rialaítear córais riaracháin áitiúla agus an leasaithe ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil. Rannchuideoidh an leasú ar Dhlí 7/1985 lena rialaítear córais riaracháin áitiúla leis an méid seo a leanas: dlús a chur le húsáid seirbhísí poiblí áitiúla agus é a leathnú, lena n-áirítear trí mhodhanna digiteacha

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil							amhail aipeanna, agus ii) tacú le bailte beaga agus seirbhísí poiblí á soláthar acu. Leis an leasú ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintitis Áitiúla, déanfar daonáireamh bardasach na n-áitritheoirí arna mbainistiú ag na bardais a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú. Beidh measúnú tionchair ag gabháil leis na hathchóirithe, lena n-áirítear gnéithe den inbhuanaitheacht fhioscach.
148	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit	Foráil san fhoraithne ríoga nó sna dlíthe ríoga agus san ordú/sna horduithe aireachta lena gcuirtear chun feidhme gnéithe an athchóirithe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit. Treiseoidh na bearta cumas an riaracháin an tallann is gá chun a chúraimí reatha a chomhlíonadh a mhealladh agus a choinneáil, lena n-áirítear i réimsí faisnéise agus teileachumarsáide. Áireofar na heilimintí seo a leanas sna bearta: athbheochan na n-ionstraimí chun acmhainní daonna a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú; éifeachtacht phrionsabail an chomhionannais, an fhiúntais agus na hacmhainneachta maidir le rochtain a ráthú, chomh maith le trédhearcacht agus lúfaireacht na bpróiseas roghnúcháin; III) rialáil ar mheasúnú agus ar fheidhmíocht i gcomhréir le creat atá bunaithe ar inniúlachtaí, lena n-áirítear le haghaidh earcaíocht nua; agus iv) rochtain ar phoist státseirbhísigh shinsearacha (eadhon, fostiúrthóirí *ginearálta agus* poist

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										chomhchosúla) bunaithe ar fhiúntas agus ar iomaíocht. Beidh na bearta rialála i bhfoirm dlí foraithne ríoga d'eilimintí ii) agus iii); agus ordú/orduithe aireachta le haghaidh eilimintí i) agus iv).
149	C11.R1	M	Reachtanna an chomhlachta phoiblí meastóireachta nua	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne ríoga				R3	2023	Teacht i bhfeidhm Foraithne Ríoga Reachtanna ón gcomhlacht poiblí nua um Meastóireacht Náisiúnta. Is iad seo a leanas cuspóirí na foraithne ríoga seo: (i) an cumas agus na hacmhainní a sholáthar don chomhlacht poiblí um Meastóireacht Náisiúnta chun a fheidhmeanna a fheidhmiú maidir le caighdeánú modheolaíochta chun meastóireacht ex ante a dhéanamh ar bheartas poiblí; (II) meastóireachtaí beartais phoiblí a dhéanamh; agus (iii) lena n-áirítear an prionsabal córasach meastóireachta beartais ex ante, cé is moite de na heisceachtaí dá bhforáiltear sa Dlí.
150	C11.R1	T	Fostaíocht phoiblí a chobhsú		Líon		300 000	R4	2024	Nósanna imeachta earcaíochta a chur i gcrích chun fostaíocht a chobhsú (trí chonarthaí neamhiata nó poist foirne reachtúla) lena mbaineann 300000 post ar a laghad (lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as nósanna imeachta cobhsaíochta 2017 agus 2918)
432	C11.R1	M	An Dlí maidir le Trédhearcacht agus Sláine i nGníomhaíochtaí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2024	Teacht i bhfeidhm dlí lena rialaítear an caidreamh idir brústocairí (lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh, comhlachais trádála, comhlachais

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Grúpaí Leasa	agus iniúchadh TF lena bhfíoraítear go bhfuil an clár oibríochtúil						bhrabúsacha agus neamhbhrabúsacha, ceardchumainn, eagraíochtaí gnó, agus dlíodóirí nuair is é is cuspóir dóibh tionchar a imirt ar bheartas seachas cúnamh dlíthiúil a sholáthar) agus an earnáil phoiblí. Bunófar leis an dlí clár poiblí agus éigeantach de ghrúpaí sainleasa a ndéanfaidh comhlacht neamhspleách faireachán air ag a mbeidh inniúlacht agus acmhainn (acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla) agus cumhachtaí maoirseachta agus smachtbhannaí. Déanfar foráil sa dlí freisin maidir le hidirnascadh an chláir nua leis na cláir réigiúnacha de ghrúpaí sainleasa atá ann cheana. Beidh an clár oibríochtúil, lena n-áirítear maidir leis an idirnascacht thuasluaite. Déanfar iniúchadh TF chun an oibríochtúlacht a fhíorú.
433	C11.R1	M	Nuashonrú ar an gCreat Slándála Náisiúnta	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm foraithne ríoga lena nuashonraítear an Creat Slándála Náisiúnta. Maidir leis an bhforaithne ríoga: ceanglais an Chreata Slándála Náisiúnta a chur in oiriúint don fhíorshaol atá ag grúpaí áirithe nó ag cineálacha áirithe córas, agus an coincheap ‘próifíl shonrach um chomhlíonadh’ á thabhairt isteach; an Creat Slándála Náisiúnta a ailíniú leis an gcreat rialála agus leis an gcomhthéacs straitéiseach chun slándáil sa riarachán poiblí digiteach a ráthú, i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála 2019 agus leis an bPlean Náisiúnta

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Cibearshlándála; agus iii) freagairt níos fearr ar threochtaí cibearshlándála a éascú, leochaileachtaí a laghdú agus forairdeall leanúnach a chur chun cinn trí athbhreithniú a dhéanamh ar na bunphrionsabail, ar na híoscheanglais agus ar na bearta slándála.
151	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla i réimse an Cheartais	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R3	2020	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 an 18 Meán Fómhair maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla chun déileáil le COVID-19 i réimse Riaradh an Cheartais.
152	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta breithiúnacha agus an Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach	Foráil nó forálacha sa dlí/sna dlíthe lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta sa chóras ceartais náisiúnta agus Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach, lena ndéanfar an méid seo a leanas: (i) úsáid níos déine a bhaint as an teicneolaíocht chun seirbhís phoiblí atá éifeachtúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar; (II) athchóirithe a thabhairt isteach i ndlíthe nós imeachta chun luas na nósanna imeachta sna dlínsí riaracháin agus sóisialta a mhéadú; agus (iiii) na próisis achomhairc (‘*procesos de casación’)*a leasú chun moilleanna míchuí a sheachaint.
434	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le	Foráil sa dlí lena sonraítear a				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hÉifeachtúlacht Eagraíochtúil agus Nós

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			héifeachtúlacht eagraíochtúil agus nós imeachta	theacht i bhfeidhm						Imeachta chun eagrú na léarscáile breithiúnaí a leasú i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart agus chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtúlacht nós imeachta an chórais ceartais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) athchóirithe a thabhairt isteach i ndlíthe nós imeachta chun luas na nósanna imeachta a mhéadú sna dlínsí nach gcumhdaítear le Garsprioc 152 (ii) modhanna malartacha réitigh díospóidí a thabhairt isteach; (III) athchóirithe a thabhairt isteach sna dlíthe nós imeachta lena réiteofar díospóidí sula gcuirfear na cúirteanna i gcrích; (IV) bainistíocht níos éifeachtúla a bhaint amach tuilleadh agus freagairt níos tapúla a thabhairt ar éilimh na saoránach agus na gcuideachtaí; agus (v) ar an iomlán, Riarachán Ceartais atá níos sofhreagrúla, níos éifeachtúla, níos fabhraí do shaoránaigh, níos inbhuanaithe agus níos trédhearcaí a bhaint amach.
435	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCeart chun Cosanta	Foráil sa dlí lena sonraítear a theacht i bhfeidhm				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gceart chun cosanta chun an ceart bunúsach chun triail chóir a fháil a fhorbairt agus a fheabhsú.
153	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 maidir le rialáil Caja General de	Foráil san fhoraithne lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne				R4	2020	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 an 27 Deireadh Fómhair lena bhformheastar Rialachán Caja General de Depósitos chun bainistiú digiteach ráthaíochtaí agus taiscí a cuireadh ar an Caja a chur chun feidhme, agus

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Depósitos							deireadh á chur le doiciméadacht fhisiciúil. Tabharfaidh an Fhoraithne Ríoga an nós imeachta maidir le comhdhéanamh, cealú agus forfheidhmiú ráthaíochtaí agus tráthchodanna airgid arna dtaisceadh in Caja cothrom le dáta. Cuirfidh sé cur chun feidhme nósanna imeachta leictreonacha chun cinn freisin sa Caja, trí na rialacha agus na bealaí a shainiú chun doiciméid leictreonacha a thíolacadh, agus soláthróidh sé an creat dlíthiúil is gá chun an nós imeachta a dhigitiú.
154	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil maidir le hiniúchtaí ar chuntais	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne ríoga				R1	2021	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil 2015 maidir le hIniúchóireacht Cuntas. Beidh sé de chuspóir ag an athchóiriú sin an creat dlíthiúil don ghníomhaíocht iniúchóireachta a sholáthar le deimhneacht dhlíthiúil níos airde ionas go mbainfear cáilíocht leordhóthanach na gníomhaíochta iniúchóireachta amach. Dá bhrí sin, tugtar ráthaíocht agus slándáil níos airde d'iniúchóirí, do ghnólachtaí iniúchóireachta agus do gach ábhar a ndéanann an Rialachán seo difear dóibh agus na forálacha a áirítear sa Dlí maidir le hIniúchóireacht á léirmhíniú agus á gcur i bhfeidhm, agus ag an am céanna déantar iniúchtaí níos fearr mar aon leis na hoibleagáidí a áirítear sa reachtaíocht a chomhlíonadh.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
437	C11.R3	M	Foilsiú na Tuarascála Débhliantúla maidir le Riosca Athraithe Aeráide le haghaidh an Chórais Airgeadais agus cruthú na Comhairle Airgeadais Inbhuanaithe	Foilsiú na tuarascála agus an phlean gníomhaíochta don Chomhairle				R2	2023	Foilseoidh na húdaráis Leabhar Glas chun maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn. Ina theannta sin, cuirfear an dá bheart seo a leanas i gcrích: foilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais an Údaráis Macrastuamachta (AMCESFI) den chéad eagrán den Tuarascáil Dhébhliantúil maidir le Rioscaí an Athraithe Aeráide don Chóras Airgeadais, i gcomhréir le hAirteagal 33 de Dhlí 7/2021 an 20 Bealtaine maidir leis an athrú aeráide agus an t-aistriú fuinnimh; agus ii) Comhairle Airgeadais Inbhuanaithe a chruthú agus a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear ionadaithe ón riarachán poiblí, ó mhaoirseoirí airgeadais agus ón earnáil phríobháideach) mar fhóram chun comhar poiblí-príobháideach a chur chun cinn i réimse an airgeadais inbhuanaithe. Ag an gcéad chruinniú a bheidh aici, déanfaidh an Chomhairle plean gníomhaíochta a fhormheas, ina mbeidh amlíne agus spriocanna insoláthartha.
436	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le seirbhísí do chustaiméirí agus an dlí lena mbunaítear an tÚdarás um Chosaint Cliaint	Foráil sa dlí/sna dlíthe lena léirítear teacht i bhfeidhm an dlí/na ndlíthe				R4	2024	Teacht i bhfeidhm i) an Dlí maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí agus b) an Dlí lena mbunaítear an tÚdarás um Chosaint Cliaint Airgeadais. Saineofar sa dlí nua maidir le seirbhísí do chustaiméirí gníomhaíochtaí lena ráthófar feidhmiú a gceart do thomhaltóirí i ndáil leis na conarthaí arna síniú agus bunófar caighdeáin cháilíochta agus ceanglais rialaithe

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Airgeadais							nó iniúchóireachta chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí réamhluaite a fhíorú.
155	C11.R4	M	Teacht i bhfeidhm ordú na n-airí lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta um Meastóireacht	Foráil san ordú aireachta lena sonraítear teacht i bhfeidhm an ordaithe				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an ordaithe aireachta lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta Meastóireachta (*Oficina Nacional de Evaluación*) laistigh den Oifig Neamhspleách um Rialáil agus Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí (OIReScon). I gcomhréir le hAirteagal 333 de Dhlí 9/2017 maidir le Soláthar Poiblí, déanfaidh an Oifig seo measúnú ar inbhuanaitheacht airgeadais na gconarthaí lamháltais, mar a shainmhínítear in Airteagail 14 agus 15 de Dhlí 9/2017 maidir le Soláthar Poiblí. Tabharfaidh an t-ordú aireachta an cumas agus na hacmhainní don Oifig a feidhmeanna a fheidhmiú.
156	C11.R4	M	Straitéis Soláthair Náisiúnta	Glacadh na Straitéise Náisiúnta Soláthair ag an Oifig Neamhspleách um Rialáil agus um Maoirseacht ar Sholáthar Poiblí				R4	2022	I gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 334 de Ley 9/2017, beidh sé de chuspóir ag an Straitéis Náisiúnta um Sholáthar éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair phoiblí a fheabhsú. Beidh na gnéithe seo a leanas san áireamh sa Straitéis: (i) Soláthar poiblí straitéiseach a chur chun cinn; (II) gairmiúlú; (III) rochtain FBManna ar sholáthar poiblí a éascú; (IV) feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil; (V) éifeachtúlacht sa soláthar poiblí a chothú; (VI) Claochlú digiteach iomlán an tsoláthair phoiblí; (VII) deimhneacht

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										dhlíthiúil a fheabhsú; (VIII) feabhas a chur ar mhaoirseacht agus ar rialú an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear éilliú a chosc ar bhonn léarscáil de rioscaí sainaitheanta.
157	C11.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta	Foráil san fhoraithne ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na foraithne ríoga				R1	2021	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 an 30 Nollaig lena bhformheastar bearta práinneacha chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun plean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne a chur chun feidhme, lena dtugtar na hacmhainní, lena n-áirítear ionstraimí dlí, do riaracháin phoiblí sa Spáinn chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, go tráthúil agus i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán RRF. Leis an Dlí Foraithne Ríoga, tabharfar isteach athchóirithe rialála lena gcuirfear dlús le cur chun feidhme tionscadal agus lena gceadófar éifeachtúlacht níos fearr sa chaiteachas poiblí, agus na ráthaíochtaí agus na rialuithe a cheanglaítear le creat rialála an Aontais á gcoinneáil ar bun i gcónaí
158	C11.R5	M	Comhlachtaí nua a chruthú laistigh den rialtas láir chun obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme,	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2021	Cruthú Ard-Rúnaí na gCistí Eorpacha (Secretaría General de Fondos Europeos) agus rannáin nua in Oifig Faisnéisíochta an Bhuiséid (Oficina de Informática Presupuestaria) agus in Oifig Náisiúnta Iniúchóireachta (Oficina Nacional de Auditoría) Ard-Reachtaire an Riaracháin Stáit

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			rialú agus iniúchadh an Phlean.							(Intervención General de la Administración del Estado), chun pleanáil fhadtéarmach feidhmíochtbhunaithe agus cultúr riaracháin rialaithe a chothú tríd an taithí ar an bPlean a bhainistiú agus a rialú agus i gcomhréir le forálacha Fhoraithne Ríoga 1182/2020.
159	C11.R5	M	Ordú lena sainítear na nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le comhroinnt chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar fhorghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais	Foráil san ordú lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Ordaithe				R3	2021	Teacht i bhfeidhm an Ordaithe lena sainítear nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le roinnt chun faireachán a dhéanamh ar an RRP agus ar fhorghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais
160	C11.I1	M	Idirnascadh na n-ardán náisiúnta soláthair phoiblí	Déanfar tacar comhad sonraí atá inrochtana go poiblí agus a ghintear go huathoibríoch ón ardán soláthair phoiblí				R2	2023	Idirnascadh breise (malartú sonraí) idir na hardáin soláthair phoiblí uile atá ann cheana (an rialtas lárnach agus an rialtas réigiúnach): 142 réimse sonraí oscailte ar a laghad agus 52 réimse sonraí comhiomlánaithe ar ardán an rialtais láir. Bonnlíne: Líon na réimsí sonraí oscailte ar ardán an rialtais láir i mí Eanáir 2021: 119

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				a chur ar fáil, lena bhféadfar réimsí sonraí oscailte agus comhiomlánaithe araon a aisghabháil.						Líon na réimsí sonraí comhiomlánaithe ar ardán an rialtais láir i mí Eanáir 2021: 42 Saineofar réimsí sonraí comhiomlánaithe agus oscailte go heisiach mar na réimsí sin ar tharla malartú sonraí ina leith i mí Eanáir 2021 (bonnlíne) agus i mí Eanáir 2025 (sprioc).
161	C11.I1	T	Dámhachtain tionscadal a thacaíonn le claochlú digiteach an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh		Milliún EUR	0	960	R4	2023	Dámhachtain EUR 960000000 ar a laghad i dtionscadail lena gcumhdaítear na réimsí seo a leanas afhoilsiú san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí: — Claochlú digiteach i dtéarmaí réamhghníomhaíochta, soghluaisteachta, eispéireas úsáideoirí; — Claochlú digiteach ó thaobh uathoibriú agus riarachán poiblí atá dírithe ar shonraí; — Claochlú digiteach i dtéarmaí bonneagar agus bogearraí fisiceacha, loighciúla; — Claochlú digiteach ó thaobh na cibearshlándála de.
162	C11.I1	M	Tionscadail a thacaíonn le claochlú digiteach an Riaracháin	Deimhnithe arna síniú ag an údarás inniúil lena				R4	2025	Tionscadail arna ndámhachtain i gcomhréir le sprioc #161 a chur i gcrích

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Phoiblí Lárnaigh a thabhairt chun críche	ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail i gcrích agus go bhfuil siad oibríochtúil						
163	C11.I2	M	Córais faisnéise sláinte a fhorbairt a thuilleadh	Fógra oifigiúil maidir le cur i gcrích na hoibre				R2	2023	Déanfaidh an riarachán lárnach tuilleadh forbartha ar fheidhmiúlachtaí na gcroí-fheidhmchlár agus na gcóras faisnéise sláinte seo a leanas: 1) '*Historia Clínica Digital del Sistema Nacional de Salud' (HCDSNS)*; 2) '*receta Electrónica' (RESNS);* agus 3) *'Registro de Profesionales Sanitarios (REPS)*'.
164	C11.I2	T	Imeachtaí breithiúnacha atá le déanamh go leictreonach		Líon	0	2 839	R4	2022	Beidh an bonneagar is gá ag 2839 gcomhlacht breithiúnach breise ar a laghad chun go mbeifear in ann 30 % ar a laghad de na himeachtaí a thionól go leictreonach. Is éard atá i gceist leis sin gníomhaíochtaí breithiúnacha teileamaitice a dhéanamh sna comhlachtaí dlínse éagsúla le deimhneacht dhlíthiúil iomlán. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ní mór do na rannpháirtithe uile a bheith in ann rochtain a fháil ar na seomraí cúirte trí fhíschomhdháil. Thairis sin, beifear in ann seomraí cúirte atá go hiomlán fíorúil a chruthú, a bhféadfaidh na rannpháirtithe uile rochtain a fháil orthu trí fhíschomhdháil. Cruthófar ardán láithreach chun samhlacha

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										nua a bhunú le haghaidh caidreamh agus próiseáil nach bhfuil duine le duine. Cuirfidh sé sin feabhas ar chianrochtain na saoránach ar na seirbhísí a sholáthraíonn an riarachán poiblí.
165	C11.I2	T	Tionscadail a dhámhachtain lena dtacaítear le tionscadail spreagthaí digitithe an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh		Milliún EUR	0	1 205	R4	2023	Dámhachtain tionscadal lena gcumhdaítear na réimsí seo a leanas a fhoilsiú san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí: — Claochlú digiteach in earnáil na sláinte; — Claochlú digiteach ar Riarachán an Cheartais; — Claochlú digiteach ó thaobh fostaíochta de; — Claochlú digiteach ó thaobh an Chuimsithe, na Slándála Sóisialta agus na hImirce de; — Plean digitithe consalachta; — Claochlú digiteach i réimsí eile den Riarachán Ginearálta Stáit.
166	C11.I2	M	Tionscadail lena dtacaítear le tionscadail spreagtha digitithe an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh a chur i gcrích (seachas iad siúd a chumhdaítear le garsprioc #163, sprioc #164 agus	Deimhnithe arna síniú ag an údarás inniúil lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail i gcrích agus go bhfuil siad oibríochtúil				R4	2025	Tionscadail arna ndámhachtain i gcomhréir le sprioc #165 a chur i gcrích (gan iad siúd a chumhdaítear le garsprioc #163, sprioc #164 agus garsprioc #341 a áireamh)

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			garsprioc #341)							
167	C11.I3	M	Eintitis réigiúnacha agus áitiúla a dhigitiú	Cuireann an Aireacht Beartais Chríochaigh agus Státseirbhíse deimhniú sínithe ar fáil lena ndeimhnítear gur baineadh an sprioc amach				R2	2023	Tá tionscadail curtha i gcrích ag pobail fhéinrialaitheacha agus ag rialtais áitiúla laistigh de na línte straitéiseacha seo a leanas den Straitéis Dhigiteach 2025, den Phlean Digitithe do Riaracháin Phoiblí, agus den chuid eile den ghníomhaíocht nuachóirithe atá beartaithe don Earnáil Phoiblí: (i) riarachán atá dírithe ar shaoránaigh; oibríochtaí cliste; (III) rialtas sonraí; IV) bonneagair dhigiteacha, agus v) Cibearshlándáil. Go háirithe: (a) Tá tionscadal amháin ar a laghad curtha i gcrích ag gach Pobal Uathrialach i gceann amháin de na cúig líne straitéiseacha thuasluaite; (b) ceadaíonn 60 % de na nósanna imeachta digiteacha a ndearnadh anailís orthu i dtuarascáil CAE na riarachán réigiúnach (*Comunidades Autónomas*) iad a úsáid ar fhón póca (faoi láthair: 48 %).
168	C11.I3	T	Dámhachtain tionscadal a thacaíonn le claochlú digiteach na Riarachán Poiblí Réigiúnach agus Áitiúil, agus na hAireachta Beartais Chríochaigh agus		Milliún EUR		1 000	R2	2025	Dámhachtain tionscadal lena gcumhdaítear na réimsí seo a leanas afhoilsiú san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí: — Claochlú digiteach i dtéarmaí réamhghníomhaíochta, soghluaisteachta, eispéireas úsáideoirí; — Claochlú digiteach ó thaobh uathoibriú agus riarachán poiblí atá dírithe ar shonraí; — Claochlú digiteach i dtéarmaí bonneagar

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Riaracháin Phoiblí							agus bogearraí fisiceacha, loighciúla; — Claochlú digiteach ó thaobh na cibearshlándála de.
169	C11.I3	M	Cur i gcrích na dtionscadal uile a thacaíonn le claochlú digiteach na Riarachán Poiblí Réigiúnach agus Áitiúil, agus na hAireachta Beartais Chríochaigh agus Riaracháin Phoiblí	Deimhnithe arna síniú ag an údarás inniúil lena ndeimhnítear gur cuireadh tionscadail i gcrích agus go bhfuil siad oibríochtúil				R2	2026	Cur i gcrích na dtionscadal uile lena gcumhdaítear na réimsí seo a leanas i gcomhréir le sprioc #168 (gan iad siúd a chumhdaítear le garsprioc #167 a áireamh): — Claochlú digiteach i dtéarmaí réamhghníomhaíochta, soghluaisteachta, eispéireas úsáideoirí — Claochlú digiteach ó thaobh uathoibriú agus riarachán poiblí atá dírithe ar shonraí — Claochlú digiteach ó thaobh bonneagair agus bogearraí fisiceacha, loighciúla agus bogearraí de. — Claochlú digiteach ó thaobh na cibearshlándála de.
438	C11.I3	T	An Plean um Chúram Digiteach Pearsanta curtha chun feidhme		Líon	0	17	R2	2026	17 dtionscadal phíolótacha ar a laghad a chur i gcrích faoin bPlean um Chúram Digiteach Pearsanta, lena gcuirfear cuspóir Chlár Oibre Digiteach 2025 na Spáinne chun cinn, chun cúram pearsantaithe do riachtanais na saoránach a chur chun cinn. Tabharfaidh na tionscadail aghaidh ar cheann amháin ar a laghad de na réimsí seo a leanas tríd an digitiú: Sonraí a ghabháil: réitigh TF a thástáil chun sonraí othar a ghabháil, a stóráil agus a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										léirmhíniú Cúram digiteach pearsantaithe: tástáil uirlisí agus/nó fóntas chun cúram digiteach pearsantaithe a sholáthar Tástáil giniúna faisnéise ar uirlisí agus/nó fóntais a chuidíonn le gairmithe othair a dhiagnóisiú nó faireachán a dhéanamh orthu, bunaithe ar na sonraí othar a fhaightear. Tar éis na treoirthionscadail a chur i gcrích, foilseofar réamh-mheastóireacht ina ndéanfar measúnú ar éifeachtúlacht na bpíolótaí agus ar a dtionchar ar fheabhas a chur ar sheirbhísí sláinte, lena n-áirítear moltaí sonracha nuair a shainaithnítear easnaimh nó laigí.
170	C11.I4	T	Athchóiriú feithiclí sa riarachán poiblí		Líon	0	5 500	R4	2024	5500 feithicil astaíochtaí nialasacha nó ísle CO2 ar a laghad (BEV, REEV, PHEV, FCEV) a chuirtear in ionad feithiclí atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a úsáidtear sa riarachán poiblí.
171	C11.I4	T	Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí (140 000 m 2)		Uimhir (m^2)	0	140 000	R4	2024	140 000 m 2 ar a laghad d'athchóirithe[fuinnimh] curtha i gcrích ar fhoirgnimh phoiblí, agus laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh á bhaint amach ar an meán.
172	C11.I4	T	Athchóirithe fuinnimh i		Uimhir	140 000	1 050 000	R2	2026	1 050 000 m 2 ar a laghad d'athchóirithe[fuinnimh] curtha i gcrích i

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			bhfoirgnimh phoiblí (1 050 000 m 2)		(m^2)					bhfoirgnimh phoiblí, agus laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh á bhaint amach ar an meán. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2024)
439	C11.I4	T	Córais fhótavoltacha ghréine, nó fuinneamh in-athnuaite eile a chur chun feidhme i saoráidí riarachán an rialtais láir		Milliún EUR	0	80	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun córais fhótavoltacha gréine nó fuinnimh in-athnuaite eile a chur chun feidhme i saoráidí riarachán an rialtais láir ar fiú EUR 80000000 ar a laghad iad.
173	C11.I5	M	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta Córas Comhtháite Faisnéise	Tuarascáil iniúchóireachta				R3	2021	Córas a chur chun feidhme lenar féidir (a) an plean téarnaimh agus athléimneachta agus an fhaisnéis maidir le cur chun feidhme garspriocanna agus spriocanna a uaslódáil agus faireachán a dhéanamh ar a mbaint amach; (b) chun dearbhuithe bainistíochta agus an achoimre iniúchóireachta chomh maith le héilimh ar íocaíocht a ullmhú agus (c) sonraí a bhailiú agus a stóráil maidir le tairbhithe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfar tuarascáil iniúchóireachta ar leith maidir leis an gcóras atá in úsáid. Sa chás go sainaithnítear laige ar bith sa tuarascáil,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										molfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha sa tuarascáil iniúchóireachta.
174	C11.I5	T	Uirlisí agus gníomhaíochtaí nua cumarsáide		Líon	0	4	R4	2022	Beirt bhainisteoirí pobail ar a laghad arna bhfostú chun láithreacht na meán sóisialta a mhéadú, rud a chuirfidh le líon na rannpháirtithe agus na dtairbhithe a d'fhéadfadh a bheith sa Phlean chun a bheith ar an eolas faoi na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis an bPlean; agus tá dhá shuíomh gréasáin ag feidhmiú chun rannchuidiú le hionsú acmhainní a uasmhéadú.
175	C11.I5	T	Foireann an riaracháin phoiblí oilte		Líon	0	3 150	R3	2026	Cuireadh oiliúint ar 3150 fostaí ar a laghad de chuid an riaracháin phoiblí i réimsí a bhaineann le cur chun feidhme, rialú agus iniúchadh an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta (RRP)

K.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 6 (C11.I6) — Ionstraimí Cibearshlándála agus Athléimneachta agus Slándála

Áirítear dhá phríomhinfheistíocht sa bheart sin: an ‘Clár Cibearshlándála’ chun cumais chibearshlándála an riaracháin phoiblí a threisiú i réimsí an choisc, na cosanta, an bhraite agus na freagartha ar chibearbhagairtí; agus ii) an ‘Ciste Athléimneachta agus Slándála’ chun infheistíochtaí táirgiúla agus méadú ar an acmhainneacht táirgeachta a chur chun cinn ar chríoch na Spáinne in earnálacha na slándála, na cosanta, na haerloingseoireachta agus an spáis.

Clár Cibearshlándála

Is éard a bheidh san eilimint sin den bheart tionscadail a chur chun feidhme faoin gClár Cibearshlándála, lena rannchuideofar leis an méid seo a leanas: acmhainní a fhorbairt chun freagairt do chibearbhagairtí; slándáil agus seasmhacht sócmhainní straitéiseacha a áirithiú; (III) acmhainneachtaí a neartú chun an chibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh; IV) borradh a chur faoin gcibearshlándáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; V) borradh a chur faoi thionscal na cibearshlándála; agus vi) cultúr cibearshlándála a fhorbairt.

Tabharfar cur chun feidhme an Chláir Cibearshlándála chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

An Ciste Slándála agus Athléimneachta

Is éard a bheidh sa ghné sin den bheart infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Slándála agus Athléimneachta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha slándála, cosanta, aerloingseoireachta agus spáis na Spáinne agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 1000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh Sociedad Estatal de Participaciones Industriales Desarrollo Empresarial (SEPIDES) an tSaoráid a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Cuimseofar sa tSaoráid an dá líne táirgí seo a leanas:

- Líne dhíreach: Déanfaidh an tSaoráid infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a chur i gcrích sna hearnálacha spriocdhírithe, lena n-áirítear tionscadail nua laistigh de chláir forbartha leanúnacha. Beidh an tSaoráid in ann infheistíocht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionstraimí iasachta, cothromais agus cuasachothromais. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.
- Líne indíreach: Infheisteoidh an tSaoráid i gcistí atá ann cheana agus a infheistíonn sna hearnálacha a bhfuil an tSaoráid dírithe orthu. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Saoráide thar 49 % d’aon chiste nó d’aon mheán infheistíochta eile. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais a dhéanfaidh na cistí ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i gciste nó i meán infheistíochta a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméid ghaolmhara, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú lena n-áireofar an t-inneachar seo a leanas:

1) Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, déanfaidh na hidirghabhálaithe an cinneadh deiridh infheistíochta. Féadfar ceart crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an idirghabhálaí a fheidhmiú ar chúiseanna slándála náisiúnta.

2) Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a) An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. Le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, i.e. infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i dtáirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta; infheistíochtaí spáis i gcloig adamhacha, i lainseálaithe straitéiseacha; agus táirgí spáis; agus infheistíochtaí nach ndírítear ach ar uirlisí agus réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear nuair is cuid iad sin d'imscaradh nó d'uasghrádú líonraí digiteacha agus bonneagair sonraí; ní bheidh tairbhithe deiridh á rialú ag tríú tír ná ag eintitis tríú tír agus beidh a mbainistíocht feidhmiúcháin san Aontas acu cé is moite d'infheistíochtaí faoi bhun EUR 10000000. Má tá baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G,[26] beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca, de bhun Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G, maidir lena sholáthróirí freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealamh teileachumarsáide agus monaróirí agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, slánaitheoirí córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealamh tarchurtha. I gcás ina bhfuil baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, beidh feidhm ag an teorannú sin freisin maidir lena sholáthróirí agus lena fhochonraitheoirí. Na teorainneacha a bhaineann le heaspa rialaithe ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a leagtar amach sna trí mhír thuas, níl feidhm acu maidir le hoibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta ar leith i gcás inar féidir leis an tairbhí deiridh a léiriú gur eintiteas dlítheanach é ar ina leith a d'fhormheas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe ráthaíocht i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta ('EDF')[27] nó i gcomhréir leis an tarscaoileadh ón gCoimisiún arna dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis

[26] Grúpa Comhair NIS, Cibearshlándáil líonraí 5G Bosca Uirlisí an Aontais maidir le bearta maolaithe riosca, 01/2020, https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64468

[27] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an Rialacháin Spáis[28]. Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don rialtas faoi aon mhaolú a dheonaítear ar na teorainneacha.

b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
c) Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
d) An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

    i) I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[29], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[30] (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[31] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[32].

---

[28]Rialachán (AE) 2021/696 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis

[29]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[30]Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún. Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

[31]N⸗λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[32] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ii) I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[33] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[34], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[35](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[36] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[37].

iii) Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3) An méid a chumhdaítear leis an rialachán agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, struchtúr na dtáillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas

---

[33]Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[34] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[35]I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[36]N{λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[37] Níl feidhm ag an eisiamhsin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta SEPIDES. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú.
5) Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh SEPIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6) Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh SEPIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
   a) Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
   b) An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

K.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire ach amháin má léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla a bhaineann le L17.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L89	C11.I6	T	Tionscadail a dhámhachtain chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú i réimsí an choisc, na cosanta, an bhraite agus na freagartha ar chibearbhagairtí (an clár cibearshlándála)	Foilsiú san iris oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí	Milliún EUR	0	1 041	R2	2025	Dámhachtain EUR 1041525000 ar a laghad i dtionscadail a fhoilsiú san Iris Oifigiúil nó san ardán soláthair phoiblí chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú i réimsí an choisc, na cosanta, an bhraite agus na freagartha ar chibearbhagairtí. Rannchuideoidh na tionscadail sin le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas: acmhainní a fhorbairt chun freagairt do chibearbhagairtí; slándáil agus seasmhacht sócmhainní straitéiseacha a áirithiú; (III) acmhainneachtaí a neartú chun an chibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh; IV) borradh a chur faoin gcibearshlándáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; V) borradh a chur faoi thionscal na cibearshlándála; agus vi) cultúr cibearshlándála a fhorbairt.
L17	C11.I6	T	Tionscadail a thabhairt chun críche chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú i réimsí an choisc, na cosanta, an bhraite agus na freagartha ar chibearbhagairtí (an clár cibearshlándála)		Milliún EUR	0	1 041	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun cumais chibearshlándála an Riaracháin Phoiblí a threisiú i réimsí an choisc, na cosanta, an bhraite agus na freagartha ar chibearbhagairtí, ar fiú EUR 1041525000 ar a laghad iad. Rannchuideoidh na tionscadail sin le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo a leanas: acmhainní a fhorbairt chun freagairt do chibearbhagairtí; slándáil agus seasmhacht sócmhainní straitéiseacha a áirithiú; (III) acmhainneachtaí a neartú chun an chibearchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh; IV) borradh a chur faoin gcibearshlándáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; V) borradh a chur faoi thionscal na cibearshlándála; agus vi) cultúr cibearshlándála a fhorbairt.
L18	C11.I6	M	Rialachán lena mbunaítear an Ciste Slándála agus Athléimneachta	Teacht i bhfeidhm an rialacháin				R2	2024	Teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid.
L19	C11.I6	T	An Ciste Slándála agus Athléimneachta: Comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I)				35 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag aon idirghabhálaithe arna roghnú ag SEPIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 35 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 10 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 40 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme).
L20	C11.I6	T	An Ciste Slándála agus Athléimneachta: Comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II)				100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag aon idirghabhálaithe arna roghnú ag SEPIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 10 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 40 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme).
L21	C11.I6	M	An Ciste Slándála agus Athléimneachta: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 1000000000 chuig an tSaoráid

L. COMHPHÁIRT 12: BEARTAS TIONSCLAÍOCH

Is é is cuspóir do Chomhpháirt 12 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne borradh a chur faoi nuachóiriú agus faoi tháirgiúlacht éiceachóras sheirbhísí tionscail na Spáinne trí ghlacadh níos tapúla leis an aistriú digiteach agus glas.

Rannchuidíonn an chomhpháirtsin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2019, maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. Tá sé ailínithe freisin le Moladh Tírshonrach 3 2020 (trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas a chothú). Cuideoidh an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 2 2019 maidir le comhar a chothú idir gnó agus oideachas chun scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a sholáthar, agus Moladh Tírshonrach 1 2020 maidir le hathléimneacht an chórais sláinte a neartú. Rannchuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2022 maidir le rátaí athchúrsála a mhéadú chun spriocanna an Aontais a bhaint amach agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar chomhordú i measc gach leibhéal rialtais agus trí infheistíocht bhreise a dhéanamh chun oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola agus athchúrsáil a chomhlíonadh. Rannchuidíonn an chomhpháirt freisin le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 3 2023 chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus le dul i bhfód na leictrea-shoghluaisteachta.

Ceann de chuspóirí na mbeart a áirítear sa chomhpháirt is ea rannpháirtíocht gnólachtaí Spáinneacha i dTionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá beartaithe a éascú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C12.R1) — Straitéis na Spáinne chun borradh a chur faoin Tionscal 2030

Is é is cuspóir do Straitéis na Spáinne chun borradh a chur faoi Thionscal 2030 an creat rialála a oiriúnú chun cabhrú le hearnáil na tionsclaíochta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an tseirbhísithe, an digitithe, na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus an gheilleagair chiorclaigh. Áireofar go háirithe sa Straitéis athchóiriú ar an Dlí Tionscail ó 1992 ar aghaidh. Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar na sásraí comhordúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais sa bheartas tionsclaíoch, agus cáilíocht agus sábháilteacht thionsclaíoch a fheabhsú trí chóras neartaithe faireachais margaidh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus

ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011[38]. Ar deireadh, déanfar athbhreithniú ar an sainmhíniú ar sháruithe sa bheartas tionsclaíoch agus tabharfar cothrom le dáta leibhéal na smachtbhannaí a fhéadfar a chur i bhfeidhm.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2 (C12.R2) — Beartas dramhaíola agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach

Is é cuspóir an bhirt samhlacha táirgthe agus tomhaltais a choinníonn táirgí, ábhair agus acmhainní nádúrtha sa gheilleagar a chur chun cinn a fhad is féidir. Is é an aidhm atá ann giniúint dramhaíola a laghdú a mhéid is féidir, agus a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a shaothrú go hiomlán, rud nach féidir a sheachaint. Áireofar leis an athchóiriú sin formheas Straitéis na Spáinne don Gheilleagar Ciorclach i mí an Mheithimh 2020, i gcomhréir le Pleananna Gníomhaíochta an Aontais don Gheilleagar Ciorclach.

Áireofar sa bheart freisin pacáiste gníomhartha maidir leis an ngeilleagar ciorclach chun loingsiú agus diúscairt dramhaíola a rialáil agus chun boinn a bhfuil a ré caite a bhainistiú, agus bearta maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite. Chuige sin, formheasadh Foraitheanta Ríoga 553/2020, an 2 Meitheamh 2020, 646/2020, an 7 Iúil 2020, agus 731/2020, an 4 Lúnasa 2020, agus Foraitheanta Ríoga 27/2021, an 19 Eanáir agus 265/2021, an 13 Aibreán. Ina theannta sin, áireofar san athchóiriú formheas na mbeart rialála maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht ag Comhairle na nAirí le linn 2022.

Ina theannta sin, áireofar sa bheart teacht i bhfeidhm Dlí nua maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe faoin 31 Nollaig 2022. Áireofar an méid seo a leanas leis an Dlí:

a) Cur chun feidhme na Treorach Réime Dramhaíola agus na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide, chomh maith le rialacháin na Spáinne a oiriúnú i bhfianaise na taithí a fuarthas le 10 mbliana anuas;

b) Tabhairt isteach chuspóirí an Aontais maidir le dramhaíl, agus oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a eascraíonn as rialacháin an Aontais, lena réamh-mheastar a gcur chun feidhme i mbithdhramhaíl i mbardais ina bhfuil níos mó ná 5000 áitritheoir. Thairis sin, tabharfar isteach leis an mbeart oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a théann thar na ceanglais arna mbunú le dlí an Aontais;

c) Athbhreithniú ar rialáil na freagrachta leathnaithe táirgeora, lena mbunaítear creat rialála nua (a cheanglaítear le rialacháin an Aontais agus le rialacháin bhreise); agus

d) Cánachas stáit ar dhramhaíl a thabhairt isteach (lena n-áirítear maidir le líonadh talún, loscadh agus comhloscadh, agus maidir le coimeádáin phlaisteacha aon úsáide).

Ar deireadh, leis an athchóiriú sin, cuirfear comhordú chun cinn idir leibhéil éagsúla eagrúcháin agus inniúlachta i mbainistiú dramhaíola chun feabhas a chur ar chur chun

38 IO L 169, 25.6.2019, lgh. 1–44.

feidhme na reachtaíochta agus déanfar dul chun cinn ar deireadh maidir le giniúint dramhaíola a laghdú, agus feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola nach féidir a ghiniúint a sheachaint, d'fhonn na cuspóirí maidir le hullmhú d'athúsáid agus athchúrsáil a bhaint amach.

Chun na críche sin, áirítear an méid seo a leanas san athchóiriú sin:

a) Meitheal a bhunú laistigh den Choiste Comhordúcháin Dramhaíola chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus ar ghlacadh beart sonrach chun comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta comhchuibhithe maidir le bainistiú dramhaíola a éascú. Foilseofar na bearta comhaontaithe ar shuíomh gréasáin na hAireachta

b) Glacadh an dara pacáiste de ghníomhartha rialála maidir leis an ngeilleagar ciorclach, lena gcuirtear na gnéithe seo a leanas chun feidhme:
    i. Rialachán maidir leis na ráthaíochtaí airgeadais is gá do tháirgeoirí agus bainisteoirí dramhaíola áirithe, ionas go ndéanfar na ráthaíochtaí sin a ríomh de réir na gcritéar céanna i ngach réigiún
    ii. Rialachán maidir le táirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac. Leis an rialachán, déanfar an méid seo a leanas go háirithe:
        i. An oibleagáid a chur ar bun cláir choisc a ullmhú do tháirgeoirí a chuireann méid áirithe táirge ar an margadh náisiúnta;
        ii. An oibleagáid a bhunú maidir le coimeádáin atá mar chuid de na córais bailithe phoiblí agus maidir le bonneagar sonrach a dhearadh ionas gur féidir dramhaíl ó tháirgí tobac le scagairí agus na scagairí a bhailiú ar leithligh;
        iii. Áireofar ann an fhéidearthacht cuspóirí maidir le cosc agus bailiú ar leithligh a bhunú de réir na dtorthaí a fuarthas;
        iv. Cruthú cláir de tháirgeoirí táirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a bhunú;
    iii. Rialachán maidir le dramh-olaí tionsclaíocha, chun an creat rialála a chur i gcomhréir le forálacha an dlí nua maidir le dramhaíl lena n-áirítear foráil maidir le dramh-olaí tionsclaíocha;
    iv. Rialachán maidir le boinn a bhfuil a ré caite, thar an athbhreithniú páirteach tráthúil ar an gcaighdeán reatha a rinneadh in 2020; agus
    v. Ordú ón Aire maidir leis na híoscheanglais do chóireáil dramhaíola cathrach roimh líonadh talún.

Áiritheofar leis na rialacháin sin bainistíocht chomhordaithe ar fud na réigiún, chomh maith le cur chun feidhme na scéime freagrachta leathnaithe táirgeora (EPR).

Ina theannta sin, áireofar san athchóiriú glacadh an dara Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach atá le cur chun feidhme sa tréimhse 2024-2026, mar chuid de Straitéis Geilleagair Chiorclaigh na Spáinne. Tabharfar aghaidh sa dara Plean Gníomhaíochta ar na saincheisteanna a sainaithníodh le linn chur chun feidhme an chéad Phlean, chomh maith leis na hearnálacha inar gá tionscnaimh a dhíriú ar leibhéal an stáit.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

<u>Infheistíocht (C12.I1) — Spásanna sonraí earnála chun earnálacha táirgthe straitéisigh a dhigitiú</u>

Is é cuspóir an bhirt seo spásanna sonraí slána agus móra a chruthú in earnálacha straitéiseacha tionsclaíocha, amhail an t-agraibhia, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, an tsláinte agus an earnáil tráchtála. Cothófar nuálaíocht, éifeachtúlacht agus barainneachtaí scála trí chomhpháirteanna coiteanna (bloic thógála) a fhorbairt agus trí bhonneagair agus sonraí coiteanna a chomhroinnt (ardáin néalríomhaireachta, líonraí sár-ríomhaireachta agus stórála, anailísíocht olltiomsaithe sonraí agus intleacht shaorga).

Neartófar na struchtúir rialachais chun comhar poiblí-príobháideach a chur in iúl i bhforbairt spásanna sonraí. Ina theannta sin, saineofar sásraí chun idir-inoibritheacht a áirithiú, agus forbrófar rialacha agus sásraí iomchuí chun comhroinnt sonraí idir cuideachtaí a chur chun cinn. Déanfar an infheistíocht i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal A European strategy for data [Straitéis Eorpach maidir le sonraí][39] agus leis na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear inti, go háirithe an Gníomh um Shonraí agus an Rialachán Rialachais atá[40]le teacht, chomh maith le Cónaidhm Néalríomhaireachta an Aontais. Le sineirgí, áiritheofar comhlántacht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach[41]. Déanfar an infheistíocht a ailíniú freisin leis na príomhthagairtí agus na príomhchaighdeáin, amhail iad siúd a chuireann an Comhlachas Idirnáisiúnta Spásanna Sonraí (IDS) chun cinn.

Tacófar le ceithre spás sonraí ardluacha earnála agus idir-inoibritheacha ar a laghad faoin 31 Nollaig 2023, san earnáil agraibhia, in earnáil na soghluaisteachta inbhuanaithe, san earnáil sláinte agus san earnáil trádála.

Tabharfar cur chun feidhme sin na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C12.I2) — Clár chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin inbhuanaitheacht thionsclaíoch

Is é cuspóir an bhirt seo claochlú earnálacha straitéiseacha a chur chun cinn atá ríthábhachtach d'aistriú tionsclaíoch na Spáinne, amhail mótarfheithiclí agus feithiclí leictreacha, na hearnálacha agraibhia, sláinte, na hearnálacha aerloingseoireachta agus cabhlaigh, earnálacha tionsclaíocha atá nasctha le fuinneamh in-athnuaite agus i gcumais chun próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra a dhearadh agus a tháirgeadh. Tacófar le trí mhórthionscadal straitéiseacha ar a laghad faoin ngníomhaíocht seo (ar a dtugtar 'PERTEnna'), lena gcuimsítear an slabhra luacha iomlán san earnáil ábhartha, agus lena n-áirítear tacaíocht do FBManna.

Maoineoidh an beart seo tionscadail ar scála níos lú freisin, amhail ionsamhlú tionsclaíoch, ardábhair, réaltacht fhíorúil agus róbataic chomhoibríoch agus chognaíoch. Tabharfaidh an beart tuilleadh tacaíochta do bhonneagair thionsclaíocha inbhuanaithe, amhail páirceanna tionsclaíocha nó limistéir lóistíochta. Mar chuid den ghné sin den bheart, maoineofar le plean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne 78 dtionscadal nuálacha ar a laghad lena

[39] COM/2020/66 críochnaitheach.
[40] Féach Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach, 25.11.2020, COM/2020/767 final.
[41] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/activities/digital-programme

mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de.

Tar éis do Chomhairle na nAirí PERTE a fhormheas, seolfaidh an Aireacht ábhartha glao iomaíoch d'fhonn tograí sonracha a fháil a fhorbrófar faoi PERTE formheasta. Cur chun feidhme beart tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ina Státchabhair i gcomhréir le hAirteagal 107 CFAE agus a bhféadfadh sé gur ghá réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún ina leith, ní dhéanfar iad sula mbeidh formheas Státchabhrach faighte ag an Spáinn ón gCoimisiún.

Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh ó Chomhairle na nAirí lena bhformheastar PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[42]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[43]; (III) cúiteamh ar chostais indíreacha CTA; (IV) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[44] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[45]; agus (v) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil

---

[42] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[43] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[44] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[45] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 455000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide ag a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % agus EUR 1 5 00 000 000 ar a laghad lecomhéifeacht aeráide 40 %, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[].[46] De rogha air sin, má tá údar maith leis trí mhíniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhféadfadh sé nach mbeadh an cur chuige malartach indéanta, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 2531500000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad ar an meán, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C12.I3) — Plean chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh

Is é cuspóir an bhirt seo cuidiú leis an ngeilleagar ciorclach sa Spáinn a chothú, trí mhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail arna gceapadh chun an creat rialála náisiúnta maidir le dramhaíl a chur chun feidhme agus chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach i réimse na dramhaíola, chomh maith le tionscadail nuálacha an gheilleagair chiorclaigh san earnáil phríobháideach chun an t-aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach a éascú.

Tacóidhan beart le huasghrádú na gcóras bailithe dramhaíola ar leithligh atá ann cheana, agus le hinfheistíochtaí i bpointí bailithe chun feabhas a chur ar athchúrsáil, tógáil gléasraí cóireála dramhaíola nua agus méadú ar éifeachtúlacht acmhainní i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, gan a saolré ná a n-acmhainneacht a mhéadú (le fíorú ar leibhéal an ghléasra). Cumhdófar le cuspóir an bhirt freisin réitigh dhigiteacha sa réimse agus cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh ar leibhéal an ghnólachta. Is é an cuspóir atá beartaithe 30 ar a laghad de na tionscadail atá beartaithe a bheith curtha i gcrích. Bainfear amach leis an mbeart tógáil acmhainneachta cóireála nua le haghaidh dramhaíl chathrach a bhailítear ar leithligh de 1500000 tonna ar a laghad in aghaidh na bliana.

Áireofar leis an mbeart freisin dáileadh cistí ar na Comhphobail Fhéinrialaitheacha le haghaidh tionscadail lena gcuirtear reachtaíocht dramhaíola chun feidhme, a bheidh le comhaontú agus le formheas ag Comhdháil Earnála nó trí dheontas díreach i gcomhréir leis an Dlí Ginearálta maidir le Fóirdheontais 38/2003, faoi dheireadh 2024.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i)

[46] IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.

gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[47] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[48]; agus (ii) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. I gcás feithiclí bailithe dramhaíola, innealra próiseála dramhaíola agus trealamh comhlántach, úsáidfear an teicneolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil san earnáil ag a bhfuil an tionchar is lú ar an gcomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C12.I4) — Tionscal shlabhra luacha na leathsheoltóirí a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacaíocht a sholáthar trí dheontais do thionscadail a bhaineann le slabhra luacha thionscal na leathsheoltóirí chun an t-éiceachóras náisiúnta micrileictreonaice a neartú agus chun tionchar rannpháirtíocht cuideachtaí Spáinneacha in IPCEI maidir leis an Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide (IPCEI ME-TC) a leathnú. Leis an tacaíocht sin, cuirfear feabhas ar acmhainneacht deartha agus monaraíochta thionscal na leathsheoltóirí sa Spáinn.

Déanfar an beart seo a chur chun feidhme trí dhá chineál ionstraime:

1. Leis an gcéad cheann, críochnófar an maoiniú is gá chun tacú le rannpháirtíocht cuideachtaí Spáinneacha in IPCEI-MCE, arna fhormheas ag an gCoimisiún Eorpach.
2. Beidh an dara glao, glao náisiúnta, dírithe ar mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail eile arna bhforbairt ag fiontair i slabhra luacha thionscal na leathsheoltóirí.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 5 (C12.I5) — Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun tacú le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh ar leibhéal gnólachta, i dtrí phríomhearnáil do gheilleagar na Spáinne: teicstílí agus faisean, plaistigh agus trealamh fuinnimh in-athnuaite. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar don earnáil phríobháideach trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais,

[47] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[48] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

lena n-áirítear caipiteal fiontair agus cistí cothromais, a dhámhachtain. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim maoiniú EUR 300 milliún ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is iad Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía (IDAE) agus Fundacion Biodiversidad mar chomhpháirtithe cur chun feidhme a dhéanfaidh an scéim a bhainistiú. D'fhonn an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó(i gc‹s infheist‹ ochta‹ cothromais, is ⌈ard a bheadh san ionstraim seo beartas infheist‹ ochta a bheadh le formheas ag IDAE), lena mbun⌈far an sc⌈im lena n-‹ireofar na heilimint‹ seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime. Déanfaidh comhlacht meastóireachta an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfaidh sé iad a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag na comhpháirtithe cur chun feidhme agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacfaidh IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conficts de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.
2. Liosta na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta agus is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sin:
    a. Teicstílí agus faisean agus plaistigh (EUR 200000000 ar a laghad arna bhainistiú ag Fundación Biodiversidad): infheistíochtaí i mbonneagar, teicneolaíochtaí agus T & F & N chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus/nó athluacháil ábhar a éascú.
    b. Trealamh fuinnimh in-athnuaite (EUR 100000000 ar a laghad arna bhainistiú ag IDAE): infheistíochtaí san éicidhearthóireacht, bonneagar, teicneolaíochtaí, T & F & N agus/nó suiteálacha agus córais a fhorbairt chun laghdú, athúsáid agus athchúrsáil agus/nó athluacháil ábhar a éascú.
3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[49] agus gléasraí cóireála bitheolaíche

[49] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

meicniúla[50]. Maidir le hinnealra próiseála dramhaíola agus trealamh comhlántach, úsáidfear na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil agus a bhfuil an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol san earnáil. I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafar cuideachtaí a dhíríonn go substaintiúil ar na hearnálacha seo a leanas leis an ionstraim dlí nó51 leis na hionstraimí dlí: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara52; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO253; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol54; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt55dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.
5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

---

[50] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[51]Meastar go bhfuil ‘fócas substaintiúil’ ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[52] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[53] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[54] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[55]N؟λ φειδημ αγ αν εισιαμη sin maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

6. Ceanglais tuairiscithe le haghaidh infheistíochtaí aeráide le haghaidh na scéimeanna fóirdheontais[56].
7. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar an méid seo a leanas i bpríomhcheanglais an bheartais infheistíochta maidir le cistí a dhámhachtain:
    a. Tuairisc ar línte an táirge airgeadais nó na dtáirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe
    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas, lena n-áirítear:

    a. An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    b. An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
    d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar IDEA a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun a rialú an gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme nó an bheartais infheistíochta lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

---

56 Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d’ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

Infheistíocht 6 (C12.I6) — Scéim fóirdheontais chun tacú le tionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach (deontais)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach a dhreasú trí dheontais. Leis an scéim, déanfar claochlú earnálacha straitéiseacha amhail mótarfheithiclí agus feithiclí leictreacha a chur chun cinn trí dheontais a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs na dTionscadal Straitéiseach nó PERTEnna arna bhformheas ag Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim fóirdheontais EUR 250000000 ar a laghad de mhaoiniú a sholáthar ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: An mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim, déanfaidh coiste meastóireachta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile iad agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh deiridh infheistíochta na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 250000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de.

3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[57]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa

[57] Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[58]; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[59] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[60]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 100000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[61]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

---

[58] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[59] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[60] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[61] Ceangl ⌠far ar thairbhithe deiridh ⌠iasachta⌡, iasachta⌡ rannph⟨irt⌡ochta, banna⌡ tionscadail, r⟨tha⌡ochta⌡ n ⌠ionstraim⌡ coibh⌠iseacha a bhaineann le tionscadail shonracha ⌡dar a thabhairt leis an r⌠imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⌡ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl ⌠far ar an gcomhph⟨irt⌡ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant ⌡il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⌡omha⌡ochta.

L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire ach amháin má léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
176	C12.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Tionscal	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2023	Beidh sé de chuspóir ag an Dlí feabhas a chur ar na sásraí comhordúcháin idir na leibhéil éagsúla rialtais sa bheartas tionsclaíoch, agus cáilíocht agus sábháilteacht thionsclaíoch a fheabhsú trí chóras neartaithe faireachais margaidh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011. Ar deireadh, déanfar athbhreithniú ar an sainmhíniú ar sháruithe sa réimse agus déanfar nuashonrú ar leibhéal na smachtbhannaí a fhéadfar a chur i bhfeidhm.
177	C12.R2	M	Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (CEE)	Formheas Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (CEE). Leagtar síos ann an bunús chun samhail nua táirgthe agus tomhaltais a chur chun cinn ina gcoinnítear luach na dtáirgí, na n-ábhar agus na n-acmhainní chomh fada agus is féidir, ina n-íoslaghdaítear giniúint dramhaíola agus ina mbaintear leas iomlán as an dramhaíl nach bhféadfaí a sheachaint.
178	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid de phacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh	Forálacha sna Foraitheanta Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na ndlíthe				R4	2022	Áirítear an méid seo a leanas i bpacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh: Foraithne Ríoga 731/2020 an 4 Lúnasa lena leasaítear Foraithne Ríoga 1619/2005 an 30 Nollaig maidir le bainistiú bonn a bhfuil a ré caite. Foraithne Ríoga 646/2020 an 7 Iúil lena rialaítear diúscairt dramhaíola trí líonadh talún. Foraithne Ríoga 553/2020 an 2 Meitheamh lena rialaítear loingsiú dramhaíola laistigh de chríoch an Stáit. Foraitheanta Ríoga 27/2021, an 19 Eanáir agus 265/2021, an 13 Aibreán. Bearta rialála maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a bheith formheasta go luath ag Comhairle na nAirí le linn 2022.
179	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Áireofar an méid seo a leanas leis an Dlí: (i) Cur chun feidhme na Treorach Réime Dramhaíola agus na treorach maidir le plaistigh aon úsáide, agus rialacháin na Spáinne a thabhairt cothrom le dáta freisin i bhfianaise na taithí a fuarthas le deich mbliana anuas; (II) Cuspóirí an Aontais maidir le dramhaíl a thabhairt isteach, agus oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a eascraíonn as rialacháin an Aontais, lena dtuartar a gcur chun feidhme i mbithdhramhaíl i mbardais ina bhfuil níos mó ná 5000 áitritheoir. Thairis sin, tabharfar isteach leis an mbeart oibleagáidí maidir le bailiú ar leithligh a théann thar na ceanglais arna mbunú le dlí an Aontais; (III) An t-athbhreithniú ar rialáil na freagrachta leathnaithe táirgeora, lena mbunaítear cinn nua a théann thar an méid a cheanglaítear le dlí an Aontais;

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										(IV) Cánachas stáit ar dhramhaíl a thabhairt isteach (lena n-áirítear líonadh talún, loscadh agus comhloscadh agus ar choimeádáin phlaisteacha aon úsáide).
180	C12.I1	T	Spásanna sonraí earnála agus idir-inoibritheacha ardluacha	—	Líon	0	4	R2	2026	Spásanna sonraí móra ardluacha earnála agus idir-inoibritheacha a chruthaítear in earnálacha straitéiseacha. Ceathrar ar a laghad san earnáil agraibhia, in earnáil na soghluaisteachta inbhuanaithe, san earnáil sláinte agus san earnáil trádála, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. EUR 400000000 ar a laghad a bheidh i bhfeidhmiú an bhuiséid arna shlógadh chun na críche sin.
181	C12.I2	M	Plean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo na Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Nasctha	Formheas Chomhairle na nAirí				R2	2020	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha an Tionscail Gluaisteán i dtreo na Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Nasctha.
182	C12.I2	M	PERTE i réimse na bhfeithiclí leictreacha	Formheas Chomhairle na nAirí				R3	2022	Formheas Chomhairle na nAirí ar Thionscadal Straitéiseach um Théarnamh agus Claochlú Eacnamaíoch (PERTE) i réimse straitéiseach na bhfeithiclí leictreacha, agus leithdháileadh EUR 400000000 ar a laghad de bhuiséad cabhrach. Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
183	C12.I2	M	PERTEnna i réimsí straitéiseacha a shainítear sa	Formheas Chomhairle na nAirí				R4	2022	Formheas ó Chomhairle na nAirí ar dhá PERTE ar a laghad agus leithdháileadh iomlán EUR 800000000 ar a laghad den bhuiséad cabhrach, i réimsí straitéiseacha eile, amhail agraibhia, sláinte, na hearnálacha aerloingseoireachta agus cabhlaigh, agus earnálacha tionsclaíocha atá nasctha le fuinneamh in-athnuaite, agus maidir le cumais chun

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Phlean							próiseálaithe agus teicneolaíochtaí leathsheoltóra a dhearadh agus a tháirgeadh. Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh formheasa PERTE chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
184	C12.I2	T	Tionscadail nuálacha maidir le claochlú na tionsclaíochta i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, inbhuanaitheachta agus digitithe	—	Líon	0	78	R4	2022	Dámhachtain EUR 1200000000 ar a laghad ag an Aire Tionscail ar 78 dtionscadal nuálacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTEnna formheasta (3 ar a laghad), lena mbaineann claochlú substaintiúil ar an tionscal i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, inbhuanaitheachta agus claochlaithe dhigitigh. Roghnú tionscadal tar éis glao a foilsíodh in IO agus bunaithe ar chritéir roghnúcháin chun an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) a chomhlíonadh trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ina theannta sin, léireofar sna critéir roghnúcháin ceanglais na réimsí idirghabhála is infheidhme le haghaidh cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
185	C12.I2	T	Cur i bhfeidhm buiséid PERTES agus tionscadail nuálacha le haghaidh claochlú na tionsclaíochta	—	EUR	0	2 531 500 000	R4	2024	Feidhmiú buiséid EUR 2531500000 ar a laghad arna slógadh i 210 dtionscadal nuálacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTEnna formheasta (3 ar a laghad), lena mbaineann fíorathrú ar an tionscal ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 455000000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, má tá údar maith leis trí mhíniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhféadfadh sé nach mbeadh an cur chuige

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										malartach indéanta, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 2531500000 ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad ar an meán, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Déanfar EUR 3800000000 ar a laghad d'infheistíocht phríobháideach a shlógadh le cistí RRF, i gcomhréir freisin leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní mheasfar an sprioc sin a bheith bainte amach i gcás ina mbeadh aon cheann de na bearta ar gealladh buiséad ina leith le bheith ina Státchabhair i gcomhréir le hAirteagal 107 CFAE, i gcás inar ghá fógra a thabhairt don Choimisiún agus nach bhfuil formheas faighte ag an gCoimisiún ina leith faoin 31 Nollaig 2024.
186	C12.I2	T	PERTEnna agus tionscadail nuálacha a chur i gcrích maidir le claochlú na tionsclaíochta	—	Líon	0	3	R2	2026	210 dtionscadal nuálacha ar a laghad a chur i gcrích, lena n-áirítear iad siúd atá nasctha le PERTE formheasta (3 cinn ar a laghad), lena mbaineann fíorathrú ar an tionscal ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach de, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
187	C12.I3	T	Tionscadail a chur i gcrích chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san fhiontar	—	Líon	0	30	R4	2023	30 tionscadal ar a laghad arna bhformheas ag MITERD a thabhairt chun críche chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san fhiontar i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Ní dhéanfar gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a bhaineann le gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla ach amháin i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun críche iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin infheistíocht sin, arna fhíorú ar leibhéal an ghléasra.
188	C12.I3	T	Acmhainneacht nua cóireála	—	t/bliain de thoilleadh	0	1 500 000	R2	2026	Acmhainneacht cóireála nua a thógáil le haghaidh dramhaíl a bhailítear ar leithligh de 1500000 tonna ar a laghad in aghaidh na bliana. Ciallóidh bailiú ar leithligh an

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			dramhaíola cathrach a bhailítear ar leithligh a thógáil		dramhaíola cathrach bailithe ar leithligh					bailiúchán ina gcoimeádfar sruth dramhaíola ar leithligh de réir cineáil agus cineáil chun cóireáil shonrach a éascú.
440	C12.R2	M	Meitheal an Choimisiúin um Chomhordú Dramhaíola chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta dramhaíola	Formheas ag an gCoiste Comhordúcháin Dramhaíola				R2	2024	Formheasfaidh an Coiste Comhordúcháin Dramhaíola meitheal shonrach a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta dramhaíola, agus ar chomhchuibhiú na gcritéar maidir leis an gcomhlíonadh sin, chomh maith le bearta a ghlacadh chun é sin a éascú.
441	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid den dara pacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach	Forálacha i bhForaitheanta Ríoga lena mbunaítear teacht i bhfeidhm gníomhartha				R4	2025	Áireofar an méid seo a leanas sa dara pacáiste rialála don gheilleagar ciorclach: – Foraithne Ríoga, maidir le ráthaíochtaí airgeadais i ndáil le táirgeoirí dramhaíola agus bainisteoirí dramhaíola – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú dramhaíola ó tháirgí tobac ag a bhfuil scagairí agus scagairí a chuirtear ar an margadh lena n-úsáid in éineacht le táirgí tobac – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú dramh-olaí tionsclaíocha – Foraithne Ríoga maidir le bainistiú bonn a bhfuil a ré caite. – Ordú ón Aire lena leagtar síos íoscheanglais maidir le cóireáil roimh dhramhaíl chathrach a chur i líonadh talún – Glacadh an dara Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach
442	C12.I3	T	Dáileadh deontas chun tionscadail cur chun feidhme dramhaíola a chur chun feidhme.		EUR milliún	0	300	R2	2023	Formheas Chomhaontú na Comhdhála Earnála maidir leis an gComhshaol lena bhformheastar na critéir leithdháilte agus dáileadh críochach deontas, nó formheas deontas díreach i gcomhréir leis an Dlí Ginearálta maidir le Fóirdheontais 38/2003, a bhaineann leis an bPlean chun tacú le cur chun feidhme reachtaíocht dramhaíola 2024 chun tionscadail a mhaoiniú arb é is aidhm dóibh an creat náisiúnta rialála dramhaíola a chur chun feidhme agus cuspóirí an Aontais a bhaint amach. Is éard a bheidh sna tionscadail gníomhaíochtaí chun córais maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola a chur chun feidhme agus a fheabhsú, infheistíochtaí i bpointí bailithe chun athchúrsáil a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										fheabhsú, agus gléasra cóireála dramhaíola nua a bhailítear ar leithligh a thógáil.
443	C12.I3	T	Tionscadail maidir le bainistiú dramhaíola a chur i gcrích		EUR Milliún		270	R2	2026	Tionscadail dar luach EUR 270000000 ar a laghad a chur i gcrích, ar tionscadail iad a dámhadh chun córais bailithe ar leithligh a chur chun feidhme agus a fheabhsú, infheistíochtaí i bpointí bailithe chun athchúrsáil a fheabhsú, agus gléasraí cóireála dramhaíola nua a bhailítear ar leithligh a thógáil.
444	C12.I4	M	SLIS PERTE. An slabhra luacha le haghaidh leathsheoltóirí a neartú.	Foilsiú san Iris Oifigiúil nó ar shuíomh gréasáin oifigiúil	EUR milliún		200	R1	2025	Gealltanas dlíthiúil EUR 200000000 do thairbhithe deiridh atá rannpháirteach in IPCEI-Micrileictreonaic agus Nascacht, agus do thairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht d'éiceachóras na Spáinne le haghaidh leathsheoltóirí le haghaidh chéim an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (T & F & N) agus na chéad chéime den imscaradh tionsclaíoch, d'eisiamh olltáirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála.
445	C12.I4	T	SLIS PERTE. An slabhra luacha le haghaidh leathsheoltóirí a neartú (II).		EUR milliún		180	R2	2026	Eisíocadh EUR 180000000 ar a laghad leis na tairbhithe deiridh atá rannpháirteach in IPCEI-Micrileictreonaic agus Nascacht, agus leis na tairbhithe deiridh a fhaigheann tacaíocht d'éiceachóras na Spáinne le haghaidh leathsheoltóirí le haghaidh chéim an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta (T & F & N) agus an chéad chéim den imscaradh tionsclaíoch, d'eisiamh olltáirgeadh agus gníomhaíochtaí tráchtála.
448	C12.I5	M	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 100000000 chuig IDAE agus EUR 200000000 chuig Fundación Biodiversidad le haghaidh na scéime
446	C12.I5	M	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/ na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
447	C12.I5	T	Scéim fóirdheontais chun tacú leis an ngeilleagar ciorclach: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le dámhachtain a foilsíodh	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh		0 %	100 %	R3	2025	Beidh rúin chríochnaitheacha dámhachtana foilsithe ag IDAE agus Fundación Biodiversidad nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta acu le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim.
448a	C12.I6	M	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha (deontais): Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 250000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
448b	C12.I6	M	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha (deontais); An scéim fóirdheontais a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/ na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
448c	C12.I6	T	Scéim fóirdheontais d'earnáil na bhfeithiclí leictreacha	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			(deontais): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le dámhachtain a foilsíodh	dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh						le Rialachán RRF.

I.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Infheistíocht 7 (C12.I7) — Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta chun infheistíocht phríobháideach i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia a dhreasú, trí iasachtaí. Leis an scéim, déanfar claochlú earnálacha straitéiseacha amhail mótarfheithiclí agus feithiclí leictreacha agus an earnáil agraibhia a chur chun cinn trí iasachtaí a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs na dTionscadal Straitéiseach nó PERTEnna arna bhformheas ag Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim maoiniú EUR 1200000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim iasachta, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Is coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 1200000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de.
3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01): (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[62], (ii) gníomhaíochtaí agus

[62]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise

sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[63](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[64] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[65]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna iasachta. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide a dhéanann SEPIDES: rannchuideoidh EUR 480000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[66]
5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime iasachta tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.
6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim iasachta a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

---

sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[63]I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[64]Nλ φειδημ αγ αν εισιαμη sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh65 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[66]Ceangl ⌈far ar thairbhithe deiridh ⌋dar a thabhairt leis an n⌈imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⟩ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl ⌈far ar an gcomhph⟨irt⟩ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant⌋il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⟩omha⟩ochta.

L.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh na tacaíochta iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L22	C12.I7	M	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 1200000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
L23	C12.I7	M	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim iasachta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart
L24	C12.I7	T	Scéim tacaíochta do thionscadail straitéiseacha i slabhra luacha na ngluaisteán leictreach agus an agraibhia (iasachtaí): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh		0	100 %	R2	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le dámhachtain a foilsíodh							

M. COMHPHÁIRT 13: TACAÍOCHT DO FBMANNA

Tá ról lárnach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i ngeilleagar an Aontais agus na Spáinne, go háirithe i gcás ina gcuireann FBManna níos mó leis an OTI náisiúnta agus ina bhfuil meánmhéid na ngnólachtaí níos lú i gcomparáid le meán an Aontais.

Leis an gcuid sin de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá os comhair fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) d'fhonn borradh a chur faoi iomaíochas gheilleagar na Spáinne agus fás agus fostaíocht a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na dúshláin sin: rochtain dheacair ar mhaoiniú le haghaidh fiontraíochta, fáis gnó agus nuálaíochta; easpa scileanna digiteacha agus easpa glactha teicneolaíochtaí digiteacha a chuireann bac ar tháirgiúlacht agus iomaíochas FBManna; méid beag gnólachtaí, rud a chuireann bac ar shaothrú barainneachtaí scála agus ar idirnáisiúnú; agus an ardleochaileacht i leith suaití seachtracha agus barainneachtaí scála ísle a chuireann bac ar infheistíocht agus ar nuálaíocht.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh cruthú gnó, fás agus athstruchtúrú gnólachtaí a éascú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú (go háirithe trí fheidhmiú mhargadh inmheánach na Spáinne a neartú), chomh maith le borradh breise a chur faoi phróisis thábhachtacha na ngnóthachan táirgiúlachta trí dhigitiú, nuálaíocht agus idirnáisiúnú. Tá an chomhpháirt sin dírithe go mór ar an digitiú le cur chuige cothrománach chun bunphacáiste digitithe a chur ar fáil do chéatadán suntasach FBManna agus cur chuige ingearach chun borradh a chur faoi dhigitiú na bpróiseas agus faoin nuálaíocht theicneolaíoch i FBManna áirithe.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh go páirteach ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh (Moladh Sonrach Tíre 4 2019) agus maidir le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart atá dírithe ar leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe a áirithiú, go háirithe trí íocaíochtaí déanacha a sheachaint (Moladh Sonrach Tír 3 2020). Tugtar aghaidh ann freisin ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2020) agus maidir le rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020). Cothaíonn sé infheistíocht san aistriú glas freisin (Moladh Sonrach Tíre 1 2023 agus 1 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C13.R1) — Rialáil gnó agus an aeráid a fheabhsú

Is iad cuspóirí an athchóirithe feabhas a chur ar an gcreat ina ndéantar gníomhaíocht eacnamaíoch trí rialáil níos fearr agus timpeallacht ghnó a áirithiú lena n-éascaítear cruthú agus fás gnólachtaí, agus a n-athstruchtúrú más gá, trí roinnt beart a ghlacadh.

Is éard a bheidh san athchóiriú:

a) Glacadh an Dlí maidir le Cruthú Gnó agus Fás. Is é is aidhm don reachtaíocht seo:

   i. Na nósanna imeachta chun gnólacht a chur ar bun a shimpliú. Bainfear é sin amach tríd an íoscheanglas caipitil chun gnólacht a chur ar bun a laghdú, agus trí ardáin sluachistiúcháin agus ionstraimí cistiúcháin poiblí eile a neartú;

   ii. Bearta dlíthiúla chun cultúr luathíocaíochta a chothú. Cuirfidh an dlí seo feabhas ar éifeachtacht chur chun feidhme Threoir (AE) 2011/7 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. Meastar go laghdóidh an dlí na meántréimhsí íocaíochta in idirbhearta tráchtála. Chuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin leachtachta atá os comhair FBManna creidiúnaithe nach n-íoctar in am trátha, agus bheadh éifeachtaí iarmharta dearfacha aige sin ar a ngníomhaíochtaí agus ar a bhfás. Áirítear ar shamplaí de bhearta atá le cur chun feidhme chun cultúr luathíocaíochta a chothú treoirlínte maidir le poiblíocht agus trédhearcacht tréimhsí íocaíochta, dea-chleachtais ghnó agus sásraí le haghaidh forfheidhmiú níos fearr amhail córas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt;

   iii. Forálacha áirithe den Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh a leasú chun tuilleadh soiléireachta a sholáthar i réimsí ina bhfuil fadhbanna cur chun feidhme mar thoradh ar dhébhríochtaí. Is é is aidhm don Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh deireadh a chur le bacainní neamhriachtanacha, díréireacha nó idirdhealaitheacha ar rochtain ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus ar shaothrú na ngníomhaíochtaí sin agus ar shaoirse bhunaíochta ar fud na críche. Is é cuspóir an athchóirithe seo freisin feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus trédhearcacht na sásraí dá bhforáiltear sa Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh chun oibreoirí a ndéanann bacainní arna bhforchur ag an riarachán poiblí difear dá ngníomhaíocht a chosaint. Ina theannta sin, neartóidh an t-athchóiriú an comhar chun rialáil níos fearr a chur chun cinn ar fud na tíre;

b) Bunófar Comhdháil Earnála nua d'Fheabhsú Rialála agus don Aeráid Ghnó. Is é an cuspóir a bheidh aige cur i bhfeidhm ceart phrionsabail na dea-rialála ag na riaracháin phoiblí uile a éascú agus comhordú optamach na riarachán éagsúil a áirithiú, lena n-áirítear i mbearta a ghabhfaidh leis an téarnamh. Déanfaidh an chomhdháil earnála obair leantach freisin laistigh de chomhdhálacha earnálacha eile, lena bhféadfar feabhas a chur ar chomhordú, ar fhaireachán agus ar chur chun cinn na rialála níos fearr, le fócas cothrománach agus earnálach araon;

c) Athchóiriú ar an dlí dócmhainneachta chun Treoir (AE) 2019/1023 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, urscaoileadh fiachais agus dícháiliúcháin a thrasuí, agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta dócmhainneachta a mhéadú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hAthstruchtúrú agus Dócmhainneacht). Áireofar leis an athchóiriú nós imeachta dara deis níos éifeachtúla a bhunú do dhaoine nádúrtha, lena gceadófar faoiseamh fiachais gan sócmhainní an pháirtí dhócmhainnigh a leachtú roimh ré. Ina theannta sin, tabharfar isteach na pleananna athstruchtúraithe a cheanglaítear le Treoir (AE) 2019/1023 maidir le Dócmhainneacht mar ionstraim réamhdhócmhainneachta nua lena bhfeabhsaítear éifeachtacht na n-ionstraimí réamhdhócmhainneachta is infheidhme faoi láthair chun dócmhainneacht agus féimheacht ina dhiaidh sin a chosc. Tabharfar isteach freisin nós imeachta speisialta do

mhicrifhiontair agus do FBManna, arna bpróiseáil go hiomlán trí mheán leictreonach, chun fad agus costais an phróisis a laghdú.

d) Is éard a bheidh san athchóiriú sin freisin Dlí a ghlacadh lena leasófar trí théacs reachtacha, go háirithe Dlí 34/2006, a bhaineann le cleachtas gairmiúil dlíodóirí agus *procuradores*. Le córas nua, soláthrófar rochtain aonair ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*, toisc go dtabharfaidh an cháilíocht chéanna rochtain ar chleachtadh an dá ghairm. Ceadófar do shochaithe gairmiúla ildisciplíneacha seirbhísí cosanta dlíthiúla agus ionadaíochta dlíthiúla a thairiscint go comhpháirteach sa chúirt. Déanfar an córas taraife is infheidhme maidir le seirbhísí *procuradores* a leasú freisin: bunófar táillí uasta, ach ní bunófar táillí íosta chun a áirithiú gur féidir le faighteoirí seirbhíse rochtain a bheith acu ar sheirbhísí a thairgtear ar phraghsanna iomaíocha. Leis an athchóiriú sin, áiritheoidh an Spáinn go ndéanfar an reachtaíocht sa réimse sin a ailíniú le hAirteagail 15, 16 agus 25 de Threoir 2006/123/C ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, agus le hAirteagail 49 agus 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Maidir leis an athchóiriú sin, d'fhormheas Comhairle na nAirí na dréacht-tograí reachtacha dá dtagraítear thuas i mí Mheán Fómhair 2020.

e) Dlí na hiomaíochta a leasú (Dlí 15/2007 maidir le hIomaíocht a Chosaint), nósanna imeachta a chuíchóiriú agus creat rialála na tíre in aghaidh trustaí a neartú i gcomhréir le dea-chleachtais idirnáisiúnta chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú. Déanfar foráil leis an leasú maidir le nós imeachta socraíochta a thabhairt isteach le haghaidh cásanna in aghaidh trustaí faoi Airteagail 1 (iompar claonpháirteach), 2 (mí-úsáid ceannasachta) agus 3 (saobhadh na saoriomaíochta trí ghníomhartha éagóracha) de dhlí na hiomaíochta chun ligean isteach sáruithe a dhreasú agus chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Tabharfar isteach leis an leasú freisin (1) forálacha dlíthiúla comhlántacha ar Rialachán (AE) 2022/1925 (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) chun an chumhacht a thabhairt d'údarás inniúil na Spáinne imscrúduithe a dhéanamh laistigh den chreat náisiúnta, (2) cuíchóiriú a dhéanamh ar an tréimhse ama chun imeachtaí a réiteach, chomh maith le (3) foráil a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar an gcóras smachtbhannaí lena n-áirítear trí smachtbhannaí a mhéadú ar dhaoine nádúrtha (i.e. bainisteoirí).

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (C13.R2) — Straitéis an Náisiúin Fhiontraíoch don Spáinn

Is é is cuspóir don bheart Straitéis Fiontraíochta na Spáinne a chur chun cinn. Is éard a bheidh san athchóiriú dlí nuathionscanta a ghlacadh, chun creat fabhrach a chruthú chun gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach a chruthú agus a fhás, ciste poiblí príobháideach NEXT-TECH a chur ar bun chun gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú i dteicneolaíochtaí suaiteacha, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras imirce d'oibrithe chun tallann a mhealladh agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna.

Le glacadh an Dlí maidir le Tús a chur le Nuachtaí faoi dheireadh 2022, déanfar an méid seo a leanas: sainmhíniú dlíthiúil a sholáthar ar ghnólachtaí nuathionscanta; dreasachtaí cánach a shainaithint chun a gcruthú a chothú agus chun daoine tréitheacha a mhealladh; bearta a leagan amach chun mealladh infheisteoirí agus fiontraithe coigríche a éascú; agus sásraí a ghlacadh chun cur chun feidhme an dlí agus a chaidreamh leis na bearta a bhaineann le héiceachóras an fhiontraí dhigitigh a éascú.

Is éard a bheidh san athchóiriú freisin leasú ar Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta agus leasú ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus a n-idirnáisiúnú.

Leis an leasú ar Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 an 11 Eanáir maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta, simpleofar na nósanna imeachta riaracháin a bhaineann leis an imirce lena n-áirítear trí líon na n-údaruithe a laghdú agus a mbailíocht a shíneadh, trí dhlús a chur le nósanna imeachta, trí rochtain ar mhargadh an tsaothair a éascú do náisiúnaigh tríú tír, agus trí fheabhas a chur ar an gcóras fruilithe ag an bhfoinse. Go háirithe, tabharfar isteach leis na leasuithe rochtain níos solúbtha do mhic léinn ar an margadh saothair, scéim ilbhliantúil um imirce chiorclach d'oibrithe séasúracha, rialacha nua chun measúnú a dhéanamh ar an staid fostaíochta náisiúnta agus aonad riaracháin nua (UTEX) a bhunú chun próiseáil comhad náisiúnach eachtrach a fheabhsú.

Leis an leasú ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus a n-idirnáisiúnú, éascófar earcú náisiúnach eachtrach a bhfuil scileanna agus inniúlachtaí an-sonrach acu trí nós imeachta níos simplí agus níos solúbtha ná an nós imeachta caighdeánach a shainítear le Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000. Leis an leasú ar Dhlí 14/2013, tabharfar isteach scéim nua imirce le haghaidh fánaithe digiteacha, critéir nuálaíochta nua le haghaidh ceadanna cónaithe agus oibre d'fhiontraithe, leathnú ar raon feidhme na scéime náisiúnta imirce le haghaidh gairmithe ardcháilithe chuig FBManna agus sealbhóirí deimhnithe gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde, agus tréimhsí bailíochta níos faide agus simpliú na nósanna imeachta maidir le ceadanna cónaithe agus oibre ina leith sin i nDlí 14/2013 roimh an leasú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3 (C13.R3) — Athbhreithniú ar an Dlí um Margaí Urrús agus Seirbhísí Infheistíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar an rialachán maidir le margaí urrús ionas go bhfeabhsófar an rochtain ar mhaoiniú, go háirithe do FBManna, trí fhormheas a dhéanamh ar Dhlí 6/2023 lena rialaítear an margadh urrús agus seirbhísí infheistíochta sa Spáinn.

Maidir le Dlí 6/2023:

- an próiseas maidir le hurrúis ioncaim sheasta a ligean isteach chun a dtrádála a shimpliú;
- rochtain ar fhás BME a leathnú (margadh malartaithe BME do FBManna);
- tairiscintí táthcheangail éigeantacha a leathnú amach ó urrúis a thrádáiltear i margaí rialáilte chuig urrúis a thrádáiltear ar MTFanna (lena n-áirítear a ndeighleoga i margaí fáis an Aontais); agus
- bacainní ar dhul isteach sna margaí airgeadais a laghdú trí dheireadh a chur leis an gcóras faisnéise (Comhéadan Iarthrádála) chun faireachán a dhéanamh ar imréiteach, ar shocrú agus ar chlárú urrús laistigh den idirthréimhse atá beartaithe sa dlí.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 1 (C13.I1) — Fiontraíocht

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta chun é a dhéanamh níos athléimní agus níos iomaíche, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

Tá ceithre phríomhghníomhaíocht san infheistíocht:

Scileanna fiontraíochta a neartú, lena n-áirítear sciliú agus athsciliú agus tacú le fiontraithe i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Mar chuid den ghníomhaíocht sin, beidh clár curtha i gcrích ag 6900 fiontraí nó FBM ar a laghad arb é is aidhm dó an t-éiceachóras fiontraíochta a neartú. Go sonrach, tabharfar tacaíocht do 6100 fiontraí nó FBM tríd an gClár Scileanna Fiontraíochta (a mbeidh 1200 díobh ina bhanfhiontraithe/FBManna faoi stiúir nó rannpháirteach ag mná) agus 800 fiontraí ban trí Chlár Meallta Tallainne na mBan

2) Uirlisí a sholáthar chun tacú le cruthú gnó agus bainistiú gnó agus chun FBManna a neartú, lena n-áirítear tacaíocht ó 12000 úsáideoir gníomhach ar a laghad in ardán fíorúil ONE-National Entrepreneurship Office (‘ONE’), faoi scáth an Chreata Straitéisigh maidir le Beartas FBM 2030, Straitéis Fiontraíochta na Spáinne agus Chlár Oibre Digiteach 2025 na Spáinne;

Feachtais scaipthe agus chumarsáide chun imeachtaí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt nó a mhealladh chuig an Spáinn lena ndírítear ar chuideachtaí nuálacha agus clár chun mná tréitheacha a mhealladh. Áireofar leis sin ar a laghad 20 teagmhas fiontraíochta arna bhforbairt faoin ‘gClár Brataí’; agus 260 gníomhaíocht chumarsáide ar a laghad (200 láithriú sna meáin agus 60 imeacht) faoi ‘Nisiún Fiontraíochta na Spáinne’; agus

Líne thacaíochta a mhaoiniú le haghaidh fiontraíochta agus FBManna tríd an gclár chun tacú le fiontraíocht na mban. Áireofar leis sin tacaíocht ó 200 beanfhiontraithe ar a laghad trí iasachtaí rannpháirtíochta arna ndeonú ag *Empresa Nacional de Innovación*, S.A.

I gcás ionstraimí airgeadais, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir údaráis na Spáinne agus an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus ar bheartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. a cheangal go gcuirfear i bhfeidhm treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach67; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa

[67] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha68; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola69 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla70; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais ar cuireadh cúram air go ndéanfaidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais a gcuirfear cúram air comhlíonadh dlíthiúil na dtionscadal a fhíorú le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

I gcás tairiscintí, chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[71]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[72]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[73]

---

[68] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[69] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[70] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[71] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[72] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[73] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[74]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C13.I2) — Fás

Is é cuspóir an bhirt fás FBManna a chur chun cinn.

Is éard a bheidh san infheistíocht gníomhaíochtaí maidir leis an méid seo a leanas:

1) Tacaíocht do (11000) FBManna aonair faoin gclár 'Scileanna d'fhás FBManna'. Is é is aidhm don chlár seo na scileanna is gá a chur ar fáil do chuideachtaí chun fás agus a bheith níos iomaíche, chun a samhlacha gnó a athrú agus chun rannchuidiú leis an dá aistriú;

2) Tacaíocht airgeadais arna bronnadh ar thionscadail thionsclaíocha (1500) arna bhforbairt ag FBManna, le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin i saoráidí tionsclaíocha nua nó leathnú ar shaoráidí atá ann cheana, nó aon fheabhsú ar an gcóras táirgthe arb é is aidhm dó iomaíochas a mhéadú, agus an acmhainneacht chun rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide á chur san áireamh.

3) Feabhas a chur ar rochtain FBManna ar mhaoiniú, trí thacaíocht a sholáthar i bhfoirm ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla trí Compañia *Española de Reafianzamiento SME S.A. (* CERSA) a neartú, mar chuid den ghníomhaíocht sin, cuirfidh CERSA tacaíocht fhadtéarmach ar fáil trína chumhdach frithráthaíochta do na Cumainn RéigiúnachaRáthaíochta Féiniúlachta, agus tacóidh sé leis an riosca atá orthu. Cuirfidh CERSA iomaíochas agus athléimneacht FBManna chun cinn trí thrí líne thiomnaithe lena gceadófar rochtain ar mhaoiniú fadtéarmach agus ar oibríochtaí caipitil oibre le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin sna réimsí seo a leanas: digitiú; inbhuanaitheacht; fás agus téarnamh, (athléimneacht a threisiú, go príomha do FBManna atá thíos le tionchar phaindéim COVID-19, atá réidh chun tabhairt faoi phleananna suntasacha claochlaithe agus fáis).

Ina theannta sin, chun an ionstraim ráthaíochta airgeadais a chur chun feidhme, ní mór comhaontú a tharraingt suas idir an Aireacht atá freagrach as infheistíocht agus an comhpháirtí cur chun feidhme nó an t-eintiteas iontaoibhe. Sonrófar sa chomhaontú an creat dlíthiúil agus na hoibleagáidí maidir le státchabhair is infheidhme chomh maith le hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe na ráthóirí agus na FBManna, lena n-áirítear an gá atá ann do FBManna údarú sainráite a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do Chúirt

[74] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Iniúchóirí na hEorpa agus do OIPE cuairteanna a thabhairt i gcomhthéacs na rialuithe nó na n-iniúchtaí. Thairis sin, geallfaidh CERSA go n-athinfheisteoidh sé aon athshreabha (i.e. ús ar an iasacht, toradh ar chothromas, nó bunairgead aisíoctha, lúide costais ghaolmhara) atá nasctha leis an ionstraim airgeadais le haghaidh na gcuspóirí beartais céanna, lena n-áirítear tar éis 2026. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas sa chomhaontú dlíthiúil idir údaráis na Spáinne agus an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus ar bheartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh;

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach75; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha76; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola77 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla78; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais ar cuireadh cúram air go ndéanfaidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais a gcuirfear cúram air comhlíonadh dlíthiúil na dtionscadal a fhíorú le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

---

[75] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[76] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[77] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[78] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

I gcás tairiscintí, chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail atá le teacht: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[79]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[80]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[81] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[82]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 3 (C13.I3) Digitiú agus Nuálaíocht

Is é is cuspóir don infheistíocht sin na scileanna agus na huirlisí a thabhairt do FBManna chun rannchuidiú leis an aistriú digiteach agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Tá sé ailínithe le Clár Oibre Digiteach na Spáinne 2025 agus comhlánaítear é le gníomhaíochtaí i gcomhpháirt 15 maidir le nascacht agus i gcomhpháirt 19 maidir le scileanna digiteacha.

Díreofar an infheistíocht ar na gníomhaíochtaí éagsúla seo a leanas:

1) Bosca uirlisí digiteacha: Is é sin an phríomhghníomhaíocht faoin mbeart seo, lena gcuirfear borradh faoi dhigitiú fiontar beag agus meánmhéide (deich go níos lú ná 250 fostaí), micrifhiontar (idir duine agus naonúr fostaithe) agus féinfhostaithe, in aon earnáil gníomhaíochta eacnamaíche, lena n-ardófar a leibhéal aibíochta digití. Tá an clár bunaithe ar sholáthar deontas chun tacú le comhtháthú na teicneolaíochta digití chun ríomhthráchtáil a

[79] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[80] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[81] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[82] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ghlacadh go héifeachtach, chun an caidreamh leis an riarachán poiblí agus le custaiméirí a dhigitiú, chun próisis dhigiteacha inmheánacha a fhorbairt, agus chun sonrascú leictreonach agus margaíocht dhigiteach a thabhairt isteach; réitigh atá dírithe go háirithe ar sheirbhísí a chur chun cinn. Leis an gclár, fóirdheonaítear go páirteach na costais a bhaineann le pacáistí de réitigh dhigiteacha bhunúsacha a ghlacadh amhail láithreacht idirlín, ríomhdhíol, néaloifig, post digiteach, próisis bhunúsacha digitithe, bainistiú custaiméirí, margaíocht dhigiteach, cibearshlándáil, i measc nithe eile. Leithdháilfear méid seasta deontais ar gach pacáiste digitithe DTK, a chinnfear i ngach glao de réir mhéid na cuideachta agus na hearnála gníomhaíochta.

2) an Clár 'Gníomhairí Athraithe' agus an Clár 'Kit Consulting': leis an dá chlár sin le chéile, tacófar le 15000 fiontar beag agus meánmhéide (deich-249 bhfostaí) ar a laghad ina bpróisis chlaochlaithe dhigitigh.

3) 'Clárluasairí FBM 2.0': is gníomhaíocht é sin faoin infheistíocht sin lena leathnófar an bonneagar a thacaíonn le digitiú FBManna le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí oiliúna.

4) Anclár 'Tacaíocht do Bhraislí Gnó Nuálacha': tacóidh an beart seo le tionscadail chun slabhra luacha na n-earnálacha eacnamaíocha éagsúla a dhigitiú, arna ndéanamh ag Braislí Gnó Nuálacha agus a n-eintitis chomhlachaithe, mar chuid de bheartas tacaíochta FBM na hAireachta Tionscail agus Turasóireachta.

5)An clár 'Moil Nuálaíochta Digití' (DIH): is cl⟨r ⌈ seo chun tac⎪ le forbairt na Mol Nu⟨la⟨ ochta Digit⟨ sa Sp⟨inn. Is strucht ⎪ir iad MIHanna a chuid⟨ onn le cuideachta⟨ freagairt do na d ⎪shl⟨in dhigiteacha agus a bheith n⟨ os ioma⟨ che, tr⟨ na bpr ⌈isis ghn ⌈ agus t⟨irgthe a fheabhs⎪ tr⟨ dhian ⎪s⟨id a bhaint as teicneola⟨ ochta⟨ digiteacha. Mar chuid den fhobheart seo, f⌈adfar tac⎪ le 25 Mhoil Nu⟨la⟨ ochta Digit⟨ (DIHanna) chun a chur ar a gcumas seirbh⟨s⟨ a shol⟨thar do FBManna. As na 25 DIH, f⌈adfaidh 12 d⟨ obh taca⟨ ocht a fh⟨il ⌈n gCl⟨r don Eoraip Dhigiteach. N⟨ chuirfear taca⟨ ocht arna sol⟨thar ag an gCl⟨r don Eoraip Dhigiteach le haghaidh pac⟨ist⟨ oibre sonracha san ⟨ireamh chun an infheist⟨ ocht sin a bhaint amach.

D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Ná déan aon dochar suntasach' (2021/C58/01), déanfar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas a eisiamh ó na critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna ar thionscadail a bheidh ann amach anseo: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[83]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[84]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún,

[83] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[84] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

loisceoirí dramhaíola[85] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[86]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C13.I4) Tacaíocht don Trádáil

Is é is cuspóir don bheart cabhrú le gnólachtaí beaga iad féin a chur in oiriúint do dhigitiú na hearnála trádála agus d'iompraíocht athraithe na dtomhaltóirí.

Beidh dhá phríomhlíne ghníomhaíochta ag an infheistíocht.

1. Is é is aidhm do thionscadail san earnáil trádála bheag teicneolaíochtaí nua a ionchorprú lena gcumasaítear trádáil áitiúil chun freagairt do nósanna nua tomhaltais, faoin 'gCiste Teicneolaíoch' (200 tionscadal). Áirítear an méid seo a leanas ar na tionscadail incháilithe faoin gciste sin:

    a. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar straitéis tráchtála agus cumarsáide ar líne, ar shamhlacha gnó nó ar thaithí siopadóireachta;

    b. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua chun an t-eispéireas siopadóireachta fisiciúla a chur in oiriúint do riachtanais agus nósanna nua tomhaltóirí agus do shamhlacha nua bainistíochta;

    c. Tionscadail i réitigh theicneolaíocha chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht lóistíochta an mhíle dheireanaigh a fheabhsú;

    d. Tionscadail maidir le réitigh theicneolaíocha a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích trí ardán digiteach (*Plataforma Comercio Conectado) a*chruthú chun digitiú na hearnála a chothú.

---

[85] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[86] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

2. Tionscadail arna gcur isteach ag údaráis áitiúla, le haghaidh feabhsuithe ar nuachóiriú margaí bardasacha, limistéar tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha agus gearrbhealaí margaíochta, faoin gclár 'Margaí Inbhuanaithe' (130 tionscadal). Áireofar an méid seo a leanas ar na tionscadail incháilithe faoin gclár seo:

    a. Tionscadail maidir le huirlisí léargais custaiméirí a ghlacadh bunaithe ar mhórshonraí nó ar theicneolaíochtaí eile;

    b. Tionscadail i gclaochlú digiteach na margaí lena gcuirtear feabhas ar mhargadh uile-chainéal agus ar thaithí siopadóireachta;

    c. Tionscadail atá dírithe ar chlaochlú digiteach na tráchtála sráide agus bealaí gearra margaíochta;

    d. Tionscadail oibreacha agus athchóirithe chun feabhas a chur ar shaoráidí, ar a n-inrochtaineacht, ar a dtrealamh agus ar leordhóthanacht na limistéar ina bhfuil margaí bardasacha, limistéir thráchtála agus margaí neamhaistreacha, agus a limistéir chóngaracha;

    e. Tionscadail chun tomhaltas ionchur ag tráchtáil a laghdú agus iad sin a ionadú le haghaidh roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

    f. Pointí seachadta cliste a shuiteáil;

    g. Tionscadail chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú;

    h. Gníomhaíochtaí lena gcuirtear athchúrsáil nó athúsáid dramhaíola chun cinn;

    i. Múscailt feasachta agus oiliúint i scileanna teicneolaíochta.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[87]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[88]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[89]

[87] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[88] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[89] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena

agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[90]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 5 (C13.I5) Idirnáisiúnú

Is é is cuspóir don bheart acmhainneachtaí agus ionstraimí chóras tacaíochta onnmhairiúcháin, idirnáisiúnaithe agus infheistíochta coigríche na Spáinne a neartú.

Is éard a bheidh san infheistíocht sraith de 11 ghníomhaíocht, mar a leanas:

1. Líne chistiúcháin do staidéir indéantachta, indéantachta, réamh-indéantachta agus nuachóirithe earnála agus institiúideacha;

2. Clár INNOVA Invest chun tacú le hinfheistíochtaí coigríche in T&F;

3. Clár VIVES chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun oiliúnaithe a fhostú i gcuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí easpórtála;

4. An clár oiliúna meantóireachta idirnáisiúnta;

5. Clár chun córais chumarsáide, seirbhísí teileamaitice agus digitiú comhlachas onnmhairithe, cónaidhmeanna onnmhairiúcháin, comhlachais tráchtála na Spáinne agus a gcónaidhmeanna a neartú;

6. An Clár um Méadú ar Bhonn Onnmhairiúcháin, clár chun cóitseáil phearsantaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do FBManna idirnáisiúnaithe go háirithe;

7. Clár chun Éiceachóras Fiontar Ardfháis na Spáinne a Neartú;

8. Cabhair chun margaí a oscailt agus a chomhdhlúthú trí fhóirdheontais le haghaidh caiteachas a bhaineann le cigireachtaí agus iniúchtaí ar údaráis tríú tíortha agus le caiteachas dlíthiúil agus comhairliúcháin ar chosaint trádála;

9. Clár dreasachta airgeadais de chuid COFIDES (institiúid airgeadais faoi úinéireacht stáit a sholáthraíonn maoiniú meántéarmach agus fadtéarmach chun tacú le tionscadail

---

stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[90] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

infheistíochtaí idirnáisiúnaithe gnólachtaí) chun infheistíochtaí tionchair a chur chun cinn. Is é an phríomhsprioc atá aige tionchar intomhaiste, sóisialta agus/nó comhshaoil a ghiniúint in éineacht le toradh airgeadais;

10. Borradh a chur faoi dhigitiú seirbhísí rialtais chun tacú leis an idirnáisiúnú;

11. ICEX a dhigitiú (eintiteas gnó poiblí náisiúnta a chuireann idirnáisiúnú ghnólachtaí na Spáinne chun cinn).

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[91]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[92]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[93] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[94]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Maidir le hionstraimí airgeadais, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), déanfar an comhaontú dlíthiúil idir údaráis na Spáinne agus an t-eintiteas iontaoibhe nó an t-idirghabhálaí airgeadais atá i gceannas ar an ionstraim airgeadais agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin

i. cur i bhfeidhm threoir theicniúil an Choimisiúin maidir le díonadh inbhuanaitheachta do Chiste InvestEU a éileamh; agus

---

[91] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[92] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[93] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[94] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ii. an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach95; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha96; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola97 agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla98; agus (iv) gníomhaíochtaí agus sócmhainní ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus

iii. a cheangal go bhfíoróidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais ar cuireadh cúram air go ndéanfaidh an t-eintiteas/idirghabhálaí airgeadais a gcuirfear cúram air comhlíonadh dlíthiúil na dtionscadal a fhíorú le haghaidh gach idirbhirt, lena n-áirítear iad siúd atá díolmhaithe ó dhíonadh inbhuanaitheachta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[95] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[96] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[97] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[98] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
189	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2021	Maidir leteacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus *procuradores*: — Athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras táillí íosta atá ann faoi láthair go córas táillí uasta agus oibleagáid nua meastachán costais a chur faoi bhráid an chustaiméara i gcomhairle. — Gníomhaíochtaí ildisciplíneacha na ngairmeacha dlíodóra agus *procuradores* a cheadú laistigh den eintiteas dlíthiúil céanna — Rochtain aonair ar ghairmeacha an dlíodóra agus *procuradores*.
190	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hathchóiriú an Dlí Dócmhainneachta	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an Athchóirithe ar an 'Dlí Dócmhainneachta'. Maidir le hAthchóiriú an Dlí Dócmhainneachta thar cheanglais na Treorach: — bunófar nós imeachta dara deis níos éifeachtúla do dhaoine nádúrtha, lena gceadófar faoiseamh ó fhiachas gan sócmhainní an pháirtí dhócmhainnigh a leachtú roimh ré, — nós imeachta speisialta a bhunú do mhicrifhiontair agus do FBManna, rud a laghdóidh an fad agus an costas agus a phróiseálfar go hiomlán trí mheán leictreonach.
191	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cruthú Gnó agus Fás	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an 'Dlí nua maidir le Cruthú Gnó agus Fás' chun nósanna imeachta a shimpliú chun gnólacht a bhunú agus chun foinsí éagsúlaithe airgeadais a chur chun cinn le haghaidh fás gnó. Áireofar freisin sa Dlí maidir le Cruthú Gnó agus Fás bearta chun cultúr luathíocaíochta a chothú, go háirithe chun leachtacht a sholáthar do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe trí íocaíochtaí déanacha a sheachaint. Áirítear ar na bearta atá le cur chun feidhme chun cultúr luathíocaíochta a chothú treoirlínte maidir le poiblíocht agus trédhearcacht tréimhsí íocaíochta, dea-chleachtais ghnó agus sásraí le haghaidh forfheidhmiú níos fearr amhail córas réitigh díospóidí lasmuigh den chúirt. Áireofar freisin sa Dlí maidir le Gnó a Chruthú agus maidir le Fás leasuithe ar an 'Dlí maidir le hAontacht an Mhargaidh' chun a chur chun feidhme a éascú agus chun na sásraí atá ar fáil d'oibreoirí margaidh a ndéanann bacainní margaidh difear dóibh a neartú. Bunófar Comhdháil Earnála nua maidir le Feabhsú Rialála agus Aeráid Ghnó chun cur i bhfeidhm ceart phrionsabail an dea-rialála ag gach riarachán poiblí a éascú agus chun comhordú optamach na riarachán éagsúil a áirithiú.
449	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí maidir le hIomaíocht a Chosaint	Foráil lena sonraítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an dlí				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí maidir le hIomaíocht a Chosaint.
450	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm	Foráil den				R3	2022	Teacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil lena

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil lena leasaítear Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta	Fhoraithne Ríoga lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha						leasaítear Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
192	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2022	Teacht i bhfeidhm an ‘Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta’ lena gcruthaítear creat fabhrach chun gnólachtaí nuathionscanta an-nuálach a chruthú agus a fhás. Leis an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta, tabharfar isteach athchóirithe ar ranníocaíochtaí cánach i bhfoirm dreasachtaí chun forbairt gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh agus a éascú, chomh maith le fiontraithe agus infheisteoirí eachtracha a mhealladh, i gcomhréir le cuspóirí an chomhdhlúthaithe fhioscaigh. Leis an Dlí um Fhiontraithe Nuathionscanta, glacfar sásraí freisin chun a chur chun feidhme agus a chaidreamh leis na bearta a bhaineann le héiceachóras na bhfiontraithe digiteacha a éascú.
451	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d’fhiontraithe agus a idirnáisiúnú	Foráil sa leasú ar an dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha				R2	2023	Teacht i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an leasaithe ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d’fhiontraithe agus a idirnáisiúnú i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
452	C13.R3	M	Bearta chun rochtain FBManna ar mhaoiniú a fheabhsú trí athruithe ar Dhlí 6/2023 an 17 Márta 2023.	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Dlí				R2	2024	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Margaí Urrús agus Seirbhísí Infheistíochta. Simpleoidh sé an próiseas chun urrúis ioncaim sheasta a ligean isteach chun a dtrádála, leathnóidh sé rochtain ar fhás BME, leathnóidh sé tairiscintí táthcheangail éigeantacha thar urrúis a thrádáiltear i margaí rialáilte chuig urrúis a thrádáiltear ar MTFanna agus laghdóidh sé bacainní ar dhul isteach sna margaí airgeadais trí dheireadh a chur leis an gcóras faisnéise (ar a dtugtar Comhéadan Iar-Thrádála) chun faireachán a dhéanamh ar imréiteach, ar shocrú agus ar chlárú urrús.
193	C13.I1	T	Fiontraithe nó FBManna a bhaineann tairbhe as bearta chun borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta	—	Líon	0	6 900	R4	2024	Ar a laghad 6900 fiontraí nó FBM a bhfuil clár curtha i gcrích acu arb é is aidhm dó borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta, faoi scáth an Chreata Straitéisigh maidir le Beartas FBM 2030, Straitéis Fiontraíochta na Spáinne agus Chlár Oibre Digiteach 2025 na Spáinne, lena n-áirítear ar a laghad 2000 beanfhiontraithe/FBManna atá faoi stiúir nó rannpháirteach ag mná. Go sonrach, tacófar le 6100 fiontraí nó FBM sa Chlár Scileanna Fiontraíochta (a mbeidh 1200 díobh ina bhanfhiontraithe/FBManna faoi stiúir nó

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										rannpháirteach ag mná) agus 800 fiontraí ban trí Chlár Meallta Tallainne na mBan, agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
194	C13.I1	T	Úsáideoirí a bhaineann tairbhe as bearta chun borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta	—	Líon	0	12 000	R4	2023	12000 úsáideoir ar a laghad a bhaineann tairbhe as bearta arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta, faoi scáth an Chreata Straitéisigh maidir le Beartas FBM 2030, Straitéis Fiontraíochta na Spáinne agus Chlár Oibre Digiteach 2025 na Spáinne; agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid, agus an ceanglas maidir le comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.
195	C13.I1	T	Scaipeadh agus cumarsáid agus cistiú gníomhaíochtaí eile	—	Líon	0	480	R4	2024	Cuireadh 480gníomhaíocht ar a laghad i gcrích le haghaidh feachtais scaipthe agus chumarsáide chun imeachtaí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt nó a mhealladh chuig an Spáinn lena ndírítear ar chuideachtaí nuálacha agus ar chlár chun mná tréitheacha a mhealladh. Áireofar leis sin ar a laghad 20 teagmhas fiontraíochta arna bhforbairt faoin 'gClár Brataí'; agus 260 gníomhaíocht chumarsáide ar a laghad (200 láithriú sna meáin agus 60 imeacht) faoi 'Brand Spain Entrepreneurship Nation'. Líne thacaíochta don fhiontraíocht agus do FBManna a chistiú tríd an gclár chun tacú le fiontraíocht na mban. Áireofar leis sin tacaíocht ó 200 beanfhiontraithe ar a laghad trí iasachtaí rannpháirtíochta arna ndeonú ag Empresa Nacional de Innovación, S.A., i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
196	C13.I2	T	Ráthaíocht CERSA	—	EUR (milliún)	0	1 000	R2	2023	Ráthaíocht CERSA: Méid EUR 1000000000 ar a laghad de ráthaíochtaí arna ndeonú ag CERSA lena gceadaítear do FBManna ráthaíochtaí a fháil le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus caipiteal oibre. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta a fhaigheann tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, úsáid a bhaint as liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
197	C13.I2	T	FBManna a fhaigheann tacaíocht ón gClár 'Scileanna d'Fhás FBManna'	—	Líon	0	11 000	R4	2025	11000 FBM ar a laghad a bhfuil an clár 'Scileanna d'Fhás FBManna' curtha i gcrích acu. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										gcomhshaol a chomhlíonadh.
198	C13.I2	T	FBManna a fhaigheann tacaíocht ón gClár Tacaíochta um Fhiontraíocht Thionsclaíoch	—	Líon	0	1 500	R2	2023	Bronnfar tacaíocht airgeadais ar FBManna le haghaidh tionscadail infheistíochta tionsclaíche faoin gClár Tacaíochta um Fhiontraíocht Thionsclaíoch. Cumhdófar leis an tacaíocht airgeadais arna dámhachtain costais a bhaineann leis an táille ráthaíochta a ghearrann Sociedades de Garantia Reciproca (SGRanna), ús na hiasachta, agus na costais a bhaineann leis an oibríocht ráthaíochta agus an iasacht a mheasúnú agus a oscailt chun fiontair thionsclaíocha a chruthú nó chun saoráidí atá ann cheana a leathnú,nó aon fheabhsú ar a gcóras táirgthe arb é is aidhm dó iomaíochas a mhéadú. Féadfaidh an infheistíocht sin tacaíocht a fháil freisin ó Chláir eile de chuid an Aontais nó óionstraimí eile le haghaidh costais nach dtacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leo. Beidh aibíocht bliana ar a laghad ag an iasacht. Bronnadh tacaíocht airgeadais ó MINTUR ar 1500 oibríocht ar a laghad trí CERSA ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid, agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. (Bonnlíne: 1 Eanáir 2021)
199	C13.I3	M	An Plean maidir le Digitiú FBManna 2021-2025	Foilseacháin				R1	2021	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean maidir le Digitiú FBManna 2021-2025 lena bhforáiltear do shraith ionstraimí chun na huirlisí digiteacha atá ar fáil cheana féin a ionchorprú i micrifhiontair agus i bhfiontair uathrialaitheacha, borradh a chur faoi dhigitiú gnólachtaí beaga agus nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn
200	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Uirlisí Digiteacha	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad geallta, EUR 3067000000, dírithe ar ghníomhaíochtaí chun FBManna, micrifhiontair agus daoine féinfhostaithe a dhigitiú tríd an gClár Uirlisí Digiteacha, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
201	C13.I3	T	Buiséad geallta do Ghníomhairí an Chláir Athruithe	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad EUR 300000000 geallta, dírithe ar FBManna i ‘gClár na nGníomhairí Athraithe’. Áireofar sna glaonna ar thograí lena ngabhann téarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
202	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Tacaíochta do Bhraislí	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad geallta EUR 115000000 sa ‘Chlár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha’. Áireofar sna téarmaí agus sna horduithe coinníollacha*(ordenes de base)*

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			Gnó Nuálacha							agus sna glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
203	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár DIHanna	—	%	0	30	R4	2022	30 % ar a laghad den bhuiséad EUR 37590000 geallta, i ‘gClár na Mol Nuálaíochta Digití’. Áireofar sna téarmaí agus sna horduithe coinníollacha*(ordenes de base)* agus sna glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
204	C13.I3	T	FBManna a fhaigheann tacaíocht ón gclár Uirlisí Digiteacha	—	Líon	0	500 000	R4	2024	500000 FBM, micrifhiontar agus féinfhostaithe ar a laghad a bhfuil tacaíocht faighte acu ón ‘gClár Uirlisí Digiteacha, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
205	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid Gníomhairí an Chláir Athraithe agus an Chláir Sainchomhairleoireachta	—	%	30	100	R4	2023	100 % den bhuiséad EUR 300000000 geallta (lena n-áirítear costais bhainistíochta suas le 4 % den bhuiséad iomlán a gealladh), i ‘gGníomhairí Athraithe’ agus/nó i ‘gClár Comhairleach Kit’ (atá dírithe ar FBManna araon). Is cláir iad sin a bhfuil sé d’aidhm acu tacú le 15000 fiontar beag agus meánmhéide (10-249 bhfostaí) ar a laghad ina bpróisis chlaochlaithe dhigitigh. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2022).
206	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid an Chláir Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha	—	%	30	100	R4	2023	100 % den bhuiséad EUR 115000000 geallta, sa ‘Chlár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha’. Is é is aidhm don bheart seo tacú le tionscadail chun slabhra luacha na n-earnálacha eacnamaíocha éagsúla a dhigitiú, arna ndéanamh ag Braislí Gnó Nuálacha agus a n-eintitis chomhlachaithe faoi bheartas tacaíochta FBM na hAireachta Tionscail agus Turasóireachta. Áireofar sna téarmaí agus sna horduithe coinníollacha*(ordenes de base)* agus sna glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2022).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
207	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid an Chláir DIHanna	—	%	30	75	R4	2023	75 % den bhuiséad EUR 37590000 geallta, i ‘gClár na Mol Nuálaíochta Digití’. Is clár é seo chun cabhrú le cuideachtaí a bheith níos iomaíche, trí fheabhas a chur ar a bpróisis ghnó agus táirgthe trí dhianúsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. Áireofar sna téarmaí agus sna horduithe coinníollacha*(ordenes de base)* agus sna glaonna ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. (bonnlíne: An 31 Nollaig 2022).
208	C13.I3	T	An Clár Uirlisí Digiteacha a chur i gcrích	—	Líon	500 000	676 000	R4	2025	676000 FBM, micrifhiontar agus féinfhostaithe ar a laghad a bhfuil tacaíocht faighte acu ón ‘gClár Uirlisí Digiteacha, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Tá an clár bunaithe ar sholáthar deontas chun tacú le comhtháthú na teicneolaíochta digití chun ríomhthráchtáil a ghlacadh go héifeachtach, chun an caidreamh leis an Riarachán agus le custaiméirí a dhigitiú, chun próisis dhigiteacha inmheánacha a fhorbairt, agus chun sonrascú leictreonach agus margaíocht dhigiteach a thabhairt isteach; réitigh atá dírithe go háirithe ar sheirbhísí a chur chun cinn. Leis an gclár, fóirdheonaítear go páirteach na costais a bhaineann le pacáistí de réitigh bhunúsacha dhigiteacha a ghlacadh amhail láithreacht idirlín, ríomhdhíol, néaloifig, post digiteach, próisis bhunúsacha digitithe, bainistiú custaiméirí, margaíocht dhigiteach agus cibearshlándáil. (bonnlíne: 31 Nollaig 2023). Den sprioc dheiridh de 676000 FBM, micrifhiontar agus féinfhostaithe ar a laghad: • Tacófar le 629000 FBM ar a laghad a bhfuil níos lú ná 50 fostaí, micrifhiontair agus daoine féinfhostaithe acu le dearbhán EUR 2000 ar a laghad agus suas le EUR 12000. • Tacófar le 12100 FBM ar a laghad a bhfuil 50 fostaí ar a laghad agus níos lú ná 250 fostaí acu le dearbhán EUR 25000 29000 ar a laghad.
209	C13.I3	T	A bhfuil gníomhaíochtaí curtha i gcrích acu arb é is aidhm dóibh an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú (gan	—	Líon	0	169 747	R4	2025	169747 FBM ar a laghad a bhfuil gníomhaíochtaí curtha i gcrích acu arb é is aidhm dóibh an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú, agus tacaíocht á fáil acu ó na cláir seo a leanas: An Clár ‘Gníomhairí um Athrú’, Clár ‘Kit Consulting’, ‘Luasairí FBM 2.0’; ‘Clár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha’. 1) Cláir ‘Gníomhairí Athraithe’ agus ‘Cuibhreannasíocht Chuibhreannais’: leis an dá chlár sin le chéile, tacófar le 15000 fiontar beag agus meánmhéide (deich-249 bhfostaí) ar

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			uirlisí digiteacha a áireamh)							a laghad ina bpróisis chlaochlaithe dhigitigh. 2) An clár 'FBM 2.0': is gníomhaíocht é sin faoin infheistíocht lena leathnófar an bonneagar a thacaíonn le digitiú FBManna le seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí oiliúna. 3) An clár 'Tacaíocht do Bhraislí Gnó Nuálacha': tacóidh an clár seo le tionscadail chun slabhra luacha na n-earnálacha eacnamaíocha éagsúla a dhigitiú, arna ndéanamh ag Braislí Gnó Nuálacha agus a n-eintitis chomhlachaithe, mar chuid de bheartas tacaíochta FBManna na hAireachta Tionscail agus Turasóireachta. Gníomhaíochtaí agus/nó pacáistí oibre a chur i gcrích arna gcistiú ag Clár Tacaíochta na Mol Nuálaíochta Digití a chomhfhreagraíonn do chinntí dámhachtana ar EUR 37590000 ar a laghad. Ní chuirfear san áireamh pacáistí oibre arna gcistiú ag an gClár don Eoraip Dhigiteach. Cuideoidh Clár Tacaíochta na Mol Nuálaíochta Digití le cuideachtaí a bheith níos iomaíche, trí fheabhas a chur ar a bpróisis ghnó agus táirgthe trí dhianúsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha. Ϊιρεοφαρ σναglaonna ar thograí ó na cláir roimhe seo agus ó Chlár Tacaíochta na Mol Nuálaíochta Digití critéir incháilitheachta lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
210	C13.I4	T	FBManna agus comhlachais ghnó a fuair tacaíocht ón gCiste Teicneolaíochta	—	Líon	0	200	R2	2023	200 FBM nó comhlachas gnó ar a laghad san earnáil tráchtála a bhfuil tacaíocht deontais faighte acu ón gCiste Teicneolaíochta, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Is é is aidhm do thionscadail san earnáil trádála bheag teicneolaíochtaí nua a ionchorprú lena gcumasaítear trádáil áitiúil chun freagairt do nósanna nua tomhaltais, faoin 'gCiste Teicneolaíoch' (200 tionscadal). Áirítear an méid seo a leanas ar na tionscadail incháilithe faoin gciste sin: a. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar straitéis tráchtála agus cumarsáide ar líne, ar shamhlacha gnó nó ar thaithí siopadóireachta. b. Tionscadail i dteicneolaíochtaí nua chun an t-eispéireas fisiceach siopadóireachta a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										chur in oiriúint do riachtanais agus nósanna nua tomhaltóirí agus do shamhlacha nua bainistíochta. C. Tionscadail i réitigh theicneolaíocha chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht lóistíochta an mhíle dheireanaigh a fheabhsú. d. Tionscadail maidir le réitigh theicneolaíocha a chur chun feidhme chun éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní a fheabhsú. Cuirfear an infheistíocht i gcrích trí ardán digiteach (*Plataforma Comercio Conectado)* achruthú chun digitiú na hearnála a chothú.
211	C13.I4	T	Gníomhaíochtaí nuachóirithe i margaí bardasacha nó i réimsí tráchtála	—	Líon	0	30	R4	2024	30 gníomhaíocht nuachóirithe ar a laghad curtha i gcrích i margaí bardasacha nó i limistéir thráchtála, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Tionscadail arna gcur isteach ag údaráis áitiúla, le haghaidh feabhsuithe ar nuachóiriú margaí bardasacha, limistéar tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha agus gearrbhealaí margaíochta, faoin gclár 'Margaí Inbhuanaithe' (30 tionscadal). I measc na dtionscadal incháilithe faoin gclár seo tá: a. Tionscadail maidir le huirlisí léargais custaiméara a ghlacadh bunaithe ar mhórshonraí nó ar theicneolaíochtaí eile. b. Tionscadail i gclaochlú digiteach na margaí lena bhfeabhsaítear margadh uile-chainéal agus eispéireas siopadóireachta. C. Tionscadail atá dírithe ar chlaochlú digiteach na tráchtála sráide agus bealaí gearra margaíochta. d. Tionscadail in oibreacha agus athchóiriú chun feabhas a chur ar shaoráidí, ar a n-inrochtaineacht, ar threalamh agus ar leordhóthanacht na limistéar ina bhfuil margaí bardasacha, limistéir thráchtála agus margaí neamhaistreacha, agus a limistéir chóngaracha. e. Tionscadail chun tomhaltas ionchur ag tráchtáil a laghdú agus iad sin a ionadú le haghaidh roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. F. Pointí seachadta cliste a shuiteáil. g. Tionscadail chun éifeachtúlacht fuinnimh margaí bardasacha, limistéar tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha a fheabhsú. H. Gníomhaíochtaí lena gcuirtear athchúrsáil nó athúsáid dramhaíola chun cinn. I. Múscailt feasachta agus oiliúint i scileanna teicneolaíochta margaí bardasacha, réimsí tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha.
212	C13.I4	T	Nuachóiriú ar bhonneagar	—	Líon	0	100	R4	2024	100 gníomhaíocht ar a laghad maidir le nuachóiriú bonneagair margaidh i mbardais

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			margaidh i mbardais bheaga							bheaga formheasta agus tionscanta, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. I measc na dtionscadal incháilithe faoin gclár seo tá: a. Tionscadail maidir le huirlisí léargais custaiméara a ghlacadh bunaithe ar mhórshonraí nó ar theicneolaíochtaí eile. b. Tionscadail i gclaochlú digiteach na margaí lena bhfeabhsaítear margadh uile-chainéal agus eispéireas siopadóireachta. C. Tionscadail atá dírithe ar chlaochlú digiteach na tráchtála sráide agus bealaí gearra margaíochta. d. Tionscadail in oibreacha agus athchóiriú chun feabhas a chur ar shaoráidí, ar a n-inrochtaineacht, ar threalamh agus ar leordhóthanacht na limistéar ina bhfuil margaí bardasacha, limistéir thráchtála agus margaí neamhaistreacha, agus a limistéir chóngaracha. e. Tionscadail chun tomhaltas ionchur ag tráchtáil a laghdú agus iad sin a ionadú le haghaidh roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. F. Pointí seachadta cliste a shuiteáil. g. Tionscadail chun éifeachtúlacht fuinnimh margaí bardasacha, limistéar tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha a fheabhsú. H. Gníomhaíochtaí lena gcuirtear athchúrsáil nó athúsáid dramhaíola chun cinn. I. Múscailt feasachta agus oiliúint i scileanna teicneolaíochta margaí bardasacha, réimsí tráchtála, margaí díolacháin neamhaistreacha.
213	C13.I5	T	Cuideachtaí atá rannpháirteach i dtionscadail a thacaíonn lena n-idirnáisiúnú	—	Líon	0	3 000	R4	2024	3000 cuideachta ar a laghad, ar ghlac 2500 FBM ar a laghad páirt iontu agus a thug tionscadail chun críche chun tacú lena n-idirnáisiúnú faoi chuimsiú Phleananna Gníomhaíochta um Idirnáisiúnú 2021-2022 agus 2023-2024. Rachaidh gníomhaíochtaí cothrománacha tacaíochta chun comhlachais onnmhairí, comhlachais tráchtála agus seirbhísí riaracháin a dhigitiú chun tairbhe na n-onnmhaireoirí uile agus cuirfidh siad idirnáisiúnú cuideachtaí nua chun cinn, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh. Roghnófar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht ón liosta tionscadal/réimsí seo a leanas: 1. Líne chistiúcháin do staidéir indéantachta, indéantachta, réamh-indéantachta agus nuachóirithe earnála agus institiúideacha. 2. Clár INNOVA Invest chun tacú le hinfheistíochtaí coigríche in T & F.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										3. Clár VIVES chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht airgeadais chun oiliúnaithe a fhostú i gcuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí easpórtála. 4. Clár meantóireachta agus oiliúna idirnáisiúnaithe. 5. Clár chun córais chumarsáide, seirbhísí teileamaitice agus digitiú comhlachas onnmhairithe, Comhlachais Tráchtála na Spáinne agus a gcónaidhmeanna a neartú. 6. An Clár um Méadú ar Bhonn Onnmhairiúcháin, clár chun cóitseáil phearsantaithe a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do FBManna idirnáisiúnaithe go háirithe. 7. Clár chun Éiceachóras Fiontar Ardfháis na Spáinne a neartú. 8. Cabhair chun margaí a oscailt agus a chomhdhlúthú trí fhóirdheontais le haghaidh caiteachas a bhaineann le cigireachtaí agus iniúchtaí ar údaráis tríú tíortha agus le caiteachas dlíthiúil agus comhairliúcháin ar chosaint trádála. 9. Clár dreasachta airgeadais de chuid COFIDES (institiúid airgeadais faoi úinéireacht stáit a sholáthraíonn maoiniú meántéarmach agus fadtéarmach chun tacú le tionscadail infheistíochtaí idirnáisiúnaithe gnólachtaí) chun infheistíochtaí tionchair a chur chun cinn. 10. Borradh a chur faoi dhigitiú seirbhísí rialtais chun tacú leis an idirnáisiúnú. 11. ICEX a dhigitiú (eintiteas gnó poiblí náisiúnta a chuireann idirnáisiúnú ghnólachtaí na Spáinne chun cinn) agus Campas Fíorúil a chruthú. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) d’idirbhearta a fhaigheann tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as díonadh inbhuanaitheachta, úsáid a bhaint as liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.

M.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na tacaíochta iasachta

Infheistíocht 6 (C13.I6) — Líne Ghlas ICO agus Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht in dhá líne airgeadais: líne Ghlas ICO agus Líne Fiontar agus Fiontraithe ICO.

Líne Ghlas ICO

Is éard a bheidh san eilimint sin den bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Líne ICO Ghlas, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha glasa na Spáinne agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin, go háirithe lena gcumhdaítear seacht réimse éagsúla: iompar inbhuanaithe, lena n-áirítear iompar iarnróid; II) éifeachtúlacht fuinnimh; III) fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear stóráil fuinnimh agus gréasán leictreachais; IV) dícharbónú tionsclaíoch agus slabhraí luacha tionsclaíocha ísealcharbóin atá nasctha leis an aistriú fuinnimh; V) bainistiú uisce; VI) an geilleagar ciorclach; VII) oiriúnú don athrú aeráide. Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú díreach, ceannacháin bannaí corparáideacha agus infheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach agus do theaghlaigh, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 22000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is iad Instituto de Crédito Oficial (ICO) agus Axis (bainisteoir fiontair/caipitil phríobháideach ICO) mar na comhpháirtithe cur chun feidhme a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne Idirghabhála: is éard a bheidh sa líne idirghabhála iasachtaí arna dtabhairt ag ICO do bhainc thráchtála, a dhámhfaidh iasachtaí do thairbhithe deiridh chun tionscadail ghlasa a mhaoiniú. Is cuideachtaí príobháideacha (amhail FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, corparáid mhór nó fiontraithe) agus teaghlaigh a bheidh sna tairbhithe deiridh.
- Maoiniú díreach ICO: cuirfidh an líne sin iasachtaí díreacha ar fáil do chuideachtaí príobháideacha (amhail cuideachtaí meánchaipitlithe) agus do chuideachtaí poiblí chun tionscadail ghlasa a mhaoiniú. Is í ICO a sholáthróidh na hiasachtaí go díreach agus gach tionscadal arna chómhaoiniú ag infheisteoir príobháideach tríú páirtí nó infheisteoirí príobháideacha tríú páirtí. Beidh na cistí arna soláthar ag ICO ionann le huasmhéid 70 % de mhéid iomlán na tacaíochta don infheistíocht. Cumhdóidh infheisteoirí príobháideacha 30 % ar a laghad de mhéid iomlán na tacaíochta infheistíochta.
- Ceannacháin bannaí corparáideacha: faoin líne sin, ceannóidh ICO urrúis shinsearacha mheántéarmacha agus ioncaim sheasta fhadtéarmacha arna n-eisiúint ag cuideachtaí Spáinneacha sna margaí tánaisteacha eagraithe (amhail margadh ioncaim sheasta malartach (MARF) nó Comhlachas Idirghabhálaithe le haghaidh Sócmhainní Airgeadais (AIAF)). Beidh na hurrúis nasctha le tionscadal infheistíochta glaise sonrach de chuid na cuideachta a eisíonn an t-urrús.
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh a sholáthar trí Ais (bainisteoir fiontair/caipitil phríobháidigh ICO) agus/nó aistriú cistí chuig cistí cothromais nó

chuig meáin infheistíochta eile arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais i gcuideachtaí a dhéanann tionscadail ghlasa. Ní sháróidh rannpháirtíocht uasta na Líne 49 % de na cistí meán infheistíochta. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ag an Líne ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh an gheilleagair de**.**

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

        i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[99], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[100](iii) gníomhaíochtaí agus

[99]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[100]I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[101] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[102].

ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[103] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[104], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[105](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[106] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[107].

---

[101]N⸗λ φειδημ αγ αν εισιαμη sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.
Níl feidhm ag an eisiamh102 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[103]Leasa⸗tear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisci⏐ Inbhuanaitheachta Corpar⟨ideach.

[104]Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise, agus deireadh iomlán á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise le himeacht ama

[105]I gc⟨s ina mbaintear amach leis an ngn⸗omha⸗ocht a dtaca⸗tear l⌈i asta⸗ochta⸗ r⌈amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⸗os ⸗sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, tabharfar m⸗ni⏐ ar na c⏐iseanna nach bhfuil s⌈ sin ind⌈anta. Tagarmharcanna a bhuna⸗tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⸗omha⸗ochta⸗ a thagann faoi raon feidhme an Ch⌈rais Tr⟨d⟨la Asta⸗ochta⸗, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌈n gCoimisi⏐n.

[106]N⸗λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[107]N⸗λ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear trí liosta de dhearbhú dearfach agus/nó féindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí liosta de dhearbhú dearfach agus/nó féindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 17800000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[108]

---

mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[108]Ceanglófar ar thairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO

Is éard a bheidh i gceist leis an ngné sin den bheart infheistíocht phoiblí i Líne ICO na bhFiontar agus na bhFiontraithe, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin, tionscadail a bhaineann le digitiú ollscoileanna poiblí agus príobháideacha, mar chuid de PERTE New Economy of the Language (NEL), agus tionscadail cuideachtaí in earnáil na turasóireachta a bhaineann le hinbhuanaitheacht, digitiú, scéimeanna uas-scilithe le haghaidh acmhainní daonna agus trealaimh, agus a iomaíochas agus a athléimneacht a neartú. [Leis an Líne, cumhdófar freisin riachtanais caipitil oibre a chuirfidh ar chumas cuideachtaí na cuspóirí thuasluaite a chomhlíonadh]. Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú díreach, ceannacháin bannaí corparáideacha agus infheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i

---

roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 8150000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is iad Instituto de Crédito Oficial (ICO) agus Axis (bainisteoir fiontair/caipitil phríobháideach ICO) mar na comhpháirtithe cur chun feidhme a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne Idirghabhála: is éard a bheidh sa líne idirghabhála iasachtaí arna dtabhairt ag ICO do bhainc thráchtála, a dhámhfaidh iasachtaí do thairbhithe deiridh chun tionscadail a bhaineann lena ngníomhaíocht eacnamaíoch a mhaoiniú; digitiú agus intleacht shaorga d'ollscoileanna; agus scéimeanna inbhuanaitheachta, digitithe, athscilithe agus uas-scilithe le haghaidh acmhainní daonna agus trealaimh, agus tionscadail chun iomaíochas agus athléimneacht earnáil na turasóireachta a neartú. Is cuideachtaí príobháideacha (amhail daoine féinfhostaithe, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, corparáidí móra nó fiontraithe) agus eintitis phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla a bheidh sna tairbhithe deiridh.
- Maoiniú díreach ICO: cuirfidh an líne sin iasachtaí díreacha ar fáil do chuideachtaí príobháideacha (amhail cuideachtaí meánchaipitlithe agus corparáidí móra) agus do chuideachtaí poiblí chun tionscadail a bhaineann lena ngníomhaíocht eacnamaíoch a mhaoiniú. Is í ICO a sholáthróidh na hiasachtaí go díreach agus gach tionscadal arna chómhaoiniú ag infheisteoir príobháideach tríú páirtí nó infheisteoirí príobháideacha tríú páirtí. Beidh na cistí arna soláthar ag ICO ionann le huasmhéid 70 % de mhéid iomlán na tacaíochta don infheistíocht. Cumhdóidh infheisteoirí príobháideacha 30 % ar a laghad de mhéid iomlán na tacaíochta infheistíochta.
- Ceannacháin bannaí corparáideacha: faoin líne sin, ceannóidh ICO urrúis shinsearacha mheántéarmacha agus ioncaim sheasta fhadtéarmacha arna n-eisiúint ag cuideachtaí Spáinneacha sna margaí tánaisteacha eagraithe (amhail margadh ioncaim sheasta malartach (MARF) nó Comhlachas Idirghabhálaithe le haghaidh Sócmhainní Airgeadais (AIAF)). Beidh na hurrúis nasctha le tionscadal infheistíochta sonrach de chuid na cuideachta a eisíonn an t-urrús.
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh a sholáthar trí Ais (fiontar ICO/bainisteoir caipitil phríobháidigh) agus/nó aistriú cistí chuig cistí cothromais nó chuig meáin infheistíochta eile arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais i gcuideachtaí (gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus corparáidí móra). Ní sháróidh rannpháirtíocht uasta na Líne 49 % de na cistí meán infheistíochta. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ag an Líne ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ICO Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh an gheilleagair de**.**

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

        i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[109], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[110](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[111] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[112].
        ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a

---

[109]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[110]I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[111]N{λ φειδημ αγ αν εισιαμη sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Níl feidhm ag an eisiamh112 sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[113] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[114], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[115](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[116] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[117].

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

---

[113]Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[114]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[115]I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear lena hastaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad nós sle nár na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na ciseanna nach bhfuil sásúil sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[116]Νέα φειδημα αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[117]Νέα φειδημα αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, ceanglais na sprice digití; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 150000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[118]

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh ICO Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta

[118]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 7 (C13.I7) — An chéad Chiste Teicneolaíochta Eile

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Ciste Teicneolaíochta Eile, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne atá ceangailte leis an aistriú digiteach agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí chomhinfheistíocht le cistí eile, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí a ghabhann do ghníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 4000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT) agus/nó Axis (bainisteoir fiontair/caipitil phríobháideach ICO) mar chomhpháirtithe cur chun feidhme an tSaoráid a bhainistiú. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Líne dhíreach: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh nó infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar trí SETT, do chuideachtaí atá corpraithe sa Spáinn, gan beann ar a méid agus ar a n-úinéireacht ar an gcaipiteal, a gheallann tionscadail teicneolaíochta nua a chur i gcrích. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.
- Líne indíreach: is éard a bheidh sa líne sin aistriú cistí chuig meáin infheistíochta atá ann cheana agus atá á mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha, lena n-áirítear cistí caipitil fiontair, a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais agus/nó cuasachothromais sna réimsí teicneolaíochta a bhfuil an Ciste dírithe orthu. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta an Chiste thar 49 % den chiste meán infheistíochta.
- An Tionscnamh Eorpach um Chraobhchomórtas Teicneolaíochta (ETCI): is éard a bheidh sa líne sin aistriú cistí suas le EUR 1 bhilliún ón Spáinn chuig ETCI, Ciste Cistí arna mbainistiú ag an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI), lena ndéanfar caipiteal fáis ag céim dhéanach a dhíriú ar nuálaithe Eorpacha a bhfuil gealladh fúthu.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus Ais agus/nó an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara ina mbeidh an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Maidir leis an líne dhíreach, déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. I gcás na líne dírí, beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnú) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa tríd an líne indíreach agus tríd an líne ETCI, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

    i. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[119] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[120], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[121](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[122] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[123].

---

[119] Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[120] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise, agus deireadh iomlán á chur le breoslaí iontaise go hiomlán le himeacht ama.

[121] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[122] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[123] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó an ionstraim dlí agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

   b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

   c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme agus/nó san ionstraim dlí agus sna doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, lena n-áirítear trí fhéindearbhú a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú, sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

   d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ICO agus/nó SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir le spriocanna aeráide; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme agus/nó na hionstraime dlí agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú, lena n-áirítear trí fhéindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000, sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 4000000000 ar a laghad d’infheistíocht RRF sa

tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú digiteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[124]

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh ICO agus/nó SETT idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh Ais agus/nó SETT Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme nó leis an ionstraim dlí agus leis na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir mutatis mutandis leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh mutatis mutandis faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

[124]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Infheistíocht 8 (C13.I8) — Ciste Comhinfheistíochta (FOCO)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, an Ciste Comhinfheistíochta, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnálacha straitéiseacha na Spáinne, go háirithe sna hearnálacha sin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le PERTEnna, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin. Feidhmeoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais a sholáthar trí chomhinfheistíochtaí le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha agus iltaobhacha tríú páirtí, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 2000000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Compañía Española de Financiación del Desarrollo (COFIDES) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne dhíreach: Déanfaidh an tSaoráid comhinfheistíocht dhíreach le hinfheisteoirí institiúideacha eachtracha tríú páirtí i gcuideachtaí a bhfuil gealltanas tugtha acu tionscadail nua a dhéanamh in earnálacha eacnamaíocha straitéiseacha na Spáinne, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus le PERTEnna. Beidh an tSaoráid in ann infheistíocht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ionstraimí iasachta, cothromais agus cuasachothromais. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán
- Líne indíreach: Infheisteoidh an tSaoráid i gcistí atá ann cheana a infheistíonn sna hearnálacha a ndírítear orthu leis an tSaoráid agus beidh sí in ann meáin mhaoinithe shaincheaptha a chruthú lena ndíreofar ar na hearnálacha céanna. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta na Saoráide thar 49 % d'aon chiste nó d'aon mheán infheistíochta eile agus ní bheidh sí ina cúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i gciste nó i meán infheistíochta a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Beidh an chomhinfheistíocht ag infheisteoirí tríú páirtí coibhéiseach ar a laghad le ranníocaíocht na Saoráide agus déanfaidh sí infheistíocht ar théarmaí pari passu. Féadfaidh comhinfheisteoirí tríú páirtí na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh:

- Institiúidí poiblí eachtracha, amhail cistí pinsin poiblí, cistí ceannasacha agus focheannasacha, institiúidí iltaobhacha a infheistíonn i margaí caipitil príobháideacha (amhail an Ciste Eorpach Infheistíochta).
- Infheisteoirí institiúideacha fadtéarmacha príobháideacha coigríche amhail cistí infheistíochta, cistí pinsin nó cuideachtaí árachais.
- Meáin agus eintitis infheistíochta príobháidí intíre, ar choinníoll go slógann siad acmhainní airgeadais ó infheisteoirí príobháideacha coigríche.
- Cuideachtaí cothromais eachtracha atá rannpháirteach i bhfigiúirí cuideachta sa Spáinn chun tionscadail infheistíochta agus gníomhaíochtaí táirgiúla a dhéanamh a bhféadfadh an ciste tacú leo.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, formheasfaidh an Spáinn rialachán, agus aon doiciméid ghaolmhara, chun an tSaoráid a chruthú agus a bhainistiú lena n-áireofar an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad na hidirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart. Le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha, i.e. infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i dtáirgí cosanta a shainaithnítear sa chlár oibre bliantúil don Chiste Eorpach Cosanta; infheistíochtaí spáis i gcloig adamhacha, i lainseálaithe straitéiseacha; agus táirgí spáis; agus infheistíochtaí nach ndírítear ach ar uirlisí agus réitigh chibearshlándála a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear nuair is cuid iad sin d'imscaradh nó d'uasghrádú líonraí digiteacha agus bonneagair sonraí; ní bheidh tairbhithe deiridh á rialú ag tríú tír ná ag eintitis tríú tír agus beidh a mbainistíocht feidhmiúcháin san Aontas acu cé is moite d'infheistíochtaí faoi bhun EUR 10000000. Má tá baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na nascachta 5G,[125] beidh feidhm ag na bearta agus na pleananna maolaithe riosca, de bhun Bhosca Uirlisí Cibearshlándála 5G, maidir lena sholáthróirí freisin. Áirítear ar na soláthróirí sin go háirithe díoltóirí trealamh teileachumarsáide agus monaróirí agus soláthraithe eile tríú páirtí, amhail soláthraithe néalbhonneagair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, slánaitheoirí córas, conraitheoirí slándála agus cothabhála agus monaróirí trealamh tarchurtha. I gcás ina bhfuil baint ag an tairbhí deiridh le hinfheistíocht straitéiseach i réimse na cosanta, beidh feidhm ag an teorannú sin freisin maidir lena sholáthróirí agus lena fhochonraitheoirí. Na teorainneacha a bhaineann le heaspa rialaithe ag tríú tír nó ag eintiteas tríú tír a leagtar amach sna trí mhír thuas, níl feidhm acu maidir le hoibríocht mhaoiniúcháin agus infheistíochta ar leith i gcás inar féidir leis an tairbhí deiridh a léiriú gur eintiteas dlítheanach é ar ina leith a d'fhormheas an Ballstát ina bhfuil sé bunaithe ráthaíocht i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta ('EDF')[126] nó i gcomhréir leis an tarscaoileadh ón gCoimisiún arna dheonú i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le heintitis incháilithe a leagtar amach i

[125] Grúpa Comhair NIS, Cibearshlándáil líonraí 5G Bosca Uirlisí an Aontais maidir le bearta maolaithe riosca, 01/2020, https://ec.europa.eu/newsroom/dae/document.cfm?doc_id=64468

bhforálacha ábhartha an Rialacháin Spáis[127]. Ní mór don chomhpháirtí cur chun feidhme fógra a thabhairt don rialtas faoi aon mhaolú a dheonaítear ar na teorainneacha.

b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

    i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[128], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[129] (iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[130] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[131]. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó

---

[126] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta

[127] Rialachán (AE) 2021/696 lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis

[128]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[129]Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.Cuirfear cur chun feidhme an bhirt i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

[130]Nؽλ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[131]Nؽλ φειδημ αγ αν εισιαμησin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála

ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar ón mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas substaintiúil acu[132] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[133]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[134]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[135]; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt[136]dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh.

ii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis na rialacháin agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, struchtúr na dtáillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

---

dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[132] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[133]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[134]Lena n-⟨ir⟩tear gn⟩omha⟩ochta⟩ agus s ⌠cmhainn⟩ faoi Ch ⌠ras Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩ an Aontais (CTA) lena mbaintear amach asta⟩ochta⟩ n⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha. I gc⟨s ina mbainfidh an ghn⟩omha⟩ocht a dtaca⟩tear l⌠i amach asta⟩ochta⟩ n⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, sol⟨thr ⌠far m⟩ni | ar na c |iseanna nach f⌠idir ⌠ sin a dh⌠anamh. Tagarmharcanna a bhuna⟩tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⟩omha⟩ochta⟩ a thagann faoi raon feidhme an Ch ⌠rais Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌠n gCoimisi |n.

[135]Sainmh⟩n⟩tear feithicl⟩ truaillitheacha mar fheithicl⟩ nach feithicl⟩ asta⟩ochta⟩ nialasacha iad.

[136]N⟩λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid roimh ghealltanas a thabhairt oibríocht a mhaoiniú.
d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta COFIDES. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin is infheidhme agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear na Comhaontuithe Saoráide agus Cistiúcháin á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh COFIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh COFIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
   a. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
   b. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

<u>Infheistíocht 9 (C13.I9) — Ciste Tacaíochta Sócmhainneachta na bhFiontar Straitéiseach (FASEE)</u>

Is éard a bheidh san infheistíocht sin Ciste Tacaíochta Sócmhainneachta na bhFiontar Straitéiseach chun tacaíocht sócmhainneachta shealadach a sholáthar do chuideachtaí inmharthana agus straitéiseacha in earnálacha straitéiseacha eacnamaíocha atá thíos le tionchar phaindéim COVID-19. Ní chumhdófar leis an infheistíocht sin ach na hoibríochtaí sin a chomhlíonann prionsabal DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ex post chun

comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú chomh maith le bailiú sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán RRF.

Déanfar aon athshreabha atá bainteach le hoibríochtaí an Chiste a athinfheistiú ar bhealach comhchosúil go dtí go n-úsáidfear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2024.

Infheistíocht 10 (C13.I10) — An Ciste um Athchaipitliú Gnó COVID-19 (FONREC)

Is éard a bheidh san infheistíocht sin Ciste Athchaipitlithe Gnó COVID-19 chun tacaíocht sócmhainneachta shealadach a chur ar fáil do chuideachtaí meánmhéide inmharthana (idir EUR 10 milliún agus 400 milliún i láimhdeachas) a ndearna an phaindéim COVID-19 difear dóibh. Ní chumhdófar leis an infheistíocht sin ach na hoibríochtaí sin a chomhlíonann prionsabal DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa coinbhleachta leasa agus cistiú dúbailte. Déanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ex post chun comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú chomh maith le bailiú sonraí mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán RRF.

Déanfar aon athshreabha atá bainteach le hoibríochtaí an Chiste a athinfheistiú ar bhealach comhchosúil go dtí go n-úsáidfear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht 11 (C13.I11) — Ionstraim Ráthaíochta SGR-CERSA

Is é is aidhm don infheistíocht seo beart C13.I2 a chomhlánú. Cuirfidh sé feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, trí thacaíocht a sholáthar i bhfoirm ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla trí Compañia Española de Reafianzamiento SME S.A. (CERSA) a neartú. Mar chuid den líne ghníomhaíochta sin, cuirfidh CERSA tacaíocht fhadtéarmach ar fáil trína chumhdach frithráthaíochta do Chumainn Réigiúnacha na Ráthaíochta Frithpháirtí (SGRanna), agus tacóidh sé leis an riosca atá orthu. Cuirfidh CERSA iomaíochas agus athléimneacht FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe chun cinn freisin trí thrí líne thiomnaithe nua lena gceadófar rochtain ar mhaoiniú fadtéarmach agus ar oibríochtaí caipitil oibre le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin sna réimsí seo a leanas: digitiú; inbhuanaitheacht; fás agus téarnamh (athléimneacht a threisiú, go príomha do FBManna a ndearna paindéim COVID-19 difear dóibh, atá réidh chun tabhairt faoi phleananna suntasacha claochlaithe agus fáis). Déanfaidh na Moil Nuálaíochta Digití na ráthaíochtaí a sholáthraítear faoi CERSA agus SGRanna a chur chun cinn agus i dtionscnaimh eile chun gnólachtaí a chur ar an eolas faoin tacaíocht digitithe atá ar fáil.

Ar bhonn infheistíocht EUR 630000000 RRF, tá sé d’aidhm ag CERSA EUR 2100000000 ar a laghad de mhaoiniú a chur ar fáil ar dtús.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 12 (C13.I12) — Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, i gCiste Fiontraíochta agus FBManna ENISA, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus chun rochtain ar

mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail agus i dtionscadail inmharthana agus nuálacha a bhaineann le Teicneolaíocht Teanga, mar chuid de PERTE Geilleagar Nua na Teanga (NEL). Feidhmeoidh an tSaoráid trí iasachtaí rannpháirteacha a sholáthar go díreach don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 303000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh an Fiontar Nuálaíochta Stáit (Empresa Nacional de Innovación, SA — ENISA) an tSaoráid a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus ENISA Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. I gcás ENISA, déanfaidh baill foirne ENISA (atá neamhspleách ar an rialtas) an coiste infheistíochta a lánpháirtiú. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    1. An tuairisc ar an táirge airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    2. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh an gheilleagair de**.**

    3. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    4. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

        i. eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[137], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras

[137] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[138](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla.

ii. ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta ENISA. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, na rialacha maidir le Státchabhair, ceanglais na sprice digití; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.

---

[138]I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 20000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 13 (C13.I13) — an Ciste Athléimneachta Réigiúnach (FRA)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí in urrann an Bhallstáit InvestEU, agus i Saoráid, sa Chiste Athléimneachta Réigiúnach, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú i bPobail Fhéinrialaitheacha na Spáinne a fheabhsú sna réimsí tosaíochta seo a leanas: tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus athghiniúint uirbeach; iompar inbhuanaithe; iomaíochas tionsclaíoch agus iomaíochas FBManna; taighde, forbairt agus nuálaíocht; turasóireacht inbhuanaithe; geilleagar an chúraim; bainistiú uisce agus dramhaíola; agus an t-aistriú fuinnimh; chomh maith le margaí caipitil a fhorbairt sna réimsí sin.

Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú a sholáthar go díreach nó trí idirghabhálaithe, don earnáil phríobháideach, d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla, agus d'eintitis phoiblí, i measc nithe eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 19500000000 ar a laghad a chur ar fáil. Ranníocfar EUR 500000000 breise le hurrann an Bhallstáit InvestEU.

Is é Grúpa BEI, ina cháil mar chomhpháirtí cur chun feidhme, a bhainisteoidh an tSaoráid. Ionchorprófar na línte táirgí seo a leanas sa tSaoráid:

- Líne Phoiblí Dhíreach (EUR 3500000000): Ionstraim iasachta cómhaoinithe dhírigh chun tionscadail ó eintitis phoiblí a mhaoiniú, i measc nithe eile, rialtais réigiúnacha nó áitiúla.
- Línte Eile (EUR 16000000000): Línte atá dírithe ar eintitis phríobháideacha nó ar eintitis phoiblí i ngníomhaíochtaí comhchosúla, go háirithe:
    - Ionstraim chómhaoinithe dhírigh chun tionscadail a mhaoiniú trí iasachtaí, trí shócmhainní a fháil, nó trí rannpháirtíocht i maoiniú tionscadail.
    - Maoiniú idirghafa do FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, tionscadail bhonneagair nó daoine aonair lena n-áirítear trí infheistíochtaí cothromais, cuasachothromas, iasachtaí, creidmheas príobháideach sinsearach, nó ceannach urrús sócmhainn-bhunaithe arna n-eisiúint ag eintitis airgeadais a ghineann punann iasachta incháilithe nua.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus Grúpa BEI Comhaontú Cur Chun Feidhme ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Déanfaidh Grúpa BEI cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide go neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, déanfaidh na hidirghabhálaithe an cinneadh deiridh infheistíochta.
2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe:

    i. I gcás iasachtaí, bannaí tionscadail nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafaidh an beartas infheistíochta an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[139], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[140](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[141] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[142].
    ii. I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: leis an mbeartas infheistíochta, ceanglófar ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar

---

[139] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[140] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.Cuirfear cur chun feidhme an bhirt i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

[141]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[142]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE[143] má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[144], (ii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[145](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí[146] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[147].

iii. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme, an struchtúr táillí le haghaidh an Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

---

[143]Leasaítear Treoir 2013/34/AE le Treoir (AE) 2022/2464 i dtaca leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

[144] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise, agus deireadh iomlán á chur de réir a chéile le breoslaí iontaise le himeacht ama

[145]I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[146]Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[147] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

a. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid roimh ghealltanas a thabhairt oibríocht a mhaoiniú.
b. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta Ghrúpa BEI. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú.
c. An oibleagáid atá ar Ghrúpa BEI tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil arna tarraingt suas ag a n-iniúchóirí seachtracha a sholáthar do Rialaitheoir Ginearálta an rialtais láir ('IGAE').

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF[148].

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh Grúpa BEI idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh Grúpa BEI Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

[148]Ceanglófar ar thairbhithe deiridh ó iasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, bannaí tionscadail, ráthaíochtaí nó ionstraimí coibhéiseacha a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

a. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
b. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Úsáidfear an ranníocaíocht le hurrann an Bhallstáit InvestEU (EUR 500000000) chun maoiniú a dhéanamh le FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe agus daoine aonair, lena n-áirítear trí bhannaí, iasachtaí, léasú, fofhiachas, fachtóireacht, ráthaíochtaí bainc nó maoiniú trádála.

Tiocfaidh Comhaontú Ráthaíochta i bhfeidhm idir an Coimisiún agus comhpháirtí cur chun feidhme, arna roghnú i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017. Mhol an Spáinn CEI mar an Comhpháirtí Cur Chun Feidhme chun an beart seo a chur chun feidhme.

Síneoidh an Spáinn comhaontú ranníocaíochta leis an gCoimisiún Eorpach ina n-áireofar:

- An Comhpháirtí Cur Chun Feidhme atá beartaithe.
- An ceanglas Treoir Theicniúil DNSH a chomhlíonadh (2021/C58/01). Más gá, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas ó incháilitheacht sa Chomhaontú Ráthaíochta: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[149]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[150]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le

[149] Cé is moite de (a) tionscadail i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[150] I gc⟨s ina mbainfidh an ghn⟩omha⟩ocht a dtaca⟩tear l⌈i amach asta⟩ochta⟩ r⌈amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, sol⟨thr ⌈far m⟩ni ⌋ar na c ⌋iseanna nach f⌈idir⌈ sin a dh⌈anamh. Tagarmharcanna a bhuna⟩tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⟩omha⟩ochta⟩ a thagann faoi raon feidhme an Ch ⌈rais Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌈n gCoimisi ⌋n.

líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[151] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[152].

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

M.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

[151] Nʃ λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[152] Nʃ λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus bithdhramhaíl anaeróbach a dhíleá, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L25	C13.I6	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme le ICO le haghaidh Líne Ghlas ICO	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L25a	C13.I6	T	Líne Ghlas ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I)		%	0 %	15 %	R4	2024	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 15 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Cuirfidh ICO tuarascáil ar fáil ina sonrófar an sciar den mhaoiniú sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
L26	C13.I6	T	Líne Ghlas ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II)		%	15 %	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Cuirfidh ICO tuarascáil ar fáil ina sonrófar an sciar den mhaoiniú sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
L27	C13.I6	T	Líne Ghlas ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	50 %	75 %	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 75 % ar a laghad

			(lena n-áirítear cistí cothromais) (III)							d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 7.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Cuirfidh ICO tuarascáil ar fáil ina sonrófar an sciar den mhaoiniú sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
L28	C13.I6	T	Líne Ghlas ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (IV)		%	75 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 10 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Rannchuideoidh 80.9 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
L29	C13.I6	T	Líne Ghlas ICO — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 22000000000 chuig ICO le haghaidh na Saoráide.
L30	C13.I6	M	Comhaontú Cur Chun Feidhme le haghaidh Líne Fiontair agus Fiontraithe ICO	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.
L31	C13.I6	T	Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I)		%	0 %	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun

										Feidhme).
L32	C13.I6	T	Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II)		%	50 %	75 %	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 75 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 7.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme).
L33	C13.I6	T	Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (III)		%	75 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ICO/Axis, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag ICO, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 10 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Rannchuideoidh 1.84 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L34	C13.I6	M	Líne na bhFiontar agus na bhFiontraithe ICO — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht.	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 8150000000 chuig ICO le haghaidh na Saoráide.
L35	C13.I7	M	An chéad Chiste Teicneolaíochta Eile — Comhaontú Cur Chun Feidhme le hAiseanna agus/nó SETT	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid
L36	C13.I7	T	An chéad teicneolaíocht eile — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh		%	0 %	50 %	R2	2025	Ais agus/nó SETT, agus idirghabhálaithe arna roghnú ag Ais agus/nó SETT, beidh comhaontú maoinithe dlíthiúil déanta acu le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais don mhéid is gá chun 50 %

			agus cistí cothromais (I)							ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh SETt tuarascáil ar fáil ina sonrófar an sciar den mhaoiniú sin a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L37	C13.I7	T	An chéad teicneolaíocht eile — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais (II)		%	50 %	75 %	R4	2025	Ais agus/nó SETT, agus idirghabhálaithe arna roghnú ag Ais agus/nó SETT, beidh comhaontú maoinithe dlíthiúil déanta acu le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais don mhéid is gá chun 75 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh SETt tuarascáil ar fáil ina sonrófar an sciar den mhaoiniú sin a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L38	C13.I7	T	An chéad teicneolaíocht eile — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais (II)		%	75 %	100 %	R3	2026	Ais agus/nó SETT, agus idirghabhálaithe arna roghnú ag Ais agus/nó SETT, beidh comhaontú maoinithe dlíthiúil déanta acu le tairbhithe deiridh agus cistí cothromais le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh 100 % den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L39	C13.I7	M	Next Tech — Tá infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht.	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 4000000000 chuig ICO agus/nó SETT le haghaidh na Saoráide.
L40	C13.I8	M	Foco — Rialacháin lena mbunaítear an Ciste	Teacht i bhfeidhm na rialachán lena mbunaítear an tSaoráid				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid.
L41	C13.I8	T	Foco — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I)		%	0	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag COFIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 20 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 20 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid).
L42	C13.I8	T	Foco — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II)		%	50 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag COFIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 20 % ar a

										laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 20 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid).
L43	C13.I8	T	Foco — tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht.	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 2000000000 chuig an tSaoráid
L44	C13.I9	T	An Ciste um Thacaíocht Sócmhainneachta le haghaidh Fiontair Straitéiseacha		Milliún EUR	0	563	R2	2024	Eisíocadh EUR 563300000 ar a laghad d'oibríochtaí incháilithe RRF faoi FASEE leis na tairbhithe deiridh. Le hiniúchadh ex post arna dhéanamh ag iniúchóir neamhspleách, ba cheart go ndeimhneofaí, ar a laghad, comhlíonadh DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa calaoise, éillithe, coinbhleacht leasa agus cistiú dúbailte chomh maith le bailiú sonraí a leagtar amach in Airteagal 22 den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Fíorófar leis an iniúchadh ex post nár soláthraíodh tacaíocht ach do chuideachtaí a bhí inmharthana agus straitéiseach don chreatlach tháirgiúil náisiúnta nó réigiúnach tráth a dámhadh an tacaíocht.
L45	C13.I10	T	FONREC		Milliún EUR	0	457,01	R2	2025	Eisíocadh EUR 457010000 ar a laghad d'oibríochtaí incháilithe RRF faoi FONREC leis na tairbhithe deiridh. Le hiniúchadh ex post arna dhéanamh ag iniúchóir neamhspleách, ba cheart go ndeimhneofaí, ar a laghad, comhlíonadh DNSH, rialacha maidir le státchabhair, easpa calaoise, éillithe, coinbhleacht leasa agus cistiú dúbailte chomh maith le bailiú sonraí a leagtar amach in Airteagal 22 den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Fíorófar leis an iniúchadh ex post nár tugadh tacaíocht ach do chuideachtaí atá incháilithe faoi chreat dlíthiúil na hionstraime.
L46	C13.I11	T	CERSA		Milliún EUR	0	2 100	R3	2026	Ráthaíocht CERSA: Méid EUR 2100000000 ar a laghad de ráthaíochtaí arna ndeonú ag CERSA ón 1 Iúil 2023 lena gceadaítear do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe ráthaíochtaí a fháil le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha agus caipiteal oibre, agus ráthaíochtaí airgeadais, tráchtála agus teicniúla. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) d'idirbhearta a fhaigheann tacaíocht faoin mbeart seo trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh, agus an ceanglas maidir le comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.
L47	C13.I12	M	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun				R2	2024	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme.

				Feidhme						
L48	C13.I12	T	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh			0	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ENISA le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).
L49	C13.I12	T	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh			50 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag ENISA le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Rannchuideoidh sciar 6.6 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L50	C13.I12	M	Ciste Fiontraíochta agus FBManna ENISA — Tá infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht.	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 303000000 chuig ENISA le haghaidh na Saoráide.
L51	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — InvestEU: Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta				R2	2023	Síniú an Chomhaontaithe Ranníocaíochta idir rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach ar mhéid EUR 500000000.
L52	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — InvestEU: Oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arb ionann iad agus 500 milliún ar a laghad arna leithdháileadh ar an ionstraim arna formheas ag Coiste Infheistíochta InvestEU.			0	100 %	R3	2026	Beidh oibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arb ionann iad agus 100 % de mhéid iomlán acmhainní RRF arna leithdháileadh ar an ionstraim formheasta ag Coiste Infheistíochta InvestEU.
L53	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach: Comhaontú Cur Chun Feidhme	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme, le comhaontuithe gaolmhara le haghaidh trí ionstraim ar a laghad.
L54	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — línte eile: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I)			0	15 %	R4	2024	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 15 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sna Línte Eile a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú

										le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 60 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Ní áireofar méideanna a úsáidtear chun urrúis shócmhainn-bhunaithe a cheannach ach amháin a mhéid is ann do ghealltanas airgeadais comhfhreagrach ón eintiteas airgeadais do FBM, do chuideachta mheánchaipitlithe nó do dhuine aonair mar chuid den phunann iasachta incháilithe nua.
L55	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — línte eile: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II)			15 %	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sna Línte Eile a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 60 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Ní áireofar méideanna a úsáidtear chun urrúis shócmhainn-bhunaithe a cheannach ach amháin a mhéid is ann do ghealltanas airgeadais comhfhreagrach ón eintiteas airgeadais do FBM, do chuideachta mheánchaipitlithe nó do dhuine aonair mar chuid den phunann iasachta incháilithe nua.
L56	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Línte Eile: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (III)			50 %	75 %	R4	2025	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 75 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sna Línte Eile a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 60 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a

										rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Ní áireofar méideanna a úsáidtear chun urrúis shócmhainn-bhunaithe a cheannach ach amháin a mhéid is ann do ghealltanas airgeadais comhfhreagrach ón eintiteas airgeadais do FBM, do chuideachta mheánchaipitlithe nó do dhuine aonair mar chuid den phunann iasachta incháilithe nua.
L57	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Línte Eile: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (IV)			75 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag Grúpa BEI, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag Grúpa BEI, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sna Línte Eile a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 2.5 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 60 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF. Ní áireofar méideanna a úsáidtear chun urrúis shócmhainn-bhunaithe a cheannach ach amháin a mhéid is ann do ghealltanas airgeadais comhfhreagrach ón eintiteas airgeadais do FBM, do chuideachta mheánchaipitlithe nó do dhuine aonair mar chuid den phunann iasachta incháilithe nua.
L58	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Líne Phoiblí Dhíreach: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (I)			0	50 %	R4	2024	Beidh comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil déanta ag Grúpa BEI le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa Líne Phoiblí Dhíreach a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.
L59	C13.I13	T	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Líne Phoiblí Dhíreach: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (II)			50 %	100 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil déanta ag Grúpa BEI le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF sa Líne Phoiblí Dhíreach a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Cuirfidh Grúpa BEI tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI de Rialachán RRF.
L60	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — ranníocaíocht aeráide					R3	2026	Rannchuideoidh 50 % ar a laghad de mhaoiniú na Líne Poiblí Dírí agus na Línte Eile le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

L61	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Líne Phoiblí Dhíreach: Tionscadail á gcur i gcrích ag eintitis phoiblí					R3	2026	Tionscadail a bheith curtha i gcrích ag eintitis phoiblí arb ionann iad agus EUR 3150000000 ar a laghad (lena n-áirítear táillí bainistíochta) sa Líne Phoiblí Dhíreach.
L62	C13.I13	M	An Ciste Athléimneachta Réigiúnach — Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Aistrithe Dhigitigh	Deimhniú eisíocaíochta leis an gCiste				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 19500000000 chuig Grúpa BEI le haghaidh na Saoráide.

N. COMHPHÁIRT 14: TURASÓIREACHT

Leis an gcomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas:

- Tá staid an-íogair os comhair earnáil turasóireachta na Spáinne, mar thoradh ar an ngéarchéim a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun a hinbhuanaitheacht agus a hiomaíochas a mhéadú.
- Tá gníomhaíocht speisialta de dhíth ar na hOileáin Chanáracha agus ar na hOileáin Bhailéaracha, ar tiománaithe iad de thionscal turasóireachta na Spáinne, chun seachtrachtaí agus a spleáchas ard ar ghníomhaíocht saoire a mhaolú.
- Tá an Spáinn rangaithe sa 27ú háit i dteicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, de réir Thuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda maidir le hIomaíochas Turasóireachta. Thairis sin, tá a infheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T & F réasúnta íseal. Ina theannta sin, tugtar le fios in go leor tuarascálacha go bhfuil an earnáil taistil ar cheann ag a bhfuil an acmhainneacht is mó chun tairbhe a bhaint as an Intleacht Shaorga (méadú 28 % ar bhreisluach na gníomhaíochta trí fheidhmchlár IS).

Is é is aidhm don chomhpháirt sin earnáil na turasóireachta sa Spáinn a chlaochlú agus a nuachóiriú trína hiomaíochas agus a hathléimneacht a mhéadú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus éifeachtacht na mbeartas a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 3 2019), an geilleagar a chothú (Moladh Sonrach Tíre 1 2020), tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist agus forbairt scileanna a chaomhnú agus rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020), infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020) agus feabhas a chur ar chomhordú idir leibhéil éagsúla den riarachán (Moladh Sonrach Tíre 4 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C14.R1) — Foraithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme an Ciste Airgeadais Stáit um Iomaíochas Turasóireachta (FOCIT)

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar iomaíochas earnáil na turasóireachta trí nuálaíocht a chothú agus trí thacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach.

Leis an athchóiriú, leasófar na gníomhartha dlí atá ann cheana lena rialaítear cuspóirí, cineál, oibríochtaí agus tionscadail incháilithe Chiste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta.

Cuirfidh an gníomh dlí leasaithe ar chumas an Chiste Airgeadais Stáit um Iomaíochas Turasóireachta gnólachtaí turasóireachta a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, an leibhéal tomhaltais acmhainní agus táirgthe dramhaíola a laghdú agus athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú. I réimse na héifeachtúlachta fuinnimh agus an gheilleagair chiorclaigh, maoineofar tionscadail nuálaíochta leis an gCiste.

Féadfaidh an ionstraim chistiúcháin úsáid a bhaint as scéimeanna measctha lena gcomhcheanglaítear iasachtaí le cineálacha eile tacaíochta. Maoineofar an ionstraim tríd an mbuiséad náisiúnta.

Áireofar san athchóiriú freisin na bearta sonracha seo a leanas:

- plean chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn ina ndéantar cur síos ar bhearta chun borradh a chur faoin earnáil turasóireachta agus ina sainítear an creat chun bearta a bhaineann le turasóireacht a chur chun feidhme.
- seoladh suímh gréasáin lena mbailítear sonraí ó fhoinsí éagsúla staidrimh turasóireachta lena n-áirítear comhlachtaí poiblí agus príobháideacha amhail INE, *Turespaña*, Banc na Spáinne, AENA agus RENFE.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Infheistíocht 1 (C14.I1) — Athrú na samhla turasóireachta i dtreo na hinbhuanaitheachta

Is é is cuspóir don infheistíocht inbhuanaitheacht chomhshaoil, shocheacnamaíoch agus chríochach na turasóireachta a neartú agus díríonn sí ar chinn scríbe turasóireachta, ar chomhpháirtithe sóisialta agus ar oibreoirí príobháideacha san earnáil.

Beidh ceithre fhobheart san infheistíocht:

1. Ullmhú Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe na Spáinne 2030, a bheidh ina clár oibre náisiúnta turasóireachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hearnála sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena gcuirfear borradh faoi thrí cholún na hinbhuanaitheachta: socheacnamaíoch, comhshaoil agus críochach;
2. Pleananna Inbhuanaitheachta Turasóireachta ag Cinn Scríbe: Cuirfear na fobhearta seo chun feidhme leis an ord seicheamhach seo a leanas:
    a. Ullmhú na Straitéise Inbhuanaitheachta Turasóireachta ag Cinn Scríbe, a bheidh mar bhonn chun gníomhaíochtaí an riaracháin turasóireachta a struchtúrú, a phleanáil, a fhorbairt agus a mheas chun cinn scríbe a athrú ó bhonn, de réir critéir inbhuanaithe agus ailínithe le SDGanna Chlár Oibre 2030.
    b. Clár an Phlean Inbhuanaitheachta Turasóireachta Cinn Scríbe a ullmhú. Leagfar síos sa chlár sin na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na gComhphobal Féinrialaitheach agus na n-údarás áitiúil, raon feidhme an chur i bhfeidhm, na tairseacha íosta infheistíochta, an nós imeachta chun tograí a thíolacadh agus na rialacha maidir lena bhformheas, lena gcur chun feidhme agus leis an mbonn cirt atá leo.
    c. Na Pleananna Críochacha um Inbhuanaitheacht Turasóireachta ag Cinn Scríbe a ullmhú agus a chur chun feidhme. Forbrófar iad sin trí phróiseas rannpháirteach agus comhoibríoch idir na trí riarachán poiblí inniúla agus gníomhaithe poiblí agus príobháideacha éagsúla éiceachóras turasóireachta an chinn scríbe. Cuirfidh siad ar chumas gach críche agus cinn scríbe freagairt do dhúshláin na hinbhuanaitheachta

turasóireachta, i bhfeidhmiú a gcumhachtaí pleanála turasóireachta agus faoi chuimsiú na Straitéise Inbhuanaitheachta Turasóireachta do Cheann Scríbe arna formheas ag Rialtas na Spáinne. Is éard a bheidh sna pleananna sin gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

i. An t-aistriú glas, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a bhaineann le hathchóiriú comhshaoil, bainistiú ar úsáid phoiblí i limistéir nádúrtha faoi chosaint, córais deimhniúcháin turasóireachta a chur chun feidhme, bearta geilleagair chiorclaigh a chur chun feidhme i seirbhísí poiblí agus conairí tuaithe in-athchúrsáilte/indéanta a thógáil.

ii. Éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin chun astaíochtaí CO2 i bhfoirgnimh, i mbonneagar poiblí agus i seirbhísí poiblí a laghdú, chun an t-athrú aeráide a mhaolú, teicneolaíochtaí comhshaoil a chur chun feidhme, soghluaisteacht inbhuanaithe a dhícharbónú agus a chur chun cinn nó an timpeallacht uirbeach a fheabhsú.

iii. Claochlú digiteach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin chun seirbhísí do thurasóirí ag cinn scríbe a dhigitiú, lorg digiteach an chinn scríbe a fhorbairt, nó faisnéis mhargaidh agus bainistiú éilimh turasóireachta a fhorbairt.

iv. Claochlú iomaíochais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin arb é is aidhm dóibh inrochtaineacht a leathnú tríd an gceann scríbe, bonneagair turasóireachta poiblí áitiúla a fheabhsú, nó cruthú post a chothú trí tháirgí nua turasóireachta a fhorbairt amhail táirgí cultúrtha, dúlra, gastranómachais nó ceirdeanna traidisiúnta agus tionsclaíocha.

3. Plean inbhuanaitheachta sóisialta d'earnáil na turasóireachta.
4. Córas Cáilíochta Turasóireachta na Spáinne atá ann cheana le haghaidh cinn scríbe turasóireachta (SICTED) a chlaochlú ina Chóras Inbhuanaitheachta Turasóireachta cuimsitheach do chinn scríbe turasóireachta. Cuimseofar leis sin próiseas agus treoir nua a fhorbairt, an t-ardán TF atá ann cheana a uasghrádú, oiliúint a chur ar ghníomhairí nua inbhuanaitheachta turasóireachta agus sásra comhiomlánaithe sonraí a fhorbairt chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar an margadh do thithíocht turasóireachta ar fud na Spáinne.

Déanfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin idir an 1 Eanáir 2021 agus an 30 Meitheamh 2026, le heisíocaíochtaí leis na húdaráis áitiúla sa tréimhse 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2023, agus cuirfear chun feidhme iad go dtí 2026. Déanfar tionscadail chun inbhuanaitheacht na gceann scríbe turasóireachta a chur chun cinn faoin infheistíocht sin a thabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i)

gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[153]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[154]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[155] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[156]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú. Ina theannta sin, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin nach bhféadfar tacú ach le gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 359 milliún ar a laghad leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide le comhéifeacht aeráide 100 % agus le comhéifeacht aeráide 40 % ar a laghad, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. De rogha air sin, áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh EUR 1788.6 milliún ar a laghad le cuspóirí maidir leis an athrú aeráide ag a bhfuil meán-chomhéifeacht aeráide 31.7 % ar a laghad i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfar an meánráta ranníocaíochta sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as raon iomlán na réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C14.I2) — Clár digitithe agus faisnéise do chinn scríbe agus d'earnáil na turasóireachta

Is é is cuspóir do ghníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo ardán cinn scríbe cliste a fhorbairt lena gcuirfear seirbhísí idir-inoibritheacha poiblí agus príobháideacha ar fáil do thurasóirí. Comhlánófar é sin le Córas Faisnéise Turasóireachta a fhorbairt agus le sraith tionscnamh

[153] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[154] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

244	C15.I6	M	Teicneolaíocht 5G a chur in úsáid: Cur i gcrích an tionscadail	Tionscadail a dámhadh a chur i gcrích				R2	2026	Na tionscadail le haghaidh (a) imscaradh 5G ar an bpríomhchríoch náisiúnta (i limistéir áirithe) agus conairí iompair trasteorann (4000 láithreán) a thabhairt chun críche; (b) 5G a imscaradh i limistéir áirithe agus é mar aidhm cumhdach daonra 75 % a bhaint amach faoi 2025 sna bandaí tosaíochta 5G (7000 láithreán nua nó láithreacha ar a laghad ag a bhfuil trealamh nua 5G agus 4000 láithreán atá ann cheana ar a laghad agus gníomhaíochtaí chun acmhainneacht a líonra aisiompair a mhéadú); (C) Cur

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										in úsáid 5G i bpríomhghníomhaíochtaí eacnamaíocha fíor-riachtanacha (43 thionscadal nascachta); agus (d) tacaíocht do T & F a bhaineann le 5G agus 6G d'éiceachórais nuálaíochta (200 tionscadal) agus d'éiceachórais chibearshlándála 5G. Cuirtear tionscadail i gcrích i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mbronnadh an chláir (garsprioc 243).
245	C15.I7	M	Seoladh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.	Foilsiú na gclár				R4	2022	Seoladh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála agus an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda, agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile (a bhfuil buiséad EUR 311000000 bronnta air), a ghníomhaíonn ar phríomhghnéithe tionscail, amhail: — borradh a chur faoin tionscal náisiúnta cibearshlándála ar mhaithe le teacht chun cinn, fás agus forbairt gnólachtaí san earnáil sin — réitigh agus seirbhísí ard-bhreisluacha a fhorbairt i réimse na cibearshlándála — tallanna atá speisialaithe i réimse na cibearshlándála a oiliúint agus a fhorbairt — Gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe i réimse na cibearshlándála — ionad taispeántais a bhunú chun bonneagar cibearshlándála a fhorbairt agus seirbhísí nua cibearshlándála a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna tástála agus ionsamhlóirí ionsaithe cibearshlándála — deimhnithe lipéad cibearshlándála a fhorbairt.
453	C15.I7	M	Seoladh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.	Foilsiú na gclár				R2	2023	Leanúint de chur in úsáid an chláir Tacaíochta Náisiúnta um an gCibearshlándáil agus an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile (ag a bhfuil buiséad EUR 107000000 bronnta, sa bhreis ar an EUR 311000000 faoi Garsprioc 245 le haghaidh dámhachtain iomlán EUR 418000000), a ghníomhaíonn ar phríomhghnéithe tionscail, amhail: — borradh a chur faoin tionscal náisiúnta cibearshlándála ar mhaithe le teacht chun cinn, fás agus forbairt gnólachtaí san earnáil sin; — réitigh agus seirbhísí ard-bhreisluacha a fhorbairt i réimse na cibearshlándála — tallanna atá speisialaithe i réimse na cibearshlándála a oiliúint agus a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										fhorbairt — gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe i réimse na cibearshlándála; — ionad taispeántais a bhunú chun bonneagar cibearshlándála a fhorbairt agus seirbhísí nua cibearshlándála a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna tástála agus ionsamhlóirí ionsaithe cibearshlándála — deimhnithe lipéad cibearshlándála a fhorbairt.
246	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Acmhainní	—	Líon	0	100	R2	2023	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú trí 100 acmhainn ar a laghad a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí feasachta agus cumarsáide i réimse na cibearshlándála. Forbrófar scileanna digiteacha sa chibearshlándáil ar gach leibhéal oideachais, trí bhíthin acmhainní, uirlisí agus ábhair shonracha a fhorbairt. Thairis sin, bunófar mol idirnáisiúnta cibearshlándála a bheidh rannpháirteach i Líonra Eorpach na lárionad cibearshlándála.
247	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Líne Chabhrach Cibearshlándála		Líon	5 000	20 000	R4	2022	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú trí fheabhas a chur ar Líne Chabhrach Cibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta Cibearshlándála (INCIBE), le hacmhainneacht mhíosúil 20000 glao ar a laghad a phróiseáiltear in aghaidh na míosa. Tacóidh an líne chabhrach sin freisin le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí a bhaint le haghaidh acmhainní gréasáin (CSAM).
248	C15.I7	M	Na tionscadail sa Chlár Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, sa Chlár Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara a chur i gcrích.	Fógra maidir le cur i gcrích tionscadal infheistíochta				R2	2026	Na tionscadail a áirítear sa Chlár Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála agus sa Chlár um Nuálaíocht Slándála Domhanda a chur i gcrích, agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile sna réimsí seo a leanas (a dámhadh in Milestone 245): — borradh a chur faoin tionscal náisiúnta cibearshlándála ar mhaithe le teacht chun cinn, fás agus forbairt gnólachtaí san earnáil sin — réitigh agus seirbhísí ard-bhreisluacha a fhorbairt i réimse na cibearshlándála — tallanna a oiliúint agus a fhorbairt i réimse na cibearshlándála, — Gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe i réimse na cibearshlándála — ionad taispeántais a bhunú chun bonneagar cibearshlándála a fhorbairt agus seirbhísí nua cibearshlándála a chruthú, lena n-áirítear saotharlanna

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										tástála agus ionsamhlóirí ionsaithe cibearshlándála —deimhnithe lipéad cibearshlándála a fhorbairt
454	C15.I8	M	SLIS PERTE. Acmhainneachtaí eolaíocha, dearadh agus monaraíocht nuálach a neartú: dámhachtain	Foilsiú oifigiúil dhámhachtain na dtionscadal				R2	2025	Bronnadh EUR 540900000 ar a laghad ar thionscadail T & F & N i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí, lena n-áirítear bonneagar seomra bán a chruthú agus a fheabhsú, tallann a dhearadh, a ghiniúint agus a mhealladh nó monaraíocht nuálach.
455	C15.I8	T	SLIS PERTE. Acmhainneachtaí eolaíocha, dearadh agus monaraíocht nuálach a neartú: eisíocaíocht.		EUR (milliún)	0	486,81	R2	2026	Eisíocaíocht EUR 486810000 ar a laghad le haghaidh tionscadail T & F & N i réimse na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí, lena n-áirítear bonneagar seomra bán a chruthú agus a fheabhsú, tallann a dhearadh, a ghiniúint agus a mhealladh nó monaraíocht nuálach.
456	C15.I8	T	SLIS PERTE. Cathaoirligh agus tallann mhicrileictreonaice		Líon	0	13	R2	2026	Cruthú agus cistiú 13 ollamh ollscoile ar a laghad, a bhfuil fad 3 bliana ag gach ceann acu arna gcistiú ag RRF, ag díriú ar mhicrileictreonaic chun borradh a chur faoi thallann sa Spáinn a bhaineann le dearadh agus monarú leathsheoltóirí.

O.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 9 (C15.I9) — Saoráid Mhaoiniúcháin CHIP

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Saoráid Mhaoinithe CHIP, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú in earnáil leathsheoltóirí na Spáinne, lena n-áirítear saoráidí monaraíochta mórscála. Oibreoidh an tSaoráid sin trí iasachtaí, infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais (nó meascán díobh) a sholáthar don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 10750000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT) a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Beidh na línte táirgí seo a leanas sa Chiste:

- Líne dhíreach: Infheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí a úsáideann gnáthiasachtaí, iasachtaí rannpháirtíochta, agus rannpháirtíocht i gcaipiteal sealadach agus mionlaigh. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.
- Comhinfheistíocht i 'Teilgcheártaí Oscailte AE' agus i 'Saoráidí táirgeachta comhtháite': Chun tacú leis an tionscal monaraíochta leathsheoltóirí sa Spáinn, beidh an Ciste in ann tacaíocht a sholáthar d'ionstraimí airgeadais cumaiscthe, trí iasachtaí, cothromas, agus cuasachothromas (nó meascán díobh sin), lena gcomhtháthaítear caipiteal príobháideach agus poiblí i gcomhar le cláir tacaíochta poiblí, faoi réir na gceanglas rialachais a leagtar amach thíos.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme, nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara, lena n-áireofar an t-ábhar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:
   a. An tuairisc ar na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.
   b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.
   c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.
   d. Leis an gceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), go háirithe infheistíochtaí i saoráidí nua, bainfear úsáid as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil ag a bhfuil an tionchar is ísle ar an gcomhshaol san earnáil. Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht

chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an ionstraim dlí agus leis na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:

a. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.

b. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

c. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid roimh ghealltanas a thabhairt oibríocht a mhaoiniú.

d. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme is infheidhme, nó an rialacháin agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, agus na Comhaontuithe Cistiúcháin á n-urramú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 10750000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid le cuspóirí an aistrithe dhigitigh i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.[161]

[161]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go nginfear 90 % ar a laghad d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht atá ailínithe leis na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

O.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L63	C15.I9	M	Saoráid Mhaoiniúcháin Sliseanna: Formheas foirmiúil an tSásra Maoiniúcháin	Síniú an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme				R4	2023	Síniú an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme ag an Aireacht agus SETT nó teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid.
L64	C15.I9	T	Saoráid Mhaoiniúcháin Sliseanna: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh (I)			0	25 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag an tSaoráid le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 25 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Bainfear amach an síniú freisin idir Rialtas na Spáinne agus an t-iarratasóir ar Phrótacal Ginearálta le haghaidh Gníomhaíochta mar a thuairiscítear i nDlí Náisiúnta na Spáinne nó ionstraim taidhleoireachta choibhéiseach, le haghaidh saoráid monaraíochta leathsheoltóirí amháin ar a laghad (ceann tosaigh nó cúil) i bhfoirm Teilgcheárta Oscailte AE nó Saoráid Táirgeachta Chomhtháite ar dtús i gcomhréir leis na sainmhínithe a bhunaítear sa Ghníomh Eorpach um Shliseanna. Cuirfidh SETT tuarascáil ar fáil ina sonrófar go rannchuidíonn sciar 100 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí an aistrithe dhigitigh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF
L65	C15.I9	T	Saoráid Mhaoiniúcháin Sliseanna: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le			25 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag an tSaoráid le tairbhithe deiridh ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
			tairbhithe deiridh (II)							Cuirfidh SETT tuarascáil ar fáil ina sonrófar go rannchuidíonn sciar 100 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí an aistrithe dhigitigh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF
L66	C15.I9	M	Saoráid Mhaoiniúcháin Sliseanna: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht.	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 10750000000 chuig SETT le haghaidh na Saoráide

P. COMHCHUID 16: AN INTLEACHT SHAORGA

Tá acmhainneacht shuntasach ag an Intleacht Shaorga (IS) maidir le claochlú ó thaobh na teicneolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de, i bhfianaise a dul i bhfód trasearnála, a tionchair mhóir, a fáis thapa agus a rannchuidiú le táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú.

Baineann na príomhdhúshláin a dtugann an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne aghaidh orthu leis an méid seo a leanas: (i) úsáid theoranta IS i gcuideachtaí, go háirithe in FBManna, (ii) stórtha sonraí a bhfuil rochtain fhorleathan orthu a chruthú, agus (iii) infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sa nuálaíocht san intleacht shaorga a chur chun cinn. Tá an chomhpháirt bunaithe ar an Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga (ENIA), atá ar cheann de phríomhphleananna chlár oibre digiteach Rialtas na Spáinne (*España Digital 2025*). Rannchuideoidh an chomhpháirt sin freisin le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin na sochaí, go háirithe an bhearna idir na hinscní a laghdú (trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar mhná), an deighilt dhigiteach, an t-aistriú éiceolaíoch agus comhtháthú críochach.

Ón taobh sin de, is é is cuspóir don chomhpháirt sin:

a) an Spáinn a shuí mar thír cheannródaíoch i dtéarmaí barr feabhais eolaíoch agus nuálaíochta san intleacht shaorga ar bhealach idirdhisciplíneach;

b) ceannaireacht a thabhairt ar fud an domhain maidir le huirlisí, teicneolaíochtaí agus feidhmchláir a fhorbairt chun an Spáinnis a theilgean agus a úsáid san intleacht shaorga;

c) cruthú post oilte a chur chun cinn, borradh a chur faoin oiliúint agus faoin oideachas, tallann na Spáinne a spreagadh agus tallann dhomhanda a mhealladh;

d) an intleacht shaorga a ionchorprú mar thoisc chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht earnáil phríobháideach na Spáinne, ar éifeachtúlacht sa riarachán poiblí agus mar spreagadh don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach;

e) timpeallacht iontaoibhe a chruthú i ndáil leis an intleacht shaorga, ó thaobh na forbartha teicneolaíche, na rialála agus an tionchair shóisialta de;

f) an díospóireacht dhomhanda ar an daonnachas teicneolaíoch a spreagadh trí fhóraim agus gníomhaíochtaí for-rochtana a chruthú agus páirt a ghlacadh iontu chun creat eiticiúil a fhorbairt lena ráthófar cearta aonair agus comhchoiteanna na saoránach;

g) an intleacht shaorga a chumhachtú mar veicteoir trasearnálach chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin na sochaí agus go sonrach chun an bhearna idir na hinscní, an deighilt dhigiteach a laghdú, chun tacú leis an aistriú éiceolaíoch agus leis an gcomhtháthú críochach.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019), feabhas a chur ar rochtain ar fhoghlaim dhigiteach (Moladh Sonrach Tíre 2 2020) agus infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú digiteach a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

P.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C16.R1) — Straitéis Náisiúnta IS

Is é is cuspóir don bheart cuimsitheach sin an creat a leagan síos chun straitéis iontaofa náisiúnta intleachta saorga atá trédhearcach agus cuimsitheach a chur chun feidhme lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar prionsabail agus luachanna bunúsacha agus lena gcuirfear mianta comhchoiteanna na saoránach san áireamh. Chuige sin, áireofar sa bheart trí athchóiriú reachtacha chun an creat rialála agus eiticiúil maidir leis an intleacht shaorga a leagan síos agus naoi dtionscadal infheistíochta chun tacú le forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí atá bunaithe ar IS i ngeilleagar agus i sochaí na Spáinne, amhail tionscadail i scileanna, tallanna agus bonneagair.

Tá na gníomhaíochtaí sin grúpáilte i gcúig luamhán beartais:

- Creat rialála agus eiticiúil (gníomhartha dlí):

a) an Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga (ENIA): plean náisiúnta gníomhaíochtaí agus athchóirithe chun teicneolaíochtaí atá bunaithe ar an intleacht shaorga a thabhairt isteach agus a leathnú i ngeilleagar agus i sochaí na Spáinne trí Chomhairle Chomhairleach na hIntleachta Saorga a chruthú;
b) boscaí gainimh rialála: na gníomhartha reachtacha is gá a fhorbairt chun boscaí gainimh rialála a cheadú chun an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm. Úsáidfear timpeallachtaí sábháilte nó boscaí gainimh chun próisis agus seirbhísí nua a thabhairt isteach bunaithe ar shonraí, sa réimse poiblí agus sa réimse príobháideach araon. Timpeallachtaí sábháilte agus boscaí gainimh, féadfaidh gníomhaireachtaí rialtais, úsáideoirí IS, agus cruthaitheoirí stórtha sonraí leas a bhaint astu, b'fhéidir mar chuid de líonra na Mol Nuálaíochta Digití chun táirgí agus feidhmchláir nua a thabhairt isteach agus a rialáil;
c) Faireachlann IS agus deimhniú iontaoibhe: lena n-áirítear (i) plean cosanta a fhorbairt do ghrúpaí leochaileacha san intleacht shaorga, lena n-áirítear cearta saothair agus sóisialta agus riachtanais na mban, (ii) plean chun feasacht agus muinín san intleacht shaorga a mhúscailt, (iii) faireachlanna maidir le tionchar eiticiúil agus rialála na n-algartam lena n-ionchorpraítear IS, (iv) deimhniú iontaofa IS agus ailtireacht róin le haghaidh táirgí agus seirbhísí intleachta saorga, chomh maith le (v) dréachtú agus cur chun cinn na Cairte um Chearta Digiteacha.
d) Gníomhaireacht de chuid na Spáinne (AESIA) a chruthú chun faireachán a dhéanamh ar na córais intleachta saorga, arna n-úsáid ag an earnáil phoiblí agus ag an earnáil phríobháideach araon. Go háirithe, déanfaidh an ghníomhaireacht maoirseacht agus cur chun cinn ar a laghad ar ráthaíocht na gceart a bhaineann leis an intleacht shaorga, déanfaidh sí torthaí fhorbairt na mboscaí gainimh rialála a léirmhíniú agus déanfaidh sí meastóireachtaí ar fhorbairt IS chun rialáil agus treoracha lena rialaítear IS a fhorbairt tuilleadh.

- Borradh a chur faoi thaighde, forbairt agus nuálaíocht san intleacht shaorga (tionscadail):

e) Misin T & F & N: tionscadail taighde thionsclaíoch nó forbartha turgnamhaí i réimse na hintleachta saorga a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra shochaíocha nó ar mhisin tíre dá dtagraítear in ENIA (i.e. bearna inscne, aistriú éiceolaíoch, struchtúr críochach agus deighilt dhigiteach) in earnálacha a bhfuil ard-ábharthacht ag baint leo agus a bhfuil ardacmhainn acu maidir le suaitheadh agus tionchar (i.e. fuinneamh, soghluaisteacht, bithleigheas, aeráid, agraibhia, sláinte, turasóireacht agus fáilteachas);
f) institiúid ildisciplíneach IS: ionad taighde ildisciplíneach a chruthú ina gcomhtháthaítear IS in éineacht le heolaíochtaí eile, agus béim ar leith á leagan ar néartheicneolaíochtaí;
g) líonra barr feabhais san intleacht shaorga: líonra Barr Feabhais na Spáinne in IS a chruthú, le hoiliúint idirdhisciplíneach agus cláir agus sásraí ardspeisialaithe chun tallanna a earcú agus a choinneáil a oibríonn ar bhealach comhtháite chun taighde ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú.

- Tallann a mhealladh (tionscadail):

h) Mol Tallainne na Spáinne: nód faisnéise a chruthú chun tallann a mhealladh agus a choinneáil i réimse na hintleachta saorga, Mol Tallainne na Spáinne, a mheastar a bheidh ina phointe fócasach chun tallann agus infheistíochtaí coigríche a earcú agus a fheabhsú, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na mban, agus ar infheistíochtaí a bhfuil tionchar sóisialta acu;
i) Cathaoirligh Acadúla: cruthú 10 go 15 Chathaoirleach Acadúla shealadacha a mhaoiniú idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2023, ag díriú ar phríomhthéamaí amhail tionchar na hintleachta saorga ar an daonlathas, treochtaí IS atá ag teacht chun cinn, measúnuithe ar chórais intleachta saorga, hibridiú inchinne IS, agus IS bithleighis.

- Bonneagair sonraí agus teicneolaíochta (tionscadail):

j) Plean Teicneolaíochta Teanga Nádúrtha: is é an cuspóir atá ann an tionscal próiseála teanga nádúrtha a fhorbairt chomh maith le córais mheaisínaistriúcháin agus comhrá sa Spáinn, go háirithe i Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla;
k) acmhainneachtaí straitéiseacha na sár-ríomhaireachta a neartú: clár a fhorbairt chun rochtain ar ionaid sár-ríomhaireachta agus a n-úsáid ag FBManna agus creatlach ghnó na n-ionad sár-ríomhaireachta i réigiúin éagsúla (amhail Extremadura, an Ghailís agus Aragon) a éascú chomh maith le glacadh na Ríomhaireachta Candamaí i dtionscadail de théamaí éagsúla, lena n-áirítear soghluaisteacht agus athrú aeráide. Ina theannta sin, i gcomhthéacs Slis PERTE, neartófar forbairt sliseanna candamacha trí thacú le T & F & N chun teicneolaíochtaí sliseanna candamacha den ghlúin nua a fhorbairt.

- An intleacht shaorga a chomhtháthú i slabhraí luacha (tionscadail):

l) glao ar dheontais chun IS a chomhtháthú i slabhraí luacha: clár cabhrach lena maoineofar tionscadail forbartha turgnamhaí a gcomhfhreagraíonn a n-aibíocht theicneolaíoch do leibhéil 6, 7 agus 8 LUT. Is ionann maoiniú tionscadal ar na

leibhéil aibíochta teicneolaíochta sin agus tacaíocht láidir do tháirgí a d'fhéadfadh a bheith gar do ghlacadh an mhargaidh agus, ar an gcaoi sin, a aistriú chuig an slabhra luacha;

m) Clár Náisiúnta na nAlgartam Glas: clár tacaíochta chun algartaim ghlasa a fhorbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú agus tionchar samhlacha intleachta saorga ar an gcomhshaol a laghdú, agus ag an am céanna tacú le húsáid na teicneolaíochta sin chun freagairt do dhúshláin chomhshaoil éagsúla.

Cuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun feidhme trí (i) glaonna ar dheontais, le haghaidh misin T & F & N, comhtháthú IS i slabhraí luacha agus forbairt teicneolaíochtaí sliseanna candamacha nua den ghlúin nua; (II) coinbhinsiúin, le haghaidh bonneagar sonraí agus teicneolaíochta; (III) soláthar, don chreat rialála agus eiticiúil, don Chlár Náisiúnta um Algartaim Ghlasa agus don Phlean Teanga Nádúrtha; agus (iv) cuibhreannais, don institiúid intleachta saorga ildisciplíneach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

P.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
249	C16.R1	M	Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R3	2020	Foilsiú na Straitéise Náisiúnta um an Intleacht Shaorga. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an Straitéis: 1. An Spáinn a shuí mar thír atá tiomanta do shármhaitheas eolaíoch agus nuálaíocht san intleacht shaorga a chur chun cinn. 2. Réamh-mheastachán na Spáinnise san intleacht shaorga. 3. Fostaíocht cháilithe a chruthú, tallann a spreagadh agus a mhealladh, agus aird ar leith á tabhairt ar mhná. 4. An intleacht shaorga a ionchorprú sa chóras táirgiúil chun táirgiúlacht ghnó na Spáinne a fheabhsú. 5. Timpeallacht iontaofa a chruthú i ndáil leis an intleacht shaorga. 6. Creat eiticiúil a fhorbairt lena ráthófar cearta aonair agus comhchoiteanna na saoránach san intleacht shaorga. 7. Intleacht shaorga chuimsitheach agus inbhuanaithe a neartú; go sonrach chun an bhearna idir na hinscní agus an deighilt dhigiteach a dhúnadh, agus chun tacú leis an aistriú éiceolaíoch agus leis an gcomhtháthú críochach.
250	C16.R1	M	Cairt um Chearta Digiteacha	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2021	Glacadh ag Rialtas na Spáinne agus foilsiú ar leathanach gréasáin oifigiúil na Cairte um Chearta Digiteacha. Ní de chineál normatach í an Chairt, ach tá sé d'aidhm aici na dúshláin nua a bhaineann le cur i bhfeidhm agus léirmhíniú a bhaineann le hoiriúnú na gceart don timpeallacht dhigiteach a aithint, agus prionsabail agus beartais a bhaineann leis sin a mholadh sa chomhthéacs sin. Ina theannta sin, molfaidh sé freisin creat tagartha le haghaidh ghníomhaíocht na n-údarás poiblí, agus leas á bhaint as acmhainneacht agus deiseanna uile na timpeallachta digití reatha agus iad á bhforbairt agus na rioscaí a bhaineann léi á seachaint ag an am céanna.
251	C16.R1	M	Tacaíocht do thionscadail maidir leis an Intleacht Shaorga	Foilsiú agus maoiniú dheontais an chláir				R4	2023	Buiséad EUR 500000000 ar a laghad geallta le haghaidh deontais do thionscadail T & F na hIntleachta Saorga, Mol Tallainne IS na Spáinne, institiúid ildisciplíneach maidir leis an intleacht shaorga, líonra barr feabhais san intleacht shaorga, Plean Teicneolaíochta Teanga Nádúrtha, cathaoirligh acadúla, faireachlanna, deimhniú agus séala iontaofa IS, plean cosanta do ghrúpaí leochaileacha san intleacht shaorga, plean um fheasacht agus iontaoibh IS, ríomhaireacht chandamach, agus clár náisiúnta maidir le halgartaim ghlasa.
458	C16.R1	M	Boscaí gainimh rialála agus Gníomhaireacht na Spáinne um Fhaireachas ar an Intleacht Shaorga (AESIA)	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2024	Foilsiú na ngníomhartha reachtacha is gá san Iris Oifigiúil chun boscaí gainimh rialála a cheadú chun IS a chur i bhfeidhm agus Foraithne Ríoga lena bhformheastar reachtanna inmheánacha Ghníomhaireacht na Spáinne um fhaireachas ar an Intleacht Shaorga. Áireofar an méid seo a leanas sa dara ceann: cineál agus córas dlí na Gníomhaireachta (a pearsantacht dhlítheanach

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										phoiblí, a sócmhainní féin agus a neamhspleáchas bainistíochta a dheonú); a cuspóir, a aidhm agus a inniúlachtaí; an struchtúr orgánach agus a phróiseas roghnúcháin; a chóras poiblí, airgeadais agus conarthach; chomh maith lena bhainistiú agus lena rialú eacnamaíoch agus buiséadach.
252	C16.R1	T	Misin tíre ar tugadh aghaidh orthu	—	Líon	0	7	R1	2026	7 dtionscadal ar a laghad arna maoiniú chun aghaidh a thabhairt ar mhisin tíre shonracha le réitigh nuálacha atá dírithe ar IS chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a sainaithníodh sna misin sin: an tsláinte, an tionsclaíocht, an comhshaol, an tsochaí, fuinneamh, talmhaíocht agus an geilleagar, cuirfear Tionscadail chun feidhme le maoiniú tionscadal comhoibríoch de thart ar EUR 10000000 go 15000000
253	C16.R1	M	Tionscadail maidir leis an Intleacht Shaorga a chur i gcrích	Fógra maidir le cur i gcrích tionscadal infheistíochta				R1	2026	Tionscadail maidir le T & F na hIntleachta Saorga a chur i gcrích, Mol Tallainne IS na Spáinne, institiúid ildisciplíneach maidir leis an intleacht shaorga, líonra barr feabhais san intleacht shaorga, Plean um Theicneolaíocht Teanga Nádúrtha, cathaoirligh acadúla, faireachlanna, deimhniú agus séala iontaofa IS, plean cosanta do ghrúpaí leochaileacha san intleacht shaorga, plean um fheasacht agus iontaoibh IS, ríomhaireacht chandamach, agus clár náisiúnta maidir le halgartaim ghlasa, de réir na gcritéar a leagtar amach sna glaonna ar thairiscintí (Míl #251).
457	C16.R1	T	SLIS PERTE. An t-éiceachóras candamach a neartú.		EUR (milliún)	0	36	R2	2026	Eisíocaíocht EUR 36000000 ar a laghad le haghaidh tionscadail T & F & N i réimse teicneolaíochtaí candamacha den ghlúin nua, lena n-áirítear tacaíocht chun crua-earraí candamacha, bogearraí agus meánearraí candamacha a fhorbairt, guird mhalartacha agus línte píolótacha gaolmhara riachtanacha a fhorbairt, cumarsáid chandamach agus cripteagrafaíocht, teicneolaíochtaí idirlín candaim, méadreolaíocht agus brath candamach.

Q. COMHPHÁIRT 17: EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT AGUS NUÁLAÍOCHT

Tuartar i Straitéis na Spáinne maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027 go dtiocfaidh fás suntasach ar infheistíocht san Fhorbairt Taighde agus sa Nuálaíocht ('T & F & N') sa Spáinn, ag sroicheadh 2.12 % de OTI in 2027. Sa chomhthéacs sin, is é príomhchuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne feabhas a chur ar chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne trína rialachas a athchóiriú, trí fheabhas a chur ar an gcomhordú i measc gníomhaithe, trína éifeachtacht a fheabhsú agus trí dhlús a chur leis an infheistíocht i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht trí na gnéithe seo a leanas:

a) Creat rialála soiléir intuartha a fhorbairt lena bhfeabhsaítear rialachas na hearnála, lena méadaítear éifeachtacht na mbeartas poiblí T & F & N, lena bhfeabhsaítear aistriú eolais agus lena gcuirtear infheistíocht in T & F & N chun cinn;

b) an infheistíocht i mbonneagar, i dtrealamh agus i gcaipiteal daonna;

c) an infheistíocht in aistriú eolais, T & F & N réigiúnach, tionscadail náisiúnta T & F agus nuálaíochta agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha; agus

d) an infheistíocht in T & F & N in earnálacha straitéiseacha na sláinte, an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus an fhuinnimh, na micrileictreonaice agus na leathsheoltóirí, na ngluaisteán inbhuanaithe agus an aeraspáis.

Tugann an chomhpháirt sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus maidir le héifeachtacht na mbeartas a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 3 2019), infheistíocht phoiblí agus phríobháideach agus taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2020), maidir le comhordú gach leibhéil rialtais a fheabhsú (Moladh Sonrach Tír 4 2020) agus maidir le hinfheistíocht a dhíriú san aistriú glas agus san aistriú digiteach, go háirithe maidir le taighde agus nuálaíocht a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2021).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

Q.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C17.R1): Athchóiriú ar an Dlí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

Is é is cuspóir don bheart seo an creat rialála d'earnáil na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta a neartú, chun rialachas agus comhordú na hearnála a fheabhsú, gairm tharraingteach eolaíoch a chruthú, agus feabhas a chur ar an aistriú eolais ó thaighde go táirgí/seirbhísí feidhmeacha don tsochaí. Go háirithe, déanfaidh an Spáinn Dlí 14/2011 maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a thabhairt cothrom le dáta, comhordú beartas eolaíochta, taighde agus nuálaíochta a fheabhsú, rialachas agus comhordú chóras Eolaíochta

agus Nuálaíochta na Spáinne a fheabhsú, gairm bheatha eolaíoch nua a thabhairt isteach agus aistriú eolais a fheabhsú.

Tá an beart seo nasctha leis na hinfheistíochtaí a áirítear faoi C17.I1, C17.I4, agus C17.I5 a dtugtar tuairisc orthu thíos.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 2 (C17.R2): Straitéisna Spáinne maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021- 2027 agus Ardfhorbairt an Chórais Faisnéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

Áirítear leis an mbeart gur ghlac rialtas na Spáinne Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027. Leagtar amach sa straitéis na cuspóirí foriomlána don earnáil sa tréimhse 2021-2027. Agus é mar chuspóir aici aistriú eolais a fheabhsú, rinneadh straitéisí maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht agus straitéis maidir le nuálaíocht a dheighilt roimhe seo a chumasc leis an straitéis. Cuireann an straitéis bratchreat ar fáil chun pleananna náisiúnta agus réigiúnacha T & F & N a threorú. Chuige sin, ghlac an Spáinn straitéis maidir le 'Straitéis um Speisialtóireacht Chliste na Spáinne', faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), lena soláthraítear an struchtúr do na Straitéisí Réigiúnacha um Speisialtóireacht Chliste atá ar na bacáin.

D'fhorbair Comhairle an Bheartais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, faoi chathaoirleacht na hAireachta Eolaíochta agus Nuálaíochta, le hionadaíocht ar phríomhaireachtaí agus ar phríomhréigiúin, an straitéis. Chuathas i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara sa straitéis, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí taighde poiblí agus an tsochaí shibhialta. Chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis, bunaíodh coiste le hionadaíocht ón stát, ó na réigiúin, ó ghníomhairí eacnamaíocha agus sóisialta, ón bpobal eolaíoch agus nuálach agus ón tsochaí shibhialta.

Déanfar foráil sa straitéis maidir le tuarascálacha faireacháin bliantúla, déanfar meastóireacht mheántéarma (faoi mhí na Nollag 2023) agus meastóireacht deiridh ar an straitéis a phoibliú. Tabharfar aghaidh sna meastóireachtaí freisin ar an dul chun cinn i dtreo na Moltaí Tírshonracha a rinneadh don Spáinn i réimse an taighde agus na forbartha a bhaint amach. Ina theannta sin, féachann an beart seo go sonrach le feabhas a chur ar an gcóras faisnéise Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, chun feabhas a chur ar bhailiú agus anailís sonraí chun faireachán a dhéanamh ar Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 3 (C17.R3): Eagraíochtaí Taighde Phoiblí a atheagrú agus a struchtúr agus a n-oibriú a chuíchóiriú

Is é cuspóir an bhirt seo borradh a chur faoi éifeachtacht eagraíochtaí taighde poiblí (PRO), tar éis anailís a dhéanamh ar na dúshláin, trí na PROanna a atheagrú, lena n-áirítear a struchtúr rialachais. Go luath in 2021, rinne coiste saineolaithe anailís ar PROanna agus tháinig sé ar an gconclúid go raibh struchtúir níos fearr ag gníomhaireachtaí taighde níos mó, neamhspleácha agus solúbtha chun dul san iomaíocht.

Tar éis na hanailíse sin, déanfaidh an Spáinn trí PRO a chomhtháthú i gComhairle Náisiúnta na Spáinne um Thaighde (*Centro Superior de Investigaciones Científicas*, CSIC): an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Talmhaíochta agus Bia (*Instituto Nacional de Investigación y Tecnología Agraria*, INIA), Institiúid Aigéineolaíochta na Spáinne (*Instituto Español de Oceanografía*, IEO) agus Institiúid Gheolaíochta agus Mianadóireachta na Spáinne (*Instituto Geológico Minero de España*, IGME). Leis an atheagrú sin, neartófar beartas na Spáinne maidir le hacmhainn shaineolach iascaigh, an t-aistriú agraibhia agus an t-aistriú éiceolaíoch. Beidh córas dlí gníomhaireachta stáit ag na trí PRO, a sholáthraíonn níos mó solúbthachta agus creat feidhmíochtbhunaithe arna bhunú i gconradh bainistíochta ilbhliantúil. Thairis sin, tabharfaidh an Spáinn buiséadú feidhmíochtbhunaithe isteach. Leis an athchóiriú, neartófar rialachas, meastóireacht ar fheidhmíocht agus rialú an eintitis a thiocfaidh as.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Infheistíocht 1 (C17.I1): Pleananna Taighde agus Forbartha Comhlántacha le Pobail Fhéinrialaitheacha

Is é is cuspóir don bheart seo comhordú leibhéal an stáit le réigiúin i réimse T & F & N a chothú trí phleananna comhlántacha T & F & N a bhunú a bheidh le cómhaoiniú ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag na réigiúin. Leis an ionstraim nua sin, cuirfear leis an gcomhar idir réigiúin freisin, toisc go mbunaíonn siad tosaíochtaí coiteanna faoina Straitéisí Réigiúnacha um Speisialtóireacht Chliste (RIS3) faoi seach.

I gcomhréir le Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027, leis na pleananna comhlántacha, cuirfear feabhas ar ghiniúint eolais agus ar nuálaíocht theicneolaíoch, ar chomhordú na leibhéal éagsúil rialtais agus cuirfear borradh faoin gclaochlú eacnamaíoch críochach sna réimsí straitéiseacha seo a leanas: cumarsáid chandamach, fuinneamh agus hidrigin ghlas, agraibhia, bithéagsúlacht, réaltfhisic agus fisic ardfhuinnimh, eolaíocht mhuirí, eolaíocht ábhar agus biteicneolaíocht a chuirtear i bhfeidhm ar an tsláinte. Chun sineirgí críochacha a fhorbairt, déantar machnamh sna pleananna comhlántacha ar rannpháirtíocht roinnt réigiún i gclár, agus an fhéidearthacht ann a bheith rannpháirteach i roinnt clár. Dá bhrí sin, is féidir acmhainneachtaí réigiúnacha sonracha a áireamh agus a ghiaráil i roinnt pleananna. Mairfidh na pleananna dhá bhliain nó trí bliana, agus éileoidh siad gealltanais chómhaoinithe ó na réigiúin.

Áireofar ar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin ocht gcomhaontú airgeadais idir an Aireacht Eolaíochta agus Nuálaíochta agus na réigiúin a shíniú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C17.I2): Acmhainneacht, bonneagar agus trealamh an Chórais Stáit um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a neartú

Díreofar leis an infheistíocht sin ar threalamh teicniúil eolaíoch agus ar bhonneagar teicniúil an chórais T & F & N a sholáthar, a fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta, chun taighde den scoth a éascú agus iomaíochas an chórais a fheabhsú.

Tacóidh an infheistíocht sin le bonneagar agus trealamh na hearnála eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta trí ghlaonna ar thograí. Maoineofar leis an infheistíocht freisin athbhunú, nuashonrú nó bonneagar náisiúnta straitéiseach nua amhail: bonneagar saoráide ar leibhéal bithsházháilteachta 3 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua a

bhaineann le pataiginí in-tarchurtha, gléasra fítigineach nua a thógáil, Lárionad nua um Ard-Roghchán a chruthú, agus bonneagar *Centro de Investigaciones Energéticas, Medioambientales y Tecnológicas (CIEMAT) a* uasghrádú leis an mbonneagar is gá chun taighde a dhéanamh ar fhuinneamh in-athnuaite. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sonracha faoin infheistíocht sin a dtacófar leo Bonneagair Mhóra Eolaíocha atá bunaithe sa Spáinn, go háirithe iad siúd a áirítear sa 'Léarscáil de Bhonneagair Uathúla Eolaíocha agus Theicniúla' (ICTS)*(Mapa de Infraestructuras Científicas y Técnicas Singulares*). Thairis sin, tacóidh an infheistíocht le bonneagair Eorpacha agus idirnáisiúnta amhail CERN agus Turgnamh Neutrino Domhain Faoi Thalamh, i measc nithe eile.

Ina theannta sin, áirítear san infheistíocht sraith glaonna ar dheontais chun feabhas a chur ar acmhainneacht idirnáisiúnaithe chóras T & F agus N na Spáinne, lena n-áirítear: glao ar Bhainistíocht Tionscadal Eorpach, glao ar Thaighde Eoraip 2020, glao ar Bharr Feabhais na hEorpa 2020, 2022 agus 2023. Foráiltear leis an infheistíocht freisin go ndéanfar bainistiú T & F a dhigitiú.

Déanfar na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin le glaonna ar thograí agus le hinfheistíocht phoiblí dhíreach.

Ina theannta sin, faoi chuimsiú an *Tionscadail Straitéisigh le haghaidh na Slise um Théarnamh agus um Chlaochlú Eacnamaíoch (* PERTE Chip), tacóidh na hinfheistíochtaí le forbairt taighde agus le tionscadail nuálaíochta i slabhra luacha na n-earnálacha leathsheoltóra agus micrileictreonaice. Go sonrach, déanfar infheistíochtaí i dtógáil, méadú ar achar dromchla, atreisiú an bhonneagair agus an trealaimh atá ann cheana i réimse na seomraí glana (Ionad Náisiúnta Micrileictreonaice CSIC, agus an Bonneagar Eolaíoch agus Teicniúil Uathúil (ICTS) Dáilte MICRONANOFABS), agus i ngníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí a neartú i réimse na leathsheoltóirí a bhaineann le sár-ríomhaireacht (Mare Nostrum 5, Líonra Sár-ríomhairí na Spáinne (RES) agus Líonra Náisiúnta Cumarsáide le haghaidh Oideachais agus Taighde (RedIRIS), chomh maith le rannchuidiú na Spáinne leis an gComhghnóthas um an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta chun Tionscnamh Eorpach um Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta ar mhórscála a fhorbairt le héiceachóras atá bunaithe ar RISC-V.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

<u>Infheistíocht 3 (C17.I3): Tionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T & F & N, tástálacha coincheapa agus dámhachtain cabhrach mar thoradh ar ghlaonna iomaíocha idirnáisiúnta. Taighde agus forbairt cheannródaíoch atá dírithe ar dhúshláin shochaíocha. Soláthar poiblí réamhthráchtála</u>

Is é is cuspóir do na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht seo giniúint eolais, aistriú eolais agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha in T & F & N a neartú. Trí na gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin, cuirfear dlús leis an ngníomhaíocht taighde agus nuálaíochta san earnáil phríobháideach, agus treiseofar an comhar idir eagraíochtaí taighde poiblí agus an earnáil phríobháideach. Féachann an beart freisin le gníomhaíocht T & F agus nuálaíochta a mhéadú i réimsí straitéiseacha, amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, chomh maith le hidirnáisiúnú ghrúpaí taighde na Spáinne a mhéadú.

Tá naoi nglao ar thograí beartaithe faoin infheistíocht seo: 1) *maoineoidh glao ar* chruthúnas coincheapa tionscadail ag céimeanna luatha na forbartha réamhiomaíocha chun dlús a chur le haistriú an eolais eolaíoch ina tháirgí nó ina seirbhísí, 2) le glao ar *Thionscadail*

Idirdhisciplíneacha maoineofar tionscadail ó chuibhreannais phríobháideacha phoiblí lena bhfeabhsaítear iomaíochas T & F agus N na Spáinne, 3) glao ar *thionscadail T* & F agus N atá nasctha leis an aistriú glas agus digiteach 4) glao ar *Thionscadail Chomhoibrithe Phríobháideacha* chun tionscadail a mhaoiniú a bhfuil leibhéal ullmhachta teicneolaíochta níos airde acu atá dírithe ar thorthaí gar don mhargadh a bhaint amach, 5) glao ar *Thionscadail Chomhoibrithe Idirnáisiúnta* chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail taighdeoirí poiblí Spáinneacha atá mar chuid de thionscadail a roghnaíodh le haghaidh cistiú ó Fhís 2020 agus Comhpháirtíochtaí Fís Eorpach, 6) glao ar T & F chun díriú ar dhúshláin shochaíocha lena n-áirítear, mar shampla, fuinneamh slán, éifeachtúil agus glan nó cibearshlándáil, 7) glao chun soláthar poiblí réamhthráchtála a mhaoiniú,*8*) glao ar thionscadail T & F agus N i réimse na leathsheoltóirí ('Misin don Eolaíocht agus don Nuálaíocht atá nasctha le Slis PERTE'), agus 9) glao ar chruthúnais choincheapa i réimse na leathsheoltóirí atá nasctha le Slis PERTE.

Déanfar na hinfheistíochtaí faoin mbeart seo le linn na tréimhse 2020-2026, agus beidh na glaonna ar thograí agus an soláthar poiblí réamhthráchtála dírithe sa tréimhse 2020-2025, agus le cur chun feidhme cuid de na hinfheistíochtaí níos casta a mhairfidh go dtí 2026.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[162]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[163]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[164] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[165]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don

[162] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[163] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[164] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

270	C17.I8	T	Tacaíocht do thionscadail T & F & N i ngluaisteáin inbhuanaithe	—	Líon		35	R2	2022	Ar a laghad 35 chuideachta ar bronnadh tionscadail T & F & N orthu i ngluaisteáin inbhuanaithe chun acmhainneacht theicneolaíoch na gcuideachtaí a mhéadú sna réimsí a bhaineann le córais stórála fuinnimh a fhorbairt a bhfuil astaíochtaí an-íseal acu agus córais ardéifeachtúlachta soghluaisteachta hidrigine, tiomáint uathrialaitheach agus soghluaisteacht nasctha nó oiriúnú timpeallachtaí táirgiúla ag a bhfuil córais shábháilte láidre le haghaidh idirghníomhaíocht idir an duine agus meaisín sa timpeallacht monaraíochta cliste. Áiritheoidh tionscadail go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), gníomhaíochtaí neamhroghnaithe agus neamhchistithe, agus reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Beidh na tionscadail ar na nithe seo a leanas: — comhpháirteanna agus ardáin a fhorbairt le haghaidh feithiclí leictreacha, feithiclí hibrideacha inluchtaithe agus feithiclí hidrigine — tiomáint uathrialaitheach agus soghluaisteacht nasctha, ailtireacht feithiclí nua crua-earraí agus bogearraí a fhorbairt — limistéir táirgthe comhpháirteanna agus córas a oiriúnú d’fheithiclí leictreacha, hibrideacha inluchtaithe agus hidrigine. Déanfaidh cuibhreannais ghnó ina mbeidh idir trí agus ocht ngnólacht (ní mór FBM amháin ar a laghad a bheith i gceann amháin ar a laghad), 3 bliana ar a mhéad ar a mhéad agus buiséad EUR 5000000 ar a laghad acu a chur chun feidhme.
461	C17.I9	M	Dámhachtainí na nglaonna ar T&F & N in earnáil an aeraspáis a fhoilsiú.	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2024	Foilsiú san Iris Oifigiúil dámhachtain EUR 70000000 faoi ghlaonna ar thionscadail T & F agus nuálaíochta aeraspáis faoi chuimsiú an Phlean um Theicneolaíocht Spáis. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
271	C17.I9	T	Tacaíocht do thionscadail T & F agus Nuálaíochta i	—	Líon		65	R2	2023	Bronnadh tionscadail T & F & N ar 65 chuideachta ar a laghad i réimse an aeraspáis, agus béim á leagan ar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhai the	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliai n	
			réimse an aeraspáis, ag díriú ar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha							lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí aeraspáis agus aerloingseoireacht, le tacaíocht ó Phlean *Aeronáutica*. Is cuibhreannais ghnó ina mbeidh idir 3 agus 6 ghnólacht a chuirfidh na tionscadail chun feidhme (ní mór ceann amháin ar a laghad a bheith ina FBM), 3 bliana ar a mhéad ar a mhéad. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
272	C17.I9	T	Na tionscadail T & F agus Nuálaíochta i réimse an aeraspáis a thabhairt chun críche, agus béim á leagan ar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha	—	Líon		81	R3	2026	Tá a dtionscadail T & F agus nuálaíochta curtha i gcrích ag 81 chuideachta ar a laghad i réimse an aeraspáis, agus béim á leagan ar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí aeraspáis agus aerloingseoireacht, le tacaíocht ó Phlean *Aeronáutica* agus chun soláthar poiblí réamhthráchtála a dhéanamh chun teicneolaíocht agus nuálaíocht a fhorbairt i réimse na satailítí um fhaire na Cruinne. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
462	C17.I9	T	Cistí a eisíoc le tionscadail faoi Aerspás PERTE.	—	EUR (milliún)		90	R3	2026	Faoi Aerspás PERTE, eisíocaíocht EUR 90000000 ar a laghad i ndeontais agus in iasachtaí neamh-inaisíoctha le haghaidh tionscadail T & F agus Nuálaíochta. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.

Q.3 Tuairisc ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 10 (C17.I10) — Tacaíocht iasachta faoi PERTE Health agus Aerospace PERTE

Baineann an infheistíocht le húsáid tacaíochta iasachta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn in earnáil na sláinte agus an aeraspáis arna sealbhú faoi chuimsiú PERTE Health agus Aeraspás PERTE.

Faoi PERTE don tSláinte, is é is cuspóir don bheart na hacmhainneachtaí eolaíocha, teicneolaíocha agus nuálaíochta in earnáil na sláinte a neartú. Go háirithe, tacóidh an beart le hinfheistíochtaí tríd an méid seo a leanas: 1) iasachtaí do chuideachtaí san earnáil sláinte chun tacú le gníomhaíochtaí amhail T & F & N, scálú tionsclaíoch, próisis mhonaraíochta a nuachóiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus próisis inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme; 2) infheistíocht ó INNVIERTE i gcuideachtaí teicneolaíochta agus nuálacha Spáinneacha san earnáil sláinte; agus 3) iasachtaí d'Ionaid Taighde an Chórais Sláinte Náisiúnta chun a n-acmhainneachtaí taighde agus forbartha teicneolaíche a leathnú.

Faoi Aeraspás PERTE, is é is cuspóir don bheart na hacmhainneachtaí eolaíocha, teicneolaíocha agus nuálaíochta in earnáil an aeraspáis a neartú. Tacóidh an beart le hinfheistíochtaí trí iasachtaí do chuideachtaí in earnáil an aeraspáis i ngníomhaíochtaí amhail T & F & N, scálú tionsclaíoch, nuachóiriú agus nuashonrú próiseas monaraíochta, digitiú agus uasghrádú teicneolaíochta, forbairt agus cur chun feidhme próiseas inbhuanaithe.

Úsáidfear aon athshreabha atá bainteach leis na hoibríochtaí airgeadais chun aisíocaíochtaí iasachta na hiasachta ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01), déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú dlíthiúil nó leis na comhaontuithe dlíthiúla idir an t-eintiteas forghníomhaitheach agus an t-eintiteas dámhachtana agus beartas infheistíochta na hionstraime airgeadais ina dhiaidh sin:

- I gcás iasachtaí agus ráthaíochtaí: an liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas a eisiamh ó incháilitheacht: (i) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[184]; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[185]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le

[184] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[185] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a

líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[186] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[187]. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): (i) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo as a dtagann torthaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar leibhéal a gcur i bhfeidhm; (II) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht seo lena dtacaítear le roghanna malartacha a bhfuil tionchair ísle acu ar an gcomhshaol a bhfuil siad ann ina leith; nó (iii) na gníomhaíochtaí T & F & N sin faoin infheistíocht sin atá dírithe go príomha ar roghanna malartacha a fhorbairt a bhfuil na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin nach ann d'aon rogha mhalartach ísealtionchair atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de ina leith.

- I gcás ionstraimí caipitil fiontair: a cheangal ar chuideachtaí pleananna aistrithe glasa a ghlacadh i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 19a (2)(a)(iii) de Threoir 2013/34/AE (arna leasú le Treoir (AE) 2022/2464) má dhíorthaítear níos mó ná 50 % dá n-ioncam díreach le linn na bliana airgeadais roimhe sin ón liosta gníomhaíochtaí agus sócmhainní seo a leanas: gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach; (II) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[188]; (III) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola[189] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[190].

---

thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[186] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do chóireáil neamh-in-athchúrsáilte dramhaíl ghuaiseach, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun fuinneamh a mhéadú éifeachtúlacht, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[187] Níl feidhm ag an eisiamhsin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[188] I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún

[189] Níl feidhm ag an eisiamhsin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar

- Ceanglóidh an t-eintiteas cur chun feidhme go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta an tairbhí maidir leis an gcomhshaol.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Q.4 Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an dáta don bhonnlíne do gach táscaire tús na gníomhaíochta mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[190] Níl feidhm ag an eisiamhsin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L67	C17.I10	T	Infheistíocht i dtacaíocht chothromais san earnáil sláinte		EUR (milliún)	0	27	R3	2026	Eisíocaíocht EUR 27000000 ag Innvierte i gcuideachtaí nuálacha agus teicneolaíochta san earnáil sláinte mar chothromas nó cuasachothromas. Áiritheofar leis an meastóireacht ar thionscadail faoin infheistíocht seo go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) mar a leagtar amach sa tuairisc ar an mbeart.
L68	C17.I10	T	Cistí a ghealladh i bhfoirm iasachtaí chun tacú leis na hearnálacha sláinte agus aeraspáis		EUR (milliún)	0	181.6	R4	2024	Gealltanas EUR 181600000 ó CDTI d'iasachtaí le haghaidh infheistíochtaí in T & F & N, scálú tionsclaíoch, nuachóiriú próiseas monaraíochta, agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí glasa san earnáil sláinte agus san earnáil aeraspáis.
L69	C17.I10	T	Cistí a eisíoc i bhfoirm iasachtaí chun tacú leis na hearnálacha sláinte agus aeraspáis		EUR (milliún)	0	461.7	R3	2026	Eisíocaíocht EUR 461700000 ó CDTI in iasachtaí le haghaidh infheistíochtaí in T & F & N, scálú tionsclaíoch, nuachóiriú próiseas monaraíochta, agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí glasa san earnáil sláinte agus san earnáil aeraspáis.
L70	C17.I10	T	Feabhas a chur ar chumais T & F an Chórais Sláinte Náisiúnta.		Líon	0	4	R3	2026	Tabhairt chun críche na dtionscadal infheistíochta chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí taighde agus forbartha teicneolaíochta ceithre Ionad Taighde ar a laghad den Chóras Náisiúnta Sláinte.

R. COMHPHÁIRT 18: ATHCHÓIRIÚ AGUS LEATHNÚ ACMHAINNEACHTAÍ AN CHÓRAIS SLÁINTE NÁISIÚNTA

Léirigh an ghéarchéim sláinte neart chóras sláinte náisiúnta na Spáinne, ach léirigh sí freisin na deacrachtaí atá os a chomhair agus é ag déileáil le cásanna ina n-éilítear réamh-mheas, mearfhreagairt agus comhordú chomh maith leis an ngá atá le fadhbanna struchtúracha atá ann cheana a bhaineann le treochtaí déimeagrafacha, sóisialta, teicneolaíocha nó eacnamaíocha a cheartú. Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tabharfar aghaidh ar na dúshláin seo a leanas: an leochaileacht i leith na géarchéime sláinte domhanda, ii) claochlú an chórais sláinte mar gheall ar dhaonra atá ag dul in aois, iii) comhionannas inscne agus iv) inbhuanaitheacht agus athléimneacht fhadtéarmach an chórais.

Is iad seo a leanas cuspóirí na comhpháirte seo:

- An córas sláinte a ullmhú chun bagairtí sláinte domhanda a d'fhéadfadh a bheith ann amhail an phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu trí acmhainneachtaí sláinte poiblí agus córais faireachais eipidéimeolaíocha a mhéadú.

- Seirbhís sláinte a sholáthar leis an luas, an cháilíocht agus an tslándáil is airde, beag beann ar acmhainní othar, a n-áit chónaithe, a n-inscne, a dtionscnamh nó a n-aois.

- Daoine a choinneáil i gcroílár an chórais sláinte, a rannpháirtíocht a fheabhsú agus cúram sláinte a athdhearadh i dtreo riachtanais daoine agus pobal.

- Córais faisnéise a áirithiú a thomhaiseann ní hamháin gníomhaíocht ach torthaí sláinte deiridh.

- Sláinte agus folláine a chur chun cinn go gníomhach agus galair agus spleáchas ar feadh an tsaoil a chosc.

- Na gairmithe is fearr a mhealladh agus a choinneáil a thairgeann deiseanna forbartha aonair agus comhchoiteanna dóibh.

- Dul i dtreo Córas Sláinte Náisiúnta digitithe lena ngintear faisnéis agus eolas agus lena bhfeabhsaítear taighde agus nuálaíocht sláinte, mar spreagadh post, fáis, táirgiúlachta agus nuálaíochta.

- Cistiú leordhóthanach agus inbhuanaithe a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua sláinte a bhaineann le sochaí nua-aimseartha agus forbartha, agus chun éifeachtúlacht sa chaiteachas a áirithiú freisin.

- Comhordú agus rialachas il-leibhéil i mbainistiú an Chórais Sláinte Náisiúnta a neartú agus a fhorbairt agus comhtháthú críochach a fheabhsú. Straitéisí a chur chun cinn go gníomhach chun comhionannas inscne a bhaint amach sa chóras sláinte.

Tacóidh an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha maidir leis an bpaindéim a chomhrac go héifeachtach agus maidir le hacmhainneacht agus athléimneacht an chórais sláinte a neartú, maidir le hoibrithe sláinte agus táirgí agus bonneagar leighis fíor-riachtanach (Moladh Sonrach Tíre 1 2020) agus tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist a chaomhnú, dreasachtaí fostaíochta éifeachtacha agus forbairt scileanna (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

R.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C18.R1) — An cúram príomhúil agus an cúram pobail a neartú

Tá neartú an chúraim phríomhúil ar cheann de na dúshláin sláinte is tábhachtaí atá os comhair na Spáinne sna blianta amach romhainn. Is iad cuspóirí an athchóirithe seo freagairtí níos fearr a thabhairt ar fhadhbanna sláinte atá ag teacht chun cinn, feabhas a chur ar thaithí aonair an chúraim do chách agus galair a chosc agus ról an chúraim phríomhúil a mhéadú.

Is éard a bheidh san athchóiriú Plean Gníomhaíochta a ullmhú agus a chur chun feidhme chun forbairt a dhéanamh ar an gCreat Straitéiseach chun Cúram Príomhúil agus Pobail a Neartú, ar creat é a ghlac an Rialtas Lárnach agus na Pobail Fhéinrialaitheacha in 2019. Beidh struchtúr an Phlean Gníomhaíochta bunaithe ar línte gníomhaíochta nach mór cur i gcrích réigiúnach na dtionscadal a leagan amach iontu. Áirítear leis sin feabhas a chur ar phróisis bhainistíochta cliniciúla, trealamh diagnóiseach a leathnú agus a athnuachan in ionaid sláinte, forbairt TF, oiliúint a chur ar ghairmithe nó bonneagair lárionad sláinte agus seirbhísí sláinte agus éigeandála a fheabhsú. Déanfaidh an Chomhairle Idir-chríochach an Plean Gníomhaíochta a fhormheas. Ní mhaoineofar a chur chun feidhme leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 2 (C18.R2) — Athchóiriú ar an gcóras sláinte poiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú creat ginearálta comhtháite a bhunú chun an tsláinte phoiblí a sholáthar. Is éard atá i gceist leis córas sláinte poiblí níos uaillmhianaí, níos comhtháite agus níos soiléire a fhorbairt trí bhíthin na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Straitéis Sláinte Poiblí lena mbunófar creat ginearálta comhtháite a chuirfear san áireamh i ngach beartas sláinte poiblí agus a mhairfidh cúig bliana, le meastóireachtaí eatramhacha gach dhá bhliain ina ndéanfar anailís ar leibhéal an chur chun feidhme. Déanfar an Straitéis a fhormheas trí chomhaontú ó Chomhairle Idir-chríochach an Chórais Sláinte Náisiúnta.

- Líonra Faireachais Sláinte Poiblí agus Lárionad nua Stáit um Shláinte Phoiblí, a chuirfear ar bun le Dlí nó le Foraithne Ríoga ón Rialtas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3 (C18. R3) — Comhtháthú, cothromas agus uilíocht a neartú

Is é is aidhm don athchóiriú seo rochtain ar chúram sláinte uilíoch sa Spáinn, comhionannas maidir le rochtain ar chúram sláinte agus comhtháthú i gcúram sláinte idir críocha éagsúla na tíre a neartú a thuilleadh. Tá trí cholún san athchóiriú:

- An Dlí maidir le Cothromas, Uilechoiteannt agus Comhtháthú an Chórais Sláinte Náisiúnta. Is iad seo a leanas cuspóirí an dlí: rochtain ar chúram sláinte a áirithiú do chách, ii) ionadaithe othar a chomhtháthú i gcomhlachtaí rialachais Chóras Sláinte Náisiúnta na Spáinne, iii) úsáid comhíocaíochtaí nua a theorannú, iv) an sainmhíniú ar shochair shóisialta agus sláinte i bpunann seirbhísí an Chórais Sláinte Náisiúnta a athrú, v) comhordú idir údaráis sláinte agus shóisialta a áirithiú, vi) measúnú tionchair a thabhairt isteach maidir le gach athrú rialála sa réimse agus vii) úsáid cógaisíochta sa Chóras Sláinte Náisiúnta a athchóiriú. Beidh measúnú tionchair domhain ag gabháil leis an dlí sin ina ndéanfar iniúchadh freisin ar a éifeachtaí ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí agus poibleofar é.

- Athdhíriú an chúraim an-chasta sa chóras sláinte trí líonra na bpointí fócasacha (CSURanna) a chomhdhlúthú agus a fhorbairt agus trí chúram neamh-CSUR an-chasta a athordú.

- Punann choiteann na seirbhísí sláinte poiblí a mhéadú. Leis an athchóiriú sin, leathnófar agus feabhsófar seirbhísí na punainne coitinne le cúram fiaclóireachta, leigheas géanómaíoch, cúram ortaipéideach agus próistéiteach agus cúram coisctheach.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 4 (C18. R4) — Scileanna gairmiúla a neartú agus fostaíocht shealadach a laghdú

Is é is cuspóir don athchóiriú aghaidh a thabhairt ar ghanntanais altraí agus dochtúirí, úsáid conarthaí sealadacha a laghdú, dálaí oibre a fheabhsú agus oiliúint agus forbairt ghairmiúil a fheabhsú.

Cumhdófar dhá réimse leis an athchóiriú:

1. Leasú ar an dlí lena rialaítear oibrithe cúraim sláinte sa Spáinn (Creat-Reacht d'Fhoireann Reachtúil na Seirbhísí Sláinte) chun fostaíocht shealadach a laghdú. Agus an Dlí á leasú, déanfar tuarascálacha ar a thionchar eacnamaíoch agus, go háirithe, ar éifeachtaí fadtéarmacha an Dlí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí. Comhlánófar an leasú le rialacha eile atá ceangailteach ó thaobh dlí agus le bearta tionlacain chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    i. A áirithiú go n-imscarfar gairmithe i limistéir gheografacha áirithe nach ndéantar freastal leordhóthanach orthu trí bhearta dreasachta.

    ii. Feabhas a chur ar an gcomhshaol agus ar dhálaí oibre trí bhearta a rannchuidíonn le forbairt ghairmiúil agus a choinníonn tallann i gcóras na Spáinne, le feabhsuithe ní hamháin i ndálaí eacnamaíocha, ach freisin trí dheiseanna a chur ar fáil i ngnéithe an chúraim sláinte, an teagaisc agus an taighde.

2. Teacht i bhfeidhm Foraithne Ríoga chun feabhas a chur ar an gcóras speisialaithe oiliúna sláinte. Rialófar leis an bhForaithne Ríoga oiliúint thrasearnálach i speisialtóireachtaí eolaíochtaí sláinte, réimsí oiliúna sonracha agus an nós imeachta chun saincháilíochtaí sna heolaíochtaí sláinte a bhailíochtú agus a aithint.

Baineann an t-athchóiriú seo le hAthchóiriú 1 i gComhchuid 11 (C11.R1).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 5 (C18.R5) — Rialáil cógas a athchóiriú agus rochtain ar chógais a fheabhsú

Is é príomhaidhm an athchóirithe seo creat rialála na Spáinne maidir le táirgí íocshláinte agus feistí leighis a thabhairt cothrom le dáta trí leasú a dhéanamh ar an Dlí maidir le ráthaíochtaí agus úsáid réasúnach táirgí íocshláinte agus feistí leighis (Foraithne Reachtach Ríoga 1/2015, an 24 Iúil), arb í an reachtaíocht lena mbunaítear an creat rialála ábhartha sa Spáinn faoi láthair. Go háirithe, ní mór an córas a oiriúnú chun dul i ngleic le forbairtí eolaíocha suaiteacha nua, chun bearta a dhoimhniú chun caiteachas cógaisíochta a chuíchóiriú, chun úsáid réasúnach cógas a dhreasú agus chun athruithe a dhéanamh i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn na paindéime. Agus an Dlí á dhréachtú, déanfar tuarascálacha ar a thionchar eacnamaíoch agus, go háirithe, ar éifeachtaí fadtéarmacha an Dlí maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C18.I1) — Plean infheistíochta le haghaidh trealamh ardteicneolaíochta sa Chóras Sláinte Náisiúnta

Tá leibhéal dífheidhmeachta trealaimh ag an Spáinn atá níos airde ná an meán Eorpach agus meánleibhéal níos ísle dlúis trealaimh in aghaidh an áitritheora, ach tá roinnt eisceachtaí ann amhail scanóirí MRI. Tá dáileadh geografach an trealaimh míchothrom freisin. Is é is cuspóir don infheistíocht sin an trealamh atá ann cheana a athnuachan agus trealamh leighis ardteicneolaíochta breise a sholáthar don Spáinn.

Cumhdófar an méid seo a leanas leis an infheistíocht:

- Trealamh a athnuachan i ngeall ar dhífheidhmeacht.

- An stoc trealaimh a leathnú chun difríochtaí idir-réigiúnacha a chothromú agus meán an Aontais Eorpaigh a bhaint amach de réir a chéile i dtéarmaí an lín in aghaidh an mhilliúin áitritheoir, agus béim ar leith á leagan ar limistéir de chríoch na Spáinne nach ndéantar freastal ceart orthu in aghaidh an áitritheora i gcomparáid leis an meán náisiúnta.

Áireofar sa phlean na cineálacha trealaimh seo a leanas: luasairí líneacha, tomagrafaíocht aiseach ríomhairithe (CAT), lena n-áirítear luasairí pleanála; athshondas maighnéadach, tomagrafaíocht astaithe positron (PET), tomagrafaíocht astaíochtaí positrón agus CAT (PET-CAT), cuasán gáma, trealamh digiteach bróicéiteiripe, aingagrafaíocht soithíoch, angiagrafaíocht néararaidieolaíoch agus seomraí heamaidinimiciúla.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 2 (C18.I2) — Gníomhaíochtaí chun cosc agus cur chun cinn na sláinte a neartú

Is é is aidhm don infheistíocht sin cúram coisctheach a neartú. Díríonn sé go háirithe ar stíleanna maireachtála agus timpeallachtaí sláintiúla a chur chun cinn. Cumhdóidh sé réimsí amhail na réimsí seo a leanas: an comhrac i gcoinne tobac, tomhaltas alcóil a chosc, meabhairshláinte a chur chun cinn, timpeallachtaí maireachtála sláintiúla agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, an plean maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, agus ailse a chosc, lena n-áirítear scaipeadh an chóid Eorpaigh i gcoinne ailse.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 3 (C18.I3) — Acmhainneachtaí méadaithe chun freagairt do ghéarchéimeanna sláinte

Leag an phaindéim béim ar an ngá atá le hacmhainneachtaí faireachais, luathbhraite agus mearfhreagartha ar chásanna criticiúla a neartú chomh maith leis an ngá atá le hacmhainneachtaí na saotharlann agus na n-institiúidí sláinte a neartú. Is éard a bheidh san infheistíocht sin sraith gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cur leis an gcumas freagairt do ghéarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo:

1. Trealamh don Ionad Sláinte Poiblí Stáit nua;

2. Córas Faisnéise um Fhaireachas Sláinte Poiblí, a dhéanfaidh na córais faisnéise atá ann cheana maidir le galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha sa Spáinn a leathnú, a fheabhsú agus a chomhtháthú;

3. Ospidéal Ollscoile Melilla a chríochnú agus foirgneamh nua an Lárionaid Náisiúnta Dhoiciméadachta a thógáil;

4. Acmhainneacht na saotharlainne tástála a mhéadú le haghaidh trealamh cosanta aonair ag an Institiúid Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde;

5. An Lárionad Náisiúnta Bia a neartú;

6. Infheistíochtaí teicneolaíochta sa Ghníomhaireacht Leigheasra agus san Eagraíocht Náisiúnta um Thrasphlandú;

7. Measúnú ar fheidhmíocht an Chórais Sláinte Náisiúnta le linn na paindéime.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (C18.I4) — Oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte agus ar acmhainní chun eolas a chomhroinnt, agus feabhas a chur ar chóireáil othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu

Is é is aidhm don infheistíocht sin scileanna agus inniúlachtaí gairmithe sláinte a neartú, agus béim ar leith á leagan ar oiliúint atá nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne. Tá sé d'aidhm aige freisin uirlisí a chur chun cinn chun cur ar chumas gairmithe sláinte eolas a chomhroinnt chun comhordú agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear maidir le réimsí

tosaíochta a chumhdaítear leis an gComhchuid seo. Tá sé d'aidhm aige freisin feabhas a chur ar chóireáil othar a bhfuil galair neamhchoitianta orthu.

Cumhdóidh an infheistíocht cúig réimse:

- Oiliúint leanúnach sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí sláinte agus córais faisnéise a úsáid, faireachas ar an tsláinte phoiblí agus ar an eipidéimeolaíocht, sábháilteacht othar agus ghairmiúil, úsáid réasúnach acmhainní diagnóiseacha agus teiripeacha, luathbhrath ailse, meabhairshláinte, sláinte chomhshaoil, cosc ar thosca riosca, luathbhrath foréigin inscne, luathbhrath mí-úsáide leanaí, bitheitic, cúram deireadh ré, cumarsáid chliniciúil, leigheas fianaise-bhunaithe, obair bhuíne, modheolaíocht taighde, forbairt scileanna bainistíochta na ndaoine atá freagrach as ionaid sláinte, oiliúint teagascóirí sainoiliúna sláinte agus oiliúna le haghaidh meastóirí oideachais leanúnaigh.
- Córas a bhunú chun measúnú agus creidiúnú a dhéanamh ar na scileanna neamhrialáilte atá sealbhaithe ag gairmithe an Chórais Náisiúnta Sláinte
- Uirlisí comhoibríocha chun déileáil le dálaí an-chasta.
- Mapáil ríomhairithe a fhorbairt chun acmhainní agus seirbhísí comhroinnte a léirshamhlú le haghaidh cúram luath agus leigheas géanómaíoch sa Spáinn.
- Treoirthionscadail a thabhairt chun críche chun acmhainní, bonneagar, trealamh agus córais faisnéise idir-inoibritheacha a thabhairt don Chóras Sláinte Náisiúnta chun feabhas a chur ar chúram sláinte d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

<u>Infheistíocht 5 (C18.I5) — Plean chun tomhaltas cógaisíochta a chuíchóiriú agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn, agus punann na seirbhísí géanómaíocha sa Chóras Sláinte Náisiúnta a leathnú</u>

Is éard a bheidh san infheistíocht sin plean a chur chun feidhme chun úsáid cógas agus feistí leighis a chuíchóiriú. Is é is aidhm don phlean na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- gan táirgí leighis a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil gá leo agus, má úsáidtear iad, úsáid a bhaint astu siúd is costéifeachtaí;
- ilchógaisíocht a laghdú (níos mó ná cúig chógas leighis) agus úsáid neamhriachtanach cógas leighis a laghdú;
- an éiginnteacht chliniciúil a bhaineann le cógais nua a laghdú tríd an eolas eolaíoch a mhéadú, tríd an bhfaisnéis atá ar fáil a fheabhsú agus tríd an éiginnteacht airgeadais a laghdú.

- punann na seirbhísí géanómaíocha sa Chóras Sláinte Náisiúnta a leathnú

Áirítear sa phlean trí chóras a chruthú nó a fhorbairt a thuilleadh chun feabhas a chur ar an meastóireacht ar dhrugaí agus ar theicneolaíochtaí sláinte sa Spáinn:

1. Cruthú an Líonra um Meastóireacht ar Chógais sa Chóras Sláinte Náisiúnta: Forbrófar ardán teicneolaíochta chun an Measúnú Leigheasra agus na Tuarascálacha Suite (ina

ndéantar anailís ar bhreisluach cógas nua ar bhonn a gcost-éifeachtúlachta) a bhainistiú agus a chomhroinnt ag céimeanna éagsúla forbartha.

2. An Córas Leigheasra Ardtionchair (VALTERMED) a leathnú. Tá an uirlis sin bunaithe ar chlárlann sonraí riaracháin, cliniciúla agus teiripeacha chun stádas agus éabhlóid tosaigh na n-othar a rianú agus a anailísiú tar éis thús na cóireála cógaseolaíochta. Déanfar aidhm na huirlise nua sin a chomhtháthú le córais faisnéise na bPobal Féinrialaitheach agus cuimseofar inti faisnéis a bhaineann le tionchar an chógais ar cháilíocht saoil na n-othar.
3. Bunú Líonra Teicneolaíochtaí Sláinte agus Cúraim Sláinte na Spáinne (RedETS). Tá ról lárnach ag an líonra sin maidir le comhairle eolaíoch agus theicniúil a chur ar fáil don chinnteoireacht maidir le teicneolaíochtaí agus seirbhísí sláinte a ionchorprú sa mhaoiniú poiblí. Leis an ardán teicneolaíochta, beifear in ann na táirgí éagsúla RedETS a bhainistiú agus a roinnt ag céimeanna éagsúla forbartha i measc ghníomhaireachtaí/aonaid an Líonra, agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocdhátaí a shainítear do gach ceann de na céimeanna.

Beidh tionscadail a bhaineann leis an méid seoa leanas i gceist leis an infheistíocht: úsáid cógas cineálach agus bithchosúil a chur chun cinn, seirbhísí agus táirgí ortaipéideacha agus próistéiteacha a fhorbairt agus a nuachóiriú, oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte maidir le húsáid réasúnach cógas, agus réitigh chun borradh a chur faoi nuálaíochtaí i dtáirgí íocshláinte.

Leis an infheistíocht, leathnófar catalóg na tástála géinitígh ar an gCóras Sláinte Náisiúnta freisin tríd an trealamh is gá a cheannach, agus trí chóras faisnéise a chruthú chun faisnéis ghéanómaíoch a chomhtháthú ar an leibhéal náisiúnta.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 6 (C18.I6) — Loch sonraí sláinte

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht sin Loch Sonraí Sláinte a chruthú, lena mbailítear faisnéis ó chórais faisnéise éagsúla, lena n-áirítear córais réigiúnacha, agus é mar aidhm leis sin ollanailís a éascú i bhfíor-am chun tacú le diagnóisic agus cóireáil agus iad a fheabhsú, fachtóirí riosca a shainaithint, patrúin a shainaithint, patrúin a shainaithint, cásanna riosca sláinte a thuar agus acmhainní a chlársceidealú chun déileáil leo, lena n-áirítear algartaim intleachta saorga a úsáid, agus ailtireachtaí córais inscálaithe nua agus uirlisí nua chun samhlacha a phróiseáil agus a shainaithint.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do gach táscaire ach amháin má léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
273	C18.R1	M	Plean Gníomhaíochta do chúram príomhúil agus pobail	Formheas *Consejo Idirchríochach*				R4	2021	Is é príomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta an Príomhchúram sa Chóras Sláinte Náisiúnta a neartú, chun freagairtí níos fearr a thabhairt ar fhadhbanna sláinte atá ag teacht chun cinn, feabhas a chur ar thaithí aonair cúraim do chách, galair a chosc agus cur le cumas an Phríomhchúraim fadhbanna sláinte a réiteach.
274	C18.R2	M	Formheas Straitéis Sláinte Poiblí na Spáinne	Formheas *Consejo Inter territorial Sanidad*				R2	2022	Bunófar leis an Straitéis Sláinte Poiblí na treoirlínte straitéiseacha maidir le gníomhaíochtaí sláinte poiblí ar fud na Spáinne. Is é is cuspóir don straitéis feabhas a chur ar shláinte phobal na Spáinne trí na línte agus na tosaíochtaí riachtanacha a bhunú a bheidh le leanúint ag gach riarachán sláinte ina mbeartais maidir leis an tsláinte phoiblí a chur chun cinn, a chosc agus a chosaint, i ngníomhaíochtaí a bhaineann le spriocghrúpaí den daonra, chun saoránaigh a chur ar an eolas, chun oiliúint a chur ar ghairmithe agus chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais. Áiritheofar leis an Straitéis go ndéanfar an tsláinte phoiblí agus rochtain chomhionann ar chúram sláinte a mheas i ngach beartas poiblí agus éascóidh sí gníomhaíocht idirearnálach sa réimse sin. Mairfidh sé cúig bliana, le meastóireachtaí eatramhacha gach dhá bhliain ina ndéanfar anailís ar an méid cur chun feidhme. Áireofar ann bearta agus gníomhaíochtaí i ndáil le gach réimse den tsláinte phoiblí a chuirfear chun feidhme i mbeartais, i bpleananna agus i gcláir na riarachán sláinte uile sa Spáinn le linn thréimhse na Straitéise, laistigh de na spriocdhátaí arna mbunú sa Straitéis.
275	C18.R3	M	An Dlí maidir le Cothromas, Uilechoiteannt agus Comhtháthú an Chórais Náisiúnta Sláinte, agus athdhíriú cúraim an-chasta agus an méadú ar phunann choiteann na seirbhísí	Teacht i bhfeidhm an dlí agus formheasanna ó *Sanidad Idir-chríochach Consejo*				R4	2023	Is iad seo a leanas cuspóirí an dlí agus na mbloc tógála: Rochtain ar chúram sláinte a áirithiú do chách, ionadaithe othar a chomhtháthú i gcomhlachtaí rialachais Chóras Sláinte Náisiúnta na Spáinne, teorainn a chur le húsáid comhíocaíochtaí nua, an sainmhíniú ar shochair shóisialta agus sláinte i bpunann an Chórais Sláinte Náisiúnta a athrú, comhordú idir údaráis sláinte agus shóisialta a áirithiú, agus measúnú tionchair a thabhairt isteach maidir le gach athrú rialála sa réimse agus, ar deireadh, athchóiriú a dhéanamh ar úsáid táirgí cógaisíochta sa Chóras Sláinte Náisiúnta. Beidh measúnú tionchair domhain ag gabháil leis an dlí sin a chuirfear ar fáil go poiblí freisin, lena bhfiosrófar freisin a éifeachtaí ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. Tar éis chomhaontú *Consejo Inter territorial Sanidad*, teacht i bhfeidhm Ordú ón Aire lena méadaítear punann choiteann na seirbhísí sláinte poiblí trí na seirbhísí a bhaineann le cúram fiaclóireachta, leigheas géanómaíoch, cúram ortaipéideach agus próistéiteach agus cúram coisctheach a leathnú

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										agus a fheabhsú ar a laghad. Formheas *Consejo Inter territorial Sanidad* maidir le comhdhlúthú agus forbairt an líonra pointí fócasacha agus athordú an chúraim nach mbainistíonn na Lárionaid, Seirbhísí agus Aonaid Tagartha sin (CSUR)
276	C18.R4	M	Dlí maidir leis an gCreat-Reacht d'Fhoireann Reachtúil Seirbhíse Sláinte, bearta comhlántacha eile, agus feabhas a chur ar an gcóras speisialaithe oiliúna sláinte	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an dlí, agus teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga				R4	2023	Is é an Reacht Réime an norm bunúsach lena rialaítear rochtain ar stádas an oifigigh sláinte agus lena rialaítear soláthar post, ardú céime agus soghluaisteachta agus dálaí oibre. Tá na cuspóirí díreacha seo a leanas ag an leasú: — Conarthaí sealadacha a laghdú. Beidh measúnú tionchair domhain ag gabháil leis an dlí sin ina ndéanfar iniúchadh freisin ar a éifeachtaí ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. Comhlánófar an leasú le rialacha eile atá ceangailteach ó thaobh dlí agus le bearta tionlacain chun an méid seo a leanas a dhéanamh: - Imscaradh gairmithe i limistéir gheografacha áirithe a áirithiú nach ndéantar freastal leordhóthanach orthu trí bhearta dreasachta. — Feabhas a chur ar an gcomhshaol agus ar dhálaí oibre trí bhearta a chuireann leis an bhforbairt ghairmiúil agus a choinníonn tallann i gcóras na Spáinne, le feabhsuithe ní hamháin i ndálaí eacnamaíocha, ach freisin trí dheiseanna a chur ar fáil i ngnéithe an chúraim sláinte, an teagaisc agus an taighde. Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga chun feabhas a chur ar an gcóras speisialaithe oiliúna sláinte
277	C18.R5	M	Dlí maidir le ráthaíochtaí agus úsáid réasúnach táirgí leighis	Teacht i bhfeidhm an dlí				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le ráthaíochtaí agus úsáid réasúnach táirgí leighis. Is iad seo a leanas cuid de phríomhchuspóirí an athchóirithe dhlíthiúil sin: — An córas praghsanna tagartha a mhodhnú trí ghnéithe a thabhairt isteach a mhéadaíonn an iomaíocht. —Ceadú cianda cógas leighis a chomhdhlúthú. — Trádstórais leighis na n-ionad sochshláintíochta a nascadh leis na seirbhísí cógaisíochta cúraim phríomhúil. — An córas a mhodhnú chun ríomh a dhéanamh ar an ranníocaíocht ráithiúil a rinne monaróirí, allmhaireoirí agus soláthróirí cógas agus táirgí sláinte leis an gCóras Sláinte Náisiúnta a mhaoinítear le cistí poiblí. — Na hinniúlachtaí maidir le rialú fógraíochta drugaí a shoiléiriú.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										— Na rátaí arna gcur i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Leigheasra a mhodhnú. — An nós imeachta smachtbhannaí agus na sáruithe a mhodhnú agus a nuashonrú. Beidh measúnú tionchair domhain ag gabháil leis an dlí sin ina ndéanfar iniúchadh freisin ar a éifeachtaí ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí.
278	C18.I1	M	An plean infheistíochta trealaimh a fhormheas agus cistí a dháileadh	Formheas *Consejo Inter territorial Sanidad*				R4	2021	Formheas *Consejo Idir-chríochach* ar an bplean agus dáileadh na gcistí, lena leagtar amach sásraí chun EUR 796100000 de dheontais a dhámhachtain.
279	C18.I1	T	Suiteáil feistí trealaimh	—	Líon	0	750	R2	2023	750 gaireas trealaimh ar a laghad a shuiteáil ar fud na tíre.
280	C18.I2	T	Feachtais agus gníomhaíochtaí sláinte poiblí	—	Líon	0	11	R4	2023	Rinneadh 11 fheachtas scaipthe nó scagtha sláinte poiblí ar a laghad, i réimsí amhail an méid seo a leanas: an comhrac i gcoinne tobac, tomhaltas alcóil a chosc, meabhairshláinte a chur chun cinn, timpeallachtaí maireachtála sláintiúla agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, an plean maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, agus ailse a chosc, lena n-áirítear scaipeadh an chóid Eorpaigh i gcoinne ailse. Beidh na feachtais ar fud na tíre. Déanfar scaipeadh trí raidió, na meáin chlóite, an tIdirlíon, margaíocht dhíreach agus gníomhaíochtaí amuigh faoin aer.
281	C18.I3	M	Córas Faisnéise Líonra Faireachais Sláinte Poiblí	Deimhniú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2025	Beidh córas faireacháin don Stát agus do na pobail fhéinrialaitheacha (Córas Faisnéise an Líonra um Fhaireachas Sláinte Poiblí) oibríochtúil chun luathrabhadh agus mearfhreagairt a chumasú, chun fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ina riosca don tsláinte a bhrath, faisnéis ó na húdaráis inniúla a scaipeadh agus cur chun feidhme beart rialaithe a éascú. Ceannófar trealamh don Lárionad Sláinte Poiblí Stáit nua ar luach iomlán EUR 9.45 milliún ar a laghad. Cuirfear i gcrích ceannach trealaimh in Ospidéal Ollscoile Melilla agus tógáil fhoirgneamh nua an Lárionaid Náisiúnta Dhiaiméadrachta agus ceannach trealaimh agus cur chun feidhme le haghaidh córas agus bonneagair chun cur le hacmhainneacht na saotharlainne tástála ag an

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										Institiúid Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde, ag an Lárionad Náisiúnta Bia, ag an nGníomhaireacht um Chógais agus Táirgí Sláinte agus ag an Eagraíocht Náisiúnta um Thrasphlandú ar luach iomlán EUR 43 mhilliún ar a laghad. Déanfar an measúnú ar fheidhmíocht an Chórais Náisiúnta Sláinte le linn na paindéime a chur i gcrích agus a fhoilsiú.
282	C18.I4	T	Gairmithe cúraim sláinte atá oilte faoi chuimsiú pleananna leanúnacha oideachais	—	Líon	0	90 000	R2	2023	Tá 360000 creidiúint san iomlán curtha i gcrích ag 90000 gairmí cúraim sláinte (CECanna), arb ionann é agus 3.6 milliún uair an chloig san iomlán d'oiliúint faoi chuimsiú pleananna oideachais leanúnaigh arna gceapadh i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa sainmhíniú ar C18.I4. Cumhdófar an méid seo a leanas leis an oiliúint: Úsáid teicneolaíochtaí sláinte agus córas faisnéise, faireachas sláinte poiblí agus eipidéimeolaíocht, sábháilteacht othar agus ghairmiúil, úsáid réasúnach acmhainní diagnóiseacha agus teiripeacha, luathbhrath ailse, meabhairshláinte, sláinte chomhshaoil, cosc tosca riosca, luathbhrath foréigin inscnebhunaithe, luathbhrath mí-úsáide leanaí, bitheitic, cumarsáid chliniciúil, leigheas fianaise-bhunaithe, ag obair le daoine eile, modhanna imscrúdaithe, forbairt inniúlachtaí bainistíochta bainisteoirí institiúidí sláinte, agus oiliúint meantóirí in oiliúint speisialaithe sláinte. Cuireadh oiliúint ar fáil mar fhormáidí oiliúna sa seomra ranga, mar fhormáidí foghlama ar líne agus mar fhormáidí foghlama cumaisc agus tá sí curtha i gcrích ag gairmithe cúraim sláinte cáilithe agus gairmithe i réimse an chúraim sláinte san oiliúint ghairmiúil.
463	C18.I4	T	Oiliúint a chur ar ghairmithe sláinte agus ar acmhainní chun eolas a chomhroinnt					R2	2026	Cuirfear oiliúint ar 1300 cúram sláinte ar a laghad maidir le samhlacha idirnáisiúnta chun scileanna gairmiúla sláinte a mheasúnú agus a chreidiúnú (samhlacha athdheimhniúcháin gairmithe sláinte). Forbrófar na feidhmchláir TF seo a leanas freisin chun measúnú agus creidiúnú a dhéanamh ar na scileanna neamhrialáilte: • Feidhmchlár gréasáin le haghaidh athdheimhniúcháin • Sonraí athdheimhniúcháin gairmiúla a chomhtháthú i dtairseach REPS Ceannófar nó forbrófar uirlisí comhoibríocha chun déileáil le dálaí an-chasta. Áireofar sna huirlisí comhoibríocha na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad: • Próisis chliniciúla chomhroinnte chun othair a bhainistiú.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										• Cumarsáid idir gairmithe. Déanfar mapáil ríomhairithe chun acmhainní agus seirbhísí comhroinnte le haghaidh cúram luath agus leigheas géanómaíoch a amharcléiriú
283	C18.I5	M	Córas agus ardán VALTERM ED chun Measúnú a dhéanamh ar Theicneolaíochtaí Sláinte agus ar Thairbhí an Chórais Sláinte Náisiúnta	Deimhniú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2023	Tá an líonra idir Inistreacht na Sláinte agus na Réigiúin Fhéinrialaitheacha chun meastóireacht a dhéanamh ar chógais i bhfeidhm, tá córas VALTERM ED ag feidhmiú, agus cruthaíodh ardán do Líonra Gníomhaireachtaí na Spáinne um Measúnú ar Theicneolaíochtaí Sláinte agus ar Thairbhí an Chórais Sláinte Náisiúnta (SNS REDETS).
464	C18.I5	T	Plean chun tomhaltas cógaisíochta a chuíchóiriú agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn					R2	2026	Déanfar feachtas chun úsáid cógas cineálach agus bithchosúil a chur chun cinn. Cuirfear córas faisnéise chun feidhme chun oideasú seirbhísí ortaipéideacha agus próistéiteacha a bhainistiú. Cuirfear oiliúint ar 46300 gairmí sláinte ar a laghad maidir le húsáid réasúnach cógas, maidir le húsáid eolais eolaíoch le haghaidh gníomhaíocht chliniciúil agus maidir le scileanna a fhorbairt i léamh criticiúil litríochta eolaíche. Cruthófar cúrsa dioplóma maidir le meastóireacht ar mheasúnú ar tháirgí íocshláinte agus ar theicneolaíochtaí sláinte
284	C18.I6	T	Loch sonraí sláinte ag feidhmiú	—	Líon	0	17	R4	2023	Beidh loch sonraí sláinte oibríochtúil don Stát agus áireofar ann 17 réigiún nó cathair fhéinrialaithe ar a laghad d'fhonn ollanailís sonraí a chumasú chun diagnóis agus cóireálacha a shainaithint agus a fheabhsú.
465	C18.I4	T	Tionscadail a chur i gcrích chun feabhas a chur ar chúram sláinte d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu		Milliún EUR	0	50	R2	2026	Treoirthionscadail dar luach EUR 50 milliún ar a laghad a thabhairt chun críche chun acmhainní, bonneagar, trealamh agus córais faisnéise idir-inoibritheacha a thabhairt don Chóras Sláinte Náisiúnta (SNS) chun feabhas a chur ar chúram sláinte d'othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
466	C18.I5	T	Na seirbhísí géanómaíocha sa Chóras Sláinte Náisiúnta a leathnú		Milliún EUR	0	23	R2	2026	Ceannófar an trealamh is gá chun catalóg leathnaithe na tástála géinitíá chur chun feidhme, ag a bhfuil luach EUR 23000000 ar a laghad, agus beidh córas faisnéise chun faisnéis ghéanómaíoch a chomhtháthú ar an leibhéal náisiúnta oibríochtúil
466a	C18.I6	T	Tionscadail ollphróiseála sonraí				2	R4	2025	Cuirfear dhá thionscadal ollphróiseála sonraí ar a laghad chun feidhme mar chuid den infheistíocht sa loch sonraí sláinte

S. COMHPHÁIRT 19: SCILEANNA DIGITEACHA

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne leibhéal na scileanna digiteacha (bunscileanna agus ardscileanna) a mhéadú trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ghrúpaí éagsúla den daonra. Tá sealbhú na scileanna sin ríthábhachtach don Spáinn chun leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le digitiú méadaithe an gheilleagair agus na sochaí.

Comhlánaíonn gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun FBManna a dhigitiú bearta dá bhforáiltear i gcomhchuid 13 den Phlean (Tacaíocht do FBManna). Gníomhaíochtaí chun líon na ndaoine ardcháilithe maidir le gníomhaíochtaí a chomhlánaíonn TFC a mhéadú i gComhchuid 15 (An Nascacht Dhigiteach). Ar deireadh, ba cheart bearta i gComhchuid 21 (Oideachas) a threisiú le gníomhaíochtaí chun scoileanna a dhigitiú, agus tionchar na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear i gComhchuid 23 (Margadh an tsaothair) a mhéadú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar Mholtaí Tírshonracha maidir le nuálaíocht a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2019), rochtain ar fhoghlaim dhigiteach (Moladh Sonrach Tíre 2 2020) agus tús áite a thabhairt do thionscadail infheistíochta poiblí aibí, infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú agus infheistíochtaí a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

S.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C19.R1) — Plean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha

Is éard atá sa bheart seo plean straitéiseach ag a bhfuil na cuspóirí seo a leanas: (i) oiliúint i scileanna digiteacha a sholáthar don phobal i gcoitinne; (II) an bhearna dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh; (III) an córas oideachais a dhigitiú agus scileanna digiteacha a fhorbairt don fhoghlaim; (IV) scileanna digiteacha a sholáthar ar mhaithe le hinfhostaitheacht níos fearr d'oibrithe príobháideacha agus do dhaoine dífhostaithe, (v) tacú le scileanna digiteacha oibrithe poiblí; (VI) scileanna digiteacha a fhorbairt in FBManna; agus (vii) líon na speisialtóirí TFC a mhéadú. Cuideoidh na hinfheistíochtaí sa Chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar chuspóirí an phlean straitéisigh.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Eanáir 2021.

Infheistíocht 1 (C19. I1) — Scileanna digiteacha trasnaí

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar leibhéal scileanna digiteacha an daonra. Beartófar an méid seo a leanas leis an mbeart: (a) líonra d'ionaid tacaíochta a fhorbairt le haghaidh oiliúint i mbunscileanna digiteacha agus in ardscileanna digiteacha, (b) gníomhaíochtaí ríomhchuimsithe d'fhonn daoine scothaosta a chumhachtú nó oiliúint a éascú do leanaí leochaileacha, (c) feachtais éagsúla múscailte feasachta, (d) gníomhaíochtaí chun

cumais dhigiteacha an phobail i gcoitinne a mhéadú, agus (e) acmhainní digiteacha a fhorbairt chun an Spáinnis a scaipeadh agus a theagasc. Leis an mbeart, cuirfear cumhachtú digiteach na mban chun cinn freisin agus cothófar gairmeacha beatha eolaíocha agus teicneolaíocha ar scoil.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C19. I2) — Claochlú digiteach an oideachais

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar rochtain ar fhoghlaim dhigiteach trí ghairis iniompartha a sholáthar do 300000 dalta ar a laghad ó ghrúpaí leochaileacha i scoileanna poiblí nó i scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí. Déanfaidh sé córais dhigiteacha idirghníomhacha (IDS) a shuiteáil, a nuashonrú agus a chothabháil freisin i 240000 seomra ranga ar a laghad i scoileanna poiblí agus scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí chun cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc a chumasú. Tacóidh an beart freisin le straitéis dhigiteach a ullmhú nó a athbhreithniú in 22000 ionad scoile ar a laghad atá fóirdheonaithe go poiblí agus go poiblí, agus áireofar leis oiliúint dhigiteach 700000 múinteoir.

Tacóidh an beart sin freisin le cur chun feidhme an Phlean Dhigitigh don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint. Bainfear é sin amach trí uirlis dhigiteach bhainistíochta creidiúnaithe le haghaidh scileanna gairmiúla a fhaightear trí thaithí oibre, agus trí uirlisí digiteacha bainistíochta gairmoideachais agus gairmoiliúna a chruthú le haghaidh fostaíochta i gcomhréir leis an gCatalóg Náisiúnta Cáilíochtaí agus le clár an tsaoil oiliúna gairmiúla. Ar deireadh, tacóidh an beart le hionsamhlóirí, leathchúplaí digiteacha agus moil theicneolaíocha a chruthú.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C19. I3) — Scileanna digiteacha don fhostaíocht

Is é is cuspóir don bheart seo scileanna digiteacha daoine fostaithe agus daoine dífhostaithe — go háirithe daoine óga — a neartú chun a n-infhostaitheacht a fheabhsú. Díreofar an oiliúint freisin ar an riarachán poiblí (i measc daoine eile, gairmithe sláinte, trúpaí agus maraithe sna fórsaí armtha agus cúltacaí atá ar fáil go speisialta, baill foirne atá ag obair i réimsí na slándála sóisialta agus an airgeadais). Ar deireadh, tacóidh an beart le digitiú FBManna trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar earnálacha sonracha den gheilleagar agus trí oiliúint a chur ar dhaoine a d'fhéadfadh gníomhú mar chatalaígh athruithe, lena n-áirítear saineolaithe agus bainisteoirí gnólachtaí.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C19. I4) — Gairmithe digiteacha

Is é is cuspóir don bheart seo an tairiscint gairmoiliúna atá ann cheana maidir le hardscileanna digiteacha a oiriúnú, agus tallann a mhealladh agus a choinneáil sna réimsí sin. Cruthóidh sé freisin acmhainní oideachais oscailte don teagasc digiteach san intleacht shaorga agus don chibearshlándáil ar leibhéil éagsúla.

Áirítear leis an mbeart oiliúint speisialta do thart ar 20000 saineolaí TF, agus béim á leagan ar an gcibearshlándáil, chomh maith le scoláireachtaí 4 bliana a mhaoiniú chun tallann a mhealladh agus a choinneáil in ardscileanna digiteacha.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

S.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é dáta na bonnlíne do gach táscaire tús na gníomhaíochta mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
285	C19.R1	M	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha	Tagairt Chomhairle na nAirí				R1	2021	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha. Tá na cuspóirí seo a leanas ag an bPlean: (1) oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar fáil don phobal i gcoitinne; (2) an deighilt dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh; (3) an córas oideachais a dhigitiú agus scileanna digiteacha a fhorbairt don fhoghlaim; (4, 5) scileanna digiteacha a chur ar fáil ar mhaithe le hinfhostaitheacht níos fearr d'oibrithe príobháideacha agus poiblí; (6) scileanna digiteacha a fhorbairt in FBManna; agus (7) líon na speisialtóirí TFC a mhéadú, ós rud é nach bhfuil siad ceangailteach ar réigiúin ná ar eintitis áitiúla.
286	C19.I1	T	Oiliúint a chur ar shaoránaigh maidir le scileanna digiteacha.	—	%	0	75	R4	2023	Beidh 75 % ar a laghad den bhuiséad geallta le haghaidh gníomhaíochtaí faoin infheistíocht chun oiliúint a chur ar shaoránaigh maidir le scileanna digiteacha.
287	C19.I1	M	Gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche chun cumais dhigiteacha a fheabhsú	Teastas cáilíochta ó ionaid náisiúnta oiliúna digití				R4	2024	Líonra náisiúnta scileanna digiteacha a chruthú (lena n-áirítear 1500 ionad oiliúna gairmiúla a athchóiriú), agus feachtais feasachta agus pleananna cumarsáide a chur chun feidhme
288	C19.I1	T	Oiliúint a chur ar shaoránaigh maidir le scileanna digiteacha.	—	Líon	0	2 600 000	R2	2026	Cuireadh oiliúint ar 2600000 saoránach maidir le scileanna digiteacha, de réir na ngníomhaíochtaí faoin mbeart. Beidh an oiliúint 7.5 uair an chloig ar a laghad.
289	C19.I2	M	Clár chun uirlisí digiteacha a thabhairt do scoileanna poiblí agus scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R4	2021	Formheas an chláir chun 240000 seomra ranga ar a laghad a fheistiú, oiliúint a chur ar 700000 múinteoir agus an straitéis dhigiteach a ullmhú nó a athbhreithniú le haghaidh 22000 ionad scoile ar a laghad atá fóirdheonaithe go poiblí agus go poiblí, agus 300000 gléas digiteach nasctha (ríomhaire glúine, táibléid) a sholáthar i scoileanna poiblí agus scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí, i gcomhar leis na Pobail Fhéinrialaitheacha. Beidh an clár ina cheangal ar Chomhphobail Fhéinrialaitheacha.
290	C19.I2	M	Gníomhaíochtaí a chur i gcrích maidir le claochlú digiteach an oideachais	Deimhniú ón riarachán stáit agus réigiúnach				R4	2025	Na gníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú digiteach an oideachais a chur i gcrích, lena n-áirítear deimhniú maidir le scileanna digiteacha de 80 % ar a laghad de 700000 múinteoir atá oilte ar scileanna digiteacha; agus 22000 ionad ar a laghad ar tugadh tacaíocht dóibh agus a straitéisí digiteacha á n-ullmhú agus á n-athbhreithniú.
291	C19.I2	T	Gairis dhigiteacha nasctha a sholáthar i scoileanna poiblí agus i scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí chun an	—	Líon	0	540 000	R4	2025	Soláthar gléasanna digiteacha nasctha agus idirghníomhacha curtha i gcrích le haghaidh 300000 dalta agus trealamh ar a laghad le haghaidh 240000 seomra ranga ar a laghad i scoileanna poiblí agus scoileanna ar tugadh fóirdheontas poiblí dóibh chun an 'deighilt dhigiteach' a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			‘deighilt dhigiteach’ a dhúnadh, agus 240000 seomra ranga ar a laghad a fheistiú							dhúnadh. Deimhnithe ó riaracháin stáit agus réigiúnacha maidir le fáil agus seachadadh an trealaimh.
292	C19.I3	T	Oiliúint dhigiteach don fhostaíocht	—	Líon	0	300 000	R2	2026	Ghlac 300000 duine ar a laghad páirt in oiliúint maidir le scileanna digiteacha. Beidh 150 uair an chloig ar a laghad i ngach oiliúint.
292a	C19.I3	T	Oiliúint dhigiteach sa timpeallacht oibre	—	EUR (milliún)	0	310	R2	2026	Oiliúint maidir le scileanna digiteacha sa timpeallacht oibre a chur i gcrích agus ábhar oiliúna a chur i gcrích chun tacú lena seachadadh a chomhfhreagraíonn do bhuiséad iomlán EUR 310 milliún ar a laghad. Beidh 25 uair an chloig ar a laghad ag gach oiliúint.
293	C19.I4	T	Cláir scoláireachta le haghaidh tallann dhigiteach	—	Líon	0	300	R4	2024	Bhronn 300 faighteoir ar a laghad cláir scoláireachta chun tallann dhigiteach a mhealladh agus a choinneáil (carnach 2021-2024). Beidh 240 ECTS ar a laghad ag gach clár.
294	C19.I4	T	Oiliúint a chur ar ghairmithe TF		Líon	0	18 000	R4	2025	18000 gairmí TF ar a laghad oilte i gcúrsaí speisialaithe de 250 uair an chloig ar a laghad an duine.

T. COMHPHÁIRT 20: PLEAN STRAITÉISEACH CHUN BORRADH A CHUR FAOIN NGAIRMOILIÚINT

Is é is aidhm don chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna (VET) a chlaochlú agus a nuachóiriú, agus é a oiriúnú chun freagairt do na hathruithe in earnálacha táirgiúla an gheilleagair. Chuige sin, féachann an chomhpháirt le feabhas a chur ar infhostaitheacht agus ar shoghluaisteacht oibrithe, agus trí tháirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú.

Tabharfar aghaidh ar neamhréir scileanna atá ann cheana chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir leibhéal oideachais agus oiliúna an daonra agus riachtanais mhargadh an tsaothair, go háirithe trí thacú le huas-sciliú scileanna ar bheagán oiliúna i dtreo scileanna níos idirmheánaí agus athoiliúint. Tabharfar aird ar leith ar scileanna teicniúla agus digiteacha, aghaidh a thabhairt ar an mbearna scileanna idir na hinscní agus cur le tarraingteacht na gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde chun clárú a fheabhsú. Déanfar foráil sa chomhpháirt freisin maidir le haitheantas a thabhairt do scileanna atá ann cheana, d'fhonn rochtain ar dheiseanna oiliúna nua agus ar cháilíochtaí nua a chur ar fáil i gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna níos comhtháite a ghabhann le daoine san oideachas éigeantach — rud a rannchuidíonn le luathfhágáil na scoile a laghdú — agus ar feadh an tsaoil oibre.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le luathfhágáil na scoile a laghdú (Moladh Tírshonrach 2 2019); an comhar idir oideachas agus gnólachtaí a mhéadú d'fhonn feabhas a chur ar sholáthar scileanna agus cáilíochtaí atá ábhartha don mhargadh saothair, go háirithe i gcás teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (Moladh Sonrach Tíre 2 2019); tacú le fostaíocht trí bhearta chun poist a chaomhnú, dreasachtaí éifeachtacha le haghaidh earcaíochta agus forbairt scileanna (Moladh Sonrach Tíre 2 2020); rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

T.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C20.R1) — Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna

Is éard a bheidh san athchóiriú sin an Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Cuireadh an plean i láthair an 22 Iúil 2020. Is é is aidhm dó a áirithiú go bhfreagróidh an córas gairmoiliúna (VET) do mhargadh fostaíochta a bhfuil cáilíocht idirmheánach ag teastáil ina leith, agus ar an gcaoi sin freastal ar riachtanais na hearnála táirgiúla (go háirithe teicneoirí/teicneoirí sinsearacha) agus a áirithiú go bhfeabhsaítear ionchais na hinfhostaitheachta leis an ngairmoiliúint agus leis na cáilíochtaí gairme. Sainaithneofar ann gairmoiliúint mar phríomhghné chun borradh a chur faoi spreagadh eacnamaíoch agus sóisialta i ndiaidh na paindéime.

Díreoidh an plean ar chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna comhtháite amháin a bhunú lena gcuirfear oiliúint agus cáilíochtaí gairmiúla ar fáil don phobal ar fad, lena n-áirítear mic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna sa chóras oideachais agus gairmoideachas agus gairmoiliúint don fhostaíocht. Suífidh sé gairmoideachas agus gairmoiliúint mar ghné chaighdeánach athfhillteach d'fhorbairt ghairmiúil na n-oibrithe uile ar feadh a saoil oibre.

Is í an Chatalóg Náisiúnta Cáilíochtaí Gairmiúla, a dhéanfar a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, príomhionstraim an phlean, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais a chomhtháthú. Áireofar ann cáilíocht ghairmoiliúna nua a dhearadh i ngach earnáil, ach béim á leagan ar an dá earnáil straitéiseacha déag ina gcuirfear dlús leis an ngairmoiliúint, agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh.

Cuirfear an plean chun feidhme trí roinnt Dlíthe Foraithne Ríoga a ghlacadh, a chomhfhreagraíonn do churaclaim nua céime a bhunú. San iomlán, meastar go mbunófar thart ar 42 chéim nua de réir a chéile thar an tréimhse 2021-2023 lena gcumhdófar meánchéim, céimeanna níos airde agus céimeanna speisialaithe. Is éard a bheidh i gceist leis an athchóiriú freisin athbhreithniú athfhillteach ar chéimeanna gairmoiliúna, dearadh céimeanna nua gairmoiliúna a fhreagraíonn do riachtanais na n-earnálacha táirgiúla, ag díriú go háirithe ar na hearnálacha a dtugtar tosaíocht dóibh sa Phlean Straitéiseach don Ghairmoiliúint.

Áireofar ar línte tosaíochta eile an phlean nuálaíocht, taighde feidhmeach, fiontraíocht, digitiú agus inbhuanaitheacht a ionchorprú mar phríomhghnéithe den ghairmoiliúint; agus cuideachtaí a chur ina ndlúthchuid den ghairmoiliúint agus comhoibriú poiblí-príobháideach a chur chun cinn sa chóras, go háirithe cineál déach na gairmoiliúna a chur chun cinn. Chuige sin,cuirfidh an t-athchóiriú leis an obair chomhpháirteach idir aireachtaí, gnólachtaí agus comhpháirtithe sóisialta chun scileanna riachtanacha an gheilleagair a shainaithint.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2020.

<u>Athchóiriú 2 (C20.R2) — Dlí lena rialaítear an córas comhtháite gairmoideachais agus gairmoiliúna atá nasctha leis an gCóras Náisiúnta Cáilíochtaí</u>

I gcomhréir le haidhmeanna an Phlean Nuachóirithe don Ghairmoiliúint agus le creat an Chórais Náisiúnta Cáilíochtaí, déanfaidh an Spáinn Dlí a thíolacadh agus a ghlacadh lena rialófar an córas gairmoiliúna comhtháite (VET). Leis an dlí nua, déanfar an dá chóras gairmoiliúna ar leithligh atá ann faoi láthair, an ceann sa chóras oideachais agus an ceann atá dírithe ar oiliúint le haghaidh fostaíochta, a ionchorprú in aon chóras amháin. Leagfar amach ann córas comhtháite foghlama ar feadh an tsaoil don daonra ag aon aois agus in aon staid phearsanta nó oibre, lena gcuirfear cúrsaí comhlántacha agus carnacha ar fáil as a dtiocfaidh cáilíochtaí nua. Beidh próiseas treoshuímh ag gabháil leis freisin ar feadh an tsaoil.

Sa chéad chéim den ullmhúchán, beidh dréacht-dlí ullmhaithe ag an Aireacht Oideachais agus Gairmoiliúna, le comhthoil na gComhpháirtithe Sóisialta agus na Rialtas Réigiúnach. Meastar go bhformheasfaidh Comhairle na nAirí an dréachtdlí roimh an 31 Nollaig 2021 agus déanfar é a ghlacadh sa Pharlaimint faoin 30 Meitheamh 2022.

Beidh sé d'aidhm ag an dlí a formheasadh go críochnaitheach, agus an dá chóras Ghairmoiliúna a bhí ann cheana a aontú, an córas a nuachóiriú, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) díriú ar uas-sciliú daoine ar bheagán oiliúna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú;

b) aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúnuithe scileanna;
c) an Chatalóg Náisiúnta de Cháilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta, í a chur in oiriúint do riachtanais an gheilleagair amach anseo, lena n-áirítear tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; agus
d) feabhas a chur ar tharraingteacht na gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde d'fhonn clárú a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 1 (C20.I1) — Athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair atá nasctha le cáilíochtaí gairmiúla

Áireofar san infheistíocht sin ceithre ghníomhaíocht atá dírithe ar scileanna gairmiúla an daonra ghníomhaigh a chothabháil agus a fheabhsú thar 16 bliana d'aois (fostaithe nó dífhostaithe):

a) Measúnú agus creidiúnú foirmiúil ar scileanna gairmiúla a fuarthas trí thaithí oibre agus oiliúint sheachfhoirmiúil. Chuige sin, tá sé d'aidhm aige a áirithiú go n-aithneofar go foirmiúil na scileanna atá ann cheana agus go gcuirfear rochtain ar fáil ar oiliúint bhreise agus ar cháilíochtaí nua. San iomlán, infheisteofar sa Phlean i gclárú, i meastóireacht agus i gcreidiúnú 2000000 aonad inniúlachta thar thréimhse cúig bliana.

b) Tairiscint modúlachd-Digiteach d'fhostaithe a bhaineann le haonaid inniúlachta den Chatalóg Náisiúnta Cáilíochtaí Gairmiúla. Díreofar an ghníomhaíocht ar na daoine atá fostaithe agus áiritheofar léi go bhfaighidh 300000 oibrí ar a laghad oiliúint dhigiteach le haghaidh dul chun cinn gairmiúil agus lena gcuirfear ar a gcumas scileanna níos airde a shealbhú.

c) Gairmoiliúint a dhéanamh níos solúbtha agus níos inrochtana trí 'Aulas Mentor' *a*chruthú. Cuirfidh an ghníomhaíocht oiliúint sheachfhoirmiúil ar fáil i gcomhréir leis an gCatalóg Náisiúnta Cáilíochtaí Gairmiúla do dhaoine i gceantair thuaithe nó atá i mbaol dídhaonraithe. Díreofar go sonrach ar mhná d'fhonn deiseanna nua a chur ar fáil don fhoghlaim, do chruthú post agus d'fheabhas a chur ar an ngeilleagar áitiúil.

d) Oiliúint mhodúlach uas-scilithe agus athscilithe d'fhostaithe agus do dhaoine dífhostaithe. Leis an ngníomhaíocht, cuirfear oiliúint ar fáil i scileanna réamhbhreathnaitheacha atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú go tapa agus a mheastar a ghinfidh poist amach anseo, lena n-áirítear an t-aistriú glas, an geilleagar cúraim agus earnálacha straitéiseacha eile a shainaithnítear sa Phlean don Nuachóiriú. Tabharfar tosaíocht do na grúpaí sin is leochailí agus a thairgeann oiliúint atá dírithe ar athsciliú agus uas-sciliú 700000 duine fostaithe agus dífhostaithe ar a laghad.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C20.I2): Claochlú digiteach na gairmoiliúna

Beidh sé d'aidhm ag an infheistíocht sin an ghairmoiliúint a chlaochlú agus a nuachóiriú chun tacú le digitiú gach earnála táirgthe, ach tabharfar tosaíocht don inbhuanaitheacht chomhshaoil mar phríomhinniúlacht freisin. Beidh ceithre ghníomhaíocht san áireamh ann:

a) Oiliúint dhigiteach agus ghlas múinteoirí gairmoiliúna, rud a chuireann ar a gcumas gníomhú mar phríomhcholún sa phróiseas oiliúna agus mar luamháin don aistriú digiteach agus éiceolaíoch a chuirtear i bhfeidhm ar na hearnálacha táirgiúla faoi seach le haghaidh na gairmoiliúna. Dírítear ar scileanna teicniúla, gairmiúla agus oideolaíocha múinteoirí a áirithiú chun taca a chur faoi cháilíocht an chórais oideachais agus oiliúna.

b) Seomraí ranga a thiontú ina spásanna teicneolaíochta feidhmeacha lena n-athchruthaítear timpeallachtaí oibre trí úsáid a bhaint as acmhainníteicneolaíochta a chuireann ar chumas daltaí dul i dteagmháil le teicneolaíochtaí a aimseoidh siad ina dhiaidh sin sna cuideachtaí. Leis an infheistíocht, beifear in ann ar a laghad 1253 sheomra ranga ‘ teicneolaíochta’ a bhunú.

c) Seomraí ranga ‘fiontraíochta’ a chruthú in ionaid ghairmoiliúna phoiblí, lena dtairgtear do mhic léinn an fhiontraíocht a thuiscint mar chuid lárnach den inniúlacht ghairmiúil agus bunús a leagan síos dóibh chun gnó a dhéanamh nó a thosú. Áiritheoidh an Spáinn go mbeidh an ghníomhaíocht inbhuanaithe go fioscach tar éis dheireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar fhoinsí eile cistiúcháin ón Aontas.

d) 50 ionad ar a laghad atá comhtháite leis an Líonra Náisiúnta nuachruthaithe d’Ionaid Barr Feabhais don Ghairmoiliúint.

Beidh ról tábhachtach ag na hinfheistíochtaí i seomraí ranga teicneolaíochta agus fiontraíochta, mar aon leis na hionaid barr feabhais a dhíríonn ar thaighde agus ar nuálaíocht, maidir leis an gcreat gnó a nuachóiriú, maidir le tacú le claochlú an gheilleagair agus maidir le hiomaíochas a fheabhsú. Ina theannta sin, meastar go rannchuidíonn siad le borradh a chur faoi chruthú gnó in earnálacha straitéiseacha, agus le méid agus táirgiúlacht FBManna a mhéadú.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C20.I3): Nuálaíocht agus idirnáisiúnú na gairmoiliúna

Is é is aidhm don infheistíocht sin soláthar foriomlán na gairmoiliúna a mhéadú trí 8252 ghrúpa nua gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad a chruthú i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020, an soláthar a athchothromú le riachtanais na ngnólachtaí agus freagairt go héifeachtach do riachtanais earnálacha mar a leagtar amach sa Phlean Nuachóirithe don Ghairmoiliúint agus bearnaí réigiúnacha. Dírítear ar éileamh mhargadh an tsaothair le haghaidh cáilíochtaí idirmheánacha a shásamh. Beidh dáileadh críochach an chistithe chun an tairiscint gairmoideachais agus gairmoiliúna a mhéadú bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus leanfaidh sé plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun a áirithiú go bhfreagróidh an tairiscint go héifeachtach do bhearnaí réigiúnacha agus do riachtanais earnála. Táthar ag súil go gcomhaontófar é i gcomhthéacs na gComhdhálacha Earnála Oideachais, leis na Réigiúin Fhéinrialaitheacha.

D’fhonn cumarsáid i dteanga iasachta a chur chun cinn mar phríomhghné den fheidhmíocht ghairmiúil, cuirfear an dátheangachas chun cinn i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna mar chuspóir straitéiseach. Díreofar ar oideachas múinteoirí agus daltaí araon i dteanga iasachta mar chuid den timthriall foirmitheach, trí 3700 timthriall a thiontú ina dtairiscint dhátheangach.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an infheistíocht tionscadail nuálaíochta agus aistrithe eolais a fhorbairt idir ionaid ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus fiontair ionas go mbeidh siad ina bpríomhghné den tsamhail nua gairmoiliúna. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht freisin timthriallta oiliúna meánleibhéil agus ardleibhéil a thiontú ina dtimthriallta dátheangacha, mar fhreagairt ar idirnáisiúnú méadaitheach gnólachtaí agus ar dhomhandú na ngeilleagar.

Áiritheoidh an Spáinn go mbeidh an ghníomhaíocht inbhuanaithe go fioscach tar éis dheireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar fhoinsí eile cistiúcháin ón Aontas.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

T.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
295	C20.R1	M	Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus na nDlíthe Foraithne Ríoga gaolmhara	Foilsiú ar leathanach gréasáin MEFP agus cur i láthair ón bPríomh-Aire				R4	2020	Cur i láthair ón bPríomh-Aire maidir leis an bPlean chun an Ghairmoiliúint a Nuachóiriú agus foilsiú 8 nDlí Foraithne Ríoga san Iris Oifigiúil chun an Plean a chur chun feidhme, a chomhfhreagraíonn do 5 churaclam speisialaithe, 2 churaclam meánchéime agus curaclam 1 chéim níos airde
296	C20.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCóras Gairmoiliúna comhtháite aonair, agus é mar chuspóir aige an córas a nuachóiriú	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2022	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an gCóras Gairmoiliúna comhtháite aonair, agus é mar chuspóir aige an córas a nuachóiriú. Aontófar leis an dlí an dá chóras Ghairmoiliúna a bhí ann cheana agus déanfar iad a nuachóiriú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: díriú ar uas-sciliú daoine ar bheagán oiliúna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú; aghaidh a thabhairt ar mhí-oiriúint scileanna; III) an Chatalóg Náisiúnta de Cháilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta, í a chur in oiriúint do riachtanais an gheilleagair amach anseo, lena n-áirítear tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; IV) tarraingteacht na gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna níos airde a fheabhsú d'fhonn clárú a fheabhsú.
297	C20.I1	T	Aonaid inniúlachta nua na Catalóige Náisiúnta um Cháilíochtaí Gairmiúla	—	Líon	0	2 000 000	R4	2025	Clárú (clárú), meastóireacht agus creidiúnú ar 2000000 aonad inniúlachta den Chatalóg Náisiúnta de Cháilíochtaí Gairmiúla a fuarthas trí thaithí oibre agus bealaí oiliúna seachfhoirmiúla.
298	C20.I1	T	Oiliúint mhodúlach chun daoine fostaithe agus dífhostaithe a uas-sciliú agus a athsciliú	—	Líon	0	1 000 000	R4	2024	Oiliúint dhigiteach mhodúlach a sholáthar le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú (ar cuireadh oiliúint ar 300000 oibrí ar a laghad díobh), agus oiliúint mhodúlach a sholáthar atá dírithe ar athsciliú agus uas-sciliú daoine fostaithe agus dífhostaithe (cuireadh oiliúint ar 700000 duine ar a laghad).
299	C20.I2	T	Ionaid barr feabhais agus nuálaíochta sa ghairmoiliúint	—	Líon	0	50	R2	2023	50 ionad ar a laghad comhtháite sa Líonra Náisiúnta nuachruthaithe d'Ionaid Barr Feabhais don Ghairmoiliúint
467	C20.I2	T	Seomraí ranga a thiontú ina spásanna teicneolaíochta feidhmeacha		Líon	0	1 253	R4	2025	1253 seomra ranga ar a laghad arna dtiontú ina seomraí ranga teicneolaíochta lena n-athchruthófar timpeallachtaí oibre trí úsáid a bhaint as acmhainní teicneolaíochta chun deis a thabhairt do mhic léinn dul i dteagmháil le teicneolaíochtaí a aimseoidh siad ina dhiaidh sin sna cuideachtaí.
467a	C20.I2	T	Seomraí ranga "fiontraíochta" a chruthú agus tacú leo	—	Líon	0	1 350	R4	2024	Ar a laghad 1350 seomra ranga "fiontraíochta" a chruthú agus tacú leo in ionaid ghairmoiliúna phoiblí.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
467b	C20.I2	T	Oiliúint ghlas a chur i gcrích do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna	—	Líon	0	25 281	R2	2023	25,281 deimhniú oiliúna ar a laghad a eisiúint maidir le 30 uair an chloig d'oiliúint dhigiteach agus ghlas a chur i gcrích. Féadfaidh an múinteoir céanna níos mó ná oiliúint amháin a dhéanamh.
300	C20.I3	T	1667 ngrúpa nua gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020.	—	Líon	39 063	40 730	R4	2022	Cruthú carntha 1667 ngrúpa gairmoideachais agus gairmoiliúna nua ar a laghad i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020. Beidh dáileadh críochach an chistithe chun an tairiscint gairmoideachais agus gairmoiliúna a mhéadú bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus leanfaidh sé plé le páirtithe leasmhara ábhartha chun a áirithiú go bhfreagróidh an tairiscint go héifeachtach do riachtanais earnála mar a leagtar amach sa Phlean don Nuachóiriú ar an nGairmoiliúint agus ar bhearnaí réigiúnacha. Dáta na bonnlíne: Bliain acadúil 2019/2020.
301	C20.I3	T	Timthriallta gairmoiliúna dátheangacha	—	Líon	0	3 700	R4	2024	3700 timthriall gairmoiliúna ar a laghad (meánoiliúint agus ard) tiontaithe go tairiscint dátheangach
302	C20.I3	T	Grúpaí nua gairmoideachais agus gairmoiliúna i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020.	—	Líon	39 063	47 315	R4	2025	8252 ghrúpa nua gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad i gcomparáid leis an mbliain acadúil 2019/2020. Dáta na bonnlíne: Bliain acadúil 2019/2020.

U. COMHCHUID 21: NUACHÓIRIÚ AGUS DIGITIÚ AN OIDEACHAIS, LENA N-ÁIRÍTEAR LUATHOIDEACHAS 0-3

Díríonn an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne ar an gcóras oideachais a nuachóiriú agus ar bhonneagar oideachais a fheabhsú. Is é is aidhm dó córas níos solúbtha agus níos cuimsithí a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais gach dalta agus teicnící nua teagaisc agus foghlama a thabhairt isteach, lena n-áirítear teicnící digiteacha. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí ag gach céim oideachais:

a) Oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC). Is é is aidhm don chomhpháirt clárú in ECEC a mhéadú de réir a chéile trí thosaíocht a thabhairt do sholáthar áiteanna poiblí nua do leanaí i limistéir ina bhfuil baol níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus i gceantair thuaithe. Díreofar ar leanaí 0-3 bliana agus tabharfar aird ar rochtain agus ar inacmhainneacht araon, chun tacú go háirithe le lánpháirtiú na mban i margadh an tsaothair agus chun an bealach a réiteach chun torthaí oideachais a fheabhsú agus chun luathfhágáil na scoile a chosc ag céimeanna níos déanaí.
b) Bunoideachas agus meánoideachas. Is é is aidhm don chomhpháirt feabhas a chur ar thorthaí oideachais trí luathfhágáil na scoile agus rátaí arda atriallta a laghdú, trí thacaíocht bhreise a thabhairt do dhaltaí tearcfheidhmíochta, agus trí churaclam nua a fhorbairt le haghaidh príomhinniúlachtaí (lena n-áirítear inniúlachtaí digiteacha) sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas éigeantach agus baccalaureate.
c) Córas ollscoile. Is é is aidhm don chomhpháirt an córas ollscoile a nuachóiriú, trí eagrú cúrsaí ollscoile a chur in oiriúint do riachtanais shochaíocha an lae inniu, trí ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair a fheabhsú agus trí thacú leis an gclaochlú teicneolaíoch. Tá sé d'aidhm aige freisin rochtain ar an ardoideachas a mhéadú agus inacmhainneacht an ardoideachais a fheabhsú.

Cuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha a bhaineann le luathfhágáil na scoile a laghdú agus le torthaí oideachais a fheabhsú, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moltaí Tírshonracha 2 2019) agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhoghlaim dhigiteach (Moladh Sonrach Tíre 2 2020). Cuidíonn sé freisin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha níos luaithe a bhaineann le tacaíocht níos fearr do mhic léinn agus d'oiliúint múinteoirí, chomh maith le tacaíocht do theaghlaigh a fheabhsú (Moltaí Tírshonracha 2 2019), lena n-áirítear rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

U.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C21.R1) — Dlí orgánach nua maidir le hoideachas

Leis an athchóiriú sin, glactar dlí nua maidir le hoideachas lena gcumhdaítear oideachas luath-óige, bunoideachas agus meánoideachas éigeantach agus baccalaureate. Bunófar leis an bunús chun deiseanna oideachais agus oiliúna a mhéadú don phobal ar fad, lena n-áirítear trí thorthaí

oideachais agus luathbhrath deacrachtaí a fheabhsú agus trí neamhspleáchas scoileanna a threisiú. Díreoidh sé ar idirdheighilt a laghdú de réir chúlra na mac léinn agus ar chumas cuimsitheach an chórais a fheabhsú. Thairis sin, is é an aidhm atá ann inniúlachtaí digiteacha a neartú ar gach leibhéal oideachais, agus ar an gcaoi sin freagairt don gheilleagar atá ag éirí níos digitithe. Glacadh Dlí nua (LOMLOE) an 29 Nollaig 2020.

Tá forbairt rialála an Dlí Oideachais le húsáid trí bhíthin na nithe seo a leanas:

a) curaclam nua atá bunaithe ar inniúlachtaí a rialáil;
b) meastóireacht, go háirithe an mheastóireacht ghinearálta ar an gcóras oideachais chomh maith leis na meastóireachtaí diagnóiseacha;
c) forbairt ghairm na múinteoireachta; agus
d) aitheantas agus bailíochtú deimhnithe agus staidéar eachtrach neamh-ollscoile a rialáil.

Chuige sin, réitíonn sé an bealach d'Athchóiriú 2 agus d'infheistíochtaí éagsúla a áirítear sa chomhpháirt.

Ar deireadh, táthar ag súil go gcothóidh an t-athchóiriú príomhshruthú na mac léinn a bhfuil gá acu le hoideachas speisialta i ngnáthscoileanna, agus beidh plean rollach 10 mbliana ag gabháil leis a chomhaontófar le húdaráis réigiúnacha lena gcuirfear acmhainní breise ar fáil chun tacú le scoileanna ina bhfuil mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

<u>Athchóiriú 2 (C21.R2) — Samhail nua curaclaim le haghaidh príomhinniúlachtaí, foghlaim bhunúsach agus pleanáil acadúil chuimsitheach</u>

Bunaithe ar ghlacadh an dlí oideachais nua (LOMLOE) dá dtagraítear in Athchóiriú 1, áirítear san athchóiriú sin dlíthe foraithne a ghlacadh maidir le híoscheanglais le haghaidh bunoideachas, meánoideachas éigeantach agus baccalaureate. Áirítear ann freisin treoirlínte modheolaíochta a thabhairt isteach don teagasc agus don fhoghlaim bunaithe ar churaclam bunaithe ar inniúlacht, agus 'scileanna boga' á ionchorprú ann agus an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le príomhinniúlachtaí don fhoghlaim ar feadh an tsaoil á chur san áireamh. Áireofar i ndlíthe na foraithne creat meastóireachta arna fhorbairt i gcomhréir leis an gcuraclam agus a bheidh dírithe ar leibhéal fála na n-inniúlachtaí agus ar mheasúnú na mbeart lena dtugtar tús áite do dhul chun cinn na mac léinn. Is é an aidhm atá ann samhail oideachais níos solúbtha agus níos oscailte a dhearadh lena gcuirfear foghlaim dhomhain chun cinn trí mhodheolaíochtaí comhoibríocha a chur i bhfeidhm, rud a rannchuideoidh le torthaí oideachais a fheabhsú. Tabharfar aird sa churaclam nua ar oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus saoránacht. Áireofar forbairt inniúlachtaí digiteacha ar gach leibhéal, trí ábhar sonrach agus i bpeirspictíocht thrasearnálach araon.

San athchóiriú sin, beidh 100 saineolaí seachtrach ar a laghad rannpháirteach i bhforbairt churaclam réimsí agus ábhair na gcéimeanna oideachais agus na gcreataí meastóireachta, lena gcuirfear bonn ar fáil chun foraitheanta ríoga an churaclaim nua agus an chreata meastóireachta choitinn a dhréachtú.

Áireofar leis an athchóiriú freisin ábhar tacaíochta, treorach agus teagaisc a ullmhú, chomh maith le hoiliúint do mhúinteoirí chun a áirithiú gur féidir leo an curaclam nua a chur chun feidhme go héifeachtach. Foilseofar an t-ábhar ar líne lena úsáid ag na múinteoirí go léir mar

aon le scaipeadh dea-chleachtas. Cuirfidh 4000 gairmí ar a laghad oiliúint i gcrích chun an curaclam nua a chur i bhfeidhm.

Déanfar an tAthchóiriú a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhairle leis na comhlachtaí comhairleacha oideachais agus leis na saineolaithe agus le pobail fhéinrialaitheacha.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2024.

Athchóiriú 3 (C21.R3) — Athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras ollscoile

Díríonn an t-athchóiriú ar athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras ollscoile bunaithe ar cheithre phríomhchuspóir:

a) Rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn. Méadófar scoláireachtaí agus dálaí socheacnamaíocha á gcur san áireamh agus áiritheofar comhionannas deiseanna trí scoláireachtaí do mhic léinn faoi mhíchumas a fheabhsú. Rinneadh athchóiriú ar an gcóras scoláireachtaí in 2020, ach déanfar tuilleadh forbartha air in 2021 agus 2022. Laghdófar táillí ollscoile poiblí freisin, lena n-áirítear trí thairseacha a bhunú agus éagothromaíochtaí móra réigiúnacha a laghdú.

b) Eagrú cúrsaí ollscoile a ghlacadh. Glacfar dlí foraithne chun eagrú cúrsaí ollscoile a athchóiriú agus chun a gcáilíocht agus a n-ábharthacht don mhargadh saothair a áirithiú. Chuige sin, cothófar comhar ollscoile le gnó san oideachas treasach trí déchéimeanna baitsiléara agus máistreachta a rialáil, lena n-áirítear cláir oiliúna i gcuideachtaí a ndéanann ollscoileanna maoirseacht orthu. I gcomhréir le haidhmeanna an limistéir Eorpaigh oideachais, áiritheofar aitheantas uathoibríoch dioplómaí. Neartófar freisin na próisis fíorúcháin, na próisis leantacha agus na próisis chreidiúnaithe le haghaidh teagasc nach teagasc aghaidh ar aghaidh nó teagasc leathdhuine é, lena gcomhcheanglaítear dearbhú cáilíochta na tairisceana oideachais ollscoile agus laghdú an mhaorlathais sna nósanna imeachta lena mbaineann. Cuirfear teagasc nuálach chun cinn freisin.

c) Foráil a dhéanamh maidir le dea-rialachas institiúidí ollscoile agus taighde, aistriú agus soghluaisteacht foirne teagaisc agus taighde a chur chun cinn. Leis an athchóiriú, cuirfear feabhas ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas ollscoile i mbainistiú laethúil ollscoileanna, méadófar rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí sa rialachas agus cothófar trédhearcacht agus cuntasacht. Tá sé d’aidhm aige freisin múinteoirí ardoilte a thabhairt d’ollscoileanna, gairm mhúinteoireachta níos intuartha, agus nasc níos láidre idir an teagasc agus an taighde. Bainfear é sin amach go páirteach trí theacht i bhfeidhm dlí orgánaigh.

d) Cáilíocht na n-institiúidí ollscoile a chinntiú. Glacfar dlíforaithne lena leagfar amach critéir cháilíochta acadúla chun ollscoileanna agus ionaid atá i gceangal a chruthú, a aithint, a údarú agus a chreidiúnú, lena n-áirítear ollscoileanna achair agus ollscoileanna leathaghaidh ar aghaidh. Is é an aidhm atá ann nach mór d’ollscoileanna tairiscint acadúil fhoirmitheach íosta a bheith acu, agus a áirithiú ag an am céanna go bhféadfaí speisialtóireacht a dhéanamh ar ollscoileanna; íoslíon mac léinn fochéime; 5 % ar a laghad dá mbuiséad a thiomnú do chláir thaighde; agus córais dearbhaithe cáilíochta inmheánacha a bheith acu.

Chuige sin, cuirfear san áireamh san athchóiriú na moltaí arna ndéanamh ag Comhdháil na nOllscoileanna Spáinneacha (CRUE). Rannchuideoidh sé le feabhas a chur ar ábharthacht an ardoideachais don mhargadh saothair, lena n-áirítear trí chomhar le gnólachtaí a chur chun cinn agus trí shamhlacha cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe a thabhairt isteach in ollscoileanna poiblí.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (C21.I1) — Oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) a chur chun cinn

Mar chuid den bheart sin, déanfaidh an Spáinn infheistíocht i dtógáil saoráidí nua ECEC, in athshlánú agus athchóiriú foirgneamh atá ann cheana, agus i dtrealamh chun 60000 áit nua ar a laghad d'oideachas agus scolaíocht cúraim luath-óige a bhunú do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois atá faoi úinéireacht phoiblí. Dírítear ar áiteanna poiblí inacmhainne a chur ar fáil do leanaí i limistéir ina bhfuil baol níos airde bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus i gceantair thuaithe, go háirithe don aoisghrúpa 1-2 bhliain d'aois. Beidh na foirgnimh faoi úinéireacht údarás réigiúnach nó áitiúil, nó faoi úinéireacht na hAireachta Oideachais agus Gairmoiliúna i gcás Ceuta agus Melilla.

D'fhéadfadh an infheistíocht caiteachas oibriúcháin a chumhdach freisin, lena n-áirítear tuarastail múinteoirí le linn chur i bhfeidhm na hinfheistíochta chun údaráis réigiúnacha agus áitiúla a dhreasú le haghaidh suas le 40000 áit scolaíochta nua ar a mhéad. Áiritheoidh an Spáinn go mbeidh an ghníomhaíocht inbhuanaithe go fioscach tar éis dheireadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar fhoinsí eile cistiúcháin ón Aontas.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C21.I2): Clár le haghaidh treoshuíomh, dul chun cinn agus saibhriú oideachais ('PROA+')

D'fhonn tacaíocht agus treoir a chur ar fáil do dhaltaí ísealfheidhmíochta, agus rátaí luathfhágála na scoile agus na rátaí luathfhágála scoile a laghdú, déanfaidh an Spáinn infheistíocht chun síneadh a chur leis an gClár atá ann cheana le haghaidh treoshuíomh, dul chun cinn agus saibhriú oideachais ('PROA+').

Dírítear sa chlár seo ar ghníomhaíochtaí lena n-áirithítear íoschoinníollacha in-oideoiríachta na mac léinn uile, lena dtugtar isteach bearta treisithe dóibh siúd a bhfuil níos mó deacrachtaí foghlama acu, go príomha maidir le bunscileanna, a lorgaíonn cineálacha nua eagrúcháin agus bainistíochta san ionad oideachais, agus lena gcuirtear tacaíocht agus oiliúint bhreise ar fáil do mhúinteoirí. Ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí sin dírithe ar fheabhas a chur ar rath na ndaltaí uile sna scoileanna sin.

Díreoidh an clár ar scoileanna a bhfuil castacht oideachais ar leith ag baint leo, lena n-áirítear i gceantair thuaithe, ina mbeidh céatadán suntasach de dhaltaí leochaileacha a bhfuil deacrachtaí foghlama acu i seomraí ranga rialta. Is iad na riaracháin oideachais a dhéanfaidh na hionaid a roghnú. Tá na scoileanna spriocdhírithe lonnaithe go háirithe i gceantair ina bhfuil daltaí agus teaghlaigh a bhfuil cúlra socheacnamaíoch agus oideachasúil íseal acu. San iomlán, gheobhaidh 2700 scoil ar a laghad tacaíocht.

Déanfar an infheistíocht a fhorbairt i gcomhar le pobail fhéinrialaitheacha faoi chuimsiú comhdhálacha earnála, agus beidh dáileadh críochach na gcistí bunaithe ar chritéir shonracha arna gcomhaontú chun riachtanais a léiriú agus chun rannchuidiú le héagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 3 (C21.I3) — Tacaíocht do mhic léinn agus do theaghlaigh leochaileacha

Déanfaidh an Spáinn infheistíocht i mbunú 1000 aonad tacaíochta, treorach agus seirbhíse sícoideachais leochaileacha ar a laghad do mhic léinn i gceantair scoile. Éascóidh sé tacaíocht do mhic léinn agus dá dteaghlaigh chun constaicí oideachais a shárú chun neamhláithreacht agus luathfhágáil scoile a laghdú. Tacófar le comhar le creataí foghlama éagsúla (idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil), chun forbairt scileanna riachtanacha idirphearsanta, cumarsáide agus cognaíocha a fheabhsú. Déanfar an infheistíocht a fhorbairt trí chomhar críochach le pobail fhéinrialaitheacha i gcomhthéacs comhdhálacha earnála, ina leagfar amach na critéir maidir le dáileadh críochach cistí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 4 (C21.I4) — Oiliúint foirne teagaisc agus taighde

Áirítear leis an mbeart sin infheistíochtaí i ndeontais d'ollscoileanna poiblí, arb é is cuspóir dóibh athcháiliú chóras ollscoile na Spáinne a chur chun cinn agus forbairt ghairmiúil a fhoirne teagaisc a chur chun cinn, chomh maith le deiseanna a chur ar fáil do chéimithe PhD nua a bheith ionchorpraithe sa chóras ardoideachais amach anseo. Leis na deontais, maoineofar tréimhsí taighde iardhochtúireachta arna n-óstáil ag ollscoileanna agus ionaid taighde eachtracha, chomh maith le hollscoileanna Spáinneacha agus gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne. Chuige sin, meastar go rannchuideoidh na deontais le tallann idirnáisiúnta a mhealladh, agus le haghaidh a thabhairt ar an ráta íseal idirnáisiúnaithe in ollscoileanna na Spáinne.

Cuirfear na deontais ar fáil faoi thrí chlár éagsúla, agus critéir shonracha á gcur i bhfeidhm ag brath ar an spriocghrúpa, ag díriú ar i) oiliúint chéimithe PhD nua; deontais do léachtóirí ollscoile — ollúna buana agus léachtaí sinsearacha ar rian na tionachta; agus iii) deontais atá dírithe ar thallann idirnáisiúnta a mhealladh, oiliúint iardhochtúireachta arna hóstáil ag ollscoileanna na Spáinne agus gníomhairí poiblí eile de chuid Chóras Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne a mhaoiniú. Mairfidh na cláir idir bliain amháin agus trí bliana ag brath ar an gclár agus ar an spriocghrúpa.

Rachaidh na deontais chun tairbhe do 2600 iarrthóir ar a laghad. Gheobhaidh gach ollscoil leithdháileadh buiséid go díreach ón Aireacht Ollscoileanna bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena n-áirítear líon na foirne teagaisc agus taighde, agus taifead tráchtais PHD. Bunaithe ar iarratais, tá painéal saineolaithe a bhfuil gradam aitheanta aige agus a cheapfaidh gach ollscoil ina mbeidh triúr comhaltaí ar a laghad agus tromlach saineolaithe seachtracha le meas ar na hiarrthóirí.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 5 (C21.I5) — Bonneagar digiteach, trealamh, teicneolaíochtaí, teagasc agus meastóireacht dhigiteach ollscoile a fheabhsú

Áirítear leis an infheistíocht sin roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar acmhainneachtaí agus scileanna teicneolaíochta agus digiteacha ollscoileanna. Áirítear orthu sin infheistíocht in acmhainní teagaisc digiteacha agus i mbonneagar amhail líonraí stórála néalsonraí freastalaithe, cibearshlándáil, agus teicneolaíochtaí sa seomra ranga le haghaidh cúrsaí ar líne; agus infheistíochtaí in oiliúint dhigiteach don fhoireann acadúil agus do mhic léinn.

Le gníomhaíochtaí infheistíochta, cuirfear feabhas ar fhorbairt theicneolaíoch agus cuirfear feabhas ar acmhainní digiteacha chun tacú le seirbhísí teagaisc dhigitigh. Cuirfear tacaíocht ar fáil do bhonneagair láraithe agus do sheirbhísí TFC, ag díriú ar ghréasáin snáithíní agus seirbhísí TFC a chur in úsáid ar bhealach éifeachtúil, ag tógáil ar bharainneachtaí scála agus idir-inoibritheachta. Príomhchuspóir amháin is ea infheistíocht a stiúradh chun an deighilt dhigiteach idir an fhoireann acadúil agus mic léinn a laghdú chun feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar threalamh cianteagaisc. I measc na gcuspóirí eile, tá infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nuálaíochta digití tras-ollscoile a chothú, ar tionscadail iad a fhéadfar a leathnú agus a mhacasamhlú ar scála níos mó, agus tacaíocht a chur ar fáil don ollscoil náisiúnta chianoideachais (UNED) chun feabhas a chur ar dheiseanna ardoideachais i limistéir bhánaithe.

[191] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha,[192](iii) gníomhaíochtaí agus sócmhainní a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla.

ii) I gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáide nó ionstraimí coibhéiseacha: eisiafar ón mbeartas infheistíochta cuideachtaí a bhfuil fócas substaintiúil acu[193] sna hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[194]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[195]; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol[196]; (IV) bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola[197], (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh

iii) Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

---

[192] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.Cuirfear cur chun feidhme an bhirt i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

[193] Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[194]Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith ar mhaithe leis an aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

[195]Lena n-⟨ir⟩tear gn⟩omha⟩ochta⟩ agus s ⌠cmhainn⟩ faoi Ch ⌠ras Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩ an Aontais (CTA) lena mbaintear amach asta⟩ochta⟩ r⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha. I gc⟨s ina mbainfidh an ghn⟩omha⟩ocht a dtaca⟩tear l⌠i amach asta⟩ochta⟩ r⌠amh-mheasta g⟨s ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad n⟩os ⟩sle n⟨ na tagarmharcanna ⟨bhartha, sol⟨thr ⌠far m⟩ni ⌡ar na c ⌡iseanna nach f⌠idir⌠ sin a dh⌠anamh. Tagarmharcanna a bhuna⟩tear le haghaidh leithdh⟨ileadh saor in aisce le haghaidh gn⟩omha⟩ochta⟩ a thagann faoi raon feidhme an Ch ⌠rais Tr⟨d⟨la Asta⟩ochta⟩, mar a leagtar amach i Rialach⟨n Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ⌠n gCoimisi ⌡n.

[196]Sainmh⟩n⟩tear feithicl⟩ truaillitheacha mar fheithicl⟩ nach feithicl⟩ asta⟩ochta⟩ nialasacha iad.

[197]N⟩λ φειδημ αγ αν εισιαμησιν maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

e) An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3) An méid a chumhdaítear leis na rialacháin agus aon doiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid, struchtúr na dtáillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.
4) Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
   a) An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b) An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid roimh ghealltanas a thabhairt oibríocht a mhaoiniú.
   d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta COFIDES. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an rialacháin is infheidhme agus na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear na Comhaontuithe Saoráide agus Cistiúcháin á n-urramú.
5) Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh COFIDES idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.
6) Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh COFIDES Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar chuid de na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tsaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:
   a) Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.
   b) An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

V.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don sprioc)			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus cuspóir
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L71	C22.R6	M	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha	Foráil sa reachtaíocht lena bhforáiltear do theacht i bhfeidhm na reachtaíochta				R4	2025	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha maidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí a chosaint ar chásanna leochaileachta sóisialta agus eacnamaíche, go háirithe: dlí 4/2022 maidir le tomhaltóirí agus úsáideoirí a chosaint ar staideanna leochaileachta sóisialta agus eacnamaíche agus; (b) Foraithne Ríoga chun Lipéadú Braille Alphabet agus formáidí eile a rialáil chun inrochtaineacht uilíoch ar earraí agus ar tháirgí tomhaltais a bhfuil ábharthacht speisialta ag baint leo a ráthú.
L72	C22.I6	M	Ciste Tionchair Shóisialta: Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear an tSaoráid				R2	2023	Teacht i bhfeidhm an rialacháin, agus aon doiciméad gaolmhar, lena mbunaítear an tSaoráid
L73	C22.I6	T	Ciste Tionchair Shóisialta: Comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais)		%	0	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoinithe dlíthiúla déanta ag an tSaoráid, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag COFIDES, le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) ar mhéid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 10 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ón tSaoráid).
L74	C22.I6	M	Ciste Tionchair Shóisialta: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 400000000 chuig an tSaoráid

W. COMHPHÁIRT 23: BEARTAIS PHOIBLÍ NUA LE HAGHAIDH MARGADH SAOTHAIR DINIMICIÚIL, ATHLÉIMNEACH AGUS CUIMSITHEACH

Tugann an chomhpháirt de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne aghaidh ar dhúshláin struchtúracha thábhachtacha mhargadh saothair na Spáinne. Is iad na príomhchuspóirí atá leis dífhostaíocht struchtúrach agus dífhostaíocht i measc na n-óg a laghdú, úsáid fhorleathan conarthaí sealadacha a laghdú agus dé-acht sa mhargadh saothair a cheartú, infheistíocht i gcaipiteal daonna a mhéadú, ionstraimí cómhargála a nuachóiriú agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair a mhéadú.

Áireofar sa chomhpháirt infheistíochtaí ábhartha, a chomhlánóidh na hinfheistíochtaí sin arna gcistiú ag na Cistí Struchtúracha (go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa), arb é is aidhm dóibh tionchar na n-athchóirithe ar chruthú post ardcháilíochta a uasmhéadú, ar ghnóthachain táirgiúlachta agus ar bhearnaí sóisialta, críochacha agus inscne a laghdú.

Ar an iomlán, is é is aidhm do na bearta a áirítear sa chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sheanbhunaithe mhargadh saothair na Spáinne agus sraith athchóirithe uaillmhianacha comhleanúnacha a chur i láthair, atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2021. Tá cuid de na tograí le haghaidh athchóiriú á bplé faoi láthair leis na comhpháirtithe sóisialta trí phróiseas idirphlé shóisialta. Dá bhrí sin, fágadh roinnt sonraí ar oscailt go sainráite d'fhonn dóthain spáis a fhágáil don chomhaontú agus d'fhonn a bhformhuiniú ag na comhpháirtithe sóisialta.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le haistrithe i dtreo conarthaí neamhiata agus maidir le dreasachtaí fruilithe, maidir le seirbhísí fostaíochta poiblí, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus foghlaim aosach, maidir le cosaint dífhostaíochta, na scéimeanna ioncaim íosta agus maidir le poist a chaomhnú (Moltaí Tírshonracha 2 2019 agus 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

W.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C23.R1) — Teilea-obair a rialáil

Leis an athchóiriú sin, bunófar creat rialála chun cianobair a sholáthar agus é mar chuspóir leis cosaint agus solúbthacht oibrithe a fheabhsú agus táirgiúlacht ghnó á caomhnú ag an am céanna. Is éard a bheidh ann dhá Dhlí Foraithne Ríoga a fhormheas:

- Le Foraithne Ríoga 28/2020 an 22 Meán Fómhair, soláthrófar creat rialála atá fabhrach do chianobair a thabhairt isteach san earnáil phríobháideach, agus táirgiúlacht ghnó á caomhnú agus cosaint agus solúbthacht á tabhairt d'oibrithe ag an am céanna. Ráthóidh sé na dálaí oibre céanna dóibh siúd a oibríonn go cianda agus ar an láthair, chomh maith le cineál deonach na teilea-oibre, don oibrí agus don fhostóir

araon. Tá an creat bunaithe i bhfabhar cineálacha measctha d'obair achair agus d'obair ar an láthair.

- Le Dlí Foraithne Ríoga 29/2020 an 29 Meán Fómhair maidir leis an Teilea-obair i Riaracháin Phoiblí, leagfar síos creat rialála d'fhostaithe poiblí lena n-aithnítear an fhéidearthacht an cineál sin oibre a sholáthar ar bhonn deonach, inchúlaithe le réamhúdarú.

Tá an t-athchóiriú sin nasctha le hAthchóiriú 1 i gcomhpháirt 11 maidir le riarachán poiblí.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2020.

Athchóiriú 2 (C23.R2) — Bearta chun an bhearna inscne a dhúnadh

Is é is cuspóir don athchóiriú sin an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh. Dhá fhodhlí a bheidh ann:

- Le Foraithne Ríoga 901/2020 an 13 Deireadh Fómhair, rialófar an oibleagáid atá ar fhostóirí pleananna comhionannais a tháirgeadh agus a chlárú chun trédhearcacht pá a dheonú. Tá sé d'oibleagáid ar gach cuideachta a bhfuil níos mó ná 150 fostaí aici pleananna den sórt sin a tháirgeadh agus a chlárú agus in 2022 beidh oibleagáid ar gach cuideachta a bhfuil níos mó ná 50 oibrí acu. Leagfar amach san Fhoraithne Ríoga an nós imeachta chun na pleananna a chaibidliú, na ceanglais a bheidh le leanúint ag an diagnóis agus saintréithe a meastóireachta agus a bhfaireacháin.
- Le Foraithne Ríoga 902/2020 an 13 Deireadh Fómhair maidir le pá comhionann d'fhir agus do mhná, ráthófar prionsabal na trédhearcachta pá chun cásanna idirdhealaitheacha a shainaithint mar gheall ar mheasúnuithe míchearta ar phoist (i.e. pá níos ísle as obair ar comhionann a luach). Saineofar san fhoraithne na cásanna ina meastar saothar a bheith ar comhionann a luach. Tá sé i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2021, tar éis na tréimhse 6 mhí a tugadh d'fhostóirí chun na sásraí cur chun feidhme is gá a chur ar bun.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

Athchóiriú 3 (C23.R3) — Obair dáileoirí baile a rialáil ag ardáin dhigiteacha (*rothaithe*)

Is é is cuspóir don athchóiriú dálaí oibre na dtairbhithe, mar a thugtar orthu, *a* bhíonn i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a rialáil trí mhodhanna teicneolaíochta a úsáid. Ráthófar le Foraithne-Dlí Ríoga an ceart chun cóir chothrom agus chomhionann a fháil i dtéarmaí dálaí oibre, agus an ceart chun rochtain a fháil ar chosaint shóisialta agus ar oiliúint, trí thoimhde dhlíthiúil caidrimh fostaíochta idir an chuideachta agus an rothaí. Beifear in ann ionadaíocht dhlíthiúil na n-oibrithe a chur ar an eolas freisin faoi na rialacha atá in algartaim agus i gcórais intleachta saorga a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar dhálaí oibre, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht agus próifíliú agus iad a chothabháil.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

Athchóiriú 4 (C23.R4) — Conarthaí a shimpliú: ginearálú an chonartha neamhiata, cúiseanna le conarthaí sealadacha a úsáid agus rialáil an chonartha oiliúna/printíseachta.

Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin leasú a dhéanamh ar an rialachán maidir le conarthaí a leagtar síos i Reacht na nOibrithe (Foraithne Reachtach 2/2015) d'fhonn úsáid conarthaí sealadacha a rialáil mar bhunús cúisíoch amháin agus úsáid conarthaí neamhiata a ghinearálú. Áireofar na gnéithe seo a leanas san athchóiriú:

- Simpliú agus atheagrú roghchlár na gconarthaí, le trí phríomhchineál: oiliúint oscailte, shealadach agus/printíseacht. Is é is aidhm do dhearadh na gcineálacha nua conarthaí teorainn a chur leis na cúiseanna bailí chun conarthaí sealadacha a úsáid, rud a fhágann gurb iad conarthaí neamhiata an riail ghinearálta.
- An t-athbhreithniú ar úsáid an chonartha oiliúna/printíseachta, chun creat leordhóthanach a chur ar fáil do dhaoine óga chun dul isteach sa mhargadh saothair.
- Úsáid an chonartha shéasúraigh a threisiú, ar cineál speisialta conartha neamhiata é a úsáidtear i ngníomhaíochtaí séasúracha.
- Leis an athchóiriú, neartófar an rialú ar úsáid na gconarthaí páirtaimseartha, chun am oibre neamhrialta a chosc.
- An comhrac i gcoinne na calaoise saothair a neartú, lena n-áirítear tríd an gcóras smachtbhannaí a thabhairt cothrom le dáta.

Tá dlúthbhaint ag an athchóiriú seo le hAthchóiriú 1 i gComhchuid 11, lena dtabharfar isteach athruithe dlíthiúla eile i Reacht na nOibrithe Poiblí chun úsáid conarthaí sealadacha san earnáil phoiblí a laghdú. Tá baint aige freisin le hAthchóiriú 6 (sásra solúbthachta agus cobhsaíochta) sa chomhpháirt seo.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

<u>Athchóiriú 5 (C23.R5) — Nuachóiriú ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (ALMP)</u>

Is é is cuspóir don athchóiriú seo seachadadh ALMP sa Spáinn a nuachóiriú, agus na conclúidí ó na hathbhreithnithe caiteachais a rinne an t-údarás fioscach neamhspleách ('AIReF') á gcur san áireamh. Beidh roinnt gnéithe san athchóiriú, amhail conairí aonair le haghaidh comhairleoireachta a fhorbairt, mí-úsáidí in oiliúint obairbhunaithe a chosc (amhail tréimhsí oiliúna agus conarthaí oiliúna), córas na foghlama aosaí a threisiú agus inniúlachtaí a aithint, ionad ilfhreastail a bhunú do dhaoine óga, feabhas a chur ar an gcomhordú idir seirbhísí fostaíochta agus sóisialta agus leis na réigiúin, agus feabhas a chur ar an gcomhar leis an earnáil phríobháideach.

Comhlánófar an t-athchóiriú sin le dhá athchóiriú eile sa chomhpháirt sin, eadhon Athchóiriú 7 (dreasachtaí scoir) agus Athchóiriú 11 (digitiú seirbhísí fostaíochta poiblí). Le roinnt gnéithe den athchóiriú (amhail atreisiú an chláir athscilithe agus cúnaimh d'oibrithe scothaosta), cuirtear sineirgí i láthair le hAthchóiriú 2 i gcomhpháirt 30 (an aois scoir éifeachtach a ailíniú leis an aois scoir dhlíthiúil).

Áireofar san athchóiriú roinnt céimeanna reachtacha in 2021 agus 2022:

a) Plean Gníomhaíochta 2021-2027 chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige tráth chur chun feidhme Ráthaíocht an Aontais don Aos Óg Plus. Áireofar sa phlean gníomhaíochta athbhreithniú ar na conarthaí oiliúna/printíseachta agus Reacht na dTréimhsí Oiliúna a fhormheas. Beidh na bearta sin comhleanúnach leis na beartais oideachais chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile (mar a leagtar amach i

gcomhpháirt 21). Tabharfar cur chun feidhme na gné sin den bheart chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

b) Straitéis na Spáinne maidir le Gníomhachtú Fostaíochta 2021-2024, tar éis próiseas idirphlé shóisialta. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na straitéise nua:

- Cur chuige duinelárnach agus dírithe ar an ngnó: meastar go ndíreofar dearadh ALMP ar imthosca sonracha gach duine agus gach gnó.
- Comhsheasmhacht le claochlú táirgiúil: Le ALMP, ba cheart go mbeifí in ann aistrithe gairmiúla a ghabhann leis an tsamhail táirgthe a aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach.
- Díriú ar thorthaí: Táthar ag súil go ndéanfar measúnú ar ALMP, go ndéanfar faireachán air agus go gcothófar gnóthú na dtorthaí.
- Feabhas a chur ar acmhainneachtaí na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta trína ndigitiú agus trína nuachóiriú.
- Rialachas agus comhtháthú an Chórais Náisiúnta Fostaíochta chun feabhas a chur ar chomhordú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus ar pháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le ALMP.

Tabharfar cur chun feidhme na gné sin den bheart chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

c) Athchóiriú ar an Dlí Fostaíochta, leis na cuspóirí seo a leanas: (i) ionstraimí beartais agus comhordaithe an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a neartú; (II) beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a athchóiriú; (III) athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas an chórais; (IV) an ghné áitiúil den bheartas fostaíochta a neartú; agus (v) na ceanglais maidir le cur chun feidhme na mbeart éagsúil dá bhforáiltear faoi chuimsiú an Phlean Náisiúnta do Bheartais Ghníomhacha Fostaíochta a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, áireofar an méid seo a leanas ar phríomhghnéithe na n-athruithe reachtacha:

- Beartais fostaíochta ghníomhacha agus éighníomhacha a neartú agus dáileadh na n-inniúlachtaí idir an Stát agus na Pobail Fhéinrialaitheacha á chur san áireamh.
- An Córas Idirghabhála agus Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí a neartú.
- Punann Seirbhísí Comhchoiteanna an Chórais Náisiúnta Fostaíochta.
- Athbhreithniú ar an tsamhail mhaoiniúcháin.
- Comhar le seirbhísí sóisialta.
- An ghné áitiúil agus Eorpach.
- Forbairt theicneolaíoch le haghaidh infhostaitheachta.
- Úsáid TFCanna agus Mórshonraí.
- Infhostaitheacht a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme na gné sin den bheart chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

<u>Athchóiriú 6 (C23.R6) — Buansásra le haghaidh solúbthacht inmheánach, cobhsaíocht post agus athsciliú oibrithe atá i mbun aistrithe.</u>

Is é is cuspóir don athchóiriú sin scéim bhuan a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, trí chur ar fionraí nó laghdú ama oibre a chumhdach trí phlean rialála fostaíochta lena n-áirítear an ceanglas oibrithe a fheabhsú nó a athoiliúint sna scileanna a shainaithnítear mar scileanna a bhfuil éileamh orthu. Cuirfidh an scéim le taithí na scéimeanna oibre gearr-ama (‘ERTEnna’ mar a thugtar orthu) a imscaradh le linn ghéarchéim COVID-19 chun poist a chaomhnú le linn na dianghlasála agus srianta gníomhaíochta eile arb í an phaindéim ba chúis leo.

Beidh dhá shásra coigeartaithe nua san athchóiriú:

- Sásra cobhsaíochta eacnamaíoch lena soláthrófar solúbthacht inmheánach do ghnólachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe in aghaidh suaití sealadacha nó timthriallacha, agus béim ar leith á leagan ar oiliúint oibrithe.
- Sásra lena dtacófar le hathsciliú agus uas-sciliú oibrithe agus cuideachtaí atá i mbun aistrithe chun cabhrú leo déileáil le nuálaíochtaí teicneolaíochta nó éilimh agus lena n-éascófar soghluaisteacht dheonach oibrithe laistigh de ghnólachtaí agus ar fud gnólachtaí.

Cuirfear an beart chun feidhme trí Reacht na nOibrithe a leasú. Áireofar leis ciste tripháirteach a chruthú a bheidh le cistiú trí ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó fhostóirí agus ó oibrithe agus a chomhlánóidh an stát. Áiritheofar leis inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus roghanna agus cásanna éagsúla á gcur san áireamh. Déanfar feidhmiú nithiúil an chiste sin a chaibidliú leis na comhpháirtithe sóisialta.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 7 (C23.R7) — Athbhreithniú ar dhreasachtaí fruilithe

Is é is cuspóir don athchóiriú an córas dreasachtaí fruilithe a shimpliú agus a éifeachtacht a mhéadú trí spriocdhíriú níos fearr, tríd an athbhreithniú caiteachais a rinne an t-údarás fioscach neamhspleách ('AIReF') a chur san áireamh. Go háirithe, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar infhostaitheacht grúpaí an-sonrach a bhfuil rannpháirtíocht íseal acu i margadh an tsaothair, trí phoist ardcháilíochta agus conarthaí buana a chur chun cinn. Laghdófar líon na ndreasachtaí, agus déanfar na ceanglais ar chuideachtaí tairbhíocha a chaighdeánú. Tá sé beartaithe faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcóras dreasachta fruilithe.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme trí leasú ar Dhlí 43/2006. Tá dlúthbhaint aige le bearta eile sa chomhpháirt sin, amhail Athchóiriú 5 (athchóiriú foriomlán ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair) agus Infheistíocht 7 (conairí gníomhachtaithe do thairbhithe na scéime íosioncaim).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 8 (C23.R8) — Nuachóiriú na cómhargála

Is é is cuspóir don athchóiriú sin feabhas a chur ar fheidhmiú na cómhargála trí leasú a dhéanamh ar na rialacha dlíthiúla ábhartha i Reacht na nOibrithe (Teideal III d'Fhoraithne Reachtach 2/2015) tar éis próiseas idirphlé shóisialta. Mar gheall air sin, níl na hathruithe rialála atá beartaithe mionsonraithe go hiomlán sa phlean. Cuirfidh athruithe feabhas ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil.

Le nuachóiriú na cómhargála, ionchorprófar athruithe ar an struchtúr caibidlíochta féin, agus é mar aidhm leis sin ionadaíochas na bpáirtithe caibidlíochta a neartú, ábhar an idirphlé a shaibhriú, agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú maidir lena chur chun feidhme agus lena éifeachtaí. Ní bheidh bacainní díréireacha ar ghnólachtaí dul in oiriúint don timthriall agus freagairt d'fhorbairtí táirgiúlachta mar thoradh ar athruithe.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 9 (C23.R9) — Gníomhaíochtaí fochonraitheoireachta a nuachóiriú

Is é is cuspóir don athchóiriú sin feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh, trí Airteagal 42 de Reacht na nOibrithe (Foraithne Reachtach 2/2015) a leasú chun a áirithiú go n-úsáidfear go cuí é i gcásanna ina gcuireann sé feabhas ar ghníomhaíocht tháirgiúil agus ina ndíspreagann sé é ó na cásanna sin nach bhfuil ann ach modh chun costais a laghdú.

Leis an athchóiriú sin, soláthrófar leibhéal leordhóthanach cosanta d'oibrithe i bhfochonraitheoireacht agus bogfar i dtreo cothroime iomaíochta idir oibrithe ar fochonradh agus oibrithe cuideachta. Neartóidh sé freisin freagracht conraitheoirí nó fochonraitheoirí agus cuirfidh sé cosc ar sheachfhoinsiú seirbhísí trí fhochonraitheoireacht i gcásanna ina ndearnadh é chun caighdeáin saothair a ísliú do dhaoine atá ag obair d'fhochonraitheoirí.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 10 (C23.R10) — Cúnamh dífhostaíochta a shimpliú agus a fheabhsú

Baineann an t-athchóiriú reachtach seo leis an gcúnamh dífhostaíochta neamhranníocach agus déanfar é trí Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 a leasú. Tá dlúthbhaint aige le hAthchóiriú 5 de Chomhchuid 22, ina leagtar amach athchóiriú níos ginearálta ar shochair shóisialta neamhranníocacha.

Áirítear na cuspóirí seo a leanas san athchóiriú:

i. cosaint dífhostaíochta a leathnú trí chuid de na bearnaí cumhdaigh sa chóras atá ann faoi láthair a líonadh agus síneadh a chur leis an bhfad uasta;
ii. an córas a shimpliú, atá ilroinnte i roinnt scéimeanna faoi láthair;
iii. an sochar a nascadh le cúrsa taistil pearsantaithe gníomhachtúcháin;
iv. an t-aistriú chuig cosaint shóisialta a éascú nuair nach bhfilleann an tairbhí ar an obair agus nuair atá sé i staid leochaileach.

Mar riail ghinearálta, beidh spriocghrúpa na scéime nua mar an gcéanna leis an spriocghrúpa atá sa chóras reatha, i.e. oibrithe dífhostaithe nach bhfuil incháilithe do shochair dhífhostaíochta ranníocacha, toisc go raibh siad dífhostaithe ar feadh rófhada agus gur ídigh siad a gcearta, nó toisc go bhfuil stair a ranníocaíochta róghearr (níos lú ná 12 mhí ach níos mó ná sé mhí). Fanfaidh méid míosúil an tsochair ag 80 % den 'IPREM' (táscaire ar ioncam poiblí a bhfuil éifeachtaí iomadúla aige).

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 11 (C23.R11) — Digitiú na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPFanna) ar mhaithe lena nuachóiriú agus lena héifeachtúlacht.

Is é is cuspóir don athchóiriú seo soláthar seirbhísí poiblí fostaíochta a athrú ó bhonn agus feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Beidh na heilimintí seo a leanas san athchóiriú:

- Bainistíocht inmheánach a fheabhsú: nuachóiriú a dhéanamh ar na córais faisnéise a thacaíonn leis an gcóras sochar dífhostaíochta, chomh maith leo siúd a thacaíonn le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair.

- Digitiú na seirbhísí poiblí uile do shaoránaigh agus do ghnólachtaí agus feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí, lena n-áirítear seirbhísí nua a thairiscint (feidhmchlár móibíleach agus córas réamhcheaptha feabhsaithe agus seirbhísí ar líne).
- Staidreamh agus bainistiú sonraí: Bainistiú leordhóthanach sonraí a ionchorprú, rud a chothaíonn cinnteoireacht, chomh maith le foilsiú faisnéise a bhfuil ardluach ag baint léi don tsochaí.
- Feabhas a chur ar chórais frithchalaoise trí chórais intleachta saorga agus Mórshonraí.
- Nuachóiriú post agus bonneagar chun socruithe teilea-oibre a éascú d'fhoireann SPFanna.

Cuimsítear an t-athchóiriú ar SPFanna in iarracht níos ginearálta chun riaracháin phoiblí a nuachóiriú agus a dhigitiú (Comhchuid 11 den phlean téarnaimh agus athléimneachta). Déanfar athchóiriú SPF a chistiú trí Infheistíocht 2 i gComhchuid 11 a chonrú agus a fhorghníomhú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C23.I1) — Fostaíocht don Aos Óg

Cuimsíonn an infheistíocht sin sraith clár gníomhachtúcháin agus oiliúna do chuardaitheoirí poist óga (16-29 mbliana), arb é is cuspóir dóibh tacú lena lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Is éard a bheidh ann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Clár 'Tandem'. Cuirfidh sé oiliúint obairbhunaithe ar fáil do dhaoine óga idir 16 agus 29 mbliana d'aois i gceardlanna poiblí scoile, agus béim á leagan ar na scileanna is gá don dá aistriú, don chúram sóisialta agus don chomhtháthú críochach. Gheobhaidh comhlachtaí poiblí ón riarachán lárnach agus eintitis eile ó earnáil phoiblí an Stáit, chomh maith le comhlachais, fondúireachtaí agus eintitis neamhbhrabúis eile atá i gceannas ar an gcur chun feidhme na deontais.
2. Clár 'An chéad taithí ghairmiúil' i riaracháin phoiblí. Tairgfidh sé taithí ar phost tosaigh san earnáil phoiblí (údaráis riaracháin lárnacha agus chríochacha araon) do dhaoine óga dífhostaithe a bhfuil a n-oideachas foirmiúil críochnaithe acu. Gheobhaidh siad scileanna boga trí bheith ag obair i bpoist a bhaineann leis an dá aistriú, leis an gcúram sóisialta agus leis an gcomhtháthú críochach. Tugtar na deontais do chomhlachtaí poiblí ó na riaracháin lárnacha agus chríochacha atá i gceannas ar an gcur chun feidhme.
3. Clár*Investigo*. Cumhdófar leis earcú taighdeoirí óga ag comhlachtaí taighde poiblí, ollscoileanna poiblí, lárionaid teicneolaíochta agus eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile a bhfuil tionscadal taighde acu.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C23.I2) — Fostaíocht na mban agus príomhshruthú inscne i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin feabhas a chur ar lánpháirtiú na mban i margadh an tsaothair, a bheith i gcomhréir le go leor bearta eile sa Phlean chun cothromaíocht inscne a chur chun cinn. Is éard a bheidh ann na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. Líne thacaíochta do mhná i gceantair thuaithe agus uirbeacha. Cumhdaítear leis gníomhaíochtaí oiliúna i réimsí an chúraim dhigitigh, an gheilleagair ghlais, an

chúraim fhadtéarmaigh, na fiontraíochta agus an gheilleagair shóisialta. Eagrófar glaonna ar thograí deontais d'eintitis phoiblí agus phríobháideacha atá i gceannas ar an soláthar oiliúna.
2. Líne thacaíochta d'íospartaigh foréigin nó gáinneála ar mná iad. Cumhdófar leis conairí lánpháirtíochta do na mná sin, in dhá chéim. Sa chéad sé mhí, leanfaidh rannpháirtithe conairí pearsantaithe um chuimsiú sóisialta, agus leanfaidh na 6 mhí ina dhiaidh sin oiliúint obairbhunaithe le gealltanas na bhfostóirí iad a earcú ina dhiaidh sin.
3. Príomhshruthú inscne i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. Bainfidh sé le príomhshruthú inscne a ionchorprú i ngach gné de phleananna bliantúla fostaíochta na SPFanna (idir phleananna lárnacha agus réigiúnacha) sa tréimhse 2021-2023. Chun na críche sin, fostófar seirbhísí comhairliúcháin.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (C23.I3) — Scileanna nua don aistriú glas, digiteach agus táirgiúil

Cuimsítear leis an infheistíocht sin tionscnaimh oiliúna éagsúla arb é is cuspóir dóibh oibrithe atá i mbaol a n-easáitiú a athsciliú. Tá sé comhdhéanta de na línte gníomhaíochta seo a leanas:

1. Glaonna ar thograí deontais agus tairisceana chun scileanna nua a fháil le haghaidh claochlú digiteach, glas agus táirgiúil. Díríonn sé ar oibrithe in earnáil na turasóireachta, ar oibrithe dífhostaithe, ar oibrithe atá faoi fhorghabháil agus ar dhaoine atá faoi réir ERTEnna. Mairfidh na gníomhaíochtaí oiliúna an ré a theastaíonn ón earnáil tháirgiúil.
2. Dearbháin oiliúna chun scileanna nua a fháil le haghaidh claochlú digiteach, glas agus táirgiúil. Díríonn sé ar na cineálacha céanna oibrithe leis an líne ghníomhaíochta roimhe seo, ach sa chás seo faigheann an tairbhí fóirdheontas díreach chun críoch oiliúna i scileanna atá ábhartha d'earnálacha glasa, digiteacha agus earnálacha straitéiseacha eile.
3. Riachtanais scileanna a bhrath. Le taighde atá bunaithe ar shuirbhé a dhéantar in 23 earnáil tháirgiúla ar a laghad, soláthrófar freagairtí éifeachtacha ar na héilimh ar oiliúint agus athsciliú i margadh an tsaothair, lena n-áirítear scileanna san aistriú digiteach agus san aistriú glas. Déanfaidh sé athruithe a réamh-mheas freisin agus freagróidh sé don éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar lucht saothair oilte.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (C23.I4) — Tionscadail chríochacha nua le haghaidh athchothromaithe agus cothromais

Leis an infheistíocht sin, maoineofar 68 dtionscadal chríochacha nua ar a laghad arb é is cuspóir dóibh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán déimeagrafach agus claochlú táirgiúil a éascú, go háirithe i dtreo geilleagar glas agus digiteach. Cuirfear ceithre thionscadal ar a laghad chun feidhme i ngach réigiún féinrialaitheach den tír.

Beidh dhá chineál tionscadal ann:

1. Tionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha. Díreoidh na tionscadail sin ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, a leanfaidh cúrsaí taistil pearsantaithe agus pearsantaithe ina ndéanfar gníomhaíochtaí éagsúla a chomhtháthú, amhail: Treoir agus tionlacan, cláir threoshuímh, cúram ó fhoirne cuardaigh poist, scoláireachtaí oiliúna

agus idir-réitigh, cabhair chun gníomhaíochtaí a fhostú agus faireachán a dhéanamh orthu.

2. Tionscadail fiontraíochta agus micrifhiontair. Leis na tionscadail sin, tabharfar aghaidh ar an dúshlán déimeagrafach agus éascófar an claochlú táirgiúil, go háirithe i dtreo geilleagar glas agus digiteach. I measc na dtionscnamh atá le maoiniú tá tionscadail oiliúna talmhaíochta, forbairt áitiúil inbhuanaithe, tionscnaimh an gheilleagair shóisialta le haghaidh gníomhaíocht chultúrtha agus ealaíonta, aistriú éiceolaíoch, tionscnaimh forbartha áitiúla, turasóireacht tuaithe agus oidhreacht ealaíonta, i measc nithe eile. Féadfaidh tionscadal gníomhaíochtaí amhail an méid seo a leanas a chistiú: fiontraíocht shóisialta agus saoroibrithe, staidéar ar mhargadh an tsaothair, gníomhairí áitiúla cur chun cinn agus forbartha, cabhair chun comharchumainn nó micrifhiontair a thionscnamh, líonrú, rannpháirtíocht i gcomhdhálacha agus gníomhaíochtaí scaipthe.

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 5 (C23.I5) — Rialachas agus borradh a chur faoi bheartais chun tacú le gníomhachtú

Is é is cuspóir don bheart sin seirbhísí poiblí fostaíochta a threisiú agus éifeachtúlacht beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair a fheabhsú. Chuige sin, beartaítear leis go gcruthófar líonra de 20 lárionad ionduchtaithe, fiontraíochta agus nuálaíochta don fhostaíocht. Beidh siad scaipthe ar fud na tíre (lárionad amháin ar leibhéal an rialtais láir agus ceann eile i ngach críoch féinrialaitheach, Ceuta agus Melilla san áireamh) agus é de mhisean acu feabhas a chur ar chomhordú SPF ar fud na réigiún.

Ina theannta sin, tá sraith gníomhaíochtaí oiliúna leanúnacha beartaithe d'fhostaithe na seirbhísí poiblí fostaíochta, lena soláthraítear 14000 gníomhaíocht oiliúna in aghaidh na bliana dóibh ar an meán. Tá an oiliúint le heagrú i modúil 30 uair an chloig ar an meán agus ar an meán glacfaidh gach fostaí páirt i modúl in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2021-2023.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 6 (C23.I6) — Plean cuimsitheach chun borradh a chur faoin ngeilleagar sóisialta

Tacóidh an beart seo le tionscadail nuálacha an gheilleagair shóisialta d'fhonn creatlach eacnamaíoch níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe a chruthú.

Is éard a bheidh ann 30 tionscadal geilleagair shóisialta ar a laghad a fhorbairt ó 2021 go 2025sna réimsí seo a leanas:

- Cruthú agus cothabháil fostaíochta fiontar inmharthana atá i gcruachás nó gan athnuachan ó ghlúin go glúin, trína dtiontú go foirmlí gnó an gheilleagair shóisialta (comharchumainn agus cuideachtaí saothair), arna mbainistiú ag a n-oibrithe.
- Eintitis nuálacha an gheilleagair shóisialta a chruthú agus a chomhdhlúthú, a bhfuil tionchar acu ar athnuachan ó ghlúin go glúin agus ar fhiontraíocht na hóige.
- Fiontair an gheilleagair shóisialta a dhigitiú trí ardáin dhigiteacha a chruthú arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar fholláine na saoránach i gceantair thuaithe.

- Líonrú comharchumann, cuideachtaí saothair agus cineálacha eile geilleagair shóisialta in éineacht le bearta fothaithe acmhainneachta agus oiliúna chun seirbhísí cuimsitheacha nua a sholáthar don tsochaí.
- Aistrithe inbhuanaithe cuimsitheacha cuideachtaí agus grúpaí leochaileacha a chothú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 7 (C23.I7) — Fás cuimsitheach a chur chun cinn trí bheartais um chuimsiú sóisialta a nascadh leis an scéim náisiúnta ioncaim íosta ('IMV')

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo feabhas a chur ar éifeachtacht na gconairí lánpháirtíochta do thairbhithe na scéime náisiúnta ioncaim íosta ('IMV') trí 18 dtreoirthionscadal ar a laghad a chur chun feidhme. Tar éis iad a chur i gcrích, déanfar meastóireacht chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach, éifeachtacht agus rath na scéimeanna ioncaim íosta. Áireofar sa mheastóireacht sin moltaí sonracha chun an cóimheas glactha a mhéadú agus chun éifeachtacht na mbeartas maidir le cuimsiú sóisialta a fheabhsú. Tá dlúthbhaint ag an mbeart seo le hAthchóiriú 5 de Chomhpháirt 22.

Chun na treoirthionscadail a chur chun feidhme, síneoidh an Aireacht um Chuimsiú Sóisialta comhaontuithe comhpháirtíochta leis na riaracháin phoiblí réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann, chomh maith le heintitis na gníomhaíochta sóisialta tríú hearnáil agus comhpháirtithe sóisialta. Beidh na cuspóirí seo a leanas ag na comhaontuithe comhpháirtíochta sin: feabhas a chur ar ráta glactha IMV; II) éifeachtacht IMV a mhéadú trí chonairí lánpháirtíochta. Beidh plean gníomhaíochta ag gabháil le gach comhaontú comhpháirtíochta, ina saineofar na nithe seo a leanas ar a laghad:

- Tairbhithe IMV a ghlacann páirt sa treoirthionscadal.
- Na conairí is iomchuí (le sainaithint ar bhonn na gceachtanna a foghlaimíodh) agus torthaí gaolmhara maidir le cuimsiú atá le baint amach tríd an idirghabháil.
- Ceanglas maidir le bonneagar sonraí: ní hamháin go bhfuil gá le tairbhithe IMV ach tá gá le tairbhithe clár réigiúnach eile freisin chun brath ar ghrúpaí dea-rialaithe.
- Costais aonaid na hidirghabhála.
- Plean faireacháin don Aireacht Chuimsithe chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna éagsúla a shainítear sa phlean.
- Meastóireacht a fhoilsiú a luaithe a bheidh an treoirthionscadal críochnaithe leis na torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Márta 2024.

W.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
329	C23.R1	M	Teacht i bhfeidhm dhá Dhlí Foraithne Ríoga lena rialaítear cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí	Forálacha sna Dlíthe Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2020	Leis an dá Dhlí Foraithne Ríoga, rialófar cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí. Is iad seo a leanas cuspóirí na ndlíthe: (i) creat rialála a sholáthar (RDL 28/2020) atá i bhfabhar cianobair a thabhairt isteach, agus táirgiúlacht gnó á caomhnú agus cosaint agus solúbthacht á tabhairt d'oibrithe ag an am céanna; agus (ii) teilea-obair a rialáil i ngach riarachán poiblí (RDL 29/2020) mar bhealach nua chun obair a eagrú agus a struchtúrú, chun freastal níos fearr ar na leasanna ginearálta agus chun gnáthfheidhmiú na riarachán poiblí a áirithiú.
330	C23.R2	M	Teacht i bhfeidhm dhá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú	Forálacha sna fodhlíthe maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2021	Tá feidhm ag an dá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú. Is iad cuspóirí na rialachán ná: (i) prionsabal na trédhearcachta pá a áirithiú chun idirdhealú de bharr measúnuithe míchearta ar phoist a shainaithint; agus (ii) pleananna comhionannais a fhorbairt agus a chinntiú go gclárófar iad i gclár poiblí.
331	C23.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga maidir le cosaint oibrithe atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a úsáideann modhanna teicneolaíochta	Forálacha sa Dlí Foraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R3	2021	Baineann an Dlí Foraithne Ríoga le cosaint oibrithe atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a úsáideann modhanna teicneolaíochta. Is iad cuspóirí an dlí an ceart a ráthú do na daoine sin cóir chothrom chomhionann a fháil i dtéarmaí dálaí oibre, an ceart chun rochtain a fháil ar chosaint shóisialta agus ar oiliúint agus ionadaíocht dhlíthiúil na n-oibrithe a chumasú chun a bheith ar an eolas faoi na rialacha atá in algartaim agus córais intleachta saorga a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na dálaí oibre lena rialaítear ardáin, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht agus ar phróifíliú agus iad a chothabháil.
332	C23.R4	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú	Forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena ndéantar cothromaíocht idir an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha Fhoraithne Reachtach 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú.
333	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg	Forálacha sa Phlean Gníomhaíochta maidir le teacht i bhfeidhm				R2	2021	Rachaidh an Plean Gníomhaíochta i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige tráth chur chun feidhme Ráthaíocht an Aontais don Aos Óg Plus. Is é is cuspóir don Ráthaíocht don Aos Óg comhordú idirinstitiúideach a fheabhsú agus a dhoimhniú, an caidreamh leis an earnáil phríobháideach agus le húdaráis áitiúla a neartú, cáilíocht agus leordhóthanacht na hoiliúna a fheabhsú, deiseanna nua fostaíochta a lorg in earnálacha a bhfuil acmhainneacht fáis iontu, luathfhágáil na scoile a laghdú, an córas meastóireachta agus faireacháin a chothabháil agus a fheabhsú, agus cláir

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										threoracha phearsantaithe a neartú tuilleadh.
334	C23.R5	M	Foraithne Ríoga le haghaidh Straitéis Fostaíochta nua na Spáinne 2021-2024	Forálacha san Fhoraithne Ríoga maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena ndéantar cothromaíocht idir an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, formheas Chomhairle na nAirí agus teacht i bhfeidhm Foraithne Ríoga le haghaidh Straitéis nua na Spáinne maidir le Gníomhachtú Fostaíochta 2021-2024. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí na straitéise nua: cur chuige duinelárnach agus dírithe ar ghnó: Ceapfar Beartais Fostaíochta Ghníomhacha a bheidh dírithe ar imthosca sonracha gach duine agus gach gnó. II) Comhsheasmhacht le claochlú táirgiúil: Le Beartais Fostaíochta Ghníomhacha, beifear in ann aistrithe gairmiúla a ghabhann leis an tsamhail táirgthe a aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach III) Treoshuíomh na dtorthaí: Déanfar measúnú ar Bheartais Fostaíochta Ghníomhacha, déanfar faireachán orthu agus cothófar gnóthú na dtorthaí. IV) Feabhas a chur ar chumais na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta: Trína ndigitiú agus trína nuachóiriú. rialachas agus comhtháthú an Chórais Náisiúnta Fostaíochta chun comhordú a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le beartais ghníomhacha saothair.
335	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Reachtach Ríoga 3/2015)	Foráil sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Maidir leis an leasú ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Reachtach Ríoga 3/2015): (i) ionstraimí beartais agus comhordaithe an Chórais Náisiúnta Fostaíochta a neartú; (II) beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a athchóiriú; (III) athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas an chórais; (IV) an ghné áitiúil den bheartas fostaíochta a neartú; agus (v) na ceanglais maidir le cur chun feidhme na mbeart éagsúil dá bhforáiltear faoi chuimsiú an Phlean Náisiúnta do Bheartais Ghníomhacha Fostaíochta a chomhlíonadh.
336	C23.R6	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe	Forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena ndéantar cothromaíocht idir an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair agus inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, teacht i bhfeidhm fhorálacha leasaitheacha Fhoraithne Reachtach Ríoga 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe, tacú le huas-sciliú agus athsciliú

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										fostaithe i ngnólachtaí agus in earnálacha atá i mbun aistrithe, agus soghluaisteacht dheonach oibrithe a éascú (laistigh de ghnólachtaí agus idir gnólachtaí).
337	C23.R7	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 43/2006 chun éifeachtacht an chórais dreasachta earcaíochta a shimpliú agus a mhéadú agus na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF á gcur san áireamh	Foráil san athchóiriú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Leis an athchóiriú ar Dhlí 43/2006, simpleofar agus méadófar éifeachtacht an chórais dreasachta earcaíochta, agus na moltaí arna n-eisiúint ag Údarás Neamhspleách na Spáinne um Fhreagracht Fhioscach (AIReF) á gcur san áireamh ina thuarascáil Athbhreithnithe ar Chaiteachas 2020: “Dreasachtaí earcaíochta”
338	C23.R8	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun feabhas a chur ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil	Forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena ndéantar cothromaíocht idir an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha áirithe d’Fhoraithne Reachtach Ríoga 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe, chun feabhas a chur ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil.
339	C23.R9	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh	Forálacha sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2021	An t-idirphlé sóisialta a urramú agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach lena ndéantar cothromaíocht idir an gá atá le solúbthacht agus slándáil i margadh an tsaothair, teacht i bhfeidhm an leasaithe ar fhorálacha Fhoraithne Reachtach 2/2015 an 23 Deireadh Fómhair lena bhformheastar téacs athmhúnlaithe Reacht na nOibrithe chun cearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh a fheabhsú.
340	C23.R10	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 lena n-athchóirítear rialáil na tacaíochta dífhostaíochta neamhranníocach	Foráil sa leasú maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Baineann an t-athchóiriú ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 le rialáil na tacaíochta dífhostaíochta neamhranníocach, lena n-áirítear na cuspóirí seo a leanas: cosaint dífhostaíochta a leathnú; (II) an córas a shimpliú; (III) an sochar a nascadh le cúrsa taistil pearsantaithe gníomhachtúcháin; (IV) an t-aistriú chuig cosaint shóisialta a éascú nuair nach bhfilleann an tairbhí ar an obair agus nuair atá sé i staid leochaileach.
341	C23.R11	M	Deimhnithe maidir le cur i gcrích na seirbhísí faoi na conarthaí chun an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta Stáit a nuachóiriú	Deimhnithe maidir le cur i gcrích na seirbhísí faoi na conarthaí (Gníomhartha Riaracháin)				R4	2023	Deimhnithe maidir le cur i gcrích na seirbhísí faoi na conarthaí (Gníomhartha Riaracháin) chun Seirbhís Phoiblí Fostaíochta an Stáit a nuachóiriú, trí chórais inmheánacha bainistíochta a fheabhsú, poist a nuachóiriú agus an tSeirbhís Tacaíochta do Shaoránaigh a dhigitiú. Cuimseofar an méid seo a leanas inti: — Bainistíocht inmheánach a fheabhsú: Feabhas a chur ar na córais faisnéise a thacaíonn leis an gcóras sochar dífhostaíochta, chomh maith leis na córais

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										a thacaíonn le beartais fostaíochta. — Seirbhísí fostaíochta digiteacha: Digitiú na seirbhísí poiblí a sholáthraítear do shaoránaigh agus do chuideachtaí agus feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí. — Staidreamh agus bainistiú sonraí: Bainistiú leordhóthanach sonraí a ionchorprú, lenar féidir cinnteoireacht a dhéanamh, chomh maith le faisnéis a fhoilsiú a bhfuil ardluach ag baint léi don tsochaí. — Nuachóiriú post agus bonneagar.
342	C23.I1	T	Daoine a bhfuil na cláir don óige curtha i gcrích acu.	—	Líon	0	18 300	R4	2025	18300 duine ar a laghad a bhfuil na cláir don óige curtha i gcrích acu, agus 21900 duine cláraithe. Tá an sprioc sin bunaithe ar thrí chlár: • Clár teaindim. Cuspóir: inniúlacht ghairmiúil a bhaint amach trí oiliúint a chur ar fáil maidir le cúrsaí fostaíochta. Agus 25 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 25 % den chlár dírithe ar scileanna digiteacha. • An chéad chlár Taithí. Cuspóir: an chéad taithí oibre a bhaineann le cáilíocht a éascú. Agus 20 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 20 % den chlár dírithe ar scileanna digiteacha. • Clár '*Investigo'*. Cuspóir: obair a chur ar fáil a bhaineann le tionscadal taighde a fhorbairt.
343	C23.I2	T	Daoine a bhfuil an clár '*Plean Empleo Mujer, ceantair thuaithe agus uirbeacha'* agus Íospartaigh an Fhoréigin Inscne agus an tráchta dhaonna curtha i gcrích acu	—	Líon	0	23 200	R4	2025	23200 duine ar a laghad a bhfuil an clár 'Plean*Empleo Mujer, ceantair thuaithe agus uirbeacha' agus*Íospartaigh an Fhoréigin Inscne agus an tráchta dhaonna curtha i gcrích acu, agus 29000 duine cláraithe. Is éard atá i gceist leis an gclár seo cúrsa oiliúna pearsanta agus comhtháite de ghníomhaíochtaí treoraíochta, comhairleoireachta agus oiliúna atá curtha in oiriúint do phróifíl infhostaitheachta na mban rannpháirteach. Baineann an oiliúint a chuirtear ar fáil le poist a bhfuil ionchais chríochacha mhaithe acu, a eascraíonn as riachtanais an mhargaidh saothair tuaithe agus uirbigh ina bhforbraítear an clár agus is é is aidhm di cáilíocht a fháil a mhéadaíonn infhostaitheacht na rannpháirtithe agus na deiseanna atá acu rochtain a fháil ar obair chuibhiúil, agus forbairt tháirgiúil na gceantar tuaithe á neartú ag an am céanna, an bhearna idir na hinscní a chomhrac agus buaine na mban ar an gcríoch a fheabhsú. Agus 35 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 35 % den chlár dírithe ar scileanna digiteacha.
344	C23.I3	T	Daoine a bhfuil cláir oiliúna curtha i gcrích acu chun	—	Líon	0	825 000	R4	2025	825000 duine ar a laghad a bhfuil cláir oiliúna curtha i gcrích acu chun scileanna a fháil don chlaochlú digiteach, éiceolaíoch agus táirgiúil, i

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			scileanna a fháil don chlaochlú digiteach, éiceolaíoch agus táirgiúil							bhfianaise 975000 duine a bheith cláraithe. Díreofar an oiliúint ar earnáil na turasóireachta, ar earnálacha straitéiseacha eile leasa náisiúnta, ar oibrithe atá faoi réir ERTEnna agus ar oibrithe a bhaineann tairbhe as oiliúint micrichreidmheasa. Agus 30 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 30 % den chlár dírithe ar scileanna digiteacha.
420	C23.I3	T	Riachtanais scileanna a bhrath trí chlár taighde	Foilsiú an chláir taighde	Líon	0	23	R4	2025	Clár taighde a chur i gcrích chun riachtanais scileanna a bhrath bunaithe ar shuirbhé a rinneadh in 23 earnáil tháirgiúla ar a laghad lena soláthrófar freagairtí éifeachtacha ar na héilimh ar oiliúint agus ar athsciliú i margadh an tsaothair, lena n-áirítear scileanna san aistriú digiteach agus san aistriú glas. Déanfaidh sé athruithe a réamh-mheas freisin agus freagróidh sé don éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann ar shaothar oilte trí shainearraí oiliúna a fhorbairt
345	C23.I4	M	Leithdháileadh réigiúnach cistí do thionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, d'fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair a fhormheas.	Miontuairiscí Tagartha na Comhdhála maidir le Fostaíocht Earnála				R3	2021	Leithdháileadh réigiúnach cistí le haghaidh tionscadail chríochacha le haghaidh grúpaí leochaileacha agus tionscadail chríochacha le haghaidh fiontraíochta agus micrifhiontar a fhormheas ag an gComhdháil Earnála um Fhostaíocht, amhail forbairt tionscadal lena gcuirtear fiontraíocht chun cinn, tionscnaimh forbartha áitiúla, tionscnaimh an gheilleagair shóisialta agus tionscadail chríochacha nua lena n-éascaítear claochlú na táirgeachta, go háirithe i dtreo geilleagar glas agus digiteach.
346	C23.I4	T	Tá tionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, d'fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair curtha i gcrích, lena mbaineann 39000 oibrí agus 64000 fiontar ar a laghad.	—	Líon	0	68	R4	2023	Tá 68 dtionscadal chríochacha ar a laghad le haghaidh grúpaí leochaileacha agus tionscadail chríochacha le haghaidh fiontraíochta agus micrifhiontar curtha i gcrích, ina raibh thart ar 39000 oibrí agus 64000 fiontar ag díriú orthu. Déanfar na tionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha a fhorbairt trí chúrsaí taistil pearsantaithe agus pearsantaithe ina ndéanfar gníomhaíochtaí éagsúla a chomhtháthú, amhail: Treoir agus tionlacan, cláir threoshuímh, cúram ó fhoirne cuardaigh poist, scoláireachtaí oiliúna agus idir-réitigh, cabhair chun gníomhaíochtaí a fhostú agus faireachán a dhéanamh orthu. Leis na tionscadail fiontraíochta agus micrifhiontair, tabharfar aghaidh ar an dúshlán déimeagrafach agus éascófar an claochlú táirgiúil, go háirithe i dtreo geilleagar glas agus digiteach, trí thionscadail oiliúna talmhaíochta, forbairt áitiúil inbhuanaithe, tionscnaimh an gheilleagair shóisialta le haghaidh gníomhaíocht chultúrtha agus ealaíonta, aistriú éiceolaíoch, tionscnaimh forbartha áitiúla, turasóireacht tuaithe agus oidhreacht ealaíonta i measc nithe eile. Áireofar ar na tionscadail sin, i measc gníomhaíochtaí eile: fiontraíocht shóisialta agus saoroibrithe, staidéar ar mhargadh an tsaothair,

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										gníomhairí áitiúla cur chun cinn agus forbartha, cabhair chun comharchumainn nó micrifhiontair a thionscnamh, líonrú, rannpháirtíocht i gcomhdhálacha, gníomhaíochtaí scaipthe.
347	C23.I5	T	Tá na hionaid phoiblí um threoir, um fhiontraíocht, um thacaíocht agus um nuálaíocht do phoist nua ag feidhmiú go hiomlán.	—	Líon	0	20	R4	2024	Tá ar a laghad 20 ionad poiblí um threoir, um fhiontraíocht, um thacaíocht agus um nuálaíocht do phoist nua ag feidhmiú go hiomlán.
348	C23.I5	T	Gníomhaíochtaí oiliúna d'fhoireann SPF		Líon	0	42 000	R2	2023	Cuireadh 42000 gníomhaíocht oiliúna ar a laghad i gcrích d'fhoireann SPF d'fhonn a gcuid scileanna a uasghrádú agus tacaíocht níos éifeachtaí a chur ar fáil do chuardaitheoirí poist.
349	C23.I6	T	Tionscadail an gheilleagair shóisialta curtha i gcrích	—	Líon	0	30	R4	2025	Tá 30 tionscadal geilleagair shóisialta ar a laghad curtha i gcrích lena dtacaítear leis an méid seo a leanas: (a) cruthú agus cothabháil fostaíochta fiontar inmharthana atá i gcruachás nó gan athnuachan ó ghlúin go glúin, trína dtiontú go foirmlí gnó an gheilleagair shóisialta (comharchumainn agus cuideachtaí saothair), arna mbainistiú ag a n-oibrithe fireanna agus baineanna; (b) eintitis nuálacha an gheilleagair shóisialta a chruthú agus a chomhdhlúthú, a mbeidh tionchar acu ar athnuachan ó ghlúin go glúin agus ar fhiontraíocht i measc na hóige; (C) fiontair an gheilleagair shóisialta a dhigitiú trí ardáin dhigiteacha a chruthú arb é is aidhm dóibh folláine na saoránach i gceantair thuaithe a fheabhsú; (d) líonrú comharchumann, cuideachtaí saothair agus cineálacha eile geilleagair shóisialta in éineacht le bearta fothaithe acmhainneachta agus oiliúna chun seirbhísí cuimsitheacha nua a sholáthar don tsochaí; agus (e) aistrithe inbhuanaithe cuimsitheacha cuideachtaí agus grúpaí leochaileacha a chothú.
350	C23.I7	M	Ráta glactha an Ioncaim Bheomhair Íosta ('IMV') a fheabhsú agus a éifeachtacht a mhéadú trí bheartais maidir le cuimsiú	Foilsiú an chomhaontaithe comhpháirtíochta (*'Convenio'*)				R1	2022	Tacú le cuimsiú socheacnamaíoch thairbhithe IMV trí chonairí: ocht gcomhaontú comhpháirtíochta a síníodh le riaracháin phoiblí fhonáisiúnta, le comhpháirtithe sóisialta agus le heintitis gníomhaíochta sóisialta tríú hearnáil chun na conairí a chur i gcrích. Tá na cuspóirí seo a leanas ag na comhaontuithe comhpháirtíochta sin: feabhas a chur ar ráta glactha IMV; II) éifeachtacht IMV a mhéadú trí bheartais maidir le cuimsiú.
351	C23.I7	M	Meastóireacht chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach, éifeachtacht agus rath na scéimeanna Ioncaim Íosta	Foilsiú na meastóireachta				R1	2024	Tar éis 18 dtreoirthionscadal ar a laghad a thabhairt chun críche, meastóireacht a fhoilsiú chun measúnú a dhéanamh ar chumhdach, éifeachtacht agus rath na scéimeanna Ioncaim Íosta, lena n-áirítear moltaí sonracha chun an cóimheas glactha a mhéadú agus éifeachtacht na mbeartas cuimsithe shóisialta a fheabhsú.

X. COMHPHÁIRT 24: TIONSCAL AN CHULTÚIR

Tá ról tábhachtach ag an tionscal cultúrtha i ngeilleagar na Spáinne, arb ionann é agus 3.2 % d'OTI na tíre chomh maith le 3.6 % d'fhostaíocht iomlán na tíre roimh phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, tá luach fíor-riachtanach ag baint leis don tsochaí, mar a léirítear le hardleibhéal rannpháirtíochta cultúrtha phobal na Spáinne roimh an bpaindéim. Mar sin féin, tá an tionscal thíos le roinnt gnéithe struchtúracha a chuir cosc air barr a chumais a bhaint amach agus a d'fhág go raibh sé an-leochaileach le linn géarchéime.

Sa chomhthéacs sin, áirítear i gcomhpháirt 24 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh creat oibre ealaíontóirí a athchóiriú, agus creatlach an ghnó chultúrtha a neartú agus a nuachóiriú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí a chur chun cinn chun an geilleagar a chothú agus tacú leis an téarnamh tar éis phaindéim COVID-19 (Moladh Sonrach Tíre 1 2020) agus maidir le tacú le fostaíocht, cosaint dífhostaíochta a neartú agus rochtain ar fhoghlaim dhigiteach a fheabhsú (Moladh Sonrach Tíre 2 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

X.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C24.R1) — Stádas an ealaíontóra a fhorbairt agus infheistíocht, urraíocht chultúrtha agus rannpháirtíocht a chur chun cinn

Is é is aidhm don athchóiriú sin aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a eascraíonn as an bhfíoras nach gcuirtear san áireamh sna rialacháin saothair agus chánach atá ann cheana sainiúlachtaí na hearnála cultúrtha (amhail ioncam neamhrialta agus patrúin oibre), agus an gá atá le cistiú príobháideach a mhealladh sa bhreis ar thacaíocht phoiblí.

Leis an athchóiriú, forbrófar creat dlíthiúil, fioscach agus saothair leormhaith d'earnáil an chultúir chun feabhas a chur ar chosaint shóisialta na ngníomhaithe éagsúla san earnáil agus chun mealladh infheistíochtaí príobháideacha a mhéadú.

Formheasfaidh an t-athchóiriú seo athruithe rialála do chur chun feidhme reacht an ealaíontóra lena n-áirítear athruithe rialála ar na gnéithe seo a leanas:

a) leordhóthanacht CBL agus cánach ioncaim phearsanta;

b) ionadaíochas na gceardchumann;

c) sláinte agus caidrimh speisialta fostaíochta ealaíontóirí i ngairmeacha poiblí;

d) urraíochtaí a rialáil;

e) córas na ndreasachtaí cánach.

Cuirfear na hathruithe sin chun feidhme trí Choiste Idir-aireachta ar Reacht an Ealaíontóra a chruthú agus trí thograí reachtacha a dhréachtú in 2021, le teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí faoin 31 Nollaig 2022. Déanfar bearta chun infheistíocht phríobháideach in earnáil an chultúir a spreagadh a chur chun feidhme freisin le linn na tréimhse 2021-2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 2 (C24.R2) — Plean chun cóipcheart agus cearta gaolmhara a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo cóipchearta agus cearta maoine intleachtúla eile a neartú trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

a) Dlí a ghlacadh maidir le cearta maoine intleachtúla sa Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach, lena dtrasuitear Treoracha 2019/789 SatCab agus 2019/790 maidir le cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach;

b) Foraithne Ríoga a ghlacadh lena bhformheastar an Rialachán nua maidir le Clárlann Maoine Intleachtúla chun an comhlacht sin a oiriúnú don réaltacht dhigiteach nua;

c) Glacadh Foraithne Ríoga lena leasaítear Foraithne Ríoga 1889/2011 an 30 Nollaig 2006 lena rialaítear feidhmiú Roinn II den Choimisiún um Maoin Intleachtúil chun an comhrac in aghaidh cineálacha nua sáraithe maoine intleachtúla ar an idirlíon a éascú; agus

d) An ionstraim normatach iomchuí agus Reachtanna Oifig Chóipchirt na Spáinne a fhormheas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C24.I1) — Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú

Tá sé beartaithe leis an infheistíocht sin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le hiomaíochas earnáil an chultúir trí athléimneacht chreatlach ghnó na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach a fheabhsú agus trí rannchuidiú lena n-aistriú digiteach.

Chuige sin, déantar gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin a ghrúpáil sna trí chatagóir tionscadail seo a leanas:

a) Iomaíochas agus gairmiúlú na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach (CCInna), trí bhíthin na nithe seo a leanas: (i) scileanna fiontraíochta agus airgeadais gairmithe cultúrtha a neartú trí chlár scoláireachta; (II) oiliúint speisialaithe maidir le bainistíocht do ghairmithe sna taibhealaíona agus sna healaíona ceoil; agus (iii) tacaíocht do luasairí cultúrtha chun tionscadail chultúrtha a fhorbairt a bhfuil ardacmhainneacht fáis acu; agus (iv) earnáil na leabhar a chur chun cinn agus a dhigitiú,

b) Digitiú na gcóras bainistíochta maoine intleachtúla, trí bhíthin na nithe seo a leanas: (i) tacú le tionscadail chun oibreoirí bainistíochta ceart maoine intleachtúla a dhigitiú; agus (ii) tacú le claochlú digiteach na n-eintiteas riaracháin a bhainistíonn cearta maoine intleachtúla;

c) Idirnáisiúnú earnáil CCInna, trí bhíthin na nithe seo a leanas: (i) tacaíocht chun bainistíocht earnáil na dtaibhealaíon agus an cheoil a nuachóiriú agus a uasghrádú; agus (ii) bearta chun tacú le gnólachtaí agus gairmithe CCInna chun a láithreacht i margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhéadú.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[198]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[199]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[200] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[201]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (C24.I2) — Borradh a chur faoin gcultúr ar fud na críche

Is é is aidhm don infheistíocht sin comhtháthú críochach agus sóisialta a fheabhsú trí rochtain ar chultúr a éascú chomh maith le tacú le hinbhuanaitheacht agus comhdhlúthú earnáil an chultúir ar fud na críche. Tá na gníomhaíochtaí sonracha faoin infheistíocht seo grúpáilte sna ceithre chatagóir tionscadail seo a leanas:

a) Tacaíocht do nuachóiriú agus do bhainistiú inbhuanaithe bhonneagar na dtaibhealaíon agus na n-ealaíon ceoil, chomh maith le bealaí scaipthe idir-chríochacha a chur chun cinn,

---

[198] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[199] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[200] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[201] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) acmhainní a aistriú chuig na Pobail Fhéinrialaitheacha chun tacú le nuachóiriú agus bainistiú inbhuanaithe bonneagar taibhithe agus ceoil agus (ii) comhordú taibhithe cultúrtha a éascú ar fud na bpobal féinrialaitheach;

b) Gníomhaíochtaí chun oidhreacht chultúrtha na Spáinne a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú, trí bhíthin gníomhaíochtaí a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) sainaithint na hoidhreachta a dhearbhaítear a bheith ina díol spéise cultúrtha agus (ii) luachshocrú na hoidhreachta faoi fhreagracht na hAireachta Cultúir agus Spóirt, go háirithe trí athchóiriú cuimsitheach fhoirgneamh *Tabacalera* i Maidrid;

c) Dearlaic leabharlann, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: ceadúnais le haghaidh leabhar digiteach a cheannach agus (ii) leabhair pháipéir a cheannach; agus

d) Cabhair chun an tairiscint chultúrtha i limistéir neamhuirbeacha a leathnú agus a éagsúlú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) nuálaíocht chultúrtha agus fiontraíocht a chur chun cinn i limistéir neamhuirbeacha; (II) rochtain chomhionann ar chultúr a áirithiú; agus (iii) úsáid fhreagrach agus inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn tríd an gcultúr.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[202]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[203]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[204] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[205]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don

[202] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

[203] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[204] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[205] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (C24.I3) — Seirbhísí móra cultúrtha a dhigitiú agus a chur chun cinn

Tá sé de chuspóir ag an mbeart seo mórbhunaíochtaí cultúrtha a dhigitiú agus a chur chun cinn. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí sonracha faoin mbeart seo tacú leis an méid seo a leanas:

a) Ard-Mhúsaem Prado, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) feabhas a chur ar a inrochtaineacht agus ar a chomhtháthú sa chreatlach uirbeach, (ii) na braiteoirí uile a chomhtháthú i gcóras aonair faireacháin, (iii) eispéireas cuimsitheach a fhorbairt chun an músaem a dhéanamh inrochtana do níos mó cuairteoirí, (iv) ardán digiteach idir-inoibritheach a fhorbairt idir músaeim, (v) feabhas a chur ar uirlisí digiteacha don riarachán, agus (vi) ábhar ilmheán a chruthú;

b) Ard-Mhúsaem Centro de Arte Reina Sofia, trí chomhaltachtaí agus áiteanna cónaithe taighde a thairiscint d'ealaíontóirí agus smaointeoirí óga agus béim á leagan ar ghníomhaíochtaí digitithe a fhorbairt don oidhreacht chultúrtha;

c) Leabharlann Náisiúnta na Spáinne, trí úsáid agus athúsáid a sonraí agus a bailiúchán digiteach a chur chun cinn chun tacú le teagasc, taighde, tionscail chultúrtha agus forbairtí teicneolaíochta;

d) Plean maidir le digitiú agus rochtain ar oidhreacht bhibleagrafach sócmhainní leabharlainne eile ó riaracháin stáit nó ó eintitis phríobháideacha, d'fhonn iad a chur ar fáil do shaoránaigh trí stórtha digiteacha;

e) Digitiú, leathnú acmhainneachta agus idir-inoibritheacht gach cineál córais cartlainne, fardal agus taifead ar oidhreacht stairiúil, lena n-áirítear oidhreacht chlosamhairc; agus

f) Bearta chun uirlisí bainistíochta poiblí a nuachóiriú agus córas comhtháite a chur chun feidhme chun acmhainní, sócmhainní, struchtúir agus bonneagar INAEM (*Instituto Nacional de las Artes Escénicas y de la Música*) a dhigitiú agus a chatalógú, lena n-áirítear bearta amhail cur chun feidhme arduirlisí éagsúla chun scéimeanna tacaíochta poiblí a phleanáil, a bhainistiú agus measúnú tionchair a dhéanamh orthu d'earnálacha na dtaibhithe agus an cheoil, chomh maith le córas comhtháite digiteach (INAEM DIGITAL) a chur chun feidhme chun doiciméadacht, seirbhísí cartlannaithe, agus struchtúir agus bonneagair INAEM a dhigitiú agus a chatalógú.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i)

gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[206]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[207]; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[208] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[209]; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2023.

X.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[206] Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

[207] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[208] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[209] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
352	C24.R1	M	Teacht i bhfeidhm reacht, urraíocht agus réimeas dreasachtaí cánach an ealaíontóra.	Forálacha sa rialachán maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm athruithe rialála maidir le cur chun feidhme reacht an ealaíontóra agus rialáil na ngnéithe seo a leanas d'fhonn dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú: leordhóthanacht CBL; cáin ioncaim phearsanta; ionadaíochas na gceardchumann, sláinte agus caidreamh fostaíochta speisialta ealaíontóirí i ngairmeacha poiblí; rialáil níos fearr ar urraíocht agus ar chóras na ndreasachtaí cánach.
353	C24.R2	M	Teacht i bhfeidhm beart reachtach agus rialála chun cóipcheart agus cearta gaolmhara a neartú	Forálacha sna gníomhartha dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2023	1) Glacadh an dlí maidir le cearta maoine intleachtúla sa Mhargadh Aonair Digiteach Eorpach le trasuí iomlán Threoracha SatCab agus 2019/790 2019/789; 2) Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán maidir le Clár na Maoine Intleachtúla; 3) Foraithne Ríoga lena leasaítear Foraithne Ríoga 1889/2011 an 30 Nollaig 2006 lena rialaítear feidhmiú an Choimisiúin um Maoin Intleachtúil; agus 4) Formheas na hionstraime normataí iomchuí agus Reachtanna Oifig Chóipchirt na Spáinne
354	C24.I1	T	Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú	—	Líon	0	1 216	R2	2023	Líon na n-eintiteas agus na dtionscadal ar dámhadh cistiú orthu ón scéim tacaíochta, le haghaidh: - iomaíochas agus gairmiúlú na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach (CCInna) lena n-áirítear scileanna fiontraíochta agus airgeadais a neartú (900 tairbhí ar a laghad); scileanna fiontraíochta agus airgeadais ghairmithe na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (900 tairbhí ar a laghad); — pleanáil digitithe curtha chun feidhme agus uirlisí a cruthaíodh chun an claochlú digiteach a phlé (16 thionscadal ar a laghad); — idirnáisiúnú na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (300 tairbhí ar a laghad). Beidh tionscadail i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
475	C24.I1	T	Tionscnaimh agus tionscadail a chur i gcrích chun iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú		Líon	0	1 216	R2	2026	An 1216 ghníomhaíocht a chur i gcrích chun iomaíochas na dtionscal cultúrtha a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas: — scileanna fiontraíochta agus airgeadais ghairmithe na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (900 eintiteas ar a laghad); — pleanáil digitithe curtha chun feidhme agus uirlisí a cruthaíodh chun an claochlú digiteach a phlé (16 thionscadal ar a laghad); — idirnáisiúnú na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (300 eintiteas ar a laghad).
355	C24.I2	T	Bonneagar taibhealaíon agus ealaíon ceoil a	—	Líon	0	200	R4	2023	Bonneagar taibhithe aosaithe agus ealaíon ceoil a nuachóiriú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe: 200 gníomhaíocht ar a laghad arna gcur chun feidhme i 17 réigiún ar a laghad, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh'

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			nuachóiriú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe							(2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
357	C24.I2	T	Ceadúnais ríomhleabhar do leabharlanna	—	Líon	0	300 000	R2	2023	Ceadúnais ríomhleabhair a cheannaítear agus a sholáthraítear do leabharlanna poiblí (ar a laghad 300000)
359	C24.I2	T	Borradh a chur faoi thionscnaimh a bhaineann le cultúr agus leis an gcruthaitheacht	—	Líon	0	400	R4	2023	Borradh a chur faoi ghníomhaíocht chultúrtha eagraíochtaí brabúsascha agus neamhbhrabúsacha i gceantair neamh-uirbeacha (ar a laghad 400 tionscnamh).
358	C24.I2	T	Ceannacháin leabhar do leabharlanna	—	Líon	0	450 000	R4	2024	Leabhair pháipéir a cheannaítear agus a aistrítear chuig leabharlanna poiblí (ar a laghad 450000)
356	C24.I2	T	Caomhnú, athchóiriú agus feabhsú oidhreacht chultúrtha na Spáinne	—	Líon	0	19	R4	2025	Láithreáin chultúrtha a dtacaítear leo le bearta chun oidhreacht chultúrtha na Spáinne a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú: 19 láithreán ar a laghad i 15 réigiún ar a laghad, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
474	C24.I2	T	Caomhnú, athchóiriú agus feabhsú oidhreacht chultúrtha na Spáinne (Tabacalera)					R2	2026	Thacaigh láithreán cultúrtha Tabacalera i Maidrid le bearta chun oidhreacht chultúrtha na Spáinne a chaomhnú, a athbhunú agus a fheabhsú.
360	C24.I3	T	Digitiú agus cur chun cinn mórsheirbhísí cultúrtha		EUR (milliún)	0	40	R2	2022	Buiséadcarnach geallta de EUR 40000000 ar a laghad chun ranníocaíocht a dhéanamh leis an méid seo a leanas: (a) — Músaem Náisiúnta Prado agus Músaem Reina Sofia a mhéadú agus a dhigitiú; — Gníomhaíochtaí chun úsáideoirí bliantúla bhailiúchán digiteach Leabharlann Náisiúnta na Spáinne a mhéadú — Digitiú a dhéanamh ar an oidhreacht Bhibleagrafach eile [Cnuasaigh oidhreachta bibleagrafacha digitithe]; — Rochtain dhigiteach ar an oidhreacht Bhibleagrafach agus idir-inoibritheacht gach cineál córais cartlainne poiblí agus leathnú ar acmhainneacht stórála sonraí fhardal oidhreachta stairiúla agus chórais chartlainne na Spáinne; — Córas comhtháite a chur i gcrích chun acmhainní, sócmhainní, struchtúir agus bonneagar INAEM a dhigitiú agus a chatalógú

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
361	C24.I3	T	Digitiú a thabhairt chun críche agus mórsheirbhísí cultúrtha a chur chun cinn	—	Líon	0	200	R2	2023	200 tionscadal ar a laghad a chur i gcrích, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh, chun an méid seo a leanas a dhéanamh: — Músaem Náisiúnta Prado agus Músaem Reina Sofia a threisiú agus a dhigitiú; — Gníomhaíochtaí chun úsáideoirí bliantúla bhailiúchán digiteach Leabharlann Náisiúnta na Spáinne a mhéadú; — Rochtain dhigiteach ar an oidhreacht Bhibleagrafach agus idir-inoibritheacht gach cineál córais cartlainne poiblí agus leathnú ar acmhainneacht stórála sonraí fhardal oidhreachta stairiúla agus chórais chartlainne na Spáinne; — Córas comhtháite a chur i gcrích chun acmhainní, sócmhainní, struchtúir agus bonneagar INAEM a dhigitiú agus a chatalógú.
362	C24.I3	T	Digitiú na hOidhreachta Bibleagrafaí a thabhairt chun críche		Uimhir (milliún)	10	12	R2	2023	— Digitiú na hoidhreachta bibleagrafaí (bailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha) (digitíodh 12 mhilliún leathanach de bhailiúcháin oidhreachta san iomlán)

Y. COMHCHUID 25: MOL CLOSAMHAIRC NA SPÁINNE

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar le chéile sraith infheistíochtaí agus athchóirithe arb é is aidhm dóibh an earnáil chlosamhairc a athbheochan agus a neartú. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta, an Spáinn a chomhdhlúthú mar ardán idirnáisiúnta le haghaidh infheistíocht chlosamhairc agus tagairt a dhéanamh den Spáinn maidir le táirgí closamhairc a onnmhairiú, físchluichí agus cruthú digiteach san áireamh. Áirítear sa chomhpháirt sin freisin gníomhaíochtaí chun idirnáisiúnú gnólachtaí a chothú, nuálaíocht san earnáil a fheabhsú agus rialáil níos fearr a chur chun feidhme.

I gcomhréir leis an bplean 'An Spáinn Digiteach 2025' agus le 'Plean na Spáinne — Mol Closamhairc na hEorpa' a formheasadh le déanaí, meastar go dtacóidh an chomhpháirt le cruthú post, go háirithe i measc daoine óga, i dtionscal na turasóireachta agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena laghdaítear an bhearna inscne.

Tugtar aghaidh sa chomhpháirt ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht sa nuálaíocht a chothú (Moladh Sonrach Tír 3 2019) agus lena ndírítear infheistíocht ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach (Moladh Sonrach Tír 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

Y.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C25.R1): Athchóiriú ar an gcreat rialála closamhairc

Áirítear leis an athchóiriú ar an gcreat rialála closamhairc dhá dhlí a ghlacadh agus plean earnála a fhormheas:

1. Teacht i bhfeidhm an Dlí Ghinearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc a bhfuil cuspóirí éagsúla aige. Ar an gcéad dul síos, an creat dlíthiúil le haghaidh seirbhísí meán closamhairc agus na seirbhísí malartaithe físeán ardáin sa Spáinn a oiriúnú agus a nuachóiriú. Ar an dara dul síos, sásraí a bhunú chun cearta úsáideoirí a ráthú, amhail mionaoisigh agus an pobal a chosaint ar chineálacha áirithe inneachair. Ar an tríú dul síos, obair chlosamhairc Eorpach a chur chun cinn trí thacaíocht do léiriú neamhspleách closamhairc a dhúbailt. Ar an gceathrú dul síos, feabhas a chur ar lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas. Tháinig an dlí i bhfeidhm faoi dheireadh na chéad ráithe de 2022.

2. Athchóiriú ar Dhlí 55/2007 maidir leis an gCineama, arb é is aidhm dó (i) forálacha an dlí a thabhairt cothrom le dáta do réaltacht nua na hearnála; (II) an creat rialála a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil Eorpach, lena n-áirítear rialacha maidir le státchabhair; agus (iii) an sásra chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don earnáil chlosamhairc a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú. Rachaidh sé sin isteach faoin 31 Nollaig 2023.

3. Glacadh agus cur chun feidhme an Phlean ‘Mol Closamhairc na Spáinne don Eoraip’, arb é is aidhm dó ardán infheistíochta domhanda a dhéanamh den Spáinn, infheistíocht eachtrach a mhealladh agus táirgí closamhairc a onnmhairiú. Ghlac Comhairle na nAirí an plean sin i mí an Mhárta 2021. Áirítear leis infheistíochtaí chun feabhas a chur ar shlabhra luacha iomlán an tionscail closamhairc bunaithe ar bhuntáistí comparáideacha na Spáinne san earnáil, lena n-áirítear tionscal closamhairc seanbhunaithe, caipiteal daonna dea-oilte agus acmhainneacht chruthaitheach a aithnítear ar fud an domhain. Áirítear sa phlean formáidí uile na hearnála closamhairc (amhail pictiúrlann, sraitheanna, fógraíocht, físchluichí agus beochan). Is é is aidhm do ‘Mol Closamhairc na Spáinne don Eoraip’ sineirgí a bhunú le hearnálacha eile amhail an cultúr agus an turasóireacht. Cuireann na bearta a áirítear leis na ceithre thosaíocht seo a leanas: (i) an Spáinn a iompú ina colún meallta don táirgeadh closamhairc, ii) na costais riaracháin agus rialála a bhaineann leis an earnáil a laghdú, iii) iomaíochas gnólachtaí san earnáil a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh ina ndigitiú, agus iv) tallann a ghiniúint agus an bhearna idir na hinscní a laghdú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

<u>Infheistíocht 1 (C25.I1): Clár chun an earnáil chlosamhairc a chur chun cinn, a nuachóiriú agus a dhigitiú</u>

Is é is aidhm don infheistíocht sin feabhas a chur ar iomaíochas agus athléimneacht chreatlach ghnó agus chruthaitheach na hearnála closamhairc chomh maith lena hidirnáisiúnú a chur chun cinn agus infheistíocht choigríche a mhealladh. Chun é sin a dhéanamh, tá trí chlár ar leith laistigh den infheistíocht.

1. Clár chun an earnáil chlosamhairc a chur chun cinn, a nuachóiriú agus a dhigitiú, chun iomaíochas agus athléimneacht chreatlach ghnó agus chruthaitheach na hearnála closamhairc a fheabhsú. Tacóidh an clár freisin le cur chun feidhme agus comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha i dtáirgeadh agus i gcur chun cinn ábhair chlosamhairc chomh maith le digitiú na huirlise luacha saothair do chruthaitheoirí.

2. Clár chun inmheánú na hearnála closamhairc a chur chun cinn trí rannpháirtíocht i gcomhdhálacha gnó closamhairc, ardáin agus saotharlanna agus aontaí forbartha tionscadal. Is é an aidhm atá ann sásraí éagsúla a chur i bhfeidhm chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht thionscal closamhairc na Spáinne agus chun an tallann áitiúil a chur chun cinn i dtimpeallacht dhomhanda.

3. Clár chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh san earnáil chlosamhairc trí thimpeallacht infheistíochta tharraingteach a bhunú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus nósanna imeachta riaracháin éagsúla a éascú (lena mbaineann naisc leis an riarachán poiblí ar an leibhéal ginearálta, réigiúnach agus áitiúil).

Díríonn an infheistíocht sin ar ghnólachtaí, ar ghairmithe agus ar ghníomhaithe ar fud an tslabhra luacha closamhairc, agus dírítear go háirithe ar FBManna a tháirgeann ábhar closamhairc, ar FBManna a dhéanann speisialtóireacht i mbainistiú luacha saothair do chruthaitheoirí, agus ar chomhairleachtaí teicneolaíochta ar féidir leo ardáin a fhorbairt a bheidh oscailte do na páirtithe leasmhara uile.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Y.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é dáta na bonnlíne do gach táscaire tús na gníomhaíochta mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garsprioca nna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
363	C25.R1	M	Plean ‘An Spáinn, Mol Closamhairc na hEorpa’.	Formheas Chomhairle na nAirí				R1	2021	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean ‘An Spáinn, Mol Closamhairc na hEorpa’. Tugtar le chéile sa phlean infheistíochtaí poiblí agus athchóirithe arb é is aidhm dóibh (i) an earnáil a idirnáisiúnú agus tarraingteacht na Spáinne mar cheann scríbe infheistíochta coigríche a mhéadú; (II) na costais rialála agus riaracháin a laghdú; (III) feabhas a chur ar iomaíochas na bhfiontar uile trí theicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme chun a chur ar chumas an fhiontair dul san iomaíocht i margadh digitithe; agus (iv) caipiteal daonna a chur chun cinn tríd an mbearna idir na hinscní a laghdú.
364	C25.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí ghinearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc.	Forálacha sa Dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R1	2022	Teacht i bhfeidhm an Dlí Ghinearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc. Rialaítear leis an Dlí seo an creat dlíthiúil chun seirbhísí cumarsáide closamhairc a sholáthar sa Spáinn agus déanfaidh sé Treoir 2018/1808 maidir le Seirbhísí Cumarsáide Closamhairc a thrasuí go héifeachtach sa chóras dlí náisiúnta. Is é is cuspóir dó an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le seirbhísí cumarsáide closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán sa Spáinn a oiriúnú agus a thabhairt cothrom le dáta. Féachtar leis an Dlí freisin cothrom iomaíochta a ráthú do na gníomhaithe éagsúla uile atá sa mhargadh. Ar deireadh, áirítear sa Dlí roinnt sásra chun cearta úsáideoirí a ráthú (amhail mionaoisigh agus an pobal a chosaint ar chineálacha áirithe inneachair).
365	C25.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an bpictiúrlann.	Forálacha sa Dlí maidir le teacht i bhfeidhm				R4	2023	Formheas an Dlí maidir leis an bPictiúrlann ag an bParlaimint agus teacht i bhfeidhm. Leis an Dlí seo, tabharfar an creat dlíthiúil cothrom le dáta do réaltacht nua agus riachtanais na hearnála closamhairc, agus an rialachán náisiúnta á ailíniú leis an gcreat dlíthiúil Eorpach.
366	C25.I1	T	Tacaíocht do FBManna san earnáil chlosamhairc.	—	Líon	0	100	R4	2023	Dámhachtain/soláthar poiblí EUR 200 milliún ar a laghad chun tacú leis na gníomhaíochtaí a shonraítear faoi na trí chlár dá dtagraítear sa tuairisc ar an mbeart. Áireofar leis sin tacaíocht ó 100 FBM ar a laghad san earnáil chlosamhairc ina ndigitiú, comhionannas inscne a chur chun cinn, idirnáisiúnú agus infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh faoin gclár foriomlán.
476	C25.I1	T	Tionscadail a thacaíonn le FBManna san earnáil chlosamhairc a chur i gcrích		Líon	0	100	R4	2024	Tionscadail a thabhairt chun críche chun tacú leis na gníomhaíochtaí a shonraítear faoi na trí chlár dá dtagraítear sa tuairisc ar an mbeart, lena n-áirítear tacaíocht ó 100 FBM ar a laghad san earnáil chlosamhairc ina ndigitiú, comhionannas inscne a chur chun cinn, idirnáisiúnú agus infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh faoin gclár foriomlán.

Y.3 Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 2 (C25.I2) — PERTE ‘Geilleagar Nua Teanga’: Faisnéis i Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla eile.

Is é is aidhm don infheistíocht sin acmhainneacht eacnamaíoch na Spáinnise agus na dteangacha comhoifigiúla a chur chun cinn trí idirnáisiúnú, scaipeadh agus leathnú earnáil na meán sna teangacha sin a chur chun cinn. Chun é sin a dhéanamh, tacóidh an infheistíocht sin le tionscadail chun inneachar a dhigitiú agus a scaipeadh, chomh maith le glacadh uirlisí teicneolaíochta nua ag cuideachtaí in earnáil na meán chun ábhar a bhainistiú agus a phróiseáil i Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 3 (C25.I3) — Ciste an Mhoil Closamhairc

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i Saoráid, Ciste na Mol Closamhairc, chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú i dtionscadail a bhaineann le scannáin, ficsean, teilifís, ábhar, cultúr digiteach, chomh maith le hilmheáin agus inneachar idirghníomhach amhail físchluichí, eispéiris thumthacha agus éifeachtaí amhairc, i measc nithe eile, agus chun margaí caipitil a fhorbairt sa réimse sin. Feidhmeoidh an tSaoráid trí mhaoiniú díreach agus infheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais a sholáthar, go díreach nó trí idirghabhálaithe don earnáil phríobháideach, agus d’eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an tSaoráid maoiniú EUR 1712000000 ar a laghad a chur ar fáil ar dtús.

Is é Sociedad Española para la Transformación Tecnológica (SETT) a dhéanfaidh an tSaoráid a bhainistiú mar chomhpháirtí cur chun feidhme. Áireofar sa tSaoráid na línte táirgí seo a leanas:

- Maoiniú díreach socraithe: cuirfidh an líne sin iasachtaí díreacha ar fáil do chuideachtaí príobháideacha (amhail cuideachtaí meánchaipitlithe agus corparáidí móra) agus do chuideachtaí poiblí chun tionscadail san earnáil chlosamhairc a mhaoiniú. Soláthróidh SETT na hiasachtaí go díreach agus déanfaidh infheisteoir príobháideach tríú páirtí/infheisteoirí príobháideacha tríú páirtí gach tionscadal a chómhaoiniú. Beidh na cistí arna soláthar ag SETT cothrom le 70 % ar a mhéad de mhéid iomlán na tacaíochta don infheistíocht. Cumhdóidh infheisteoirí príobháideacha 30 % ar a laghad de mhéid iomlán na tacaíochta infheistíochta.
- Infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais: is éard a bheidh sa líne sin infheistíochtaí cothromais dhírigh a sholáthar trí SETT agus/nó cistí a aistriú chuig cistí cothromais nó chuig meáin infheistíochta eile arna mbainistiú ag idirghabhálaithe airgeadais príobháideacha a dhéanann oibríochtaí infheistíochta cothromais i gcuideachtaí san earnáil chlosamhairc. Ní rachaidh rannpháirtíocht uasta an Chiste thar 49 % de na cistí meán infheistíochta. Ní bheidh na hinfheistíochtaí cothromais ón gCiste ina gcúis le sciar an chothromais faoi úinéireacht phoiblí i dtairbhí deiridh a bheith os cionn 49 % den chothromas iomlán.

Chun an infheistíocht sa tSaoráid a chur chun feidhme, síneoidh an Spáinn agus SETT Comhaontú Cur Chun Feidhme, nó formheasfaidh an Spáinn an ionstraim dlí chomhfhreagrach agus na doiciméid ghaolmhara ina mbeidh an t-inneachar seo a leanas:

1. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na Saoráide: Déanfaidh coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile cinneadh infheistíochta tosaigh na Saoráide agus déanfar é a fhormheas le tromlach na vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar rialtas na Spáinne. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na Saoráide teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás infheistíochtaí idirghafa, is iad idirghabhálaithe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh infheistíochta.

2. Príomhcheanglais an bheartais infheistíochta ghaolmhair, lena n-áireofar:

    a. An tuairisc ar an táirge/na táirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe i gcomhréir leis an tuairisc ar an mbeart.

    b. Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a fhaigheann tacaíocht inmharthana ó thaobh an gheilleagair de**.**

    c. Toirmeasc ar aon iasacht gan íoc a athmhaoiniú.

    d. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Thairis sin, ceanglófar leis an mbeartas infheistíochta go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na Saoráide.

    e. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

3. An méid a chumhdaítear leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme nó leis an ionstraim dlí agus doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tsaoráid, an struchtúr táillí don Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus an ceanglas aon athshreabha a athinfheistiú de réir bheartas infheistíochta na Saoráide mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

4. Ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe, lena n-áirítear:
    1. An tuairisc ar chóras faireacháin an chomhpháirtí cur chun feidhme chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    2. An tuairisc ar nósanna imeachta an chomhpháirtí cur chun feidhme lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    3. An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chomhaontú Cur Chun Feidhme sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.

    4. An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta SETT. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; II) comhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', na rialacha maidir le Státchabhair, ceanglais maidir le spriocanna digiteacha; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar an idirghabhálaí a fhíorú go gcuireann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach i láthair chun rialú a dhéanamh

ar cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme agus na gComhaontuithe Cistiúcháin is infheidhme á n-urramú, lena n-áirítear trí liosta de dhearbhú dearfach agus/nó féindearbhuithe a úsáid le haghaidh oibríochtaí faoi bhun EUR 10000000 , sula ngeallfaidh siad oibríocht a mhaoiniú.

5. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí digiteacha arna ndéanamh ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme: rannchuideoidh EUR 1712000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa tSaoráid leis na cuspóirí digiteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF[210].

6. Ceanglais maidir le hidirghabhálaithe airgeadais a roghnú: Roghnóidh an Chomhairle Eorpach idirghabhálaithe airgeadais ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Déanfar rialuithe maidir le heaspa coinbhleachta leasa ar idirghabhálaithe airgeadais agus déanfar iad ex-ante trí chóras TF amhail Minerva do na gníomhaithe airgeadais uile lena mbaineann.

7. Ceanglas Comhaontuithe Cistiúcháin a shíniú: Síneoidh Socart Comhaontuithe Cistiúcháin leis na hidirghabhálaithe airgeadais i gcomhréir leis na príomhcheanglais a sholáthrófar mar iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Cur Chun Feidhme nó leis an ionstraim dlí agus leis na doiciméid ghaolmhara lena mbunaítear an tSaoráid. Áireofar i bpríomhcheanglais an Chomhaontaithe Cistiúcháin na ceanglais uile faoina n-oibríonn an tSaoráid, lena n-áirítear:

    1. Oibleagáid an idirghabhálaí airgeadais a chinntí a dhéanamh i gcomhréir *mutatis mutandis* leis na ceanglais chinnteoireachta agus beartais infheistíochta a shonraítear thuas, lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le prionsabal DNSH a urramú.

    2. An tuairisc ar an gcreat faireacháin agus iniúchóireachta agus rialaithe a chuirfidh an t-idirghabhálaí airgeadais i bhfeidhm, a bheidh *mutatis mutandis* faoi réir na gceanglas faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe uile a shonraítear thuas.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Y.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht iasachta

Féach an tábla thíos. Is é dáta na bonnlíne do gach táscaire tús na gníomhaíochta mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL i ndáil le beart C25.I2 sna méideanna sa tábla.

[210]Chun an ranníocaíocht dhigiteach a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L75	C25.I2	M	Foilsiú na ngradam chun digitiú agus scaipeadh ábhair na dtionscadal a mhaoiniú	Foilsiú san Iris Oifigiúil nó ar shuíomh gréasáin oifigiúil				R3	2025	Dámhachtain iasachtaí EUR 19500000 ar a laghad a fhoilsiú san Iris Oifigiúil nó ar shuíomh gréasáin oifigiúil do thionscadail chun ábhar agus faisnéis a dhigitiú agus a scaipeadh agus chun go nglacfaidh cuideachtaí in earnáil na meán uirlisí teicneolaíochta nua chun ábhar a bhainistiú agus a phróiseáil i Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla.
L76	C25.I2	T	Tionscadail a chur chun feidhme chun ábhar a dhigitiú agus a scaipeadh		EUR (milliún)		17.55	R2	2026	Tionscadail a thabhairt chun críche a chomhfhreagraíonn do bhuiséad a dámhadh EUR 17550000 ar a laghad maidir le digitiú, scaipeadh ábhair agus glacadh uirlisí teicneolaíochta nua chun ábhar a bhainistiú agus a phróiseáil i Spáinnis agus i dteangacha comhoifigiúla.
L77	C25.I3	M	Ciste an Mhoil Closamhairc: Teacht i bhfeidhm na Saoráide	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó na hionstraime dlí lena mbunaítear an tSaoráid				R4	2023	Teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Cur Chun Feidhme nó na hionstraime dlí agus na ndoiciméad gaolmhar lena mbunaítear an tSaoráid.
L78	C25.I3	T	Ciste an Mhoil Closamhairc: Comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (I).			0	50 %	R2	2025	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag SETT, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag SETT, le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 1 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Cuirfidh SETt tuarascáil ar fáil ina sonrófar céatadán an mhaoinithe sin a rannchuidíonn le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L79	C25.I3	T	Ciste an Mhoil Closamhairc: Comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil arna síniú le tairbhithe deiridh (lena n-áirítear cistí cothromais) (II).			50 %	100 %	R3	2026	Beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta ag SETT, agus ag idirghabhálaithe arna roghnú ag SETT, le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF isteach sa tSaoráid a úsáid (agus táillí bainistíochta á gcur san áireamh). Comhfhreagróidh 10 % ar a laghad den mhaoiniú do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le cistí cothromais agus comhfhreagróidh 50 % ar a laghad do chomhaontuithe maoiniúcháin arna síniú le tairbhithe deiridh le haghaidh gach táirge infheistíochta eile (lena n-áirítear infheistíochtaí cothromais dhírigh ag an gComhpháirtí Cur Chun Feidhme). Áiritheofar freisin go rannchuideoidh 100 % den mhaoiniú sin le cuspóirí digiteacha trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF.
L80	C25.I3	M	Ciste an Mhoil Closamhairc: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht		EUR (milliún)	0	1 712	R3	2026	Aistreoidh an Spáinn EUR 1712000000 chuig SETT le haghaidh na Saoráide.

Z. COMHPHÁIRT 26: SPÓIRT A CHUR CHUN CINN

De réir phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, is ionann earnáil an spóirt agus 3.1 % de OTI sa Spáinn agus soláthraíonn sí, go díreach nó go hindíreach, 2.1 % den fhostaíocht iomlán sa tír.

Is é príomhchuspóir na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne feabhas a chur ar chlaochlú earnáil an spóirt trí eagraíochtaí spóirt a dhigitiú agus trí shaoráidí spóirt a uasghrádú chun a n-inbhuanaitheacht chomhshaoil agus a n-inrochtaineacht chomhshaoil a áirithiú. Tacóidh sé freisin le cur chun cinn an spóirt chun críocha sláinte, go háirithe trí rochtain níos fearr ar ghníomhaíocht choirp i limistéir atá i mbaol dídhaonraithe, agus trí thaighde sa réimse. Ar deireadh, áireofar sa chomhpháirt infheistíochtaí spriocdhírithe chun rannpháirtíocht na mban sa spórt gairmiúil agus amaitéarach a chothú.

Tugann an chomhpháirt aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha maidir le hinfheistíochtaí sa nuálaíocht agus san éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn (Moladh Sonrach Tír 3 2019), infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a chur chun cinn agus an t-aistriú glas a chothú (Moladh Sonrach Tíre 1 2023, 1 2022 agus 3 2020) agus athléimneacht an chórais sláinte a neartú (Moladh Sonrach Tíre 1 2020).

Tacóidh an chomhpháirt sin le gníomhaíochtaí dá bhforáiltear i gcodanna eile den phlean agus comhlánóidh sí iad, amhail na gníomhaíochtaí sin chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn i gComhchuid 18 (Athchóiriú ar an gCóras Sláinte). Trí na bonneagair spóirt atá ann cheana a bharrfheabhsú agus a uasghrádú, comhlánóidh sé freisin bearta arna ndéanamh faoi Chomhchuid 2 (Athchóiriú) agus tacóidh sé le claochlú earnáil na turasóireachta sa Spáinn i gcomhréir le Comhchuid 14 (Turasóireacht).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

Z.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C26.R1) — Dlí don Spórt

Is é is cuspóir don bheart reachtach seo sláinte agus sábháilteacht a áirithiú i gcleachtas an spóirt ar gach leibhéal, gnéithe comhionannais inscne, inrochtaineachta agus comhtháthaithe shóisialta a áireamh i rialáil an spóirt, eagraíochtaí agus bonneagair spóirt a nuachóiriú tríd an digitiú agus trína gclaochlú éiceolaíoch agus idirnáisiúnú na hearnála a chur chun cinn. Leis an reachtaíocht, déanfar struchtúir eagraíochtúla an spóirt a oiriúnú do na dúshláin atá os a chomhair faoi láthair, agus na ceachtanna a foghlaimíodh ón bpaindéim á gcur san áireamh.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

Athchóiriú 2 (C26.R2) — Dlí do Ghairmithe Spóirt

Is é is cuspóir don bheart reachtach seo a áirithiú nach mbeidh bacainní ar bhunú agus ar sholáthar seirbhísí laistigh de chríoch na Spáinne mar thoradh ar rialáil gairmeacha nua spóirt.

Tabharfaidh an beart aghaidh ar dhúshláin a eascraíonn as ilchineálacht rialála ar an leibhéal réigiúnach (lena n-áirítear ceanglais rochtana éagsúla ar fud na réigiún). Áiritheofar leis an mbeart go gcomhlíonfar dlí an Aontais, go háirithe prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 31 Nollaig faoi 2023.

Athchóiriú 3 (C26.R3) — Straitéis Náisiúnta um chur chun cinn an spóirt

Is é cuspóir na straitéise seo cleachtas an spóirt a chur chun cinn d'fhonn na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag stíl mhaireachtála neamhghníomhach agus ag neamhghníomhaíocht choirp ar an tsláinte agus ar an bhfolláine a sheachaint. Áireofar an méid seo a leanas sa bheart, i measc nithe eile: (a) gníomhaíochtaí chun dea-chleachtais agus nósanna sláintiúla a thabhairt isteach; (b) uirlis anailíseach chun tionchar na straitéise a thomhas agus a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (C26.I1) — Plean Digiteach don Spórt

Is é cuspóir an bhirt seo cónaidhmeanna spóirt a dhigitiú, lena n-áirítear bainistiú a mbuiséad agus na nósanna imeachta chun ceadúnais spóirt a dheonú. Cuirfidh sé feabhas freisin ar an anailís ar shonraí a eascraíonn as cleachtas spóirt, lena n-áirítear chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn agus chun críocha taighde. Ar deireadh, cothóidh sé digitiú na n-ionad leighis spóirt poiblí agus an comhrac i gcoinne na dópála.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (C26.I2) — Plean le haghaidh aistriú éiceolaíoch saoráidí spóirt

Is é cuspóir an bhirt seo uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí spóirt atá ann cheana, lena n-áirítear saoráidí spóirt a d'fhéadfadh ionaid turasóireachta agus ionaid spóirt ardfheidhmíochta a mhealladh. Bainfear é sin amach trína ndigitiú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu agus chun feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuiltear ag súil go sábhálfaidh sé 30 % ar a laghad den éileamh príomhúil ar fhuinneamh. Cuirfidh an beart spórt chun cinn i gceantair thuaithe freisin trí líonra monatóirí a chruthú chun gníomhaíocht choirp a dhreasú.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin le haghaidh infheistíochtaí a dhéanfar faoin gcomhpháirt seo go gcomhlíonfar an rianú aeráide 100 % le haghaidh EUR 106000000 ar a laghad. Déanfar na táscairí feabhsaithe feidhmíochta fuinnimh a úsáidtear a chreidiúnú tríd an teastas feidhmíochta fuinnimh ábhartha faoi chuimsiú Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh[211].

Beidh cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

[211] IO L 153, 18.6.2010.

Infheistíocht 3 (C26.I3) — Plean Sóisialta don Spórt

Tá dhá chuspóir ag an mbeart seo. Ar thaobh amháin, tá sé d'aidhm aige na saoráidí spóirt atá ann cheana a uasghrádú trí fheabhas a chur ar a ndigitiú, ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus ar a n-inrochtaineacht d'fhonn a chur ar chumas na Spáinne tairiscint a dhéanamh ar chomórtais idirnáisiúnta spóirt a óstáil. Ar an taobh eile, tá sé d'aidhm aige rannpháirtíocht na mban i spóirt ghairmiúla a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí chun a láithreacht agus a hinfheictheacht, a n-oiliúint a mhéadú agus chun gairmiúlú spóirt na mban a cheadú, go háirithe sacar.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin le haghaidh infheistíochtaí a dhéanfar faoin gcomhpháirt seo go gcomhlíonfar an rianú aeráide 100 % le haghaidh EUR 27500000 ar a laghad as an infheistíocht iomlán. Déanfar na táscairí feabhsaithe feidhmíochta fuinnimh a úsáidtear a chreidiúnú tríd an teastas feidhmíochta fuinnimh ábhartha faoi chuimsiú Threoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

Tabharfar cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Z.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Áirítear CBL leis na méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
367	C26.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Spórt	Foráil sa Dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2022	Cothófar leis an Dlí sláinte agus sábháilteacht i gcleachtas an spóirt ar gach leibhéal, comhionannas inscne, cuimsiú sóisialta agus inrochtaineacht, cur chun cinn ghné idirnáisiúnta na samhla agus nuachóiriú eagraíochtaí, agus bonneagar trí urraim don chomhshaol agus tríd an digitiú.
368	C26.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le gairmeacha spóirt áirithe a rialáil	Foráil sa Dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R4	2023	Glacadh an Dlí maidir le Rialáil gairmeacha spóirt áirithe, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hilchineálacht rialála agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an riachtanais agus na comhréireachta.
369	C26.R3	M	Straitéis Náisiúnta chun spórt i gcoinne stíl mhaireachtála neamhghníomhach agus neamhghníomhaíocht choirp a chur chun cinn	Foilsiú ar leathanach gréasáin				R4	2023	Formheas Rialtas na Spáinne maidir le cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta chun spórt i gcoinne stíl mhaireachtála neamhghníomhach agus neamhghníomhaíocht choirp a chur chun cinn. Beidh na cuspóirí seo a leanas ag an straitéis: (a) uirlis bhuan anailíse a chur chun feidhme chun tionchar na straitéise a anailísiú, a thomhas agus a fheabhsú; (b) cur chun feidhme gníomhaíochtaí a bhfuil sé de chuspóir acu dea-chleachtais agus nósanna sláintiúla a bhunú tar éis na hanailíse. Beidh an Straitéis ina ceangal ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla.
370	C26.I1	M	Earnáil an spóirt a dhigitiú	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R3	2025	Feidhmiú buiséid EUR 75,6 milliún ar a laghad ar cheart feabhas suntasach ar dhigitiú na hearnála a bheith mar thoradh air, go háirithe: (a) cónaidhm spóirt a dhigitiú (lena n-áirítear bainistiú buiséid agus ceadúnas) le córas nua TF; (b) Córas bogearraí sonraí TF le haghaidh anailísí sonraí; (C) Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) i Lárionaid Ardfheidhmíochta; (d) córais chun patrúin iomaitheora a chinneadh nó chun oiliúint gach lúthchleasaí a bharrfheabhsú; (e) foilsiú 10 dtionscadal taighde maidir le Gníomhaíocht Choirp ar mhaithe le Feabhsú Sláinte (HEPA); (f) tástáil córais TF san Ionad Náisiúnta um Leigheas Spóirt; (g) Oifig Leictreonach sa Riarachán Frithdhópála a

										chruthú, lena n-áirítear córas ‘gan pháipéar’ a chur chun feidhme le haghaidh Rialuithe Frithdhumpála; agus (h) staidéar a dhéanamh ar riachtanais digitithe (amhail feidhmchláir, cónaidhmeanna spóirt, leigheas spóirt, HEPA, agus frithdhópáil) maidir le digitiú na hearnála spóirt.
371	C26.I1	T	Ionaid Leighis Spóirt	—	Líon		20	R4	2025	Beidh ar a laghad 20 as 23 de na Lárionaid Leigheasa Spóirt ag baint úsáid as an teicneolaíocht nua TF.
372	C26.I1	M	Tionscadail TF a chur i gcrích sna Lárionaid Ardfheidhmíochta agus sa Riarachán Frithdhópála	Sonraí a bhailiú ó na Lárionaid Ardfheidhmíochta ; Tús na dtrialacha ar aip rialaithe AD				R3	2025	Forbairt an chórais TF (lena n-áirítear Idirlíon na Rudaí Nithiúla) a chur i gcrích sna Lárionaid Ardfheidhmíochta. Oifig Leictreonach a chruthú sa Riarachán Frithdhópála, lena n-áirítear córas ‘gan pháipéar’ a chur chun feidhme le haghaidh rialuithe AD.
373	C26.I2	T	Ionaid theicniúla do shaoráidí spóirt agus spóirt a athchóiriú agus a fheabhsú		Líon	0	95	R4	2025	Beidh 40 ionad teicniúla agus 45 shaoráid spóirt ar a laghad athchóirithe agus beidh éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe agus/nó barrfheabhsú úsáide bainte amach acu trí dhigitiú, agus/nó inrochtaineacht fheabhsaithe. Is iad na deimhnithe críochnaithe oibreacha an meán a úsáidfear chun cur i gcrích na n-oibreacha a fhíorú. Le hidirghabhálacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, bainfear amach laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar an meán. Cuirfear an liosta saoráidí ar fáil don phobal.
374	C26.I3	M	Tionscadail chun comhionannas sa spórt a chur chun cinn	Foilsiú san Iris Oifigiúil				R2	2022	Dámhachtain glao ar thograí ag CSD (an Chomhairle Náisiúnta Spóirt) san Iris Oifigiúil, a bhfuiltear ag súil go roghnóidh sé 15 thionscadal tairbhí ar a laghad chun comhionannas sa spórt a chur chun cinn, go háirithe trí oiliúint, gairmiúlú spóirt na mban agus infheictheacht spórt na mban. EUR 11700000 a bheidh i mbuiséad carnach an ghlao.
375	C26.I3	T	Gníomhaíochtaí faoin bPlean Sóisialta don Spórt a thabhairt chun críche		Líon	0	40	R4	2023	Gníomhaíochtaí faoin bPlean Sóisialta don Spórt a chur i gcrích, lena n-áirítear 40 saoráid spóirt ar a laghad a athchóiriú agus gníomhaíochtaí chun láithreacht na mban sa spórt gairmiúil a chur chun cinn (cláir oiliúna, feachtais mhargaíochta, agus staidéir). Le hidirghabhálacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, bainfear amach laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar an meán. Cuirfear an liosta saoráidí ar fáil don phobal.

AA. COMHPHÁIRT 27: BEARTA AGUS GNÍOMHAÍOCHT CHUN CALAOIS CHÁNACH A CHOSC AGUS A CHOMHRAC

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne, tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le calaois chánach agus imghabháil cánach a chosc agus a chomhrac. Is é is cuspóir don chomhpháirt comhlíonadh cánach a mhéadú agus tuilleadh ioncaim chánach a bhailiú. Tugtar aghaidh sa chomhpháirt, i measc nithe eile, ar na Moltaí Tírshonracha maidir le creataí fioscacha agus soláthair phoiblí a neartú ar gach leibhéal rialtais (Moladh Sonrach Tíre 1 2019) agus — nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha — maidir le beartais fhioscacha a shaothrú atá dírithe ar riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh ag an am céanna (Moladh Sonrach Tíre 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AA.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C27.R1) — Glacadh an Dlí Frith-Chalaoise

Is iad cuspóirí an athchóirithe seo rialacha a neartú i gcoinne cleachtais seachanta cánach a mbíonn tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh chomh maith le cánachas indíreach agus díreach, cánacha áirithe rialtais áitiúil agus rialachán cearrbhachais a leasú. Leis an athchóiriú, tugtar isteach athruithe ar an rialachán arb é is aidhm dóibh paraiméadair cheartais chánach a bhunú agus gníomhaíochtaí a éascú arb é is aidhm dóibh calaois a chosc agus a chomhrac trí rialú cánach a threisiú.

Is éard atá san athchóiriú dlí i gcoinne imghabhála cánach agus calaoise cánach a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm lena ndéantar an méid seo a leanas:

- Imlíne na n-idirbheart a mhéadú i gcás ina n-údaraítear ríomhíocaíochtaí (sínithe agus gairmithe) agus tairseach dhlíthiúil a shocrú le haghaidh íocaíochtaí in airgead tirim;
- Liosta na dtearmainn chánach a thabhairt cothrom le dáta de réir critéir trédhearcachta, gan aon chánachas agus córais chánach dhíobhálacha;
- Athruithe a chur chun feidhme ar na rialacha maidir le daoine a bhfuil riaráistí cánach acu a dhéanamh;
- Cuirtear toirmeasc ar ‘bhogearraí dé-úsáide’ chun feidhme;
- Tugtar isteach luach tagartha don bhonn cánach i gcánachas maoine.

Glacfar an dlí faoin 30 Meitheamh 2021. Tiocfaidh an dlí i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2022. Beartaítear leis an athchóiriú measúnú sealadach ar an dlí faoin 31 Nollaig 2022 agus, bunaithe ar an measúnú sin, d’fhéadfadh leasuithe a bheith ann in 2023.

Athchóiriú 2 (C27.R2) — Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach

Cuirtear de chúram ar an nGníomhaireacht Chánach córas cánach an Stáit agus an córas custaim a chur chun feidhme agus déanann sí a gníomhaíochtaí faoi chuimsiú Phlean Straitéiseach 2020-2023. Déantar athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach sin, a bhraitheann go forleathan ar úsáid réiteach TF, gach bliain chun a áirithiú go gcuirtear in oiriúint é d'fhorbairtí nua beartais cánach, d'fhoinsí faisnéise, d'iompar cáiníocóirí agus d'fhorbairtí teicneolaíochta. Is é cuspóir an athchóirithe seo tacú le cur chun feidhme agus athbhreithniú bliantúil Phlean Straitéiseach 2020-2023 arb é is aidhm dó nuachóiriú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí gníomhaireachta chun calaois chánach agus imghabháil cánach a laghdú. Idirghníomhaíonn Athchóiriú 2 go dlúth le hathchóirithe eile sa chomhpháirt sin. Áireofar leis an athchóiriú an méid seo a leanas:

- Acmhainní daonna na Gníomhaireachta Cánach a mhéadú de réir a riachtanas meántéarmach agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirgnimh na Gníomhaireachta chun teicneolaíocht a nuachóiriú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.

Athchóiriú 3 (C27.R3) — Cúnamh feabhsaithe do cháiníocóirí

Is iad cuspóirí an athchóirithe seo feabhas a chur ar an gcúnamh do cháiníocóirí. Príomhghné de straitéis na Gníomhaireachta Cánach le haghaidh 2020-2023 is ea feabhas a chur ar sheirbhísí do cháiníocóirí trí úsáid mhéadaithe a bhaint as ardáin leictreonacha (ar a dtugtar 'ADInna', Riarachán Digiteach Sláine). Is éard atá i gceist leis an athchóiriú seirbhísí nua a chur ar fáil chun cánachas ioncaim chorparáidigh agus pearsanta chomh maith le cánachas CBL a éascú. Áireofar ar sheirbhísí nua modhanna cumarsáide feabhsaithe, seirbhísí deisce cabhrach agus ceadú sonraí úsáideoirí chomh maith le dearbhuithe cánach agus tuairisceáin a láimhseáil. Tá sé beartaithe soláthar na seirbhísí sin a mhéadú i dtrí ráig le linn 2021-2023 agus é mar sprioc go roghnóidh níos mó agus níos mó custaiméirí de réir a chéile na seirbhísí leictreonacha a úsáid in ionad cuairt a thabhairt ar a mbiúrónna cánach áitiúla. Leis na bearta sin, tá sé d'aidhm ag an nGníomhaireacht é a dhéanamh níos éasca dá gcliaint an cód cánach a chomhlíonadh agus, ar an gcaoi sin, ioncam cánach a mhéadú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Athchóiriú 4 (C27.R4) — An ghné idirnáisiúnta

Is é is cuspóir don athchóiriú seo úsáid na gcóras TF sa chomhar idirnáisiúnta a mhéadú agus a bharrfheabhsú chun calaois chánach agus imghabháil cánach a chomhrac. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú sin, tar éis comhaontuithe idirnáisiúnta sa réimse beartais, bearta a dhéanamh chun comhlíonadh a n-oibleagáidí cánach ag cáiníocóirí a éascú (lena n-áirítear sonraí i gcáin ioncaim phearsanta), chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí neamhdhearbhaithe agus an scáthgheilleagair, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar úsáideacht na faisnéise a fhaightear ó na tíortha éagsúla. Táthar ag súil go mbainfear na spriocanna sin amach trí úsáid níos mó a bhaint as córais TF níos sofaisticiúla agus trí sheirbhísí ar líne a chur in úsáid do na cáiníocóirí.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2021.

Athchóiriú 5 (C27.R5) — Samhail chomhair

Is é is cuspóir don athchóiriú seo feabhas a chur ar chaidreamh na Gníomhaireachta Cánach lena geallsealbhóirí amhail corparáidí móra, FBManna, daoine féinfhostaithe agus comhlachais ábhartha chomh maith leis an gcóras ceartais mar bhealach chun comhlíontacht níos fearr le hoibleagáidí cánach a bhaint amach. Maidir le cáiníocóirí, tá sé d'aidhm ag an nGníomhaireacht comhar níos fearr agus comhlíonadh níos fearr a bhaint amach trí thuarascálacha deonacha trédhearcachta cánach. Táthar ag súil go méadófar an comhar le breithiúna, ionchúisitheoirí agus cúirteanna trí imscrúduithe cánach a mhéadú.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme faoin 31 Nollaig 2021.

AA.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2020 dáta na bonnlíne do na táscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
376	C27.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí i gcoinne Imghabháil Cánach agus Calaoise	Foráil den dlí lena léirítear a theacht i bhfeidhm				R2	2022	Teacht i bhfeidhm Dlí i gcoinne Imghabháil Cánach agus Calaoise (‘*Ley de medidas de prevención y lucha contra el fraude fiscal*’): —Imlíne na n-idirbheart a mhéadú i gcás ina bhfuil íocaíochtaí leictreonacha éigeantach (gnólachtaí agus gairmithe) agus tairseacha dlíthiúla a leagan síos le haghaidh íocaíochtaí in airgead tirim —Nuashonrú a dhéanamh ar liosta na dtearmainn chánach de réir na trédhearcachta, na gcritéar gan chánachas agus na gcritéar maidir le córais chánach dhíobhálacha. —Athruithe a chur chun feidhme ar na rialacha maidir le daoine a bhfuil riaráistí cánach acu a liostú. —Cuirtear toirmeasc ar ‘bhogearraí dé-úsáide’ chun feidhme. —Luach tagartha a thabhairt isteach le haghaidh an bhoinn cánach i gcánachas maoine.
377	C27.R1	M	Measúnú eatramhach ar éifeachtaí an Dlí in aghaidh Imghabháil Cánach agus Calaoise.	Foilsiú na tuarascála ar shuíomh gréasáin na hAireachta Airgeadais.				R4	2022	Déanfaidh an Aireacht Airgeadais measúnú eatramhach ar an Dlí in aghaidh Imghabháil Cánach agus Calaoise. Foilseofar an measúnú sin ina bhfuil moltaí féideartha maidir le feabhsuithe ar shuíomh gréasáin na hAireachta Airgeadais.
378	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Líon na foirne ag an Údarás Cánach		Líon	25 325	26 320	R4	2021	Líon na foirne san Údarás Cánach a mhéadú go 26320 fostaí ar a laghad. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2020.
379	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Imscrúduithe cánach		Líon	5 743	6 591	R4	2021	Déanfaidh na húdaráis 6591 imscrúdú cánach (líon na n-imscrúduithe cánach a rinneadh le linn 2021) chun gníomhaíochtaí inchánacha neamhthuairiscithe a aimsiú. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2020.
380	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a sheachadadh do cháiníocóirí — Web Sociedades uasghrádaithe agus ar fáil do 1666123 cáiníocóir ar a laghad.		Líon	0	1 666 123	R4	2021	Déanfar*Sociedades Web*, seirbhís atá dírithe ar cháiníocóirí ioncaim chorparáidigh, a uasghrádú agus cuirfidh sé faisnéis chánach, a thuairiscigh cuideachtaí roimhe sin don riarachán poiblí, atá ábhartha don dearbhú cánach, i láthair go huathoibríoch. Nuair a

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										bheidh an t-uasghrádú sin curtha i gcrích, cuirfear an tseirbhís ar fáil do 1666123 cáiníocóir ioncaim chorparáidigh. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2020.
381	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a sheachadadh do cháiníocóirí — Gréasán Renta uasghrádaithe agus ar fáil do 1779505 cáiníocóir ar a laghad		Líon	0	1 779 505	R4	2021	Is*bogearra é Renta Web* atá dírithe ar Cháin Ioncaim Phearsanta lena gceadófar allmhairiú díreach an ‘libros*registro* ïsteach sna tuairisceáin chánach ioncaim phearsanta. Beidh sé ar fáil do 1779505 cáiníocóir ioncaim phearsanta. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2020.
382	C27.R3	M	Ceithre Ardán Tacaíochta Digití a sheachadadh	Tuarascáil ón nGníomhaireacht Chánach a fhoilsiú				R2	2023	Déanfaidh an Ghníomhaireacht Chánach ceithre Ardán Tacaíochta Digití Cánach (DSPanna) a chur i bhfeidhm agus a chur i mbun oibríochta. Feidhmeoidh DSPanna mar áiritheoirí fíorúla ar líne a sholáthraíonn seirbhís cúnaimh níos leithne do cháiníocóirí, rud a chuirfidh ar a gcumas dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Chánach i dteangacha éagsúla d’fhonn nósanna imeachta tacaíochta ar líne a chur i gcrích lena n-áireofar: (1) seirbhísí faisnéise a bhaineann le i) faisnéis daonáirimh; (II) CBL; (III) cáin ioncaim phearsanta, agus (2) seirbhísí cúnaimh a bhaineann leis an méid seo a leanas: dearbhuithe daonáirimh; agus ii) féinmheasúnuithe CBL ráithiúla do léasóirí agus tuairisceáin CBL do dhaoine inchánacha atá ag tosú ar a ngníomhaíocht.
383	C27.R4	T	An ghné idirnáisiúnta — Cáiníocóirí eachtracha cláraithe sainaitheanta		Uimhir (%)	0	85	R4	2021	Chun feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach, go háirithe i gcás na gcáiníocóirí sin atá le feiceáil sa chlár mar cháiníocóirí eachtracha, cuirfidh an Ghníomhaireacht Chánach tionscadal i gcrích a úsáidfidh faisnéis nua maidir le cáiníocóirí ó fhoinsí idirnáisiúnta éagsúla amhail FATCA agus CRS. Nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, meastar go mbeidh an fhaisnéis idirnáisiúnta a fhaightear oiriúnach d’anailís riosca. Is é sprioc an tionscadail gur sainaithníodh sonraí cánach ó 85 % ar a laghad de na cáiníocóirí eachtracha cláraithe a bhfuair an Ghníomhaireacht Cánach faisnéis ina leith in 2019 agus go ndearnadh seiceáil ar a sonraí cánach chun

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										iad a úsáid in anailís riosca faoin 31 Nollaig 2021. Dáta na bonnlíne: 31 Nollaig 2020.
384	C27.R5	T	Samhail chomhoibríoch — Tuarascálacha Trédhearcachta		Líon	0	20	R4	2021	Cuirfidh an Ghníomhaireacht Chánach tionscadal chun feidhme in 2021 lena spreagfar fiontair ilnáisiúnta chun faisnéis faoina n-oibríochtaí a nochtadh. D'fhéadfadh iarmhairtí ar chúrsaí cánach na gcuideachtaí sin a bheith ann mar gheall ar an bhfaisnéis a thugtar. Is é an sprioc a bheidh ann ná 20 Tuarascáil Trédhearcachta a thíolacfar in 2021.

AB. COMHPHÁIRT 28: AN CÓRAS CÁNACH A CHUR IN OIRIÚINT DO RÉALTACHT AN AONÚ HAOIS IS FICHE

Is éard atá sna bearta i gcomhpháirt 28 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne bearta cánach éagsúla amhail na bearta éigeandála a cinneadh ag céim ghéar na géarchéime eacnamaíche in 2020, cánacha nua a thabhairt isteach i gcomhthéacs bhuiséad an stáit 2021 agus tionscadail mheántéarmacha chun athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an gcóras cánach atá níos oiriúnaí dá fheidhm. Tá dreasachtaí cánach sna bearta freisin chun dlús a chur leis an aistriú glas. Is iad na cuspóirí atá á saothrú leis an athchóiriú ar chóras cánach na Spáinne é a dhéanamh níos cothroime, níos forásaí, níos inbhuanaithe agus níos cothroime, agus dearadh an chánachais ghlais a dhoimhniú ag an am céanna, gné na hinscne a ionchorprú agus beartais phoiblí leasa ghinearálta a fheabhsú, amhail cosaint sláinte. Tá sé d'aidhm ag na hathchóirithe freisin rannchuidiú go dearfach leis an bhfás eacnamaíoch, le cruthú post, leis an athléimneacht eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú idir-chríochach. Ós rud é go bhfuil cóimheas foriomlán an ioncaim cánach le OTI sa Spáinn níos ísle ná mar atá i ngeilleagair phiara, tá deis ann ioncam a chruinniú agus inbhuanaitheacht mheántéarmach agus fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a chothú.

Tugtar aghaidh sa chomhpháirt, i measc nithe eile, ar na Moltaí Tírshonracha maidir le creataí fioscacha agus soláthair phoiblí a neartú ar gach leibhéal rialtais (Moladh Sonrach Tíre 1 2019), maidir le — nuair is féidir sin le dálaí eacnamaíocha — beartais fhioscacha a shaothrú atá dírithe ar riochtaí buiséadacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus infheistíocht á spreagadh (Moladh Sonrach Tíre 1 2020), maidir le leictriú iompair (Moladh Sonrach Tír 3 2023 agus 4 2022), maidir le hinfheistíocht san aistriú éiceolaíoch agus digiteach a mhéadú (Moladh Sonrach Tíre 1 2023, 1 2022 agus 3 2020) agus maidir le hinfhaighteacht tithíochta sóisialta inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh a mhéadú, go háirithe trí athchóiriú (Moladh Sonrach Tírshonrach 3 2023 agus 4 2022).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

AB.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1 (C28.R1) — Bearta a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú

Chuir an Spáinn roinnt beart cánach i bhfeidhm le linn 2020 agus 2021 chun tionchar diúltach na géarchéime eacnamaíche a d'eascair as ráig COVID19 a mhaolú. Áiríodh ar na bearta sin fiacha cánach agus custaim a chur siar, sprioc-amanna cánach a chur ar fionraí agus síneadh a chur leo, féidearthachtaí maidir le cáin ioncaim phearsanta shimplithe, córais cánach corparáide FBManna agus córais CBL FBManna, laghdú sealadach ar an ráta CBL ar earraí áirithe is gá chun an ghéarchéim sláinte a chomhrac agus an Ciste Dócmhainneachta do chorparáidí neamhairgeadais a chruthú. Ba é cuspóir na mbeart sin tionchar eacnamaíoch agus

sóisialta na paindéime a mhaolú. Tiocfaidh na bearta sin i bhfeidhm amhail ón 1 Feabhra 2020 agus leanfaidh cuid acu ar aghaidh in 2021.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 2 (C28.R2) — Anailís ar shochar cánach

In athbhreithniú caiteachais a rinne an t-údarás fioscach neamhspleách (*Autoridad Independiente de Responsabilidad Fiscal*, AIReF) maidir le sochair chánach a bhaineann le cáin ioncaim phearsanta, dleachtanna máil agus CBL, sainaithníodh féidearthachtaí chun sochair chánach áirithe a mhodhnú. In 2020, modhnaíodh sochair chánach scéimeanna cánach ioncaim phearsanta agus an ráta laghdaithe CBL le haghaidh deochanna boga agus súnna chomh maith le deochanna áirithe a bhfuil siúcraí agus/nó milseoirí breise curtha leo. Díorthófar cur chun feidhme athchóirithe rialála breise faoin 31 Nollaig 2025 as mionanailís ar athbhreithnithe atá ann cheana, lena n-áirítear athbhreithnithe AIReF, agus ar mheitheal a bunaíodh chun measúnú a dhéanamh ar 15 thairbhe chánach bhreise chomh maith le hanailís aireachta eile, agus é mar aidhm an córas cánach a dhéanamh níos éifeachtaí, tacú leis an aistriú glas nó cothroime a chur chun cinn, agus measfar, tráth a dteacht i bhfeidhm, go méadófar ioncaim go buan faoi 0.1 pointe céatadáin de OTI.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 3 (C28.R3) — Coiste saineolaithe um athchóiriú cánach a bhunú

Bunóidh na húdaráis Coiste Saineolaithe an 12 Aibreán 2021 chun scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe a bhaineann le córas cánach optamach agus chun moltaí a dhéanamh maidir le conas an cánachas reatha a nuachóiriú agus a oiriúnú ar bhealach comhleanúnach. Tabharfaidh an Coiste saineolaithe aird ar na réimsí seo a leanas go háirithe:

- cánachas comhshaoil;
- cánachas corparáideach;
- cánachas an gheilleagair dhigitithe;
- cánachas ar rachmas, lena n-áirítear cánachas maoine agus cur chun feidhme nithiúil an chomhchuibhithe sa réimse sin;
- cánachas ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn; agus
- comhionannas inscne.

Tiocfaidh na leasuithe ar an gcóras cánach bunaithe ar mholtaí an Choiste Saineolaithe nó ar anailísí eile ón Aireacht Airgeadais i bhfeidhm faoin 31 Márta 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2023.

Athchóiriú 4 (C28.R4) — Athchóiriú ar bhearta cánach a rannchuidíonn leis an aistriú éiceolaíoch

Tá bearta cánach san athchóiriú sin arb é is aidhm dóibh tacú leis an aistriú glas. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta:

- cáin a bhunú ar dhramhaíl a chur i líonadh talún agus i ngléasraí loiscthe;
- cáin a thabhairt isteach ar phacáistíocht phlaisteach neamh-in-athúsáidte;
- an cháin ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe a leasú;
- cánacha nó íocaíochtaí a bhaineann le soghluaisteacht amhail dolaí bóthair agus cánacha clárúcháin feithiclí; agus
- an t-athbhreithniú ar na fóirdheontais le haghaidh olaí mianracha a úsáidtear mar bhreosla.

Tabharfar cur chun feidhme na mbeart chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Athchóiriú 5 (C28.R5) — Formheas na Cánach ar Sheirbhísí Digiteacha

Leis an athchóiriú sin, tabharfar isteach tobhach bunaithe ar láimhdeachas cuideachtaí a bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 750000000 acu agus ioncam ó sholáthar seirbhísí digiteacha áirithe amhail seirbhísí fógraíochta agus idirghabhála ar líne sa Spáinn. Tá an tobhach neamhspleách ar cé acu atá nó nach bhfuil an chuideachta ina cónaitheoir i gcríoch na Spáinne. Tiocfaidh an tobhach i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2021. Áireofar san athchóiriú freisin tuarascáil ar an measúnú tionchair ar an mbeart, a eiseofar faoin 31 Márta 2022 agus 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Márta 2021.

Athchóiriú 6 (C28.R6) — Formheas na Cánach ar Idirbhearta Airgeadais

- feidhmeanna féintomhaltais atá comhtháite i bhfoirgnimh nó i bpróisis táirgthe, agus atá bunaithe ar theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite nó ar réitigh stórála taobh thiar den mhéadar; agus
- tionscnaimh arna gcur i gcrích ag pobail fuinnimh, trí réitigh fuinnimh in-athnuaite nó éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil nó trí phróisis rannpháirtíochta agus próisis tógála pobail a chur i gcrích.

Féadfaidh na hionstraimí dlí faoi C7.I1, C7.R3 agus C8.I1 rannchuidiú le cur chun feidhme an bhirt sin fad is nach bhfuil cistiú dúbailte i gceist leo.

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 2 (C31.I2) — Scéim chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear fóirdheontais agus, b'fhéidir, cothromas, lena n-áirítear caipiteal fiontair, chun tacú le táirgeadh agus glacadh hidrigine in-athnuaite. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim tacaíochta EUR 1600000000 ar a laghad de mhaoiniú a chur ar fáil ar dtús. Is é 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an scéim a bhainistiú.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an Spáinn ionstraim dlí amháin nó níos mó (i gcás infheistíochtaí cothromais, is éard a bheadh san ionstraim seo beartas infheistíochta a bheadh le formheas ag IDAE), lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Liosta na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta, ar ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas a bheidh iontu:
    - Tacú le nuálaíocht sa slabhra luacha agus leis an mbonn eolais le haghaidh hidrigin in-athnuaite: féadfar taighde agus forbairt, aistriú teicneolaíochta agus córais agus comhpháirteanna monaraíochta agus tástála a áireamh sa tsraith sin.
    - Braislí hidrigine in-athnuaite a bhunú lena gcomhtháthófaí táirgeadh, próiseáil agus tomhaltas ar mhórscála.
    - Tionscadail 'ceannródaíocha' a fhorbairt, lena bhféadfaí hidrigin in-athnuaite a thabhairt isteach ar scála níos lú in earnálacha éagsúla amhail tionscal, giniúint leictreachais, úsáidí teirmeacha agus iompar.
    - Tacú le comhtháthú chóras hidrigine in-athnuaite na Spáinne sa chóras Eorpach, mar shampla, tacú le cuideachtaí i dtionscadail Eorpacha amhail i

dtionscnaimh IPCEI. Beidh tionscadail a eascraíonn as sin faoi na tionscnaimh IPCEI sin oiriúnach faoi na trí ghníomhaíocht a luadh roimhe seo atá incháilithe le haghaidh tacaíochta (slabhra luacha, braislí, tionscadail cheannródaíocha).

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta faoin scéim teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh dámhachtana nó cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacfaidh IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.

3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafaidh an ionstraim dlí nó na hionstraimí dlí cuideachtaí a dhíríonn go substaintiúil ar[214] na hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara[215]; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2[216];

[214]Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[215] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[216] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

(III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol217; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt218dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

5. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

6. Ceanglais tuairiscithe le haghaidh infheistíocht aeráide le haghaidh na scéime fóirdheontais[219].

7. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar an méid seo a leanas i bpríomhcheanglais an bheartais infheistíochta maidir le cistí a dhámhachtain d'infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair:
    a) Tuairisc ar línte an táirge airgeadais nó na dtáirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe
    b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

---

[217] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[218] Nλ φειδημ αγa eisiamh maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[219] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas:
   a) An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
   b) An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
   c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh dlí ábhartha lena mbunaítear an scéim sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
   d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíoróidh na hiniúchtaí sin i) go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar IDAE a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun a rialú an gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

<u>Infheistíocht 3 (C31.I3) — Scéim fóirdheontais chun tacú le slabhra luacha na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus na stórála</u>

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim tacaíochta lena gcumhdaítear fóirdheontais agus, b'fhéidir, cothromas, lena n-áirítear caipiteal fiontair, chun tacú le slabhra luacha an fhuinnimh in-athnuaite agus na stórála. Feidhmeoidh an scéim trí dhreasachtaí airgeadais a sholáthar trí dheontais nó infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, agus d'eintitis san earnáil phoiblí atá i mbun gníomhaíochtaí comhchosúla. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim tacaíochta EUR 1000000000 ar a laghad de mhaoiniú a chur ar fáil ar dtús. Is é 'Instituto de Diversificación y Ahorro de la Energía' (IDAE) mar chomhpháirtí cur chun feidhme a dhéanfaidh an scéim a bhainistiú.

D'fhonn an infheistíocht a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó (i gcás infheistíochtaí cothromais, is éard a bheadh san ionstraim seo beartas infheistíochta a bheadh le formheas ag IDAE) lena mbunófar an scéim, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Liosta na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta, ar ceann amháin ar a laghad díobh seo a leanas a bheidh ann: dearadh, monarú, stóráil, athchúrsáil nó taighde agus forbairt & forbairt teicneolaíochtaí agus comhpháirteanna atá ábhartha don aistriú chuig geilleagar astaíochtaí glan-nialasacha. I measc na samplaí de na teicneolaíochtaí nó na comhpháirteanna sin tá ceallraí, painéil ghréine, tuirbíní gaoithe agus teaschaidéil. Féadfar tacú freisin le haisghabháil na n-amhábhar is gá chun na teicneolaíochtaí sin a mhonarú.

2. Tuairisc ar phróiseas cinnteoireachta na scéime: Déanfaidh coiste infheistíochta nó coiste meastóireachta teicniúla an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar an rialtas, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag IDAE agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinntí dámhachtana críochnaitheacha nó cinntí infheistíochta faoin scéim fóirdheontais teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh dámhachtana nó cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha. I gcás ina nglacfaidh IDAE páirt in aon cheann de na hiarratasóirí agus nach leor an buiséad don ghlao sin chun na hiarratais uile a fhaightear a chumhdach, déanfar iniúchadh seachtrach ar an bpróiseas meastóireachta mar a bheartaítear in 'Plan de Mitigación de Potenciales Conflictos de Interés en Sociedades Participadas' de chuid IDAE.

3. An ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach[220]; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[221]; agus (iii) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola[222] agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla[223]. I gcás tacaíocht ghinearálta do chorparáidí (lena n-áirítear cothromas agus caipiteal fiontair), eisiafaidh an ionstraim dlí nó na hionstraimí dlí cuideachtaí a dhíríonn go substaintiúil

[220] Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[221] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[222] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

[223] Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú nó chun dramhaíl dheighilte a iarfheistiú chuig oibríochtaí athchúrsála chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart seo; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

ar224 na hearnálacha seo a leanas: (i) táirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus gníomhaíochtaí gaolmhara225; (II) tionscail dianfhuinnimh agus/nó tionscail ard-astaíochta CO2226; (III) feithiclí truaillitheacha a tháirgeadh, a ligean ar cíos nó a dhíol227; (IV) bailiú dramhaíola, cóireáil dramhaíola agus diúscairt228dramhaíola, (v) breosla núicléach a phróiseáil, fuinneamh núicléach a tháirgeadh. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide don scéim fóirdheontais: rannchuideoidh EUR 902000000 ar a laghad de na hinfheistíochtaí sa scéim fóirdheontais le cuspóir an athraithe aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[229]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na Saoráide tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun an costas céanna a chumhdach.

---

[224]Meastar go bhfuil 'fócas substaintiúil' ag Tairbhí Críochnaitheach ar earnáil nó ar ghníomhaíocht ghnó má shainaithnítear an earnáil nó an ghníomhaíocht sin mar chuid fhíor-riachtanach de ghníomhaíocht ghnó an Tairbhí Deiridh faoi seach i ndáil le hollioncam, brabús nó bonn cliant an Tairbhí Deiridh. Ní rachaidh an t-ollioncam a ghinfear ón earnáil nó ón ngníomhaíocht shrianta, in aon chás, thar 50 % den ollioncam.

[225] Cé is moite de (a) sócmhainní agus gníomhaíochtaí i nginiúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[226] Lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha. I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, soláthrófar míniú ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[227] Sainmhínítear feithiclí truaillitheacha mar fheithiclí nach feithiclí astaíochtaí nialasacha iad.

[228]Nؽλ φειδημ αγa eisiamh maidir le gníomhaíochtaí i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le gléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaithreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra

[229] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Chun an ranníocaíocht aeráide a ríomh, i gcás cothromais, cuasachothromais, bannaí corparáideacha nó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, úsáidfear critéir chun a cheangal go nginfear/go nginfear ar a laghad 90 % d'ioncam an fhaighteora le linn na bliana airgeadais roimhe sin nó ioncaim amach anseo de réir plean gnó ó ghníomhaíocht a chomhlíonann na critéir ábhartha a eascraíonn as na réimsí idirghabhála is infheidhme in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF. Tairbhithe deiridh ó chothromas, ó chuasachothromas, ó bhannaí corparáide nó ó ionstraimí coibhéiseacha nach bhfuil dírithe ar thionscadail shonracha, tabharfaidh siad údar cuí leis an réimse/na réimsí idirghabhála a roghnaíodh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

7. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, áireofar an méid seo a leanas i bpríomhcheanglais an bheartais infheistíochta:

    a) Tuairisc ar línte an táirge airgeadais nó na dtáirgí airgeadais agus ar na tairbhithe deiridh incháilithe
    b) Tá an ceanglas go mbeadh na hinfheistíochtaí uile a dtacaítear leo inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de.

8. I gcás infheistíochtaí cothromais, lena n-áirítear caipiteal fiontair, na ceanglais faireacháin, iniúchóireachta agus rialaithe seo a leanas:
    a) An tuairisc ar chóras faireacháin IDAE chun tuairisciú a dhéanamh ar an infheistíocht a slógadh.
    b) An tuairisc ar nósanna imeachta IDAE lena n-áiritheofar go ndéanfar calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
    c) An oibleagáid incháilitheacht gach oibríochta a fhíorú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh dlí ábhartha lena mbunaítear an scéim sula ngeallfaidh sé oibríocht a mhaoiniú.
    d) An oibleagáid iniúchtaí ex post rioscabhunaithe a dhéanamh i gcomhréir le plean iniúchóireachta IDAE. Fíorófar an méid seo a leanas leis na hiniúchtaí sin: go bhfuil na córais rialaithe éifeachtach, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a bhrath; prionsabal DNSH, na rialacha maidir le Státchabhair, na ceanglais maidir leis an aeráid agus an sprioc dhigiteach a chomhlíonadh; agus iii) go n-urramaítear an ceanglas atá ar IDAE a fhíorú go dtíolacann an tairbhí deiridh dearbhú freagrach chun a rialú an gcumhdaítear an costas céanna le hionstraim eile de chuid an Aontais. Fíorófar leis na hiniúchtaí freisin dlíthiúlacht na n-idirbheart agus go bhfuil coinníollacha na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí is infheidhme lena mbunaítear an scéim á n-urramú.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 4 (C31.I4) — Infheistíocht chun tacú le bonneagar an líonra leictreachais

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú le líonra tarchurtha leictreachais na Spáinne a fhorbairt. Is éard a bheidh san infheistíocht tionscadail incháilithe a thabhairt chun críche laistigh de Phlean Forbartha Gréasáin 2021-2026 na Spáinne ('an Plean'). Sula ndeonófar an tacaíocht, leagfaidh an Spáinn amach na critéir incháilitheachta a chomhlíonfaidh na tionscadail atá le roghnú ó Phlean Forbartha Líonra na Spáinne 2021-2026 bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Tionscadail a chomhlíonann cuspóirí REPowerEU, agus go háirithe iad siúd a rannchuidíonn le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, le dícharbónú tionsclaíoch, le hiompar astaíochtaí nialasacha agus le haghaidh a thabhairt ar phlódú inmheánach; agus
- tionscadail a chuirfear i gcrích faoin 31 Lúnasa 2026.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 5 (C31.I5) — Infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch (deontais)

Is é cuspóir an bhirt seo, atá mar chuid den tionscadal straitéiseach le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch, tacú le dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch. Is éard a bheidh sa bheart tionscadail a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh an tionscal monaraíochta a dhícharbónú, mar shampla tionscadail a bhfuil sé d'aidhm acu astaíochtaí GCT a laghdú), chomh maith le saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt.

Beidh critéir roghnúcháin sa chinneadh lena bhformheastar PERTE chun an tionscal a dhícharbónú chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[230]; (II) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach, lasmuigh de na Córais Trádála Astaíochtaí (ETS)[231]. Ina theannta sin, ceanglófar leis na critéir roghnúcháin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a roghnú.

---

[230] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[231] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (i) a bhfuil úsáid breosla iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh ar a laghad EUR 236000000, arb ionann é agus 40 % de chostas measta an bhirt, leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF [232]

Tabharfar cur chun feidhme an bhirt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 6 (C31.I6) — Scéim fóirdheontais le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (deontais)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht phoiblí i scéim fóirdheontais phoiblí chun infheistíocht phríobháideach a dhreasú. Leis an scéim, cuirfear dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch chun cinn, agus forbairt saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe i gcomhthéacs thionscadal straitéiseach DECARB (PERTE) arna fhormheas ag Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d’aidhm ag an scéim fóirdheontais EUR 430000000 ar a laghad de mhaoiniú a sholáthar ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme.

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim fóirdheontais, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: An mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim, déanfaidh coiste meastóireachta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile iad agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh deiridh infheistíochta na scéime teoranta d’fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d’fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste meastóireachta nó ag comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.

[232] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 430000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de, chomh maith le saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt.

3. Ceanglas an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha[233]; (II) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach, lasmuigh de na Córais Trádála Astaíochtaí (ETS)[234]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfaidh tairbhithe deiridh na scéimeanna fóirdheontais reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide don scéim fóirdheontais: rannchuideoidh EUR 172000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.[235]

5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime fóirdheontais tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.

---

[233] I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

[234] Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (i) a bhfuil úsáid breosla iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

[235] Ceangl far ar thairbhithe deiridh iasachta, iasachta rannphort ochta, bannaí tionscadail, rioscha ocht an ionstraim coibhéiseacha a bhaineann le tionscadail shonracha ndar a thabhairt leis an riosca imse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangal far ar an gcomhpháirt cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim fóirdheontais a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

AE.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2022 dáta na bonnlíne le haghaidh na dtáscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
477	C31.R1	M	Athchóiriú lena bhfeabhsaítear an ceadú le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar an ghréasáin leictreachais	Teacht i bhfeidhm fhorálacha na ngníomhartha dlí ábhartha				R2	2023	Tá dhá ghné sa gharsprioc sin. • Ar an gcéad dul síos, teacht i bhfeidhm Dhlíthe Foraithne Ríoga 14/2022, 17/2022, 18/2022 agus 20/2022. Is é is aidhm do na bearta fuinnimh sna Dlíthe Foraithne Ríoga sin an ceadú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar líonra leictreachais a shimpliú. • Ar an dara dul síos, teacht i bhfeidhm Orden TED/189/2023 lena mbunaítear aonad riaracháin nua laistigh den riarachán lárnach a thacaíonn le próiseáil iarratas ar chead le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite.
478	C31.I1	T	Infheistíocht lena gcuirtear chun cinn stóráil fuinnimh nó féintomhaltas bunaithe ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite nó stóráil taobh thiar den mhéadar		MW	4 400	5 100	R3	2026	700 MW d'acmhainneacht shuiteáilte i bhfeidhmeanna stórála fuinnimh nó féintomhaltais comhtháite i bhfoirgnimh nó i bpróisis táirgthe. Beidh na feidhmchláir féintomhaltais bunaithe ar theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite nó ar réitigh stórála taobh thiar den mhéadar. (Bonnlíne: dáta R2 2026, sprioc 117 agus dáta R2 2026; sprioc Sprioc 126)
479	C31.I1	T	Líon na dtionscnamh arna ndéanamh ag pobail fuinnimh		Líon	37	77	R3	2026	40 tionscnamh arna ndéanamh ag pobail fuinnimh a thabhairt chun críche, trí fhuinneamh in-athnuaite nó réitigh éifeachtúlachta fuinnimh a shuiteáil nó trí phróisis foirgneamh rannpháirteach agus pobail a chur i gcrích. (Bonnlíne: dáta R4 2024, sprioc Sprioc 111)
483	C31.I2	M	Scéim tacaíochta le haghaidh hidrigin in-athnuaite: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 1600 milliún ar a laghad chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta
480	C31.I2	M	Scéim tacaíochta le haghaidh hidrigin in-athnuaite: An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí ábhartha nó na n-ionstraimí dlí ábhartha				R4	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlíthiúla lena mbunaítear an scéim tacaíochta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
481	C31.I2	T	Scéim tacaíochta le haghaidh hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le		0	50 %	R2	2025	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			rúin dámhachtana deiridh foilsithe (I)	maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach maidir le dámhachtain						
482	C31.I2	T	Scéim tacaíochta le haghaidh hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (II)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach maidir le dámhachtain		50 %	100 %	R3	2026	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).
487	C31.I3	M	Scéim tacaíochta don slabhra luacha: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú aistrithe				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 1000 milliún chuig IDAE le haghaidh na scéime tacaíochta
484	C31.I3	M	Scéim tacaíochta don slabhra luacha: An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm an Ordaithe ón Aire				R4	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim tacaíochta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
485	C31.I3	T	Scéim tacaíochta don slabhra luacha: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (I)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheac		0	50 %	R2	2025	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 50 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha).

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
				h maidir le dámhachtain						
486	C31.I3	T	Scéim tacaíochta don slabhra luacha: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (II)	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe maidir le maoiniú dlíthiúil nó foilsiú rún críochnaitheach maidir le dámhachtain		50 %	100 %	R3	2026	D'fhoilsigh IDAE na rúin deiridh dámhachtana nó teacht i bhfeidhm comhaontuithe maoiniúcháin le tairbhithe deiridh, le haghaidh 100 % ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim tacaíochta (lena n-áirítear costais indíreacha). Áiritheoidh IDAE go rannchuideoidh 90 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.
488	C31.I4	M	Foilsiú na gcritéar roghnúcháin le haghaidh tionscadail tarchurtha leictreachais	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dlí ábhartha				R1	2024	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena mbunaítear na critéir incháilitheachta a chomhlíonfaidh na tionscadail tarchurtha leictreachais atá le roghnú ó Phlean Forbartha Líonra na Spáinne 2021-2026, bunaithe ar an méid seo a leanas: • Tionscadail a chomhlíonann cuspóirí REPowerEU, agus go háirithe iad siúd a rannchuidíonn le comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite, le dícharbónú tionsclaíoch, le hiompar astaíochtaí nialasacha nó le haghaidh a thabhairt ar phlódú inmheánach; agus • tionscadail a chuirfear i gcrích faoi R2 2026.
489	C31.I4	M	Glacadh liosta na dtionscadal tarchurtha leictreachais dá dtugtar tacaíocht	Liosta na dtionscadal a fhoilsiú				R4	2024	Ghlac an Aireacht ábhartha liosta na dtionscadal tarchurtha leictreachais dá dtugtar tacaíocht dar luach EUR 931 mhilliún agus i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin a eascraíonn as Garsprioc 488.
490	C31.I4	M	Na tionscadail tarchurtha leictreachais dá dtugtar tacaíocht a thabhairt chun críche	Deimhniú críochnaithe				R3	2026	Cur i gcrích na dtionscadal tarchurtha leictreachais dá dtugtar tacaíocht agus atá ar an liosta a glacadh agus a d'eascair as Garsprioc 489.
491	C31.I5	M	Foilsiú na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear deonú tacaíochta do dhícharbónú na tionsclaíochta	Foilseacháin				R2	2023	Formheas na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm deontas do thionscadail chun an tionscal monaraíochta a dhícharbónú, chomh maith le saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt. Áiritheofar leis na glaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm deontas do thionscadail go

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
										gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01 trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
492	C31.I5	M	Dámhachtainí le haghaidh tionscadail dícharbónaithe a fhoilsiú	Cinntí dámhachtana a fhoilsiú	Milliún EUR	0	531	R4	2024	Beidh EUR 531000000 ar a laghad bronnta ar thairbhithe deiridh (agus 40 % ar a laghad d’iomlán na gcistí ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF).
493	C31.I5	M	Tionscadail dícharbónaithe a thabhairt chun críche	Deimhniú críochnaithe				R3	2026	Tionscadail a chur i gcrích le haghaidh buiséad iomlán a dámhadh EUR 531000000 ar a laghad.
494	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: Tiontú SEPIDES ina ghnóthas poiblí	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh				R2	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime reachtaí ábhartha lena dtiontófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an scéim fóirdheontais a chur chun feidhme
497	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 430000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
495	C31.I6	M	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: An scéim a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
496	C31.I6	T	Scéim fóirdheontais le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin deiridh maidir le	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheac		0	100 %	R3	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d’infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			dámhachtain a foilsíodh	h dámhachtana a foilsíodh						

AE.3 Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht iasachta

Infheistíocht 7 (C31.I7) — Infheistíocht chun tacú le dícharbónú tionsclaíoch (iasachtaí)

Is é cuspóir an bhirt, atá mar chuid den tionscadal straitéiseach le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch, tacaíocht a dheonú i bhfoirm iasachtaí do thionscadail arb é is aidhm dóibh an tionscal monaraíochta a dhícharbónú. Is éard a bheidh sa bheart infheistíochta sin ceann amháin ar a laghad de na trí líne ghníomhaíochta éagsúla thíos:

- tacaíocht i bhfoirm iasachtaí do thionscadail lena gcuirtear dícharbónú an tionscail monaraíochta chun feidhme, mar shampla tionscadail lena laghdaítear astaíochtaí GCT;

- treoirthionscadal a thabhairt chun críche chun cuideachtaí a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh le costais arda ghaolmhara i dtionscadail mhóra infheistíochta dícharbónaithe thionsclaíoch agus laghduithe suntasacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí phraghas seasta carbóin a íoc thar thréimhse ar leith (conradh carbóin le haghaidh difríochtaí); agus

- tacaíocht i bhfoirm iasachtaí chun saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt.

Beidh critéir roghnúcháin mhionsonraithe sa chinneadh ó Chomhairle na nAirí lena bhformheastar PERTE chun an tionscal a dhícharbónú chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01). Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta$_{coibhéiseacha}$ CO2 nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha le haghaidh leithdháiltí saor in aisce[236]; agus (ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach, lasmuigh de na Córais Trádála Astaíochtaí (ETS)[237]. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann

236 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

237 Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (i) a bhfuil úsáid breosla iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuideoidh ar a laghad EUR 260000000, arb ionann é agus 40 % de chostas measta an bhirt, leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide, i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF [238]

Déanfar aon athshreabha atá bainteach leis na hoibríochtaí airgeadais a athinfheistiú in oibríochtaí nua sa réimse beartais céanna den bheart mura n-úsáidtear iad chun aisíocaíochtaí iasachta na hiasachta ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sheirbhísiú.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

Infheistíocht 8 (C31.I8) — Scéim tacaíochta le haghaidh tionscadail dícharbónaithe (iasachtaí)

Is éard a bheidh sa bheart sin infheistíocht i scéim tacaíochta chun infheistíocht phríobháideach i ndícharbónú tionsclaíoch a dhreasú trí iasachtaí.

Leis an scéim, déanfar dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch agus forbairt saoráidí monaraíochta nua an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a chur chun cinn, trí iasachtaí a dhámhachtain don earnáil phríobháideach, i gcomhthéacs an Tionscadail Straitéisigh um Dhícharbónú na Tionsclaíochta a d'fhormheas Comhairle na nAirí. Ar bhonn infheistíocht RRF, tá sé d'aidhm ag an scéim tacaíochta EUR 1050000000 ar a laghad de mhaoiniú in iasachtaí a chur ar fáil ar dtús.

Déanfaidh SEPIDES mar chomhpháirtí cur chun feidhme an scéim a bhainistiú. Le gníomh dlí ábhartha, claochlófar SEPIDES ina ghnóthas poiblí chun an infheistíocht sin a chur chun feidhme (is garsprioc é sin faoi Infheistíocht 6 de Chomhchuid 31 de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Spáinne).

Chun an infheistíocht sa scéim a chur chun feidhme, glacfaidh an rialtas ionstraim dlí amháin nó níos mó lena mbunófar an scéim iasachta, lena n-áireofar na heilimintí seo a leanas:

[238] Ceanglófar ar thairbhithe deiridh a bhaineann le tionscadail shonracha údar a thabhairt leis an réimse idirghabhála roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann tacaíocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal, chun an rannchuidiú aeráide a ríomh. Ceanglófar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme freisin tuarascáil leathbhliantúil a sholáthar don Bhallstát maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gníomhaíochta.

1. Tuairisc ar an bpróiseas cinnteoireachta don scéim: Is coiste infheistíochta nó comhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha eile a dhéanfaidh an mheastóireacht ar na hiarratais agus roghnú na dtairbhithe a bheidh le háireamh i gcinntí críochnaitheacha dámhachtana nó i gcinntí infheistíochta faoin scéim agus déanfar iad a fhormheas le tromlach vótaí ó chomhaltaí atá neamhspleách ar Rialtas na Spáinne, rud a chiallaíonn nach mór dóibh a bheith ina mbaill foirne atá fostaithe ag SEPIDES agus/nó ina saineolaithe neamhspleácha eile. Beidh cinneadh infheistíochta críochnaitheach na scéime teoranta d'fhormheas (gan mhodhnuithe) nó d'fheidhmiú cirt crosta maidir le cinneadh infheistíochta arna mholadh ag an gcoiste infheistíochta nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach ábhartha.
2. Liosta na ngníomhaíochtaí le haghaidh chlaochlú glas agus digiteach na hearnála atá incháilithe do thacaíocht, arb é EUR 1050000000 ar a laghad a bheidh ann. Tacóidh an beart le tionscadail nuálacha lena mbaineann claochlú tionsclaíoch substaintiúil ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh, inbhuanaitheacht agus claochlú digiteach na hearnála de.
3. Ceanglais chun an prionsabal 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) a chomhlíonadh faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta mar a leagtar amach i dTreoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí: (i) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta$_{coibhéiseacha}$ CO2 nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha le haghaidh leithdháiltí saor in aisce[239]; agus (ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach, lasmuigh de na Córais Trádála Astaíochtaí (ETS)[240]. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna iasachta. Measfar na gníomhaíochtaí T & F & N seo a leanas faoin infheistíocht seo a bheith i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01): Gníomhaíochtaí T & F & N faoin infheistíocht sin atá dírithe ar inbhuanaitheacht comhshaoil cuideachtaí a mhéadú go suntasach (amhail dícharbónú, truailliú a laghdú agus an geilleagar ciorclach) más é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí T & F agus N faoin infheistíocht seo roghanna malartacha a fhorbairt nó a oiriúnú a mbeidh na tionchair chomhshaoil is ísle is féidir acu san earnáil. Thairis sin, ceanglófar leis an ionstraim dlí nó leis na hionstraimí dlí go gcomhlíonfar

239 I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

240 Cé is moite de (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar gaolmhar tarchurtha agus dáileacháin, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01); agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (i) a bhfuil úsáid breosla iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreoslaí iontaise.

reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha thairbhithe deiridh na scéimeanna iasachta.

4. Ceanglais maidir le hinfheistíochtaí aeráide: rannchuideoidh EUR 420000000 ar a laghad d'infheistíocht RRF sa scéim leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF[241].
5. An ceanglas nach bhfaighidh tairbhithe deiridh na scéime iasachta tacaíocht ó ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na costais chéanna a chumhdach.
6. An méid a chumhdaítear leis an scéim agus an ceanglas aon fháltais nár úsáideadh ón scéim iasachta a athinfheistiú sna gníomhaíochtaí mar a liostaítear thuas, lena n-áirítear tar éis 2026.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Lúnasa 2026.

AE.4 Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán a dhéanamh ar thacaíocht iasachta agus chun í a chur chun feidhme

Féach an tábla thíos. Is é an 1 Feabhra 2022 dáta na bonnlíne le haghaidh na dtáscairí uile mura léirítear a mhalairt sa tuairisc ar an ngníomhaíocht. Ní áirítear CBL sna méideanna sa tábla.

[241]Ceangl ⌠far ar thairbhithe deiridh ⌠iasachta⌡, iasachta⌡ rannph⟨irt⌡ochta, banna⌡ tionscadail, r⟨tha⌡ochta⌡ n⌠ ionstraim⌡ coibh⌠iseacha a bhaineann le tionscadail shonracha ⌡dar a thabhairt leis an r⌠imse idirghabh⟨la roghnaithe le haghaidh gach tionscadail a fhaigheann taca⌡ocht, mar aon le tuairisc ar an tionscadal. Ceangl ⌠far ar an gcomhph⟨irt⌡ cur chun feidhme freisin tuarasc⟨il leathbhliant ⌡il a shol⟨thar don Bhallst⟨t maidir le cur chun feidhme gach tionscadail/gn⌡omha⌡ochta.

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
L83	C31.I7	M	Foilsiú na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear deonú tacaíochta do dhícharbónú na tionsclaíochta.	Foilseacháin				R2	2024	Formheas na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm iasachtaí le haghaidh tionscadail chun an tionscal monaraíochta a dhícharbónú agus infheistíochtaí nua i saoráidí monaraíochta an-éifeachtúil agus dícharbónaithe a fhorbairt. Áiritheofar leis na glaonna agus na rialacha lena rialaítear tacaíocht i bhfoirm iasachtaí do thionscadail go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01 trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
L84	C31.I7	T	Dámhachtainí le haghaidh tionscadail dícharbónaithe a fhoilsiú		EUR milliún	0	585	R4	2024	Beidh EUR 585000000 ar a laghad bronnta ar thairbhithe deiridh (agus 40 % ar a laghad d'iomlán na gcistí ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF).
L85	C31.I7	M	Tionscadail dícharbónaithe a thabhairt chun críche	Deimhniú críochnaithe				R3	2026	Tionscadail a chur i gcrích le haghaidh buiséad iomlán a dámhadh EUR 585000000 ar a laghad. I gcás ina maoinítear tionscadal píolótach le haghaidh conradh carbóin le haghaidh difríochtaí, measfar an buiséad a dhámhfar air a bheith coibhéiseach le méid na ráthaíochtaí a bhaineann leis an gconradh carbóin le haghaidh difríochtaí a chumhdaítear leis an treoirthionscadal.
L86	C31.I8	M	Scéim tacaíochta le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch (iasachtaí): Tá an infheistíocht curtha i gcrích ag an Aireacht	Deimhniú eisíocaíochta le SEPIDES				R2	2024	Aistreoidh an Spáinn EUR 1050000000 chuig SEPIDES le haghaidh na scéime.
L87	C31.I8	M	An scéim iasachta a bhunú	Teacht i bhfeidhm na hionstraime/na n-ionstraimí dlí ábhartha				R3	2024	Teacht i bhfeidhm na hionstraime dlí nó na n-ionstraimí dlí lena mbunaítear an scéim iasachta i gcomhréir leis na ceanglais a shonraítear sa tuairisc ar an mbeart.
L88	C31.I8	T	Scéim tacaíochta le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch (iasachtaí): Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe	Teacht i bhfeidhm comhaontuithe um		0	100 %	R3	2026	Beidh rúin dámhachtana deiridh foilsithe ag SEPIDES nó beidh comhaontuithe maoiniúcháin dlíthiúla déanta aige le tairbhithe deiridh le haghaidh méid is gá chun 100 % d'infheistíocht RRF (lena n-áirítear costais indíreacha) a úsáid sa scéim. Áiritheoidh SEPIDES go rannchuideoidh 40 % ar a laghad den mhaoiniú sin le cuspóirí

Líon	Tomhas	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil le haghaidh garspriocanna	Táscaire cainníochtúil don sprioc			Tréimhse		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Dearbhaithe	Bonnlíne	Cuspóir	Q	Bhliain	
			deiridh nó rúin deiridh dámhachtana foilsithe.	maoiniú dlíthiúil nó rún críochnaitheach dámhachtana a foilsíodh						aeráide trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán RRF.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é EUR 163029653473 costas measta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta na Spáinne.

ROINN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS

3. Ranníocaíocht

Déanfar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a eagrú ar an mbealach seo a leanas:

3.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
1	C1.R1	M	Ordú TMA/178/2020 agus Foraithne-Dlí Ríoga 23/2020
21	C2.R1	M	Teacht i bhfeidhm Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne agus Straitéis Athchóirithe Fhadtéarmach maidir le hAthshlánú Fuinnimh in Earnáil na Foirgníochta sa Spáinn
39	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 5/2020, maidir le bearta práinneacha i ndáil le talmhaíocht agus bia agus Dlí 8/2020 maidir le modhnú Dhlí 12/2013, maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú
63	C4.R2	M	Glacadh na Straitéise Náisiúnta um Bonneagar Glas, Nascacht agus Athchóiriú Éiceolaíoch
82	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (comhairliúchán poiblí)
102	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 23/2020 (bearta fuinnimh)
103	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 960/2020 (córas eacnamaíoch le haghaidh fuinneamh in-athnuaite)
104	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 1183/2020 (sonraí in-athnuaite fuinnimh a nascadh leis an eangach leictreachais)
105	C7.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an Athrú Aeráide agus an tAistriú Fuinnimh
121	C8.R1	M	Formheas na straitéise dícharbónaithe fadtéarmaí (‘ELP2050’).
122	C8.R2	M	Teacht i bhfeidhm athchóirithe pleanála, reachtacha agus rialála chun forbairt réitigh stórála fuinnimh a chur chun cinn.
129	C9.R1	M	Treochlár hidrigine
137	C10.R1	M	Cruthú na hInstitiúide um an gCiste um Aistriú Cóir
144	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm gnímh reachtaigh chun fostaíocht shealadach i riaracháin phoiblí a laghdú
151	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí 3/2020 maidir le bearta nós imeachta agus eagraíochtúla i réimse an Cheartais
153	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 937/2020 maidir le rialáil Caja General de Depósitos
154	C11.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena bhformheastar an Rialachán lena gcuirtear chun feidhme Dlí 22/2015 an 20 Iúil maidir le hiniúchtaí ar chuntais

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
157	C11.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 36/2020 maidir le cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta
158	C11.R5	M	Comhlachtaí nua a chruthú laistigh den rialtas láir chun obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme, rialú agus iniúchadh an Phlean.
159	C11.R5	M	Ordú lena sainítear na nósanna imeachta agus formáid na faisnéise atá le comhroinnt chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus ar fhorghníomhú cuntasaíochta an chaiteachais
173	C11.I5	M	An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta Córas Comhtháite Faisnéise
177	C12.R2	M	Straitéis na Spáinne maidir leis an nGeilleagar Ciorclach (CEE)
181	C12.I2	M	Plean chun Borradh a chur faoi Shlabhra Luacha Thionscal na nGluaisteán i dtreo na Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Nasctha
199	C13.I3	M	An Plean maidir le Digitiú FBManna 2021-2025
214	C14.R1	M	Plean chun earnáil na turasóireachta a chur chun cinn
215	C14.R1	M	Seoladh shuíomh gréasáin 'DATAESTUR' lena mbailítear sonraí faoin turasóireacht
230	C15.R2	M	Plean agus Straitéis na Spáinne Digití 2025 chun teicneolaíocht 5G a chur chun cinn
231	C15.R2	M	Scaoil an banda minicíochta 700 MHz
249	C16.R1	M	Straitéis Náisiúnta um an Intleacht Shaorga
255	C17.R2	M	Foilsiú Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027
257	C17.R3	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hEagraíochtaí Taighde Poiblí a atheagrú.
285	C19.R1	M	Formheas Chomhairle na nAirí ar an bPlean Náisiúnta Inniúlachtaí Digiteacha
295	C20.R1	M	Plean um Nuachóiriú na Gairmoiliúna agus na nDlíthe Foraithne Ríoga gaolmhara
303	C21.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir le hoideachas
318	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm Dhlí Foraithne Ríoga 20/2020 an 29 Bealtaine lena bhformheastar an t-ioncam íosta ríthábhachtach
329	C23.R1	M	Teacht i bhfeidhm dhá Dhlí Foraithne Ríoga lena rialaítear cianobair san earnáil phríobháideach agus i riaracháin phoiblí
330	C23.R2	M	Teacht i bhfeidhm dhá fhodhlí maidir le pá comhionann idir mná agus fir agus maidir le pleananna comhionannais agus a gclárú
333	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg
363	C25.R1	M	Plean 'An Spáinn, Mol Closamhairc na hEorpa'.
385	C28.R1	M	Bearta fioscacha a glacadh in 2020 agus 2021 chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú.
387	C28.R3	M	An Státrúnaí Airgeadais do cheapadh an Choiste saineolaithe.
392	C28.R5	M	Cáin ar Sheirbhísí Digiteacha
393	C28.R6	M	Cáin ar Idirbhearta Airgeadais
394	C28.R7	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Phearsanta agus ar Cháin Rachmais in 2021
395	C28.R8	M	Modhnuithe ar Cháin Ioncaim Chorparáideach in 2021
396	C28.R9	M	Modhnuithe ar chánacha indíreacha in 2021
397	C29.R1	M	Foireann bhuan a chur ar bun san Aireacht Airgeadais chun faireachán gníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme thorthaí na n-athbhreithnithe caiteachais agus chun Ord Sonraí an Dlí Bhuiséadaigh Bhliantúil a fhormheas

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
398	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais
399	C29.R1	M	Aonad buan a chruthú laistigh de AIReF a bheidh freagrach as na hathbhreithnithe caiteachais arna sainordú ag an rialtas a dhéanamh.
406	C30.R1	M	Maoiniú don tSlándáil Shóisialta a dheighilt
412	C30.R4	M	Cuíchóiriú na bhforlíontán máithreachais
413	C30.R5	M	Athbhreithniú ar bhuntáistí cánach a bhaineann leis an gcóras pinsin fhorlíontaigh atá ann faoi láthair
		Méid na Tráthchoda	**EUR 11494252874**

An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
24	C2.R5	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le hOifigí Athchóirithe (‘ionaid ilfhreastail’)
26	C2.I1	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir leis an gcreat rialála chun an clár athnuachana a chur chun feidhme; agus Foraithne Ríoga lena rialaítear dreasachtaí cánach ioncaim phearsanta chun tacú leis an gclár
30	C2.I2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir leis an sainmhíniú ar an gcreat rialála chun an clár maidir le teaghaisí cíosa sóisialta atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun feidhme i gcomhréir le critéir atá tíosach ar fhuinneamh
40	C3.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dara leasú ar Dhlí 12/2013 maidir le bearta chun feidhmiú an bhiashlabhra a fheabhsú
46	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe chonarthaigh idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim I)
56	C3.I7	M	Comhaontuithe le Comhlachtaí Taighde Poiblí
74	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Rialachán maidir le Pleanáil Hidreolaíoch
83	C6.R1	M	Straitéis maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe, shlán agus nasctha (formheas)
108	C7.R2	M	An Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais
112	C7.R4	M	Treochlár le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile
139	C10.I1	M	Clár cabhrach oiliúna um ‘aistriú cóir’ agus cabhair a dheonú le haghaidh fhorbairt eacnamaíoch na limistéar um aistriú cóir
155	C11.R4	M	Teacht i bhfeidhm ordú na n-airí lena mbunaítear an Oifig Náisiúnta um Meastóireacht
189	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí lena leasaítear Dlí 34/2006 maidir le rochtain ar ghairmeacha dlíodóirí agus procuradores
216	C14.R1	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga lena gcuirtear chun feidhme Ciste Airgeadais an Stáit um Iomaíochas Turasóireachta
217	C14.I1	T	Dámhachtain buiséid pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na Turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe
232	C15.R2	M	Sannadh an bhanda speictrim 700 MHz

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
233	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil maidir le cánachas speictrim 5G a laghdú
250	C16.R1	M	Cairt um Chearta Digiteacha
258	C17.I1	T	Comhaontuithe arna síniú ag an Aireacht Eolaíochta agus Nuálaíochta leis na Pobail Fhéinrialaitheacha chun 'Pleananna comhlántacha T & F' a chur chun feidhme.
273	C18.R1	M	Plean Gníomhaíochta do chúram príomhúil agus pobail
278	C18.I1	M	An plean infheistíochta trealaimh a fhormheas agus cistí a dháileadh
289	C19.I2	M	Clár chun uirlisí digiteacha a thabhairt do scoileanna poiblí agus scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí
306	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm na bhForaitheanta Ríoga chun ollscoileanna a eagrú
331	C23.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga maidir le cosaint oibrithe atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin do thríú páirtithe a úsáideann modhanna teicneolaíochta
332	C23.R4	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun tacú le fostaíocht shealadach a laghdú trí líon na gcineálacha conartha a chuíchóiriú
334	C23.R5	M	Foraithne Ríoga le haghaidh Straitéis Fostaíochta nua na Spáinne 2021-2024
336	C23.R6	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun scéim a bhunú chun dul in oiriúint do thurraingí timthriallacha agus struchtúracha, lena n-áirítear córas lena soláthraítear solúbthacht inmheánach do chuideachtaí agus cobhsaíocht d'oibrithe
338	C23.R8	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun feabhas a chur ar na rialacha dlíthiúla lena rialaítear cómhargáil
339	C23.R9	M	Leasú ar Reacht an Lucht Oibre chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag obair i gcuideachtaí ar fochonradh
345	C23.I4	M	Leithdháileadh réigiúnach cistí do thionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, d'fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair a fhormheas.
378	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Líon na foirne ag an Údarás Cánach
379	C27.R2	T	Nuachóiriú na Gníomhaireachta Cánach — Imscrúduithe cánach
380	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a sheachadadh do cháiníocóirí — Web Sociedades uasghrádaithe agus ar fáil do 1666123 cáiníocóir ar a laghad.
381	C27.R3	T	Cúnamh feabhsaithe a sheachadadh do cháiníocóirí — Gréasán Renta uasghrádaithe agus ar fáil do 1779505 cáiníocóir ar a laghad
383	C27.R4	T	An ghné idirnáisiúnta — Cáiníocóirí eachtracha cláraithe sainaitheanta
384	C27.R5	T	Samhail chomhoibríoch — Tuarascálacha Trédhearcachta
389	C28.R4	M	Cánacha ar phlaistigh agus ar dhramhaíl aon úsáide
400	C29.R1	M	Formheas Chomhairle na nAirí ar thimthriall nua (2022-26) na n-athbhreithnithe caiteachais atá le coimisiúnú do AIReF.
403	C29.R2	M	Tuarascáil maidir le hAilíniú Buiséid le SDGanna
407	C30.R2	M	Cumhacht ceannaigh pinsean a chothabháil agus an aois scoir iarbhír agus an aois scoir dhlíthiúil a ailíniú
		Méid na Tráthchoda	**EUR 13793103448**

3.2. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
2	C1.R1	M	Leasuithe ar an gCód Foirgníochta Teicniúil (TBC), ar an Rialachán Leictriteicniúil Ísealvoltais (LVER) agus ar Fhoraithne Ríoga a fhormheas chun seirbhísí athluchtaithe phoiblí a rialáil
45	C3.R6	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le bainistiú meánna náisiúnta
51	C3.I4	T	Plean infheistíochta chun inbhuanaitheacht agus iomaíochas na talmhaíochta agus an bheostoic a chur chun cinn
57	C3.I7	T	Tóireadóirí fuaimiúla a fháil le haghaidh taighde in iascaigh
61	C3.I11	T	Tionscadail infheistíochta in earnáil na hiascaireachta a mhaoiniú
65	C4.I1	M	Conarthaí a dhámhachtain le haghaidh aerárthaí sainchuspóireacha le haghaidh comhraic dóiteáin, agus an córas faireacháin agus bainistíochta eolais bithéagsúlachta a bhunú
110	C7.R3	M	Treoirthionscadal do phobail fuinnimh
115	C7.I1	M	Tairiscint ar thacaíocht infheistíochta d'acmhainneacht in-athnuaite nuálach nó breisluacha
124	C8.R4	M	Teacht i bhfeidhm beart chun boscaí gainimh rialála a chur chun cinn chun an taighde agus an nuálaíocht in earnáil an leictreachais a chothú.
130	C9.R1	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin lena mbunaítear Ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh gáis in-athnuaite
190	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hathchóiriú an Dlí Dócmhainneachta
229	C15.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Teileachumarsáid
254	C17.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2011 an 1 Meitheamh maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.
270	C17.I8	T	Tacaíocht do thionscadail T & F & N i ngluaisteáin inbhuanaithe
274	C18.R2	M	Formheas Straitéis Sláinte Poiblí na Spáinne
296	C20.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCóras Gairmoiliúna comhtháite aonair, agus é mar chuspóir aige an córas a nuachóiriú
304	C21.R2	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le híoscheanglais teagaisc le haghaidh oideachais
314	C22.R1	M	Formheas na Comhairle Críche ar an gCóras um Chúram Neamhspleáchais agus Neamhspleáchais (SAAD).
317	C22.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe reachtaigh ar an gcóras glactha d'imircigh agus d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa Spáinn
350	C23.I7	M	Ráta glactha an Ioncaim Bheomhair Íosta ('IMV') a fheabhsú agus a éifeachtacht a mhéadú trí bheartais maidir le cuimsiú
360	C24.I3	T	Digitiú agus cur chun cinn mórsheirbhísí cultúrtha
364	C25.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí ghinearálta maidir le Cumarsáid Chlosamhairc.
374	C26.I3	M	Tionscadail chun comhionannas sa spórt a chur chun cinn
376	C27.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí i gcoinne Imghabháil Cánach agus Calaoise
390	C28.R4	M	Anailís ar an gCáin Cláraithe Feithiclí agus ar an gCáin Tráchta
391	C28.R4	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar cháin ar gháis fhluairínithe
401	C29.R1	M	Tuarascáil faireacháin a fhoilsiú
411	C30.R3	M	Athchóiriú ar an gCóras Ranníocaíochta Slándála Sóisialta do dhaoine féinfhostaithe

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
414	C30.R5	M	Athbhreithniú ar chóras reatha na bpinsean forlíontach
		Méid na Tráthchoda	**EUR 6896551724**

3.3. An ceathrú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
4	C1.I1	T	Buiséad arna chaitheamh ar cheannacháin nó arna dhámhachtain ag bardais a bhfuil sé d'aidhm acu soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn
22	C2.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Tithíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis an méadú ar an soláthar tithíochta i gcomhréir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de
23	C2.R4	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cáilíocht na hAiltireachta agus an Chomhshaoil Foirgníochta
25	C2.R6	M	Teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Dlí Maoine Cothrománach chun cistiú le haghaidh athshlánú a éascú
38	C2.I6	T	Pleananna gníomhaíochta faoi Chlár Oibre Uirbeach na Spáinne
41	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an chreata rialála chun clár ginearálta de na Teicnící is Fearr atá ar Fáil ar fheirmeacha a fhorbairt chun eolas a chur ar fáil maidir le hastaíochtaí truailleán agus gás ceaptha teasa, agus athchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht pleanála le critéir maidir le feirmeacha ar fud na n-earnálacha
43	C3.R4	M	Teacht i bhfeidhm na Foraithne Ríoga maidir le sásra rialachais chun feabhas a chur ar chóras uiscithe na Spáinne.
44	C3.R5	M	Glacadh an dara plean gníomhaíochta den Straitéis maidir le Digitiú na hEarnála Agraibhia agus na gCeantar Tuaithe.
47	C3.I1	T	Cur chun feidhme an chomhaontaithe idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhsú agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)
55	C3.I6	M	Trealamh TFC a fháil le haghaidh na gCúltacaí Muirí Leasa Iascaireachta agus conarthaí chun soithí sainchuspóireacha a fháil le haghaidh na gcúltacaí muirí
60	C3.I10	M	Báid phatróil éadroma agus soithí patróil mórmhara a cheannach chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac
62	C4.R1	M	Plean Straitéiseach maidir leis an Oidhreacht Nádúrtha agus an Bhithéagsúlacht agus Plean maidir le Líonra na Limistéar Muirí faoi Chosaint
64	C4.R3	M	Straitéis agus Plean Tacaíochta Foraoise na Spáinne a fhormheas
77	C5.I2	M	Cosaint ar bhruacha abhann a athchóiriú ar rioscaí tuilte
80	C5.I4	T	Limistéir dhíghrádaithe agus éiceachórais a athchóiriú thar 50 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord
84	C6.R2	M	Straitéis Tháscach Iarnróid
85	C6.I1	M	Croíghréasán TEN-T: tionscadail a dhámhachtain
88	C6.I2	M	Gréasán TEN-T modhanna éagsúla iompair (iarnród agus bóthar): dámhachtain pháirteach buiséid
95	C6.I3	M	Bonneagair Idirmhódúla agus Lóistíochta: dámhachtain pháirteach buiséid
99	C6.I4	M	Tacaíocht don chlár iompair inbhuanaithe agus dhigitigh.
140	C10.I1	T	Tacaíocht do thionscadail bhonneagair chomhshaoil, dhigiteacha agus shóisialta.
145	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 40/2015 agus orduithe na n-airí lena neartaítear an comhar idir-chríochach
146	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí chun an mheastóireacht ar bheartais

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
			phoiblí a threisiú
147	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 7/1985 maidir le córais riaracháin áitiúla agus an leasú ar Fhoraithne Ríoga 1690/1986, an 11 Iúil, lena bhformheastar an Rialachán maidir le Daonra agus Críochú Críochach Eintiteas Áitiúil
148	C11.R1	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála a bhaineann le státseirbhís an Riaracháin Stáit
152	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Foraithne Ríoga lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht nósanna imeachta breithiúnacha agus an Dlí Foraithne Ríoga maidir le héifeachtúlacht dhigiteach
156	C11.R4	M	Straitéis Soláthair Náisiúnta
164	C11.I2	T	Imeachtaí breithiúnacha atá le déanamh go leictreonach
174	C11.I5	T	Uirlisí agus gníomhaíochtaí nua cumarsáide
178	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha atá mar chuid de phacáiste beartais an gheilleagair chiorclaigh
179	C12.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Dramhaíl agus Ithir Éillithe
182	C12.I2	M	PERTE i réimse na bhfeithiclí leictreacha
183	C12.I2	M	PERTEnna i réimsí straitéiseacha a shainítear sa Phlean
184	C12.I2	T	Tionscadail nuálacha maidir le claochlú na tionsclaíochta i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, inbhuanaitheachta agus digitithe
191	C13.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cruthú Gnó agus Fás
192	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí um Ghnólachtaí Nuathionscanta
450	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm Fhoraithne Ríoga 629/2022 an 26 Iúil lena leasaítear Rialachán Dhlí Orgánach 4/2000 maidir le cearta agus saoirsí eachtrannach sa Spáinn agus a lánpháirtiú sóisialta
200	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Uirlisí Digiteacha
201	C13.I3	T	Buiséad geallta do Ghníomhairí an Chláir Athruithe
202	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha
203	C13.I3	T	Buiséad geallta don Chlár DIHanna
218	C14.I1	T	Dámhachtain buiséid pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na Turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe
234	C15.R2	M	Sannadh an bhanda speictrim 26 GHz
235	C15.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Cibearshlándáil 5G
245	C15.I7	M	Seoladh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.
247	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Líne Chabhrach Cibearshlándála
259	C17.I2	T	Dámhachtainí do thionscadail lena bhfeabhsaítear bonneagair eolaíocha náisiúnta agus acmhainneacht Chóras Eolaíochta agus Nuálaíochta na Spáinne, agus comhaontuithe déthaobhacha a síníodh le heintitis idirnáisiúnta agus le hionstraimí eile chun tionscadail bonneagair Eorpaigh agus idirnáisiúnta a mhaoiniú.
261	C17.I3	T	Tionscadail nua phríobháideacha, idirdhisciplíneacha, phoiblí T & F & N a dhámhachtain, tástálacha coincheapa, glaonna iomaíocha idirnáisiúnta, agus T & F ceannródaíoch atá dírithe ar dhúshláin shóisialta
300	C20.I3	T	50000 áit nua gairmoideachais agus gairmoiliúna ar a laghad i gcomparáid le deireadh 2020.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
319	C22.R5	M	Foilsiú an ‘Phlean chun córas shochair airgeadais neamhranníocacha an Riaracháin Ghinearálta Stáit a atheagrú agus a shimpliú’.
335	C23.R5	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Fostaíochta (Foraithne Reachtach Ríoga 3/2015)
337	C23.R7	M	Teacht i bhfeidhm an athchóirithe ar Dhlí 43/2006 chun éifeachtacht an chórais dreasachta earcaíochta a shimpliú agus a mhéadú agus na moltaí arna n-eisiúint ag AIReF á gcur san áireamh
340	C23.R10	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoraithne Reachtach Ríoga 8/2015 lena n-athchóirítear rialáil na tacaíochta dífhostaíochta neamhranníocach
352	C24.R1	M	Teacht i bhfeidhm reacht, urraíocht agus réimeas dreasachtaí cánach an ealaíontóra.
367	C26.R1	M	Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le Spórt
377	C27.R1	M	Measúnú eatramhach ar éifeachtaí an Dlí in aghaidh Imghabháil Cánach agus Calaoise.
404	C29.R3	M	Tuarascáil ailínithe maidir leis an mBuiséadú Glas
408	C30.R2	M	Coigeartú ar an tréimhse ríomha chun an pinsean scoir a ríomh
409	C30.R2	M	Sásra cothromais idirghlúine a chur in ionad na gné inbhuanaitheachta
410	C30.R2	M	Réamh-mheastacháin nuashonraithe ina léirítear an chaoi a n-áirithítear inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach leis na hathchóirithe pinsin a rinneadh in 2021 agus 2022
415	C30.R6	M	Coigeartú an uasbhonn ranníocaíochta
		Méid na Tráthchoda	**EUR 11435531581**

3.4. An cúigiú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
8	C1.I1	T	Dámhachtain i dtionscadail a fheabhsaíonn cineálacha nua soghluaisteachta ar bhóithre stáit
11	C1.I2	T	Tionscadail nuálacha a dhámhachtain lena gcuirtear leictrea-shoghluaisteacht chun cinn
14	C1.I3	T	Línte iarnróid gearr-achair (Cercanías)
15	C1.I3	T	Cuireadh feabhas ar stáisiúin leis an digitiú
16	C1.I3	T	Stáisiúin fheabhsaithe ‘Cercanías’
17	C1.I3	T	Buiséad carnach arna dhámhachtain le haghaidh infheistíochtaí i línte gearra iarnróid
21bis	C2.R2	M	Foilsiú moltaí na Meithleacha chun an Straitéis Athchóirithe Fhadtéarmach a chur chun feidhme sa Spáinn
422	C3.R2	M	Teacht i bhfeidhm an rialacháin chun feabhas a chur ar bhithshlándáil an iompair beostoic agus teacht i bhfeidhm rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe antaibheathach i speicis bheostoic
42	C3.R3	M	Teacht i bhfeidhm an chreata normataigh maidir le cothú inbhuanaithe in ithreacha talmhaíochta.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
424	C3.I1	T	Teacht i bhfeidhm Aguisín a ghabhann leis an gcomhaontú idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus SEIASA chun tacú le feabhas agus inbhuanaitheacht na limistéar uiscithe (Céim II)
53	C3.I5	T	Síniú comhaontuithe conarthacha idir an Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (MAPA) agus ENISA
54	C3.I5	T	Tacaíocht do FBManna agraibhia chun tionscadail ghnó nuálacha agus dhigiteacha a chur chun feidhme
58	C3.I8	T	Tionscadail Forbartha Taighde agus Nuálaíochta chun tacú le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe
59	C3.I9	M	Treisiú digiteach Chóras Faisnéise Iascaigh na Spáinne (SIPE) agus an chórais faireachais iascaireachta
67	C4.I2	T	Limistéir mhuirí faoi chosaint
70	C4.I3	T	Athshlánú iarláithreán mianadóireachta (20 láithreán mianadóireachta ar a laghad)
73	C4.I4	T	Gníomhaíochtaí maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí
75	C5.R1	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Dlí Uisce agus ar an Rialachán nua a chuirtear in ionad Fhoraithne Ríoga 1620/2007
76	C5.I1	T	Bonneagair fheabhsaithe cóireála uisce agus fuíolluisce
81	C5.I4	T	Limistéir agus éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú thar 100 ciliméadar ar a laghad d'imeallbhord
106	C7.R1	T	Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh in-athnuaite
107	C7.R1	T	Acmhainneacht charnach bhreise fuinnimh in-athnuaite arna shuiteáil sa Spáinn
109	C7.R2	M	Bearta faoin Straitéis Náisiúnta Féintomhaltais a thabhairt chun críche
113	C7.R4	M	Teacht i bhfeidhm na mbeart rialála a shainaithnítear sa léarscáil le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh muirí eile
114	C7.R4	M	Bearta a shainaithnítear sa treochlár maidir le bithghás a thabhairt chun críche
116	C7.I1	M	Tionscadail, teicneolaíochtaí nó suiteálacha nua bonneagair fuinnimh in-athnuaite mhuirí
118	C7.I2	M	Oifig an Fhuinnimh Ghlain agus na dTionscadal Cliste d'Oileáin
131	C9.I1	T	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: An scéim a bhunú
132	C9.I1	T	Scéim chun tacú le hidrigin in-athnuaite: Comhaontuithe dlíthiúla arna síniú le tairbhithe deiridh nó rúin dámhachtana deiridh foilsithe (I)
138	C10.R1	T	Prótacail um aistriú cóir agus an Chomhairle Chomhairleach
433	C11.R1	M	Nuashonrú ar an gCreat Slándála Náisiúnta
434	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le héifeachtúlacht eagraíochtúil agus nós imeachta
435	C11.R2	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir leis an gCeart chun Cosanta
437	C11.R3	M	Foilsiú na Tuarascála Débhliantúla maidir le Riosca Athraithe Aeráide
160	C11.I1	M	Idirnascadh na n-ardán náisiúnta soláthair phoiblí
163	C11.I2	M	Ardáin idir-inoibritheacha chun sonraí slándála sóisialta agus sláinte a mhalartú

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
167	C11.I3	M	Eintitis réigiúnacha agus áitiúla a dhigitiú
442	C12.I3	T	Dáileadh deontas chun tionscadail cur chun feidhme dramhaíola a chur chun feidhme.
451	C13.R2	M	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Dhlí 14/2013 an 27 Meán Fómhair maidir le tacaíocht d'fhiontraithe agus a idirnáisiúnú
196	C13.I2	T	Ráthaíocht CERSA
198	C13.I2	T	FBManna a fhaigheann tacaíocht ón gClár Tacaíochta um Fhiontraíocht Thionsclaíoch
210	C13.I4	T	FBManna agus comhlachais ghnó a fuair tacaíocht ón gCiste Teicneolaíochta
219	C14.I1	T	Dámhachtain buiséid pleananna lena gcuirtear inbhuanaitheacht na Turasóireachta chun cinn ag a gceann scríbe
246	C15.I7	T	Acmhainneachtaí Cibearshlándála a neartú agus a fheabhsú: Acmhainní
453	C15.I7	M	Seoladh an Chláir Tacaíochta Náisiúnta don Tionscal Cibearshlándála, an Chláir Nuálaíochta Slándála Domhanda agus gníomhaíochtaí gaolmhara.
256	C17.R2	M	An mheastóireacht mheántéarma ar Straitéis na Spáinne um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2021-2027
262	C17.I3	T	Tionscadail T & N ag a bhfuil 35 % ar a laghad nasctha leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a fhormheas
263	C17.I4	T	Tacaíocht do ghairm sa taighde eolaíoch trí scoláireachtaí agus deontais
265	C17.I5	T	Tá caipiteal faighte ag cuideachtaí nuálacha atá bunaithe ar theicneolaíocht faoin gclár INNVIERTE chun a ngníomhaíochtaí taighde a neartú ag céim luath
266	C17.I5	T	Tacaíocht do ghnólachtaí óga atá bunaithe ar an teicneolaíocht chun leanúint dá bplean gnó.
271	C17.I9	T	Tacaíocht do thionscadail T & F agus Nuálaíochta i réimse an aeraspáis, ag díriú ar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha
279	C18.I1	T	Suiteáil/athnuachan/leathnú feistí trealaimh
282	C18.I4	T	Gairmithe cúraim sláinte atá oilte faoi chuimsiú pleananna leanúnacha oideachais
299	C20.I2	T	Ionaid barr feabhais agus nuálaíochta sa ghairmoiliúint
467b	C20.I2	T	Oiliúint ghlas a chur i gcrích do mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna
307	C21.R3	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí Orgánaigh maidir leis an gcóras ollscoile
312	C21.I4	T	Scoláireachtaí agus deontais, do mhic léinn iardhochtúireachta, ollúna cúnta, agus taighdeoirí
468	C21.I6	M	Glacadh an Phlean Gníomhaíochta chun micridhintiúir ollscoile a fhorbairt
321	C22.I1	T	Tionscadail arna gcur i gcrích ag an Aireacht um Chearta Sóisialta agus Clár Oibre 2030
473	C22.I4	M	Cineálacha éagsúla seirbhísí a chur ar bun d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh
348	C23.I5	T	Gníomhaíochtaí oiliúna d'fhoireann SPF
354	C24.I1	T	Iomaíochas na dtionscal cultúrtha a neartú
357	C24.I2	T	Ceadúnais ríomhleabhar do leabharlanna
361	C24.I3	T	Digitiú a thabhairt chun críche agus mórsheirbhísí cultúrtha a chur chun cinn

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
362	C24.I3	T	Digitiú na hOidhreachta Bibleagrafaí a thabhairt chun críche
382	C27.R3	M	Ceithre Ardán Tacaíochta Digití a sheachadadh
388	C28.R3	M	Teacht i bhfeidhm na n-athchóirithe a eascraíonn as moltaí an Choiste nó as anailísí eile ón Aireacht Airgeadais
402	C29.R1	M	Céim III den athbhreithniú caiteachais
405	C29.R3	M	Tuarascáil ailínithe maidir leis an mBuiséadú Glas
477	C31.R1	M	Athchóiriú lena bhfeabhsaítear an ceadú le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus bonneagar an ghréasáin leictreachais
491	C31.I5	M	Foilsiú na nglaonna agus na rialacha lena rialaítear deonú tacaíochta do dhícharbónú na tionsclaíochta agus tabhairt i gcrích staidéir ar chur chun feidhme ciste chun cuideachtaí a dhreasú chun dícharbónú a dhéanamh (conradh carbóin le haghaidh difríochtaí)
		Méid na Tráthchoda	**EUR 9104589366**

3.5. An Séú tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
5	C1.I1	T	Buiséad a chaitear ar cheannacháin nó a bhronn Pobail Fhéinrialaitheacha de EUR 900 milliún ar a laghad arb é is aidhm dó soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn
6	C1.I1	T	Tionscadail a cuireadh i gcrích chun soghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha agus uirbeacha
12	C1.I2	T	Iarraidh ar fhóirdheontais d'fheithiclí leictreacha agus pointí athluchtaithe a chlárú
32	C2.I3	M	Athchóirithe a dhámhachtain ar theaghaisí cónaithe agus ar fhoirgnimh neamhchónaithe, lena mbaintear amach laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar an meán
79	C5.I3	M	Conarthaí a dhámhachtain chun uirlisí a chur chun feidhme chun eolas agus úsáid acmhainní uisce a fheabhsú, agus chun faireachán a dhéanamh ar bháisteach agus ar shonraí meitéareolaíocha eile
123	C8.R3	M	Teacht i bhfeidhm beart rialála chun solúbthacht agus freagairt don éileamh a chomhtháthú.
125	C8.I1	T	Tionscadail stórála nuálacha arna mbronnadh
127	C8.I2	T	Tionscadail nuálacha digitithe le haghaidh dáileadh leictreachais
128	C8.I3	T	Tionscadail chun samhlacha nua gnó a chur chun cinn don aistriú fuinnimh
149	C11.R1	M	Reachtanna an chomhlachta phoiblí meastóireachta nua
161	C11.I1	T	Dámhachtain tionscadal a thacaíonn le claochlú digiteach an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh
165	C11.I2	T	Tionscadail a dhámhachtain lena dtacaítear le tionscadail spreagthaí digitithe an Riaracháin Phoiblí Lárnaigh
176	C12.R1	M	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Tionscal
187	C12.I3	T	Tionscadail a chur i gcrích chun tacú le cur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola agus chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn san fhiontar
194	C13.I1	T	Úsáideoirí a bhaineann tairbhe as bearta chun borradh a chur faoin éiceachóras fiontraíochta
205	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid Ghníomhairí an Chláir Athruithe
206	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid an Chláir Tacaíochta do Bhraislí Gnó Nuálacha
207	C13.I3	T	Feidhmiú buiséid an Chláir DIHanna
236	C15.I1	M	Rolladh amach leathanbhanda sárthapa: dámhachtain
251	C16.R1	M	Tacaíocht do thionscadail maidir leis an Intleacht Shaorga
275	C18.R3	M	An Dlí maidir le Cothromas, Uilechoiteannt agus Comhtháthú an Chórais Náisiúnta Sláinte, agus athdhíriú cúraim an-chasta agus an méadú ar phunann choiteann na seirbhísí
276	C18.R4	M	Dlí maidir leis an gCreat-Reacht d'Fhoireann Reachtúil Seirbhíse Sláinte, bearta comhlántacha eile, agus feabhas a chur ar an gcóras speisialaithe oiliúna sláinte
277	C18.R5	M	Dlí maidir le ráthaíochtaí agus úsáid réasúnach táirgí leighis
280	C18.I2	T	Feachtais agus gníomhaíochtaí sláinte poiblí
283	C18.I5	M	Córas agus ardán VALTERM ED chun Measúnú a dhéanamh ar Theicneolaíochtaí Sláinte agus ar Thairbhí an Chórais Sláinte Náisiúnta

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm
284	C18.I6	T	Loch sonraí sláinte ag feidhmiú
286	C19.I1	T	Oiliúint a chur ar shaoránaigh maidir le scileanna digiteacha.
308	C21.I1	T	Dámhachtain buiséid chun an Chéad Timthriall den Oideachas Luath-Óige a Chur Chun Cinn
313	C21.I5	M	Méadú ar an 'Innéacs Digiteach d'Ollscoileanna'
320	C22.R5	M	Teacht i bhfeidhm reachtaíochta chun córas na sochar airgeadais neamhranníocach a atheagrú agus a shimpliú
324	C22.I2	M	Uirlisí teicneolaíochta sonracha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar chórais faisnéise agus bainistíochta na seirbhísí sóisialta.
341	C23.R11	M	Deimhnithe maidir le cur i gcrích na seirbhísí faoi na conarthaí chun an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta Stáit a nuachóiriú
346	C23.I4	T	Tá tionscadail chríochacha do ghrúpaí leochaileacha, d'fhiontraíocht agus do mhicrifhiontair curtha i gcrích, lena mbaineann 39000 oibrí agus 64000 fiontar ar a laghad.
353	C24.R2	M	Teacht i bhfeidhm beart reachtach agus rialála chun cóipcheart agus cearta gaolmhara a neartú
